# Seirbhísí Uisce a Sholáthar d'Éirinn

Uisce Éireann
Irish Water

Tuarascáil Bhliantúil agus Ráitis Airgeadais 2024



# Clár ábhair

## Tuairisc straitéiseach
*(leathanaigh 04 go 47)*


| | |
|---|---|
| Tuarascáil an chathaoirligh ar an mbliain 2024 | 04 |
| Ráiteas an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin | 06 |
| Creat straitéiseach | 10 |
| Múnla gnó Uisce Éireann | 12 |
| Tosca a mbíonn tionchar acu ar chruthú luacha | 14 |
| Príomhtháscairí feidhmíochta | 16 |
| Rannpháirtíocht straitéiseach páirtithe leasmhara | 20 |
| Bainistiú Riosca | 24 |
| Athbhreithniú airgeadais | 33 |
| Foireann feidhmiúcháin | 38 |
| Athbhreithniú oibriúcháin | 39 |
| Tuarascáil maidir le hInbhuanaitheacht | 47 |


## Tuarascáil maidir le rialachas
*(leathanaigh 58 go 81)*


| | |
|---|---|
| Bord Uisce Éireann | 58 |
| Tuarascáil an Bhoird | 62 |
| Tuarascáil an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca | 81 |


## Ráitis airgeadais
*(leathanaigh 86 go 133)*


| | |
|---|---|
| Tuarascálacha na n-iniúchóirí neamhspleácha do chomhaltaí Uisce Éireann | 85 |
| Ráiteas ioncaim | 91 |
| Ráiteas ar ioncam cuimsitheach eile | 92 |
| Clár comhardaithe | 93 |
| Ráiteas ar athruithe sa chaipiteal gnáthscaireanna | 94 |
| Ráiteas ar shreafaí airgid | 95 |
| Nótaí a ghabhann leis na ráitis airgeadais | 96 |
| Stiúrthóirí agus faisnéis eile | 133 |



**Seoladh:**
Áras Colvill, 24 -26 Sráid Thalbóid,
Baile Átha Cliath 1, D01 NP86, Éire


# Réamhrá

Tá Uisce Éireann freagrach as seirbhísí uisce slán, sábháilte agus inbhuanaithe a sholáthar do mhuintir na hÉireann. Táimid freagrach as uisce glan agus sábháilte a chur ar fáil do na milliúin duine ar fud na hÉireann. Oibrímid agus déanaimid cothabháil ar bhonneagar uisce agus fuíolluisce lena n-áirítear na mílte ionad cóireála agus sócmhainn, chomh maith leis na mílte ciliméadar de líonra píobáin.

Cuirimid soláthar uisce óil sábháilte agus iontaofa ar fáil dár gcustaiméirí agus déanaimid a bhfuíolluisce a bhailiú agus a chóireáil agus a chur ar ais go sábháilte sa timpeallacht. Agus na seirbhísí ríthábhachtacha sin á soláthar, atá mar bhonn faoin bhfás sóisialta agus eacnamaíoch don ghlúin seo agus do na glúnta atá le teacht, táimid ag comhoibriú lenár gcomhpháirtithe Údaráis Áitiúil chun líonraí uisce na hÉireann, atá ag dul in aois, a athrú ó bhonn, faoi aon fhóntas náisiúnta amháin a bheidh nua-aimseartha agus éifeachtúil.

# Buaicphointí

**Ioncam**
€1,606 milliún

**Caiteachas caipitil**
€1,372 milliún

**Barrachas/brabús roimh cháin ioncaim***
€321milliún

**Meánlíon na bhfostaithe**
2,108



## Méid agus scála ár gcuid oibríochtaí

### Uisce



**Lítir a ndéantar cóireáil orthu gach lá**
1.7 billiún

**Ionaid chóireála uisce**
>650

**Stáisiúin chaidéalúcháin**
>1,700

**Km de líonra**
>65,000

### Fuíolluisce

**Lítir a ndéantar cóireáil orthu gach lá**
1.26 billiún

**Ionaid chóireála uisce**
>1,000

**Stáisiúin chaidéalúcháin**
>2,200

**Km de líonra**
>26,000



* Déantar aon bharrachas a athinfheistiú chun tionscadail ríthábhachtacha bhonneagair a mhaoiniú.



# Tuairisc straitéiseach


| | |
|---|---|
| Tuarascáil an chathaoirligh ar an mbliain 2024 | 04 |
| Ráiteas an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin | 06 |
| Creat straitéiseach | 10 |
| Múnla gnó Uisce Éireann | 12 |
| Tosca a mbíonn tionchar acu ar chruthú luacha | 14 |
| Príomhtháscairí feidhmíochta | 16 |
| Rannpháirtíocht straitéiseach páirtithe leasmhara | 20 |
| Bainistiú Riosca | 24 |
| Athbhreithniú airgeadais | 33 |
| Foireann feidhmiúcháin | 38 |
| Athbhreithniú oibriúcháin | 39 |
| Tuarascáil maidir le hInbhuanaitheacht | 47 |



# Tuarascáil an Chathaoirligh ar an mbliain 2024

## Freagrach as seirbhísí uisce poiblí atá slán, sábháilte agus inbhuanaithe a sholáthar



**Jerry Grant**
Cathaoirleach

Tá Uisce Éireann freagrach as seirbhísí uisce poiblí atá slán, sábháilte agus inbhuanaithe a sholáthar do theaghlaigh agus do ghnólachtaí ar fud na hÉireann a chuireann ar chumas pobal a bheith faoi bhláth. Rannchuidímid go mór le sláinte agus folláine phoiblí na hÉireann, le rathúnas eacnamaíoch na hÉireann, lena n-áirítear tithíocht agus forbairt, chomh maith le tacaíocht a thabhairt do bheartais maidir le cosaint an chomhshaoil agus athléimneacht in aghaidh an athraithe aeráide agus oiriúnú don athrú sin.

Bliain ghnóthach dhúshlánach eile a bhí ann anuraidh inar lean an eagraíocht de sheachadadh seirbhísí riachtanacha uisce agus fuíolluisce a chur chun cinn chun tacú lenár ndaonra agus lenár ngeilleagar atá ag dul i méid. Tá an clár um athrú agus imirce fhoireann na nÚdarás Áitiúil isteach in Uisce Éireann ar siúl faoi láthair agus mar thoradh air sin, beidh foireann de bheagnach 4,500 duine a bhfuil baint dhíreach acu le seirbhísí riachtanacha uisce a sholáthar ar bhonn laethúil do 80% de dhaonra na hÉireann. Tá dul chun cinn suntasach déanta againn le deich mbliana anuas chun aghaidh a thabhairt ar oidhreacht na tearcinfheistíochta i seirbhísí uisce. Mar sin féin, aithnímid go bhfuil easpa athléimneachta fós inár seirbhísí as a n-eascraíonn easnaimh sheirbhíse a dhéanann difear do theaghlaigh, do phobail agus do rioscaí don chomhshaol. Dá bhrí sin, beidh orainn leanúint den infheistíocht mhórscála i ngléasraí agus i líonraí ar fud an uisce agus an fhuíolluisce le haghaidh roinnt timthriallta infheistíochta. Ní mór deisiú leanúnach sócmhainní a chur san áireamh leis sin de réir mar a athraíonn siad, de réir mar a théann siad in aois agus de réir mar a athraíonn dálaí chomh maith le heasnaimh fabhraithe ó bhlianta atá thart. Chomh maith le hoibriú agus cothabháil fheabhsaithe na sócmhainní seo, leanfaimid orainn ag feabhsú na seirbhísí a sholáthraímid, ag cosaint sláinte an phobail agus an chomhshaoil.

D'éascaigh infheistíocht shubstaintiúil anuraidh feabhsuithe riachtanacha ilghlúine a chuir seirbhísí uisce athléimneacha ar fáil a chuaigh chun tairbhe pobal agus a thacaigh le fás agus forbairt inbhuanaithe ar fud na tíre. I measc na mbuaicphointí suntasacha, tá 17 ngléasra cóireála fuíolluisce nua agus uasghrádaithe agus 9 ngléasra cóireála uisce curtha i gcrích. Fuaireamar ceadú ón Rialtas i bprionsabal do Thionscadal Soláthair Uisce Réigiún an Oirthir agus do Lár na Tíre a chuirfidh ar chumas an tionscadail seo, ceann de na tionscadail is mó i stair an Stáit, dul ar aghaidh go pleanáil. Sholáthraíomar 6,680 nasc forbartha a bhain le 31,997 aonad tithíochta, agus bhí ról ríthábhachtach againn i gClár Tithíochta do Chách an Rialtais. Anuraidh, díríodh aird níos mó ar rannpháirtíocht le hionadaithe tofa chun méid ár gcuid oibre agus scála an dúshláin a chur in iúl. Faoi stiúir an Phríomhfheidhmeannaigh Niall Gleeson agus an Fheidhmeannais, bhí ár láithrithe os comhair Choistí an Oireachtais agus ár seisiúin faisnéise do pháirtithe polaitíochta ar shaincheisteanna náisiúnta agus áitiúla ríthábhachtach chun feabhas a chur ar an tuiscint ar ár n-athrú go fóntas poiblí náisiúnta a spreagfaidh muinín an phobail trí sholáthar seirbhíse feabhsaithe.

> "Leanfaimid orainn de bheith ag díriú ar aistriú fhoireann na seirbhísí uisce a d'fhéadfadh a bheith ag smaoineamh ar aistriú trasna go hUisce Éireann suas go dtí deireadh 2026."

## An Creat um Sheachadadh Seirbhísí Uisce sa Todhchaí a chur chun feidhme

Rinneadh dul chun cinn maith maidir leis na cuspóirí a leagtar amach sa 'Chreat do Sheachadadh Seirbhísí Uisce Amach Anseo' a bhaint amach in 2024. In 2025, leanfaimid orainn ag díriú ar aistriú fhoireann na seirbhísí uisce a d'fhéadfadh a bheith ag smaoineamh ar aistriú trasna go hUisce Éireann suas go dtí deireadh na bliana 2026. Tá an t-aistriú á chur chun cinn ag Foireann an Chláir um Athrú Chun Feabhais ar bhonn céimnithe, agus béim ar leith á leagan ar chobhsaíocht oibríochtaí, ar leanúnachas seirbhíse agus ar shábháilteacht na foirne agus na sláinte poiblí araon In éineacht leis an bpróiseas sin, tá ionaid barr feabhais agus cumais freagartha ar ghéarchéimeanna bunaithe againn chun tacú le hoibríochtaí túslíne agus ag an am céanna bealaí caighdeánaithe oibre a chur i bhfeidhm mar phríomhchumasóirí chun seirbhísí a sholáthar do chustaiméirí agus do phobail ar bhonn náisiúnta.

## Éagsúlacht, Cothromas agus Cuimsiú

Fostaíonn Uisce Éireann beagnach 2,400 duine, a sholáthraíonn seirbhísí uisce agus fuíolluisce maraon le tuairim is 2,100 ball foirne in Údaráis Áitiúla a oibríonn ar son Uisce Éireann. Táimid bródúil as comhdheiseanna a chur ar fáil do gach fostaí trí thionscnaimh agus tacaíochtaí Éagsúlachta, Cothromais agus Cuimsithe (ÉC&C). Tá ríméad orainn go bhfuil toradh ar na tionscnaimh sin agus go raibh tionchar acu ar mBearna Phá idir na hInscní 2024 atá againn, a bhí ag 2.31% le linn na tréimhse sin i gcomparáid le 9.16% in 2023. Le linn na tréimhse seo, tháinig fás suntasach ar ár bhfórsa saothair agus ar phróifíl athraitheach fostaithe, rud a léirítear sa stádas reatha. Measimid gurb í an tréimhse idir an am i láthair agus deireadh na bliana 2026 a bheidh faoi ndeara luaineacht inár mbearna phá idir na hinscní bliain ar bhliain de réir mar a aistríonn níos mó foirne oibríochtúla.

## Cultúr Sábháilteachta

Cuirimid an tsábháilteacht i gcroílár ár gcuid oibre. Tá cultúr agus luachanna na sábháilteachta fite fuaite i ngníomhaíochtaí uile Uisce Éireann tríd an gclár agus tionscnaimh 'Obair Shábháilte, Baile Sábháilte'. Go tragóideach ar an 29 Bealtaine 2024, bhain timpiste mharfach do dhuine a bhí ag obair ar son duine dár gcomhpháirtithe seachadta tríú páirtí le linn oibreacha ag Ionad Cóireála Fuíolluisce Ros Cré. Tá an eachtra á fhiosrú faoi láthair leis an Údarás Sláinte agus Sábháilteachta. In 2025, leanfaimid lenár bhfócas ar shábháilteacht mar bhreithniú ríthábhachtach i ngach rud a dhéanaimid, ag leabú na sábháilteachta trí oideachas agus oiliúint feasachta maidir le rioscaí agus contúirtí a bhaineann le gníomhaíocht tógála.

## Rialachas

Le linn 2024, lean an Bord de thosaíocht a thabhairt don rialachas corparáideach i gcomhréir leis an dea-chleachtas agus leis an trédhearcacht. Mar Chathaoirleach, táim sásta go bhfuil na rialuithe inmheánacha cuí i bhfeidhm agus go ndéantar bainistiú éifeachtach orthu chun ár riachtanais maidir le rialachas a bhaint amach. Chun tuilleadh sonraí a fháil, féach le do thoil ar Thuarascáil an Bhoird



## Conclúid

Ar bhonn pearsanta, is mór an onóir dom filleadh ar Uisce Éireann agus an méid dul chun cinn atá déanta i dtreo fóntais éifeachtaigh náisiúnta uisce a fhorbairt d'Éirinn a fheiceáil go díreach. Ag obair le Niall Gleeson agus leis an bhfoireann ceannaireachta, tá mo chomhghleacaithe Boird agus mé féin tiomanta ár n-eolas agus ár dtaithí a úsáid chun an gnó a chur chun cinn, feidhmíocht seirbhíse a fheabhsú de réir a chéile trí infheistíocht a dhéanamh inár mbonneagar uisce agus séarachais agus trí mhaoirseacht bunaithe ar shaineolas a dhéanamh air. Ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil leis an Aire agus lena oifigigh sa Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta a thacaíonn, in éineacht le NewERA, le cláir infheistíochta Uisce Éireann ar fud na tíre.

Ba mhaith liom fáilte ó chroí a chur roimh Michael Nolan, Paul Reid agus Douglas Millican a thug saibhreas saineolais agus taithí don Bhord i mbliana. Gabhaim buíochas le Tony Keohane, Liz Joyce, Fred Barry agus Christopher Banks as a dtiomantas agus a seirbhís agus iad ag éirí as an mbord. Ba mhaith liom aitheantas a thabhairt do Niall Gleeson agus buíochas a ghabháil leis siúd, agus leis an bhfoireann Feidhmiúcháin as a gceannasaíocht leanúnach ar an eagraíocht agus as í a stiúradh ó neart go neart. Ar deireadh, thar ceann an Bhoird, ba mhaith liom aitheantas a thabhairt do shaineolas, do thiomantas agus do dhúthracht ár ndaoine, ár gcomhpháirtithe agus d'fhoireann uile na nÚdarás Áitiúil a sholáthraíonn seirbhísí uisce thar ceann Uisce Éireann.

**Jerry Grant**
Cathaoirleach

## Ráiteas an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin

# Dul chun cinn leanúnach ar ár n-aistear chun athrú ó bhonn a dhéanamh



**Niall Gleeson**
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin

Tá Uisce Éireann freagrach as seirbhísí uisce poiblí atá slán, sábháilte agus inbhuanaithe a sholáthar do 80% den daonra, rud a chuireann ar chumas an gheilleagair fás agus rath a chur ar phobail ar fud na hÉireann. Mar fhóntas uisce poiblí náisiúnta na hÉireann, tá ról lárnach againn maidir lenár ngealltanais náisiúnta a bhaint amach i raon príomhréimsí, lena n-áirítear tacú le seachadadh tithíochta, fás eacnamaíoch inbhuanaithe, cosaint an chomhshaoil agus beartais athléimneachta agus oiriúnaithe aeráide a bhaint amach. Bliain tháirgiúil dhúshlánach eile a bhí anseo inár n-aistear claochlaitheach chun seirbhísí uisce a fheabhsú ar fud na tíre. Chuir infheistíocht mhéadaithe in 2024 ar ár gcumas cáilíocht an uisce óil a fheabhsú, sceitheadh fuíolluisce a laghdú, dul i ngleic le sceitheadh agus athléimneacht a chothú inár soláthairtí uisce.

Tá dul chun cinn suntasach déanta againn le deich mbliana anuas chun aghaidh a thabhairt ar an tearcinfheistíocht stairiúil i seirbhísí uisce, beidh infheistíocht mhéadaithe thar na blianta ríthábhachtach chun soláthar de sholáthairtí uisce atá sábháilte, slán agus inbhuanaithe a áirithiú, agus chun tacú le forbairt shóisialta agus eacnamaíoch na tíre.

San fhadtéarma, measaimid, sa tréimhse suas go dtí an bhliain 2050, go mbeidh gá le hinfheistíocht chaipitil de thart ar €55-60 billiún (in airgead 2022) chun aghaidh a thabhairt ar na riachtanais agus na rioscaí aitheanta maidir le seachadadh seirbhísí uisce agus fuíolluisce de réir na gcaighdeán reatha, lena n-áirítear cothabháil éifeachtach a dhéanamh ar shócmhainní casta nua agus uasghrádaithe atá ag teastáil. Is infheistíocht chaipitiúil íosta í seo a mhéadóidh acmhainn, a laghdóidh sceitheadh, a fheabhsóidh athléimneacht, a éascóidh fás eacnamaíoch, a thacóidh le seachadadh tithíochta, agus a bhainfidh amach agus a chothóidh comhlíonadh níos fearr leis na caighdeáin reatha uisce agus fuíolluisce. In éagmais an leibhéil infheistíochta leanúnaí sin, beidh rioscaí ann do sholáthar seirbhíse agus brúnna gaolmhara ar chaiteachas oibríochtúil chun leibhéil agus cáilíocht seirbhíse a chothabháil go sábháilte.

Is é an Plean Straitéiseach um Sheirbhísí Uisce 2050 (PSSU 2050), ár bplean straitéiseach fadtéarmach a cheanglaítear a ullmhú faoin Acht um Sheirbhísí Uisce Uimh. 2 de 2013. Leagtar amach ann ár gcuspóirí agus na modhanna trína bhfuil sé mar aidhm againn iad a bhaint amach i gcomhthéacs na ndúshlán suntasach is dócha a bheidh romhainn sna 25 bliana amach romhainn. Leagtar amach sa phlean ár dtreo straitéiseach agus na gníomhartha atá beartaithe againn a chur i bhfeidhm chun seirbhísí uisce poiblí inbhuanaithe a chinntiú d'Éirinn. Cuirfimid le hoidhreacht seirbhísí uisce ár n-údarás áitiúil trí PSSU 2050 dár gcuid sheachadadh agus trí a bheith ag obair lenár gcustaiméirí, lenár bpobail agus lenár bpáirtithe leasmhara chun ár gcomhthimpeallacht a fheabhsú agus trí thacaíocht a tabhairt d'fhorbairt shóisialta agus eacnamaíoch.

I rith na bliana 2024, leanamar ar aghaidh ag tabhairt tosaíochta d'athrú na hearnála uisce, ag comhtháthú 31 bhealach éagsúil le seirbhísí uisce a sholáthar i gceann amháin. Leantar le haistriú fhoireann na seirbhísí uisce go hUisce Éireann, chomh maith le folúntais a líonadh, agus le comhtháthú ár ndaoine go léir inár n-eagraíocht chomhroinnte nua a chumasú. Seoladh ár gclár "Seasaimid go Daingean ar son Uisce" ár Luachanna agus Iompraíochtaí Eagraíochtúla nua atá ina chéim thábhachtach chun ár gcultúr amach anseo a fhorbairt. Tá an obair seo ríthábhachtach ionas gur féidir linn na buntáistí a bhaineann le múnla náisiúnta údaráis uisce a sheachadadh go hiomlán le foirne áitiúla láidre ag seachadadh inár bpobail agus ar a son. Tá an t-aistriú á chur chun cinn ag Foireann an Chláir um Athrú Chun Feabhais ar bhonn céimnithe, agus béim ar leith á leagan ar chobhsaíocht oibríochtaí, ar leanúnachas seirbhíse agus ar shábháilteacht na foirne agus na sláinte poiblí araon

## Sláinte agus Sábháilteacht

In Uisce Éireann, tá sláinte agus sábháilteacht ár bhfostaithe, ár gconraitheoirí, ár gcustaiméirí agus an phobail i gcoitinne fíorthábhachtach. Cothaímid cultúr sábháilteachta trí cheannaireacht, rannpháirtíocht fostaithe agus tionscnaimh ar nós ár bhfeachtas Obair Shábháilte Baile Sábháilte. Go tragóideach ar an 29 Bealtaine 2024, bhain timpiste mharfach do dhuine a bhí ag obair ar son duine dár gcomhpháirtithe seachadta tríú páirtí le linn oibreacha ag Ionad Cóireála Fuíolluisce Ros Cré. Tá an eachtra á fhiosrú faoi láthair ag an Údarás Sláinte agus Sábháilteachta. In 2025, leanfaimid ar aghaidh lenár bhfócas ar oideachas agus ar oiliúint feasachta maidir leis na rioscaí agus na contúirtí a bhaineann le gníomhaíocht tógála.

## Maoiniú Ilbhliantúil

An 5 Samhain 2024, d'fhaomh an tAire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta Plean Cistiúcháin Straitéisigh Uisce Éireann (2025-2029). Ina dhiaidh sin, cuireadh Plean Infheistíochta Caipitil Uisce Éireann 2025 go 2029 faoi bhráid an Choimisiúin um Rialáil Fóntais (CRF) an 2 Nollaig 2024.

Leagtar amach i bPlean Cistiúcháin Straitéisigh Uisce Éireann an ceanglas cistiúcháin ó 2025 go 2029 agus is éard atá ann ná plean uaillmhianach infheistíochta caipitil lena soláthraítear príomh-aschuir agus príomhthorthaí i mbonneagar agus sócmhainní caipitil agus caiteachas oibríochtúil chun breis agus 7,000 sócmhainn bonneagair phoiblí a chothabháil agus a oibriú go laethúil chomh maith le tionscadail náisiúnta um bonneagar straitéisach agus bunriachtanach a sheachadadh. Comhlíontar an riachtanas maoinithe seo trí mheascán d'fhóirdheontas Státchiste (intíre), ioncam nach ioncam intíre é, ioncam ó naisc nua agus ranníocaíochtaí/cothromas maoinithe caipitil. Ligeann sé seo d'Uisce Éireann leanúint dá sholáthar foriomlán, agus d'infheistíocht i dtionscadail agus i gcláir ríthábhachtacha uisce phoiblí, d'acmhainn mhéadaithe do naisc nua tithíochta agus gnó, do laghdú

> "Leagtar amach i bPlean Cistiúcháin Straitéisigh Uisce Éireann an ceanglas cistiúcháin ó 2025 go 2029 agus is éard atá ann ná plean uaillmhianach infheistíochta caipitil lena soláthraítear príomh-aschuir agus príomhthorthaí i mbonneagar agus sócmhainní caipitil agus caiteachas oibríochtúil chun breis agus 7,000 sócmhainn bonneagair phoiblí a chothabháil agus a oibriú go laethúil chomh maith le tionscadail bhonneagair náisiúnta straitéiseacha chriticiúla a sheachadadh."

## Ráiteas an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin
*(ar lean)*

sceite agus d'fheabhsuithe comhshaoil. Faoi shamhail mhaoinithe reatha Uisce Éireann, cuirtear an fóirdheontas intíre agus an cothromas ar fáil trí mhaoiniú Státchiste a leithdháileadh trí phróiseas buiséadach bliantúil an Rialtais. Cruthaíonn an spleáchas ar an bpróiseas sin éiginnteacht chistiúcháin ó thaobh na hoibríochta agus an tseachadta caipitil de. Athrú tábhachtach chun tacú le seachadadh tráthúil tionscadal bonneagair uisce a bheadh ann, aistriú ón leithdháileadh bliantúil seo go dtí struchtúr ilbhliantúil d'fhonn cobhsaíocht agus cinnteacht a sholáthar don slabhra soláthair/tionscal agus ailíniú a dhéanamh le rialú ioncaim ilbhliantúil Uisce Éireann arna leagan síos ag a rialálaí eacnamaíoch neamhspleách, an CRF.

Is éard atá i gceist leis an bpróiseas rialaithe ioncaim ná go dtéann an CRF i ngleic le haighneachtaí Uisce Éireann agus go ndéanann sé athbhreithniú orthu, go ndéanann sé tagarmharcáil ar na costais atá beartaithe againn i gcoinne cuideachtaí comparáide, go gcuireann sé próiseas comhairliúcháin phoiblí i gcrích, agus go socraíonn sé liúntais chuí ina dhiaidh sin le haghaidh ioncaim, costais oibriúcháin, costais chaipitil agus míreanna eile. Leis an gcinneadh maidir le rialú ioncaim, leagtar síos an bonn le haghaidh praghsanna taraife nach praghsanna taraife intíre iad amach anseo. Ag deireadh tréimhse rialaithe ioncaim, déanann an CRF meastóireacht ar chaiteachas Uisce Éireann chun a chinneadh an raibh sé laistigh den liúntas réamhchinntithe agus ar sholáthair sé a aschuir agus a thorthaí sainithe mar a comhaontaíodh leis an CRF. Reáchtálfaidh an CRF próiseas comhairliúcháin phoiblí maidir leis an tréimhse Rialaithe Ioncaim 4 go luath in 2025.

### Srianta Acmhainne

Tá líonra casta uisce agus fuíolluisce ag dul in aois in Éirinn a thógfaidh na deicheanna de bhlianta agus timthriallta infheistíochta iomadúla chun na caighdeáin riachtanacha a bhaint amach. I Mórcheantar Bhaile Átha Cliath, lena n-áirítear Baile Átha Cliath agus codanna den Mhí, Cill Dara agus Cill Mhantáin, tá éileamh méadaitheach ar an soláthar uisce reatha. Léiríonn na meastacháin reatha go mbeidh acmhainneacht cóireála fuíolluisce ina saincheist i MBÁC faoin mbliain 2028 de réir mar a sroichfidh Gléasra Cóireála Fuíolluisce na Rinne lánacmhainneacht beidh ganntanas uisce ar gach custaiméir laistigh de na cúig bliana amach romhainn. Le Mórthionscadal Draenála Bhaile Átha Cliath (GDD) déantar foráil d'ionad cóireála nua atá beartaithe agus do shéarach réigiúnach nua a thógfaidh ualach suntasach ó na líonraí ró-ualaithe. Déanfaidh an Tionscadal Soláthair Uisce do Réigiún an Oirthir agus do Lár na Tíre foinse uisce nua, aeráid-díonach, fadtéarmach a fhorbairt chun freastal ar éilimh daonra agus geilleagair atá ag dul i méid, lena n-áirítear an gá atá le tithíocht agus maolú i gcoinne thionchair an athraithe aeráide. Tá luas an fháis ar dhaonra agus ar ghníomhaíocht sa réigiún tar éis acmhainn uisce agus fuíolluisce araon a chreimeadh go suntasach ionas go mbeidh seachadadh tráthúil na dtionscadal seo ríthábhachtach anois. Tá tuilleadh eolais faoi na tionscadail seo san Athbhreithniú Oibriúcháin.

Idir an dá linn, tá infheistíocht leanúnach á déanamh ag Uisce Éireann i laghdú sceite agus tá sé tiomanta i gcónaí d'fheabhas a chur ar sholáthairtí reatha trí uasghrádú a dhéanamh ar ár mbonneagar lena chinntiú gur féidir linn an t-aschur is mó a fháil ach tá acmhainn theoranta sna bearta seo. D'ainneoin na mbeart sin, fanfaidh an dá sheirbhís ar fhaobhar scine go dtí go seachadfar WSP agus GDD ina n-iomláine.

### Cáilíocht an Uisce Óil

Léirítear sa Tuarascáil is déanaí maidir le hUisce Óil a d'fhoilsigh ár rialálaí comhshaoil, an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (GCC) go bhfuil soláthairtí uisce óil poiblí na hÉireann fós ar ardchaighdeán, agus go gcomhlíonann 99.7% díobh caighdeáin mhicribhitheolaíocha agus cheimiceacha (Cáilíocht Uisce Óil Foilsithe GCC i Soláthairtí Poiblí 2023). Is toradh é sin ar na leibhéil arda infheistíochta atá ann faoi láthair agus ar bhearta oibríochtúla feabhsaithe. Tá Uisce Éireann tiomanta do chinntiú go bhfuil rochtain ag gach duine in Éirinn ar uisce óil atá sábháilte agus glan. Leanann Uisce Éireann freisin de dhul chun cinn a dhéanamh chun aghaidh a thabhairt ar rioscaí aitheanta do sholáthairtí uisce atá ar Liosta Gníomhaíochta Feabhsaithe an GCC. In 2024, chuireamar oibreacha i gcrích ag 14 sholáthar chun na caighdeáin riachtanacha GCC a chomhlíonadh. Maidir leis na soláthairtí sin a fhanann ar an liosta nó maidir leo siúd a chuirtear leis, tá pleananna á gcur chun cinn ag Uisce Éireann chun aghaidh a thabhairt ar aon saincheisteanna bunúsacha agus chun soláthairtí uisce athléimneacha a chinntiú do na pobail a bhfreastalaíonn siad orthu.

Thugamar tús áite d'infheistíocht sna scéimeanna a sainaithníodh i gcás um shárú Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh a bheith i mbaol de bharr sáruithe Tríhalaimeatán (THM). As na 74 soláthar uisce poiblí bunaidh a áiríodh sa chéad litir sáraithe de chuid na Cúirte Breithiúnais Eorpaí, tá aghaidh tugtha anois ar gach ceann acu seachas 5 cinn. Maidir leo siúd atá fós le leigheas, tá pleananna cuimsitheacha i bhfeidhm againn chun aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna trí huasghráduithe nó trí chuíchóiriú ar na hionaid chóireála reatha.



## Cáilíocht Fuíolluisce

Tá cumas cóireála fuíolluisce leordhóthanach ríthábhachtach chun sláinte an phobail a chosaint, chun an comhshaol a chosaint agus chun fás sóisialta agus eacnamaíoch a éascú. De réir mar a thagann fás ar ár ndaonra agus ar ár ngeilleagar, is amhlaidh freisin a thagann méadú ar an bhfuíolluisce. In 2024, chomhlíon breis is 90% d'ionaid chóireála na hÉireann an Treoir um Chóireáil Fuíolluisce Uirbigh go hiomlán. Maidir leis na gléasraí sin nach bhfuil ag comhlíonadh na hoibre sin faoi láthair, tá plean gníomhaíochta ag Uisce Éireann chun dul i ngleic le haon easnaimh agus iad a thabhairt suas go dtí an caighdeán cuí chomh tapa agus is féidir. Tugaimid tús áite do na ceantair is mó riachtanais/riosca. Tá tionscadail á dtógáil nó curtha i gcrích againn i 41 as 50 áit ina raibh séarachas amh ag sceitheadh ón líonra poiblí isteach in uiscí glactha. Go dtí seo, tá bonneagar nua fuíolluisce tógtha againn i 34 áit nach raibh aon chóireáil ann roimhe seo, agus tá 7 gcinn á dtógáil againn.

## An Bhliain atá Amach Romhainn

Is é an phríomhthosaíocht in 2025 acmhainneacht bhreise i seirbhísí uisce a sholáthar i bpríomhréimsí fáis. Aithnítear go bhfuil géarghá leis an WSP agus leis an GDD chun a chinntiú gur féidir linn an tairbhe is leithne a bhaint amach don líon is mó daoine, ionas go bhféachfaimid leis na tionscadail sin a chur chun cinn agus go rachaimis i ngleic go gníomhach le haon spleáchas ar pháirtithe leasmhara.

Ciallaíonn sé sin go mbeimid ag díriú ar na nithe seo a leanas:

- An Plean Infheistíochta Caipitil don bhliain 2025 a Sholáthar.
- Tacaíocht a thabhairt do na naisc uisce agus fuíolluisce d'fhonn tacú leis na spriocanna tithíochta.
- Sceitheadh a laghdú, go háirithe i Mórcheantar Bhaile Átha Cliath.
- A chinntiú go gcoinneofar ár gcultúr láidir sábháilteachta ar bun trínár dtionscnaimh 'Obair Shábháilte, Baile Sábháilte'.
- Feabhas a chur ar eispéireas ár gcustaiméirí agus ár bpobal maidir le seachadadh ár seirbhísí.
- Aistriú fhoireann na seirbhísí uisce go hUisce Éireann a chur chun cinn agus comhtháthú ár bhfoirne go léir inár n-eagraíocht nua chomhroinnte a chumasú.
- Saincheisteanna mílíthiú uisce a raibh tionchar acu ar shealbhóirí tí agus ar ghnólachtaí a réiteach.

D'éirigh go maith le hUisce Éireann in 2024, ó thaobh tacaíocht a thabhairt do phríomhbheartais agus do phríomhthosaíochtaí Rialtais, lena n-áirítear Tithíocht do Chách, agus tús áite á thabhairt do thionscadail bhonneagair riachtanacha a theastaíonn chun freastal ar riachtanais ár ndaonra agus ár ngeilleagair atá ag dul i méid. Ba mhaith liom an deis seo a ghlacadh chun buíochas a ghabháil le comhaltaí an Bhoird, le mo chomhghleacaithe ar an bhFoireann Feidhmiúcháin, le foireann Uisce Éireann agus lenár gcomhpháirtithe seachadta a sholáthair seirbhísí uisce agus fuíolluisce in 2024 i gcomhar le foireann na nÚdarás Áitiúil.

**Niall Gleeson**
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin

# Creat straitéiseach

**Cuspóir**

Táimid ábalta don dúshlán a bhaineann le seirbhísí uisce bunathraitheacha a sholáthar, rud a chuireann ar chumas pobal déanamh go maith.

**Fís**

Éire inbhuanaithe, áit a dtugtar meas ar uisce agus a ndéantar é a chosaint, don phláinéad agus don bheatha lena dtacaíonn sé.

## Cuspóirí straitéiseacha

| | | | |
|---|---|---|---|
| T | **Bonneagar uisce na hÉireann a athrú ó bhonn** | Trí sheirbhísí uisce tráthúla, riachtanacha le luach ar airgead a sholáthar | Féach tuilleadh laistigh de roinn na bPríomhtháscairí Feidhmíochta. |
| H | **Leas a bhaint as cultúr sábháilte, éagsúil agus ionchuimsitheach** | Áit a bhfuil ár bhfoireann cumhachtaithe agus ardfheidhmiúil | Léigh faoinár dtionscnaimh éagsúlachta, chothromais agus chuimsitheachta laistigh den Tuarascáil maidir le hInbhuanaitheacht. |
| R | **Uisce Éireann comhtháite a bhaint amach** | Chun seirbhísí uisce sábháilte, inacmhainne, dírithe ar chustaiméirí, a sholáthar dár dtír | Tá nuashonruithe ar sheirbhísí uisce agus fuíolluisce ar fáil laistigh den Athbhreithniú Oibriúcháin. |
| I | **Múscail muinín** | Bheith mar fhóntas iontaofa seirbhísí uisce na hÉireann | Leagtar amach forbhreathnú ar ár gcur chuige laistigh den mhír Rannpháirtíocht straitéiseach na bpáirtithe leasmhara. |
| V | **Meas a léiriú ar ár gcomhshaol agus feabhas a chur air** | Trí thús áite a thabhairt do cháilíocht agus acmhainneacht ár n-uisce chun go mbeimid inár n-eiseamláir inbhuanaitheachta | Léigh ár dTuarascáil Inbhuanaitheachta. |
| E | **Deimhnigh an maoiniú riachtanach** | D'fhonn riachtanais seirbhísí uisce náisiúnta na hÉireann a shásamh | Tá tuilleadh eolais maidir le maoiniú an ghnó ar fáil laistigh den Athbhreithniú Airgeadais. |

## Luachanna

In 2024, sheol Uisce Éireann ár luachanna agus ár n-iompraíochtaí nua, atá ríthábhachtach chun ár gcuspóir straitéiseach a bhaint amach maidir le leas a bhaint as cultúr sábháilte, éagsúil agus cuimsitheach ina bhfuil cumhacht agus ardfheidhmíocht ag ár ndaoine. Forbraíodh na luachanna seo trí chomhoibriú fairsing le fostaithe Uisce Éireann ag gach leibhéal den eagraíocht, agus le hionchur ár gcomhghleacaithe seirbhísí uisce údaráis áitiúil.

Is iad na cúig luach atá againn a shainíonn carachtar ár n-eagraíochta. Is iad na luachanna sin a threoraíonn ár ngníomhaíochtaí agus ár gcinntí agus a chuireann creat ar fáil don chaoi a ndéanaimid idirghníomhú agus cumarsáid lena chéile, lenár gcustaiméirí agus le páirtithe leasmhara.



### Déanaimid seachadadh do chustaiméirí agus do phobail

Bíonn tionchar ag an obair a dhéanaimid ar shaol laethúil daoine, rud a chuireann ar chumas pobal ar fud na hÉireann a bheith faoi bhláth. Táimid bródúil as ár n-eolas agus ár saineolas áitiúil agus soláthraímid seirbhís den scoth i gcónaí ar féidir le custaiméirí muinín a bheith acu aisti agus brath uirthi.



### Oibrímid níos fearr le chéile

Oibrímid le chéile agus bainimid úsáid as ár láidreachtaí éagsúla chun rudaí a dhéanamh nach bhféadfaimis féin a dhéanamh. Éistimid. Roinnimid eolas agus foghlaimímid óna chéile. Tá meas againn ar dhifríochtaí a chéile, rud a chruthaíonn timpeallacht ina mothaíonn gach duine go dtacaítear leo fás agus rath a bhaint amach. Aithnímid agus ceiliúraimid éachtaí.



### Déanaimid an rud ceart

Caithimid lena chéile le meas agus cineáltas. Ar mhaithe le leas ár gcomhghleacaithe, ár bpobail agus an domhain, seasaimid ar son an rud atá ceart, seachas an rud atá éasca. Táimid oscailte, labhraímid os ard agus tá a fhios againn cén uair rud éigin a dhiúltú. Agus tá muinín againn go ndéanann gach duine na rudaí seo, beag beann ar cé atá ann lena fheiceáil.



### Táimid uaillmhianach

Ní stopaimid de bheith ag foghlaim, ag fás ná ag lorg bealaí le bheith níos fearr. Ceistímid an rud a bhfuil glacadh leis chun feabhas a chur ar an gcaoi a ndéanaimid rudaí. Déanaimid beart de réir ár mbriathar. Leagaimid amach sampla dearfach. Tuigimid go gcruthaíonn ár ngníomhartha inniu todhchaí inbhuanaithe do chách.



### Coinnímid a chéile slán

Is linne ár gcuid oibre agus tá a fhios againn cad atá le déanamh chun é a chur i gcrích go sábháilte. Táimid críochnúil agus cuirimid an t-am isteach. Leanaimid an próiseas. Bímid ag smaoineamh sula ndéanaimid rud. Cuirimid daoine agus a bhfolláine os cionn gach rud eile. Agus téimid abhaile sábháilte ag deireadh gach lae.

# Múnla Gnó Uisce Éireann

## Caipiteal Nádúrtha

### Ionchuir
- **>520** crios acmhainní uisce

### Cur chuige chun ionchuir a bhailiú agus a fhorbairt
- An Plean Náisiúnta um Acmhainní Uisce

## Caipiteal Monaraithe

### Ionchuir
- **>1,650** ionad cóireála uisce
- **>90,000km** de líonra uisce agus fuíolluisce

### Cur chuige chun ionchuir a bhailiú agus a fhorbairt
- Plean Infheistíochta Caipitil 5 bliana faofa ag CRF

## Caipiteal Sóisialta agus Caidrimh

### Ionchuir
- **>1.6 milliún** custaiméir baile
- **>0.2 milliún** custaiméir neamhbhaile
- Scairshealbhóir agus rialtóirí

### Cur chuige chun ionchuir a bhailiú agus a fhorbairt
- Clár Tús Áite don Chustaiméir
- Teagmháil le páirtithe leasmhara

## Caipiteal Intleachtúil

### Ionchuir
- Saineolas ar an gcomhshaol
- Plean Gníomhaíochta um Bithéagsúlacht
- Nuálaíocht

### Cur chuige chun ionchuir a bhailiú agus a fhorbairt
- Rialachas corparáideach agus faomhadh caipitil
- Maoirseacht uisce

## Caipiteal Airgeadais

### Ionchuir
- **€8.75 billiún** de shócmhainní ar an iomlán
- **€572 milliún** de ranníocaíocht chaipitiúil
- **€1,606 milliún d'Ioncam**

### Cur chuige chun ionchuir a bhailiú agus a fhorbairt
- Plean Maoinithe Straitéiseach
- Socraíonn an Coimisiún um Rialáil Fóntais Iamháltais ioncaim don tréimhse 5 bliana

## Caipiteal Daonna

### Ionchuir
- **>4,400** oibrí seirbhísí uisce
- Comhpháirtithe soláthair chaipitiúil
- Seirbhísí ar conradh

### Cur chuige chun ionchuir a bhailiú agus a fhorbairt
- Clár 'ibelong' ÉC&C
- Obair Shábháilte, Baile Sábháilte
- Ag Déanamh an Rud Ceart
- An Clár Luachanna agus Iompraíochtaí 'Seasaimid go Daingean ar son Uisce'

**Uisce Óil**

- Dear, tóg agus coimisiúnaigh
- Cóireáil agus dáil
- Freastal ar ár gcustaiméirí

## Déanaimid ár mbonneagar uisce agus fuíolluisce a thógáil, a chothabháil agus a oibriú chun seirbhísí riachtanacha a sholáthar dár gcuid custaiméirí, do phobail agus don gheilleagar.




| Tairbhí Reatha agus Ionchais | Uisce Éireann |
| --- | --- |
| • **1.7 billiún lítear d'**uisce óil a sholáthar in aghaidh an lae<br>• **1.26 billiún lítear** d'fhuíolluisce a tháirgtear gach lá a chóireáil | **Tá sé freagrach as na feidhmeanna a shanntar dó leis na hAchtanna um Sheirbhísí Uisce agus déanann sé a dhícheall seirbhísí uisce dea-chleachtais, costéifeachtacha a dhíríonn ar riachtanais na gcustaiméirí a sholáthar.** |
| • Seirbhísí uisce atá slán sábháilte<br>• Forbairt eacnamaíoch<br>• Fás straitéiseach<br>• Luach ar airgead | **Aistreoidh sé go húdarás náisiúnta seirbhísí uisce a bheidh comhtháite go hiomlán.** |
| • Réitigh nádúrbhunaithe<br>• An comhshaol a chosaint agus bithéagsúlacht a fheabhsú<br>• Tacú le pobail áitiúla | **Tacaíonn sé le beartas an Rialtais a bhaint amach, lena n-áirítear an Plean Forbartha Náisiúnta, Tithíocht do Chách agus an Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide.** |
| • Foghlaim agus forbairt<br>• Éagsúlacht inscne a fheabhsú<br>• Rannpháirtíocht fostaithe a fheabhsú | **Tugann sé tús áite d'infheistíocht i mbonneagar riachtanach uisce agus tacaíonn sé le forbairt eacnamaíoch agus cruthú post i bpobail áitiúla.** |
| • **Comhlíonann 99.7%** de sholáthairtí uisce poiblí teorainneacha baictéar agus ceimiceán (d'fhoilsigh an GCC % ar shonraí 2023)<br>• Tacú le beartas an rialtais lena n-áirítear Tithíocht do Chách, an Plean Forbartha Náisiúnta agus an Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide | **Tugann sé aghaidh ar chomhlíonadh go háirithe i ndáil le saincheisteanna sláinte poiblí agus comhlíonadh comhshaoil ar ghléasraí atá liostaithe in imeachtaí um shárú an Choimisiúin Eorpaigh.** |
| • **€1,372 milliún** infheistithe i mbonneagar uisce agus fuíolluisce | **Feidhmíonn sé laistigh dá pharaiméadair um maoiniú ón Státchiste agus cinntíonn sé an dea-chleachtas i dtéarmaí cuntasachta, rialachais agus luach ar airgead a sholáthar do cháiníocóirí.** |

# Tosca a mbíonn tionchar acu ar chruthú luacha

## Timpeallacht Eacnamaíochta

### Is é an dúshlán:
Feidhmiú laistigh de chonradh rialála in ainneoin brúnna praghais ardaithe, srianta sa slabhra soláthair agus dúshlán acmhainní.

### Ciallaíonn sé sin gur gá dúinn
Oibriú go dlúth lenár bpáirtithe agus conraitheoirí chun bainistíocht chúramach a dhéanamh ar an mbonn costais.

### Agus cruthóimid luach trí
sheirbhísí uisce agus fuíolluisce poiblí éifeachtúla agus cost-éifeachtúla a chothabháil.



## Beartas rialtais

### Is é an dúshlán:
Infheistíocht Thionscadal Éireann 2040 a sholáthar i dtionscnamh bonneagair atá chomhdhéanta den Chreat Náisiúnta Pleanála go dtí 2040 agus an Plean Forbartha Náisiúnta 2021-2030 ina dtugtar tús áite d'infheistíocht i mbonneagar de nach mór €200 billiún.

### Ciallaíonn sé sin gur gá dúinn
Uasghráduithe suntasacha a dhéanamh ar bhonneagar uisce agus fuíolluisce poiblí chun freastal ar an daonra agus ar an ngeilleagar atá ag dul i méid agus chun caighdeáin chomhshaoil reatha agus amach anseo a chomhlíonadh.

### Agus cruthóimid luach trí
Infheistíocht chaipitiúil a sholáthar ar aon dul le Ráiteas Beartais um Sheirbhísí Uisce an Rialtais agus de réir na dtograí maoiniúcháin a leagtar amach i dTionscadal Éireann 2040.



## Todhchaí inbhuanaithe

### Is é an dúshlán:
Feidhmiú ar bhealach a léiríonn meas ar an timpeallacht agus meas ar acmhainní.

### Ciallaíonn sé sin gur gá dúinn
Bainistíocht a dhéanamh ar an méadú atá ag teacht ar an éileamh ar na seirbhísí uisce poiblí, rud a chuireann an-bhrú ar ár mbonneagar, agus tá níos mó ionchuir fhuinnimh agus acmhainní ag teastáil dá bharr le leibhéil níos mó dramhaíola agus fotháirgí eile.

### Agus cruthóimid luach trí
Oibriú chun ár straitéisí comhshaoil, eacnamaíochta agus sóisialta a fhorbairt, rud a laghdóidh ídiú fuinnimh agus a mhéadóidh an acmhainneacht chun inbhuanaitheacht an tsoláthair uisce phoiblí a mhéadú.



## Custaiméir

### Is é an dúshlán:
Eispéireas custaiméara a fhreastalaíonn ar a riachtanais a sholáthar.

### Ciallaíonn sé sin gur gá dúinn
Leanúint ar aghaidh ag cumarsáid go héifeachtach le custaiméirí agus le páirtithe leasmhara chun a chinntiú go soláthraítear seirbhís atá dírithe ar chustaiméirí.

### Agus cruthóimid luach trí
Fheabhas leanúnach a spreagadh inár rannpháirtíocht lenár gcustaiméirí, agus soláthar oibríochtaí custaiméirí cost-éifeachtúla á ghealladh.



# Príomhtháscairí feidhmíochta

## An chreat-treoir uisce

**Ráiteas Beartais um Sheirbhísí Uisce**

**Plean Straitéiseach do Sheirbhísí Uisce**

**Plean Maoinithe Straitéisigh**

Comhlacht tráchtála rialaithe Stáit atá in Uisce Éireann atá faoi úinéireacht phoiblí. Tá an chuideacta freagrach as sócmhainní uisce agus fuíolluisce a oibriú agus a choinneáil.

Tá samhail oibriúcháin Uisce Éireann á leagan síos i gcomhthéacs Chreat-Treoir Uisce AE (CTU). Tá an CTU ina Threoir uileghabhálach maidir le beartas uisce san AE.



| | | Tomhas | Sainmhíniú | Aonad | 2022 | 2023 | 2024 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Cáilíocht** | | | | | | | |
| Uisce | Uisce Óil | **Fógra Fiuchta Uisce (> 30 lá)** | Líon na ndaoine faoi réir ag Fógra Fiuchta Uisce ag deireadh na bliana ar fhógraí iad atá i bhfeidhm ar feadh > 30 lá | An líon atá fágtha | 18,287 | 19,109 | 17,465* |
| Uisce | Uisce Óil | **Scéimeanna ar Liosta Gníomhaíochtaí Ceartaitheacha GCC** | Líon na scéimeanna ar RAL beo | An líon atá fágtha | 58 | 57 | 45 |
| Uisce | Luaidhe | **Luaidhe** | Líon iomlán na seirbhísí luaidhe ar cuireadh seirbhísí nua ina n-áit | Líon | 10,801 | 9,588 | 4,099 |
| Fuíolluisce | An Treoir um Chóireáil Fuíolluisce Uirbigh (UWWTD) | **Ceantair thosaíochta le haghaidh feabhsuithe fuíolluisce** | Líon na gceantar tosaíochta le haghaidh feabhsú fuíolluisce (pointe tosaigh R1 2017 de 148) | An líon atá fágtha | 91 | 80 | 75 |
| Fuíolluisce | An Treoir um Chóireáil Fuíolluisce Uirbigh (UWWTD) | **Ceirtleáin neamhchóireáilte** | Líon ceirtleán nach bhfuil aon chóireáil déanta orthu nó le réamhchóireáil amháin | An líon atá fágtha | 29 | 19 | 16 |
| **Caomhnú** | | | | | | | |
| Coigilteas** | | **Ráta Sceite Náisiúnta** | Meán rollach 12 mhí go dtí an 1 Deireadh Fómhair | % | 37 | 38 | 38 |
| Coigilteas** | | **Ráta Sceite Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath (MBÁC)** | Meán rollach 12 mhí go dtí an 1 Deireadh Fómhair | % | 33 | 32 | 32 |
| Coigilteas** | | **Ráta Sceite Neamh-Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath (MBÁC)** | Meán rollach 12 mhí go dtí an 1 Deireadh Fómhair | % | 40 | 41 | 41 |
| **Cúrsaí a Dhéanamh Seasmhach i leith na Todhchaí** | | | | | | | |
| Acmhainn agus teacht aniar | | **Ionaid chóireála fuíolluisce** | Iomlán (cainníocht) nua agus uasghrádaithe | Líon | 9 | 42 | 17 |
| Acmhainn agus teacht aniar | | **Ionaid chóireála uisce** | Iomlán (cainníocht) nua agus uasghrádaithe | Líon | 6 | 9 | 9 |
| Acmhainn agus teacht aniar | | **Líonra fuíolluisce** | Fad an tséaraigh nua/athchóirithe a leagadh (iomlán) | km | 102 | 122 | 63 |
| Acmhainn agus teacht aniar | | **Líonra uisce** | Fad an phríomhphíobáin uisce nua/athchóirithe a leagadh (iomlán) | km | 315 | 512 | 207 |

* Ag deireadh 2024 bhí 5 Fhógra 'Fiuchta Uisce' i bhfeidhm ar feadh breis is 30 lá. Cuireadh ina cheart breis is 72% d'Fhógraí 'Fiuchta Uisce' a forchuireadh in 2024 laistigh de 30 lá.

** Roimhe seo, léiríomar coigilteas sceite in ML/lá d' uisce a sábháladh, níl an mhéadracht sin ionadaíoch ar ghníomhaíocht sceite mar gheall ar na leibhéil éilimh nach bhfacthas riamh roimhe seo atá ann faoi láthair agus an comhghaol idir éileamh agus sceitheadh. Tá na leibhéil sceite á rianú againn anois ar bhonn céatadáin, is é sin an céatadán den uisce a sholáthraítear nach bhfuil cuntas tugtha air. Léirítear le céatadáin 2023 agus 2024 sonraí sceite eatramhacha atá ar feitheamh torthaí staidéir, atá mionsonraithe sa chuid Athbhreithniú oibriúcháin.

## Príomhtháscairí feidhmíochta
*(ar lean)*

### Sábháilteacht

Minicíocht Gortuithe is Cúis le hAga Díomhaoin iomlán – fostaithe (>1 lá) #/100k uair an chloig

| | |
|---|---|
| 2020 | 0.0 |
| 2021 | 0.0 |
| 2022 | 0.0 |
| 2023 | 0.0 |
| 2024 | 0.0 |

**An rud a thomhaisimid**
Bainimid úsáid as Minicíochtaí Gortuithe is Cúis le hAga Díomhaoin chun líon na dtimpistí fostaithe in aghaidh an 100,000 uair a oibríodh a rianú, rud a fhágann go mbíonn ar bhall foirne >1 lá a thógáil saor ón obair. Ní dhearnadh Gortú is Cúis le hAga Díomhaoin ar aon fhostaí ó 2018 i leith.

**An fáth go dtomhaisimid é**
Tá sábháilteacht ar cheann dár gcroíluachanna, coinnímid a chéile slábháilte. Sa chreat "Obair Shábháilte, Baile Sábháilte", dírítear ar ár ndúshláin sábháilteachta a bhainistiú trí phríomhcholún, lena n-áirítear ceannaireacht agus cultúr, sócmhainní agus ionaid oibre sábháilte, bealaí oibre sábháilte, agus comhpháirtithe seachadta sábháilte, agus sláinte agus folláine.

### Seirbhís do chustaiméirí

Réiteach nuair a dhéantar an chéad teagmháil – méadrú agus oibríochtaí %

| | |
|---|---|
| 2020 | 79% |
| 2021 | 83% |
| 2022 | 72% |
| 2023 | 83% |
| 2024 | 84% |

**An rud a thomhaisimid**
Déanaimid athbhreithniú ar shampla dár dteagmháil custaiméara gach mí thar réimse de chineálacha difriúla glao. Déantar suirbhé neamhspleách ar rogha dár nglaonna chun na scóir a bhailíochtú.

**An fáth go dtomhaisimid é**
Insíonn an tomhas seo dúinn a mhinice is atáimid in ann iarratas custaiméara a réiteach tar éis a gcéad theagmhála linn gan an gá tuilleadh eolais a fháil, é a chur ar aghaidh chuig an gcúloifig, gearán a chruthú nó fiosrú a dhéanamh.

### Inbhuanaitheacht

# láithreán a bhfuil bearta bithéagsúlachta i bhfeidhm orthu

| | |
|---|---|
| 2020 | 31 |
| 2021 | 53 |
| 2022 | 56 |
| 2023 | 270 |
| 2024 | 273 |

**An rud a thomhaisimid**
Tomhaistear leis sin líon na láithreán oibriúcháin ag a bhfuil tionscnaimh feabhsúcháin bithéagsúlachta taifeadta curtha i bhfeidhm laistigh den bhliain.

**An fáth go dtomhaisimid é**
Úsáidtear an beart sin chun comhairle a thabhairt ar ghníomhaíocht a dhéanfar chun na láithreáin oibriúcháin a fheabhsú ó thaobh na bithéagsúlachta de.

## Éifeachtúlachtaí oibriúcháin

Éifeachtúlachtaí carnacha OPEX € milliún




### An rud a thomhaisimid

Tomhaisimid éifeachtúlachtaí oibríochtúla trí thionscnaimh coigilte costais, trí chreat-chomhaontuithe tráchtála ár soláthraithe agus trí athbhreithnithe ar luach ar airgead.

### An fáth go dtomhaisimid é

Déanaimid ár ndícheall na spriocanna éifeachtúlachta arna leagan síos ag an gCoimisiún um Rialáil Fóntais a bhaint amach.

## Uisce a sábháladh

Coigilteas sceite comhlán carnach (meigilítir in aghaidh an lae)




### An rud a thomhaisimid

Is é atá ansin ná tomhas ar an uisce carnach a sábháladh mar thoradh ar ár gcuid iarrachtaí chun príomhlíonraí a athchóiriú agus sceitheadh a aimsiú agus a dheisiú.

### An fáth go dtomhaisimid

Is é is aidhm dúinn méid an uisce a chailltear sa chóras a laghdú ionas go ndéanfaimid éifeachtacht agus dianseasmhacht ár líonraí a mhéadú.

# Rannpháirtíocht straitéiseach páirtithe leasmhara

Is éard atá i gceist le rannpháirtíocht na bpáirtithe leasmhara an próiseas trína ndéanaimid teagmháil go gníomhach lenár gcuid custaiméirí agus lenár bpáirtithe leasmhara ar bhealach atá oscailte, trédhearcach agus fiúntach. Tugaimid tosaíocht do ról ríthábhachtach ár bpáirtithe leasmhara agus oibrímid i ndlúthpháirt leo chun aghaidh a thabhairt ar a gcuid riachtanas agus ionchas. Chomh maith leis sin, lorgaímid aiseolas go gníomhach ónár bpáirtithe leasmhara chun tuiscint a fháil ar cé chomh maith agus atáimid ag comhlíonadh na n-ionchas sin.

## Príomhchaidreamh

### Fostaithe

**Tosaíochtaí**

- Sábháilteacht
- Feidhmíocht Eagraíochtúil
- Éagsúlacht, Cothromas agus Cuimsiú
- Folláine

**Cur Síos**

I rith na bliana, tugaimid faoi ghníomhaíochtaí rialta rannpháirtíochta agus folláine na bhfostaithe.

Cuirimid cultúr sábháilteachta dearfach agus réamhghníomhach bunaithe ar iompraíocht chun cinn, rud a threisíonn ár gcultúr 'Obair Shábháilte, Baile Sábháilte' go bhfuil an ceart againn go léir oibriú agus dul abhaile go sábháilte'.

Aithníonn Uisce Éireann an tábhacht a bhaineann le comhionannas, éagsúlacht agus cuimsitheacht i measc ár lucht saothair. Tá ár gComhairle um Éagsúlacht, Cothromas agus Cuimsiú comhdhéanta d'ionadaithe fostaithe.

Tá caidreamh cothaithe ag Uisce Éireann le ceardchumainn tríd an struchtúr inmheánach atá againn sa Ghrúpa Ceardchumann agus trí Ghrúpa Comhairleach Uisce Éireann maidir le foireann Seirbhísí Uisce na nÚdarás Áitiúil a aistriú faoi Chreat an Choimisiúin um Chaidreamh san Ionad Oibre (WRC) maidir le Seirbhísí Uisce a Sholáthar Amach Anseo.



## Custaiméirí agus Pobail

### Tosaíochtaí

Seirbhísí éifeachtacha a dhírítear ar chustaiméirí

Seirbhísí uisce atá slán sábháilte

An comhshaol a chosaint

### Cur Síos

Is iad ár gcuid custaiméirí agus ár bpobail na páirtithe leasmhara is tábhachtaí atá againn. Bíonn rannpháirtíocht ar bun gach lá trínár gcuid bealaí custaiméirí agus soláthraímid comhairliúchán poiblí, feachtais eolais phoiblí agus bainistímid teagmhais agus cur isteach trí sheirbhís teachtaireachtaí téacs, rannpháirtíocht leis na meáin chumarsáide, na meáin dhigiteacha agus shóisialta, imeachtaí oscailte, fógraíocht agus cruinnithe duine le duine nó fíorúla. Soláthraímid ionad teagmhála custaiméirí 24/7.



## Ionadaithe Tofa

### Tosaíochtaí

Seirbhísí uisce atá slán sábháilte

Múscailt feasachta maidir le hathléimneacht seirbhísí uisce

Tacaíocht d'infheistíocht leanúnach chun tacú le forbairt eacnamaíoch

### Cur Síos

Cuireadh tús lenár seirbhís teagmhála d'ionadaithe tofa in 2014 agus le 10 mbliana anuas tá freagra tugtha againn ar os cionn 100,000 fiosrú a fuarthas go díreach ó os cionn 1,100 ionadaí tofa. Faigheann siad nuashonruithe leanúnacha freisin maidir le saincheisteanna áitiúla agus saincheisteanna níos leithne trí phreaseisiúintí, na meáin shóisialta, ár suíomh gréasáin, foirne cumarsáide réigiúnacha, ár bhfoireann gnóthaí poiblí, foirne oibríochtaí réigiúnacha agus clinicí comhairleoirí. Bímid i dteagmháil dhíreach leis an Oireachtas maidir le saincheisteanna straitéiseacha seirbhísí uisce trí fhreastal ar éisteachtaí coiste rialta.



## Scairshealbhóirí agus Rialtóirí

### Tosaíochtaí

Cur chun feidhme bheartas an rialtais

Oibríochtaí éifeachtacha agus comhlíontacha

### Cur Síos

Bíonn caidreamh leanúnach againn leis an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta (RTRÁO) i ndáil le maoiniú, soláthar seirbhísí uisce poiblí agus cur chun feidhme bheartas an rialtais.

Is é an Coimisiún um Rialáil Fóntais (CRF) ár rialtóir eacnamaíoch agus is é an Ghníomhaireacht um Chaomhnú an Chomhshaoil (GCC) ár Rialtóir Comhshaoil. Bímid ag plé go díreach leis an dá rialtóir agus tuairiscímid chucu ar ár bhfeidhmíocht agus ar chomhlíonadh na reachtaíochta ar rialú praghsanna agus ar an gcomhshaol.



## Rannpháirtíocht straitéiseach páirtithe leasmhara
*(ar lean)*

### Comhpháirtithe Soláthair Seirbhíse

**Tosaíochtaí**

Sábháilteacht

Luach ar airgead

Inbhuanaitheacht laistigh den slabhra luacha

**Cur Síos**

Oibríonn Uisce Éireann go dlúth le conraitheoirí agus tríú páirtithe a sholáthraíonn seirbhísí tacaíochta dúinn chun an soláthar éifeachtach agus éifeachtúil d'infheistíocht shuntasach chaipitiúil a chinntiú agus déanann siad maoirseacht ar oibríochtaí laethúla an fhóntais náisiúnta uisce chun buntáistí a sholáthar dár gcustaiméirí, don gheilleagar agus don chomhshaol.



### Grúpaí Ionadaíocha Foirmiúla na bPáirtithe Leasmhara

**Tosaíochtaí**

Cáilíocht acmhainní uisce agus cinnteacht an tsoláthair

Tionchair ar an gcomhshaol

**Cur Síos**

Oibríonn Uisce Éireann le réimse leathan de ghrúpaí foirmiúla ionadaíocha na bpáirtithe leasmhara, amhail Cónaidhm Thionscal na Foirgníochta agus Feirmeoirí Aontaithe na hÉireann, chun nuashonruithe a thabhairt maidir lenár bpleananna, bonn eolais a chur faoi chinnteoireacht dhá bhealach, cultúr trédhearcachta agus idirphlé a fhorbairt ar théamaí sonracha, agus mionteagasc ábhartha saineolaithe a sholáthar.

Cainéal tábhachtach cumarsáide lenár gcustaiméirí agus lenár bpáirtithe leasmhara atá sna meáin chumarsáide, go háirithe sna cásanna seo a leanas: cur isteach ar sheirbhís nó fadhbanna le caighdeán an uisce, nó nuair a bhíonn tionchar ar phobal mar gheall ar thionscadail nó uasghrádaithe bonneagair.



## Grúpaí Ionadaíocha Gnó

### Tosaíochtaí

Múscailt feasachta maidir le hathléimneacht seirbhísí uisce

Tacaíocht d'infheistíocht leanúnach chun tacú le forbairt eacnamaíoch

### Cur Síos

Oibríonn Uisce Éireann le Grúpaí Ionadaíocha Gnó lena n-áirítear IBEC, Comhlachas Tráchtála na hÉireann agus Cumann Tráchtála Mheiriceá chun feasacht agus tuiscint a mhéadú maidir leis an tábhacht a bhaineann le soláthairtí uisce athléimneacha d'fhorbairt eacnamaíoch inbhuanaithe, chomh maith lena chinntiú go dtabharfar tús áite dó sin ina mbeartais agus ina bhfeachtais.



### Conas a bhímid rannpháirteach

Déanann Uisce Éireann teagmháil le páirtithe leasmhara trí chomhairliúchán poiblí maidir lenár gcuid tionscadal agus pleananna bonneagair. Táimid tiomanta do chumarsáid dhá bhealach leanúnach agus freagrúil a dhéanamh, ag gach céim den phróiseas comhairliúcháin, chun a chinntiú go bhfuil an t-eolas inrochtana, luachmhar, trédhearcach agus freagrúil le haghaidh gach páirtí leasmhar. Ní bhaineann plé le páirtithe leasmhara le comhairliúchán reachtúil amháin agus is féidir é a chatagóiriú go leathan thar raon catagóirí. Úsáideann Uisce Éireann ardáin chianda amhail ár suíomh gréasáin agus cainéil ar líne mar aon leis na meáin, cruinnithe aghaidh ar aghaidh, imeachtaí faisnéise agus cumarsáid inmheánach chun oibriú lenár bpáirtithe leasmhara.

# Bainistiú Riosca

## Ár nGníomhaíochtaí Bainistithe Riosca

I rith na bliana 2024, choinnigh Uisce Éireann air ag déileáil le tírdhreach riosca domhanda dinimiciúil agus idirnasctha agus ag tabhairt freagra air. Feidhmíonn Uisce Éireann laistigh de thimpeallacht chasta, agus bonneagar sócmhainne atá ag dul in aois á bhainistiú agus á oibriú aige. Tá rialachas láidir riosca i gcroílár ár ngníomhaíochtaí ar fad agus dearadh ár gcreat riosca chun tacú leis an ngnólacht bainistiú riosca éifeachtach a choinneáil ar bun i d'timpeallacht a bhíonn ag síorathrú. Táimid tiomanta do chleachtais éifeachtacha bainistithe riosca a chomhtháthú agus a leabú inár ngníomhaíochtaí go léir chun athléimneacht a spreagadh sa timpeallacht oibriúcháin.

Tá bainistiú riosca éifeachtach laistigh den eagraíocht ríthábhachtach maidir le baint amach ár gcuspóirí straitéiseacha agus leasanna ár scairshealbhóirí, ár gcustaiméirí agus an phobail i gcoitinne á gcosaint.

Leis an mbainistiú riosca laistigh d'Uisce Éireann, tacaítear lenár réamhphleanáil agus éascaítear cinnteoireacht eolasach agus riosca bhunaithe inár ngníomhaíochtaí go léir freisin. Leis na prionsabail atá leagtha amach i mBeartas Bainistithe Riosca Oibriúcháin Uisce Éireann, treoraítear ár gcleachtais bainistithe riosca. Tá go leor dár rioscaí fadtréimhseach, rud a léiríonn cineál fadtéarmach ár ngníomhaíochtaí. Is féidir leis na rioscaí sin teacht chun cinn le himeacht ama de bharr tosca agus imeachtaí inmheánacha agus seachtracha atá ag athrú.

Bíodh is go bhfuil an tírdhreach riosca dúshlánach, d'éirigh le hUisce Éireann na dúshláin sin a bhainistiú i rith na bliana 2024 agus tá sé athléimneach fós maidir lena fhreagairt. Rinneadh measúnú iomlán ar rioscaí a bhféadfadh tionchar a bheith acu ar ár gcuspóirí straitéiseacha maidir lena dtionchair fhéideartha, agus na bearta um maolú riosca atá á n-úsáid á gcur san áireamh. Leantar le dlúthmhonatóireacht a dhéanamh ar na rioscaí sin, agus tá ár gcur chuige maidir le bainistiú riosca ina chuid lárnach dár n-athléimneacht eagraíochtúil fhoriomlán.

### Is iad na prionsabail a leanas atá mar thaca dár gcur chuige i leith rioscaí

**Cultúr Riosca Onnghníomhach**
Cinntíonn sé go bhfuil ár gcultúr riosca leabaithe laistigh den eagraíocht, agus cuireann sé ar chumas ár bhfoirne feasacht agus tuiscint a bheith acu ar rioscaí a d'fhéadfadh tionchar a bheith acu ar ár gcumas ár gcuspóirí gnóthais a bhaint amach.

**Inniúlacht**
Cinntíonn sé go bhfuil ár bhfoireann inniúil agus go bhfuil siad in ann déileáil le rioscaí go héifeachtach.

**Bainistíocht Éifeachtach**
Cinntíonn sé go dtugann ár bpróisis bhainistithe rioscaí tacaíocht do rath ár gcuspóirí gnó trí chumhacht a thabhairt dár bhfoireann déileáil go héifeachtach le rioscaí.

# Creat Bainistithe Riosca

I rith na bliana 2024, bhain Uisce Éireann leas as cur chuige éifeachtach, comhtháite agus struchtúrtha i ndáil le bainistiú riosca, lena n-áirítear próiseas cuimsitheach bainistithe riosca chun bainistíocht, athbhreithniú, monatóireacht agus tuairisciú a dhéanamh ar na príomhrioscaí agus na héiginnteachtaí a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar chomhlíonadh ár gcuspóirí straitéiseacha.

Tá Creat Bainistithe Riosca Eagraíochtúil, beartas agus próisis Uisce Éireann seanbhunaithe agus cuirtear i bhfeidhm iad go comhsheasmhach ar fud na heagraíochta, rud a éascaíonn sainaithint, measúnú, monatóireacht agus tuairisciú rioscaí ar gach leibhéal den eagraíocht, ar an leibhéal aonair agus ar an leibhéal comhiomlán.

## Cultúr Riosca

Aithníonn Uisce Éireann go mbraitheann bainistiú riosca rathúil ar chultúr riosca éifeachtach lena gcuimsítear iompraíocht, noirm agus dearcthaí ár ndaoine. Aithníonn bainistíocht Uisce Éireann a ríthábhachtaí agus atá cultúr riosca éifeachtach a bhíonn ag forbairt agus ag athrú i gcónaí agus a chuirtear chun cinn trí 'treisiú ón mbarr' agus oiliúint rialta ar bhainistiú riosca. Déanaimid faire na fáistine go leanúnach agus go gníomhach chun cuidiú le rioscaí nua agus rioscaí atá ag teacht chun cinn a shainaithint. Mar thoradh air sin, is léir an tábhacht a bhaineann le bainistiú riosca, lena n-áirítear cuntasacht shoiléir agus úinéireacht rioscaí, ar fud Uisce Éireann. Aithnítear go bhfuil ról ag gach duine san eagraíocht 'labhairt amach' faoi riosca.

## An Bord agus Bainistiú Riosca

Tá freagracht fhoriomlán ar an mBord as riosca a bhainistiú go héifeachtach ar fud Uisce Éireann, agus athbhreithníonn siad agus tugann siad aghaidh go rialta ar na príomhrioscaí a chuireann an bhainistíocht os a gcomhair, ag cinntiú go ndéanfar iad a mheasúnú, a bhainistiú agus a mhaolú go cuí.

Tá an t-údarás tarmligthe ag an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca chun tacú leis an mBord leis na dualgais sin. Tacaíonn foireann tiomnaithe riosca leis an gcoiste timpeallacht éifeachtach bainistithe riosca a choinneáil mar aon le samhail rialachais riosca ó bharr anuas, ó bhun aníos.

## Modheolaíocht um Measúnacht Riosca

Rinne Uisce Éireann athbhreithniú cuimsitheach ar a mhodheolaíocht um measúnacht riosca in 2024. Tá modheolaíocht um measúnacht riosca athnuaite i bhfeidhm anois ina leagtar amach modheolaíocht chaighdeánach nuashonraithe chun rioscaí a mheas ar gach leibhéal den eagraíocht, agus tionchar agus dóchúlacht an riosca á gcur san áireamh. Cuidíonn an cur chuige comhsheasmhach sin le cinnteoireacht agus le tús áite a thabhairt do príomhghníomhaíochtaí maolaitheacha.

Rinne an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca, agus an Bord, an mhodheolaíocht a athbhreithniú agus a fhaomhadh.

## Straitéis Riosca

D'fhaomh an Bord Straitéis Riosca nua d'Uisce Éireann in 2024. Leagtar amach sa Straitéis Riosca fhaofa (2025-2029) uaillmhianta don chéad 5 bliana eile sna réimsí ceannaireachta agus rialachais, daoine agus cultúir, comhtháthú agus uirlisí, agus teicneolaíocht. Is í an uaillmhian sa straitéis tuilleadh aibíochta a sholáthar den tsamhail riosca agus tacú le cinnteoireacht bunaithe ar riosca agus í a chumhachtú ar fud na heagraíochta.

## Inghlacthacht Riosca

Le linn na bliana 2024, shocraigh an Bord Inghlacthacht Riosca athbhreithnithe don eagraíocht, lena gcuirtear in iúl an leibhéal agus an cineál riosca a bhfuil Uisce Éireann sásta glacadh leo agus a chuspóirí straitéiseacha á mbaint amach aige. Tá an Inghlacthacht Riosca ailínithe le catagóirí riosca a bhfuil Uisce Éireann nochta dóibh.

## Athbhreithnithe Cuimsitheacha

Le linn 2024, bhreithnigh an Coiste um Iniúchóireacht agus Riosca stádas na bpríomhrioscaí agus na ngníomhaíochtaí maolaithe gaolmhara agus cuireadh roinnt Athbhreithnithe Cuimsitheacha faoina bhráid chun a dtuiscint ar phríomhrioscaí áirithe agus ar a bpríomh-mhaoluithe a fheabhsú tuilleadh.

### Próiseas 4 chéim um Bainistiú Riosca Eagraíochta (BRE)

Leanann Uisce Éireann sárchleachtas agus úsáideann sé próiseas ceithre chéim chun sainaithint, measúnú, freagairt agus monatóireacht leanúnach rioscaí a chinntiú ar fud na heagraíochta, chun tacú lenár gcuspóirí straitéiseacha a bhaint amach.



## Bainistiú Riosca
*(ar lean)*

# Rioscaí agus Éiginnteachtaí Príomha

Nóta: Níl na rioscaí liostaithe in ord tábhachta ná tosaíochta.

### Sláinte agus Sábháilteacht

| Riosca | Comhthéacs | Príomh-mhaoluithe |
|---|---|---|
| Teagmhas suntasach um shábháilteacht daoine, próisis nó sócmhainní as a n-eascróidh gortú/bás tromchúiseach nó tionchar diúltach ar shláinte agus folláine na foirne, fhoireann / chonraitheoir na Seirbhísí Uisce, comhpháirtí soláthair eile nó an phobail. | Ní mór cloí leis an reachtaíocht agus na socruithe sláinte agus sábháilteachta ar fad chun an fhoireann, conraitheoirí agus an pobal a chosaint ar ghortú nó ar bhás, chomh maith le hionchúisimh, caillteanas airgeadais agus damáiste do chlú a d'fhéadfadh éirí as a sheachaint.<br><br>Tá Uisce Éireann ag dul trí athrú eagraíochtúil faoi láthair, agus cur chuige comhsheasmhach á chur chun feidhme aige maidir le hiompar agus cultúr sábháilteachta. | • Cur chun feidhme 31 chóras Bainistithe Sábháilteachta Údaráis Áitiúil atá ann cheana féin chomh maith le cur i bhfeidhm, cur chun cinn agus deimhniúchán Chóras Náisiúnta Bainistíochta Sábháilteachta Uisce Éireann (ISO 45001).<br>• Monatóireacht láidir ar fheidhmíocht rialachais, sláinte agus sábháilteachta agus cultúr sábháilteachta a chur chun cinn.<br>• Clár Náisiúnta Riosca Sábháilteachta.<br>• Cur chuige réamhghníomhach i leith teagmhais sábháilteachta chun aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna sábháilteachta córasacha agus chun idirghabhálacha rioscabhunaithe a bhaineann go sonrach le sócmhainní a ghlacadh nuair is gá.<br>• Oiliúint agus measúnú inniúlachta a sholáthar ar fud an tionscail Uisce lena chinntiú go mbeidh gach duine ar an eolas faoinár n-ionchais agus faoinár gcaighdeáin sábháilteachta.<br>• Cultúr dearfach i dtreo meabhairshláinte agus folláine do gach duine atá ag obair le hUisce Éireann a chur chun cinn.<br>• Cur chun feidhme na Straitéise Sábháilteachta. |

## Bonneagar, Sócmhainní agus Soláthar Oibriúcháin

| Riosca | Comhthéacs | Príomh-mhaoluithe |
|---|---|---|
| Mura bhfreastalófar ar éileamh uisce reatha agus amach anseo i Mórcheantar Bhaile Átha Cliath, beidh éaradh mór ar sheirbhís uisce / caillteanas cóireáil uisce nó neamhábaltacht naisc nua a sholáthar. | Gan acmhainn bhreise a bheith ann, d'fhéadfadh dúshláin soláthair uisce, tionchair shóisialta agus eacnamaíocha, agus teip tacú le héilimh fáis sa todhchaí a bheith mar thoradh ar fhadhbanna cainníochta agus cáilíochta.<br><br>Is beag teacht aniar atá sa soláthar uisce i Mórcheantar Bhaile Átha Cliath. Fiú agus feabhas curtha ar éifeachtúlacht an líonra agus sceitheadh laghdaithe, is in olcas a rachaidh na deacrachtaí le soláthar uisce i Mórcheantar Bhaile Átha Cliath de bharr fhás an daonra, an fháis eacnamaíoch agus an athraithe aeráide. Go dtí go gcuirfear mórfhoinse nua uisce ar fáil, ní bheidh ar chumas Uisce Éireann seirbhís ar an gcaighdeán atá á lorg a bhaint amach agus beidh baol ann i gcónaí go dtarlóidh éaradh seirbhíse a mhairfidh i bhfad, rud a chuirfidh isteach go mór ar thithe agus ar ghnólachtaí.<br><br>Ábhar imní mhór maidir leis an Tionscadal Soláthair Uisce – Do Réigiún an Oirthir agus do Lár na Tíre (an réiteach straitéiseach fadtéarmach chun freastal ar riachtanais amach anseo) is ea go bhféadfadh sé go gcuirfí moill ar an bpróiseas um thoiliú reachtúil, cosúil le tionscadail eile um Sholáthar Bonneagair Straitéisigh lena n-áirítear Tionscadal Draenála Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath. | • Tá measúnú déanta sa Phlean Náisiúnta Acmhainní Uisce ar acmhainneacht agus ar cháilíocht uisce náisiúnta, díríonn sé ar chothromaíocht inbhuanaithe soláthair agus éilimh sa ghearrthéarma, sa mheántéarma agus san fhadtéarma.<br>• Tá an Tionscadal Soláthair Uisce – do Réigiún an Oirthir agus do Lár na Tíre aitheanta mar an tionscadal roghnaithe don réiteach straitéiseach fadtéarmach chun freastal ar éilimh i réigiún an Oirthir agus i Lár na Tíre amach anseo. Tá cead pleanála tugtha ag an Aire chun an tionscadal sin a chur faoi bhráid an Bhoird Pleanála in 2025.<br>• Tá príomhbhearta uasghrádaithe agus infheistíochta ar siúl agus molta chun teacht aniar a neartú, sceitheadh a laghdú, agus an riosca a bhainistiú go hoibríochtúil sa ghearrthéarma agus sa mheántéarma.<br>• Monatóireacht leanúnach á déanamh ar leibhéal gach acmhainn uisce (aibhneacha, lochanna, tollphoill, taiscumair gaibhnithe uisce) agus bearta gearrthéarmacha curtha ar fáil chun cur leis an méid uisce atá ar fáil le húsáid. |
| **Riosca**<br>An riosca nach mbainfí laghdú leordhóthanach ar ghlansceitheadh amach. | **Comhthéacs**<br>Mura mbainfí amach an laghdú ar sceitheadh, tá seans ann go gcuirfí isteach ar chustaiméirí agus ar sheirbhísí, go gcuirfí le costais oibríochtúla agus go laghdófaí éifeachtúlachtaí agus go ndéanfaí dochar ar an gcaoi sin do sprioc straitéiseach Uisce Éireann bheith ina fhóntas iontaofa. | **Príomh-mhaoluithe**<br>• Tionscadal a chur i bhfeidhm lena gcuirtear fócas sonrach ar sceitheadh i Mórcheantar Bhaile Átha Cliath chun tús áite a thabhairt do ghníomhaíochtaí gearrthéarmacha laghdaithe sceite chun an t-éileamh atá ag méadú a bhainistiú.<br>• Bunaíodh Ionad Barr Feabhais nua um Oibríochtaí Sceite.<br>• Tá príomhchláir i bhfeidhm, lena n-áirítear Clár 'Aimsigh agus Deisigh', Clár 'An Chéad Dheisiúchán', príomhphíobáin uisce nua á gcur isteach agus méadrú agus brú/líonra á mbainistiú.<br>• Tá Straitéis Sceite, Córas Bainistithe Sceite agus Plean Bliantúil Bainistithe Sceite curtha i bhfeidhm. |

## Bainistiú Riosca
*(ar lean)*

### Bonneagar, Sócmhainní agus Soláthar Oibriúcháin

| Riosca | Comhthéacs | Príomh-mhaoluithe |
|---|---|---|
| Mura soláthrófar dóthain acmhainne ar fud na tíre chun; freastal ar riachtanais custaiméirí a bheidh ag ceangal amach anseo nó chun fhreastal ar fhás agus ar fhorbairt eacnamaíoch níos leithne, d'fhéadfadh tionchar a bheith aige sin ar chumas Uisce Éireann Beartas/Pleananna Rialtais a chur i gcrích. | Tá ról suntasach ag Uisce Éireann maidir le tacaíocht a thabhairt do spriocanna na hÉireann i dtaca le fás geilleagrach, comhlíonadh agus forbairt a bhaint amach. Mura n-éireoidh le hUisce Éireann dóthain acmhainneacht a sheachadadh, déanfaidh sé sin dochar dá chlú agus d'fhéadfadh go gcuirfí isteach ar fhás agus fhorbairt eacnamaíoch. | • Plean Infheistíochta Caipitil Uisce Éireann a Sholáthar.<br>• Dul chun cinn príomhthionscadal bonneagair straitéisigh thábhachtaigh m.sh. Tionscadal Soláthair Uisce – do Réigiún an Oirthir agus do Lár naTíre agus Tionscadal Draenála Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath.<br>• Uasghráduithe Sócmhainní MBÁC ar siúl. Plean maolaithe i bhfeidhm d'uasghráduithe breise caipitil chun athléimneacht MBÁC a fheabhsú.<br>• Oibreacha uasghrádaithe acmhainne ar siúl ag Ionad Cóireála Fuíolluisce na Rinne chun acmhainn laistigh de cheirtleán na Rinne a mhéadú.<br>• Bearta eatramhacha leanúnacha chun freastal ar éileamh ar uisce óil. |
| Mura soláthrófar cóireáil fuíolluisce imleor nó bonneagar líonra gaolmhar is baolach go mbeidh tionchar suntasach ar an gcomhshaol, agus is baolach go sárófar ar an dlí. | Féadann drochbhail sócmhainní agus/nó deacrachtaí oibriúcháin chomh maith le moill ar oibreacha feabhsúcháin ríthábhachtaigh mar thoradh ar dhúshláin oibriúcháin agus thosca seachtracha (amhail dúshláin reachtúla nó phleanála nó dlí) cur le dochar don chomhshaol agus ionchúiseamh.<br><br>Sampla de sin is ea an mhoill ar chur i gcrích an phróisis reachtúil do Thionscadal Draenála Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath atá ag dul i gcion go díreach ar an mbonneagar straitéiseach a sholáthar atá riachtanach lena chinntiú go leanfaidh Mórcheantar Bhaile Átha Cliath ag fás agus ag forbairt. D'fhéadfadh de thoradh ar athruithe ar chaighdeáin cháilíochta uisce, rialacháin chomhshaoil, agus ceanglais chomhlíontachta go ngearrfaí fíneálacha agus/nó go mbeadh dúshláin oibriúcháin I gceist. | • Is príomhthionscadal é Tionscadal Draenála Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath i dtaca le cóireáil fuíolluisce agus teacht aniar i Mórcheantar Bhaile Átha Cliath a chinntiú san fhadtéarma.<br>• Tá cláir cothabhála caipitil i bhfeidhm chun sócmhainní nua a chur in áit sócmhainní a bhfuil teipithe orthu nó atá ar tí teip a dhéanamh nó déanfar athchóiriú orthu chomh maith le caighdeáin seirbhísí a chothú mar atá faoi láthair.<br>• Cinntíonn fóraim ilréimsiúla go ndéantar tuairisciú maidir le fuíolluisce /go scaiptear teachtaireachtaí i ndáil le hionaid tosaíochta chuig an GCC agus chuig páirtithe leasmhara eile ar bhonn chomhsheasmhach.<br>• Oibreacha um acmhainneacht a uasghrádú ar siúl ag Ionad Cóireála Fuíolluisce na Rinne chun an cumas cóireála laistigh de cheirtleán na Rinne a mhéadú (coibhéis daonra 2.4 milliún).<br>• Tá tús curtha le Saoráid Stórála Bithsholaid Réigiúnach a thógáil.<br>• An Plean Náisiúnta um Bainistiú Sloda Fuíolluisce.<br>• Déantar sampláil agus anailís i gcomhréir le ceanglais reachtacha.<br>• Tá Pleananna Limistéar Draenála á bhforbairt i bpríomhcheirtleáin.<br>• Cur i ngníomh monatóireacht agus anailís fíor-ama ar ionaid lárnacha/ríthábhachtach a chun deacrachtaí a aithint.<br>• Teagmháil leanúnach le príomhpháirtithe leasmhara maidir le hathmhúnlú na Treorach maidir le Cóireáil Fuíolluisce Uirbigh. |

## Bonneagar, Sócmhainní agus Soláthar Oibriúcháin

| Riosca | Comhthéacs | Príomh-mhaoluithe |
|---|---|---|
| An riosca go dteipfeadh ar shócmhainn chriticiúil, rud a mbeadh cur isteach suntasach ar an tseirbhís mar thoradh air. | Tá Uisce Éireann ag feidhmiú le sócmhainní agus bonneagar aosaithe de thoradh ar thearc-infheistíocht stairiúil i líonraí uisce agus fuíolluisce agus saoráidí cóireála na hÉireann.<br><br>Mar gheall ar bhonneagar atá ag dul in aois, tá leochaileacht líonra ann i leith na drochaimsire, dúshláin maidir leis an slabhra soláthair, agus/nó dúshláin maidir le hacmhainní daonna. | • Bainistíocht agus infheistíocht a dhéanamh i bpríomhshócmhainní lena n-áirítear an Plean Infheistíochta Caipitil lena dtugtar tús áite do réimsí infheistíochta chun díriú ar thosaíochtaí straitéiseacha ar aon dul leis an Ráiteas Beartais um Sheirbhísí Uisce agus leis an bPlean Straitéiseach um Sheirbhísí Uisce.<br>• Fócas leanúnach ar athléimneacht, ullmhacht éigeandála agus pleanáil leanúnachais gnó.<br>• Glacadh le cur chuige bainistithe sócmhainní ar aon dul leis an dea-chleachtas idirnáisiúnta.<br>• Creat Maoirseachta Sócmhainní tacaithe ag grúpaí maoirseachta láithreáin, réigiúnacha agus náisiúnta.<br>• Tuairisciú sócmhainní criticiúla. |

| Riosca | Comhthéacs | Príomh-mhaoluithe |
|---|---|---|
| Riosca cibirionsaí a dhíríonn ar chórais a bhfuil tionchar acu ar ár mbonneagar agus ar sholáthar seirbhísí. | D'fhéadfadh cibirionsaí sláine sonraí a chur i mbaol, cur isteach ar ghnáthoibríochtaí, agus slándáil sholáthar uisce na hÉireann a chur i mbaol. D'fhéadfadh teagmhas dá leithéid bheith ina chúis le fadhbanna sláinte agus sábháilteachta poiblí, dochar do chlú, agus/nó fíneálacha féideartha. | • Straitéis chun ár gcumas cibearshlándála a aibiú agus a threisiú chun athléimneacht Uisce Éireann in aghaidh cibirionsaí fhéideartha a fheabhsú.<br>• Ionad Oibríochtaí Slándála ag feidhmiú 24/7 a dhéanann monatóireacht ar shócmhainní Teicneolaíochta na Faisnéise agus Teicneolaíochta Oibriúcháin.<br>• Teagmháil leanúnach leis an Lárionad Náisiúnta Cibearshlándála chun aon bhagairtí a bhainistiú go réamhghníomhach.<br>• Monatóireacht leanúnach ar Chomhlíonadh na Treorach maidir le Slándáil Líonra agus Faisnéise.<br>• Plean Cibear-Athléimneachta agus Leabhar Reatha faoi athbhreithniú leanúnach agus cleachtaí ionsamhlúcháin déanta.<br>• Oiliúint ar líne ar an gcibearshlándáil le haghaidh fostaithe le cleachtaí ionsamhlaithe fioscaireachta rialta agus tionscnaimh eile chun fostaithe a choinneáil san airdeall agus ar an eolas faoi bhagairtí nua. |

## Bainistiú Riosca
*(ar lean)*

### Bonneagar, Sócmhainní agus Soláthar Oibriúcháin

| Riosca | Comhthéacs | Príomh-mhaoluithe |
|---|---|---|
| An riosca go mbeadh turraing mhór ann de bharr cúrsaí seachtracha, (m.sh. adhaimsir mar gheall ar an athrú aeráide, bagairt paindéime domhanda, luaineacht gheopholaitiúil atá ag méadú, boilsciú, cur isteach ar an slabhra soláthair srl.), rud a mbeadh tionchar aige ar bhonneagar agus ar sholáthar seirbhísí. | D'fhéadfadh turraingí amhail tionchair mhaicreacnamaíocha a eascraíonn as luaineacht dhomhanda, paindéim dhomhanda, athruithe aeráide m.sh. méadú ar mhinicíocht tuilte/stoirmeacha, dúshláin slándála náisiúnta tionchar a imirt ar Uisce Éireann. | • Tacaíonn samhlacha rialachais agus maoirseachta le teagmhais sheachtracha a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar ghníomhaíochtaí soláthair gnó a bhraith go luath.<br>• Tá Bainistiú Éifeachtach Riosca agus Athléimneachta, lena n-áirítear bainistiú géarchéime, pleananna leanúnachais gnó agus pleanáil freagartha agus cásanna i bhfeidhm.<br>• Leantar ar aghaidh ag forbairt iarrachtaí ar son athléimneachta aeráide mar chuid lárnach dár ndearadh agus dár bpleanáil sócmhainní.<br>• Faire na Fáistine ar siúl go gníomhach. |

### Airgeadas

| Riosca | Comhthéacs | Príomh-mhaoluithe |
|---|---|---|
| Nach mbeadh samhail chuí um maoiniú ann, mar gheall ar easpa cinnteachta i ndáil le leithdháileadh maoinithe ilbhliantúil, nó cinneadh neamhleor maidir le liúntas rialaithe ioncaim, rud a rachadh i bhfeidhm ar ár mbonneagar agus ar sholáthar seirbhísí. | Formheasann an Coimisiún um Rialáil Fóntais (CRF) maoiniú caipitil agus oibriúcháin Uisce Éireann trí phróiseas 'Rialaithe Ioncaim'. Tá cinneadh á dhéanamh ag CRF faoi láthair maidir le liúntais Oibríochtúla agus Chaipitil iomchuí don tréimhse 2025-2029. | • Rannpháirtíocht chuimsitheach le páirtithe leasmhara (Ranna Rialtais agus Rialálaithe) chun leithdháileadh agus tacaíocht chuí maoinithe a chinntiú.<br>• Rialachas láidir inmheánach buiséid agus caiteachais. |

## Custaiméir, Daoine, Páirtithe Leasmhara agus Clú

| Riosca | Comhthéacs | Príomh-mhaoluithe |
|---|---|---|
| An riosca nach mbeidh acmhainní/cumas cuí ná leordhóthanach, tionscnaimh chultúir agus cumasóirí straitéiseacha i bhfeidhm ag Uisce Éireann a mbeadh tionchar acu ar bhonneagar agus ar sholáthar seirbhísí. | Tá Uisce Éireann ag dul faoi athrú eagraíochtúil a mhairfidh go dtí mí na Nollag 2026, i ndiaidh dóibh freagracht dhíreach a ghlacadh as seirbhísí uisce in 31 limistéar Údaráis Áitiúil. Chomh maith le haistriú seirbhísí oibríochtúla, tá Uisce Éireann ag leanúint air ag plé le baill foirne ó Údaráis Áitiúla d'fhonn iad a mhealladh isteach san eagraíocht.<br><br>Oibríonn Uisce Éireann i dtimpeallacht earcaíochta iomaíoch lena mbaineann ardleibhéil fostaíochta go náisiúnta agus dúshláin acmhainní i bpríomhréimsí ár ngnó a dteastaíonn sainchumais ina leith.<br><br>Tá sé ríthábhachtach a chinntiú go ndéanfaí cultúr Uisce Éireann a fhorbairt agus a choinneáil ar bun go héifeachtach le linn tréimhse ina bhfuil athrú suntasach ag tarlú chun go mbeidh rath ar an eagraíocht maidir le soláthar seirbhísí uisce agus beifear ábalta daoine a choinneáil agus a mhealladh, rud a laghdóidh an baol go mbeidh éagobhsaíocht eagraíochtúil ann. | • Samhail Oibriúcháin Spriocanna a chomhlíonadh.<br>• Tá fóraim thiomnaithe líon daoine i bhfeidhm.<br>• Áirítear i Straitéis Daoine agus Sábháilteachta Uisce Éireann roinnt pleananna straitéiseacha atá dírithe ar fhostaithe, lena n-áirítear, ach gan a bheith teoranta do, Éagsúlacht, Cothromas agus Cuimsiú, Rannpháirtíocht agus Folláine, Sláinte Ceirde, agus Obair Chumaisc.<br>• Seoladh an tsraith nua luachanna agus iompair in 2024, mar chuid den chlár "Seasaimid go daingean ar son uisce".<br>• Rianaítear Rannpháirtíocht inbhuanaithe Fostaithe agus tugtar faoi ghníomhaíochtaí forbartha ar leibhéal eagraíochtúil mar fhreagra ar shuirbhéanna agus aiseolas ó fhostaithe. |
| An riosca go ndéanfaí damáiste do chlú Uisce Éireann agus/nó go gcaillfí muinín ann i gcás nach mbeidh Uisce Éireann ábalta freastal ar ionchais na bpáirtithe leasmhara mar gheall ar scála na hinfheistíochta a theastaíonn i gcomparáid leis an maoiniú atá ar fáil, mar aon le ceanglais maidir le beartas agus rialú atá ag méadú. | Is den ríthábhacht é go ndéanaimid ár ndícheall beart a dhéanamh de réir ár mbriathair dár gcustaiméirí agus dár bpáirtithe leasmhara agus go gcothóimid iontaoibh iontu le go dtacóidís linn ceal na tacaíochta sin, beidh sé deacair d'Uisce Éireann seirbhísí uisce a sholáthar agus spriocanna straitéiseacha na heagraíochta a bhaint amach. | • Is tosaíocht ríthábhachtach dúinn é a bheith pras maidir leis an bpobal a choinneáil ar an eolas faoi gach ábhar a bhaineann le seirbhísí uisce, faoi shaincheisteanna a bhaineann le sláinte phoiblí go mór mór.<br>• Táthar tar éis Straitéis Chorparáideach nua a fhorbairt agus cuireadh i bhfeidhm é ar bhonn céimneach agus dírítear go mór inti ar Sheirbhís do Chustaiméirí, ar Phlé le Páirtithe Leasmhara agus ar Chlú.<br>• Tá plé le páirtithe leasmhara ag dul ar aghaidh go fóill sna fóraim is tábhachtaí.<br>• Pleananna agus próisis chuimsitheacha chumarsáide, lena n-áirítear comhairliúcháin phoiblí faoinár bpríomhthionscadail agus ár gcláir phobail 'is scoileanna áitiúla. |

## Bainistiú Riosca
*(ar lean)*

### Straitéis, Comhlíonadh agus Rialáil agus Dlí

| Riosca | Comhthéacs | Príomh-mhaoluithe |
| --- | --- | --- |
| De thoradh ar mhainneachtain shuntasach cloí leis na Rialacháin um Uisce Óil agus uisce óil glan, sábháilte a sholáthar de réir na gcaighdeán riachtanach d'fhéadfadh riosca criticiúil do shláinte phoiblí do thomhaltóirí, a bheith i gceist mar aon leis an riosca ionchúisimh, an riosca go ndéanfaí sárú AE nó go mbeadh drochthioncair ar chlú. | Cé go leantar den obair ar fud bonneagair sócmhainne atá ag dul in aois chun méid agus cáilíocht an tsoláthair uisce óil a fheabhsú, tá baol ann i gcónaí go dtiocfaidh fadhbanna le cáilíocht an uisce chun cinn.<br><br>D'fheadfadh saincheisteanna teacht chun cinn de bharr adhaimsire nó dá gcuirfí moill ar oibreacha feabhsúcháin criticiúla (de bharr dúshláin oibriúcháin agus tosca seachtracha amhail saincheisteanna reachtúla nó pleanála, agóidí dlíthiúla agus athbhreithnithe breithiúnacha). | • Bíonn ár Lárionad Náisiúnta um Bainistiú Oibríochtaí ag feidhmiú 24/7, agus monatóireacht á déanamh acu ar fheidhmíocht aláraim agus cóireála uisce ag na hionaid ríthábhachtacha cóireála uisce.<br>• Plean Infheistíochta Caipitil a bhaint amach chun sócmhainní a uasghrádú agus teacht aniar a fheabhsú.<br>• Oiliúint leanúnach ar fhoireann oibriúcháin ionaid maidir le hoibríochtaí ionaid agus teagmhais a thuairisciú.<br>• Cinntíonn fóraim ilréimsiúla go ndéantar tuairisciú agus teachtaireachtaí comhsheasmhacha maidir le fuíolluisce/ maidir le hionaid chóireála tosaíochta a sheoladh chuig an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil agus páirtithe leasmhara eile.<br>• Déantar sampláil agus anailís i gcomhréir le ceanglais reachtacha.<br>• Tá plé tras-eagraíochtúil ar siúl maidir le comhlíontacht Rialála Uisce Óil a chur i bhfeidhm.<br>• Sainghrúpaí Forfheidhmithe um Uisce óil – inmheánach agus seachtrach<br>• Tá foireann, próisis, nósanna imeachta agus córas á fhorbairt de réir an Phlean Náisiúnta Sábháilteachta um Uisce Óil. |
| **Riosca** | **Comhthéacs** | **Príomh-mhaoluithe** |
| Mura mbaintear amach gach uile thoradh lena rabhthas ag súil sa Chlár um Athrú Chun Feabhais de chuid Uisce Éireann, cuirfear isteach ar ár mbonneagar agus ar sholáthar seirbhísí. | Is ar Uisce Éireann anois, atá an fhreagracht dhíreach as seirbhísí uisce sna 31 cheantar Údarás Áitiúil. Ciallaíonn aistriú freagrachta oibriúcháin, go bhfuil Uisce Éireann go hiomlán cuntasach as soláthar Seirbhísí Uisce sna limistéir údaráis áitiúil seo chomh maith le bainistiú agus treorú riachtanach fhoireann uile na Seirbhísí Uisce, lena n-áirítear iad siúd atá fós fostaithe ag an Údarás Áitiúil, agus é freagrach go díreach freisin as comhlíonadh rialála agus reachtaíochta. | • Struchtúr eagraíochta a fhorbairt don todhchaí lena léireofar na cumais riachtanacha d'Uisce Éireann amach anseo.<br>• Rialachas láidir tionscadail i bhfeidhm.<br>• Tá Ionaid Barr Feabhas bunaithe trí Chlár um Athrú chun Feabhais Uisce Éireann.<br>• Mar aon le haistriú na seirbhísí oibríochtúla, tá rannpháirtíocht leanúnach ag dul ar aghaidh le foireann na nÚdarás Áitiúil chun a oiread agus is féidir a spreagadh chun dul isteach inár n-eagraíocht chomhroinnte nua fad is atá dul chun cinn á dhéanamh san earcaíocht d'fholúntais chriticiúla. |

# Athbhreithniú airgeadais

## Feidhmíocht airgeadais láidir



**Chris McCarthy**
Príomhoifigeach Airgeadais

Bhain Uisce Éireann feidhmíocht airgeadais láidir amach i rith na bliana 2024. Bhí gníomhaíochtaí infheistíochta caipitil Uisce Éireann fós ina spreagadh eacnamaíoch suntasach i rith 2024. Ina theannta sin, sholáthar a chuid clár oibriúcháin agus cothabhála fostaíocht dhíreach agus indíreach mar aon le tairbhí eacnamaíocha eile ar fud gheilleagar na hÉireann.

Infheistíodh barrachas/brabús a shaothraigh Uisce Éireann maille le tacaíocht a raibh géarghá leis ón Rialtas i bhfoirm ranníocaíochtaí caipitil de €572 milliún, i dtionscadail bonneagair chriticiúil agus bhíothas in ann clár infheistíochta caipitil dar luach €1,372 milliún a sheachadadh in 2024 dá bharr. Mar gheall air sin, bhíomar ábalta feabhas a chur ar cháilíocht ár soláthair uisce, feabhas a chur ar chomhlíonadh ár gcaighdeán agus acmhainn tithíochta agus forbartha a mhéadú chun tacú le fás eacnamaíoch.

### Príomh-bhuaicphointí 2024

**Ioncam**
€1,606 milliún

**Barrachas/brabús roimh cháin ioncaim**
€321 milliún

**Sócmhainní iomlána**
€8,752 milliún

**EBITDA**
€550 milliún

**Caiteachas caipitil**
€1,372 milliún

**Glanfhiachas**
€597 milliún

Déantar barrachas/brabús Uisce Éireann a ath-infheistiú chun tionscadail phríomhbhonneagair a mhaoiniú.

## Athbhreithniú oibriúcháin
*(ar lean)*

## Príomhthreochtaí airgeadais

### Ioncam € milliún




### Caiteachas caipitil € milliún




### EBITDA € milliún




### Glansócmhainní € milliún




### Ráiteas Achomair Ioncaim

| | 2024 €Milliún | 2023 €Milliún |
|---|---|---|
| Ioncam | **1,606** | 1,560 |
| • Ioncam tráchtála | **467** | 492 |
| • Fóirdheontas rialtais | **1,139** | 1,068 |
| Costais oibriúcháin | **(1,056)** | (1,000) |
| **EBITDA** | **550** | 560 |
| Dímheas agus amúchadh | **(217)** | (178) |
| Costais airgeadais | **(11)** | (4) |
| **Barrachas/brabús roimh cháin ioncaim** | **321** | 379 |

### Ioncam

Bhí ioncam €1,606 milliún don bhliain go dtí 31 Nollaig 2024 €46 milliún níos airde i gcomparáid leis an mbliain 2023. Bhí ioncam fóirdheontais ón Rialtas de €1,139 milliún maidir le billeáil uisce tí €71milliún níos airde ná an bhliain roimhe sin. B'ionann an t-ioncam tráchtála agus €467milliún, €25 milliún níos ísle ná 2023, mar gheall ar ioncam neamhthráchtála níos airde de €26 milliún, arna fhritháireamh ag ioncam níos ísle ó nasc custaiméirí de €52 milliún.

Tá an méadú ar ioncam neamhthráchtála mar gheall ar an éileamh méadaithe, agus taraifí níos airde mar thoradh ar an gcinneadh ón gCoimisiún um Rialáil Fóntais (CRF), i ndiaidh comhairliúchán poiblí, maidir le taraifí nua uisce agus fuíolluisce.

Faightear táillí ceangail custaiméirí roimh ré, aithnítear iad mar ioncam iarchurtha nuair a fhaightear iad agus aithnítear iad mar ioncam de réir mar a chomhlíonfar an oibleagáid feidhmíochta. Áiríodh leis an ardú ioncaim a tuairiscíodh don bhliain 2023 muirir cheangail i gcásanna áirithe inar chríochnaigh páirtithe eile ceangail go substaintiúil, ach nár bhailíochtaigh Uisce Éireann go raibh siad críochnaithe go dtí an bhliain 2023, agus áiríodh leis roinnt cásanna inar críochnaíodh obair de réir riachtanais Uisce Éireann ach nár cuireadh ar aghaidh go dtí an stádas cuí í, agus b'fhéidir gur críochnaíodh cuid di i mblianta roimhe sin.

## Costais oibriúcháin

Tháinig méadú €56 milliún ar chostais oibriúcháin €1,056 milliún i gcomparáid leis an mbliain 2023. Bhí costais phárolla €44 milliún níos airde in 2024 agus méadú ar an meánlíon foirne bliain i ndiaidh bliana de réir mar a chuaigh an t-aistriú faoin gcreat le haghaidh soláthar seirbhísí uisce amach anseo ar aghaidh in 2024. Mar thoradh ar chur chun feidhme an chreata sin, tá laghdú €85 milliún tagtha ar chostais um chomhaontuithe Údaráis Áitiúil. Tháinig méadú €51milliún ar fhóntais mar gheall ar chostais leictreachais mhéadaithe arna spreagadh ag praghsanna margaidh, in ainneoin straitéis láidir fálaithe, agus éileamh méadaithe ag gléasraí cóireála agus muirir rialála mhéadaithe. Tháinig méadú ar chostais oibriúcháin freisin mar gheall ar bhoilsciú agus méadú ar an ngníomhaíocht a theastaíonn chun freastal ar eagraíocht atá ag fás.

Tharla an méadú ar chostais oibriúcháin in ainneoin bearta suntasacha teorannaithe costas, idirbheartaíocht maidir le conarthaí tráchtála agus cláir éifeachtúlachta.

## Achoimre ar Chostais Oibriúcháin

| | 2024<br>€'000 | 2023<br>€'000 |
|---|---|---|
| Costais fostaithe | **(158,673)** | (114,907) |
| Costais as comhaontú le húdaráis áitiúla | **(137,671)** | (223,042) |
| Seirbhísí fruilithe agus ar conradh | **(335,992)** | (324,386) |
| Ábhair agus costais oibriúcháin | **(111,177)** | (103,559) |
| Fóntais | **(135,990)** | (84,737) |
| Rátaí, tobhaigh rialála, árachas agus costais bhunaithe | **(78,524)** | (69,354) |
| Costais oibriúcháin TF agus teileachumarsáid | **(56,856)** | (42,620) |
| Cur isteach ar infháltais trádála | **(19,525)** | (16,449) |
| Dí-aithint sócmhainní | **(27)** | (3,435) |
| Costais oibriúcháin eile | **(22,021)** | (17,584) |
| **Iomlán** | **(1,056,456)** | (1,000,073) |

Rinneadh méideanna comparáideacha le haghaidh costais oibriúcháin a choigeartú i ndiaidh athmheasúnú a dhéanamh ar ár n-athrú chun feabhais leanúnach oibríochtaí ionas gur féidir an cur i láthair a chur i gcomparáid go díreach le méideanna a thaispeántar maidir leis an mbliain reatha.

## Dímheas

Tá méadú tagtha ar dhímheas agus ar amúchadh €217 milliún i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin mar gheall ar an bhfás ar infheistíocht chaipitil.

## Barrachas/brabús roimh cháin ioncaim

Tháinig laghdú €57milliún go €321milliún ar bharrachas/brabús roimh cháin don bhliain 2024 mar gheall ar EBITDA níos ísle de €11milliún, muirir dhímheasa níos airde de €40m agus costais airgeadais níos airde de €7m. Déantar barrachas/brabús Uisce Éireann a ath-infheistiú chun tionscadail phríomhbhonneagair a mhaoiniú.

## Athbhreithniú oibriúcháin
*(ar lean)*

### Clár Comhardaithe Achomair

| | 2024 €milliúin | 2023 €milliúin |
|---|---|---|
| Sócmhainní bonneagair | **8,127** | 6,969 |
| Sócmhainní eile | **626** | 532 |
| **Sócmhainní iomlána** | **8,752** | 7,501 |
| Iasachtaí agus fiachas eile | **(1,013)** | (830) |
| Dliteanais phinsin | **(25)** | (32) |
| Dliteanais eile | **(1,278)** | (1,060) |
| **Dliteanais iomlána** | **(2,316)** | (1,922) |
| | | |
| **Glansócmhainní** | **6,436** | 5,579 |
| | | |
| **Glanfhiachas** | **(597)** | (534) |

### Sócmhainní bonneagair agus caiteachas caipitil
In 2024, rinne Uisce Éireann an leibhéal infheistíochta is airde a sholáthar i seirbhísí uisce agus fuíolluisce arbh fhiú €1,372 milliún san iomlán é, i gcomparáid le €1,289 milliún in 2023. Cuireann an leibhéal infheistíochta seo ar chumas Uisce Éireann feabhsuithe riachtanacha ilghlúineacha a dhéanamh ar bhonneagar uisce agus fuíolluisce. Tá sé dírithe ar shláinte agus ar cháilíocht na beatha a fheabhsú, an comhshaol a chosaint, leas pobail a dhéanamh agus tá sé ríthábhachtach d'fhás agus d'fhorbairt ar fud na hÉireann.

### Caiteachas caipitil (%)




### An chaoi ar úsáideadh airgead tirim in 2024 (€m)



## Glanfhiachas agus sreafaí airgid

Ba é an suíomh glanfhiachais ar 31 Nollaig 2024 ná €597 milliún (iomlán na n-iasachtaí agus fiacha eile de €1,013 milliún, lúide airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim de €417 milliún), i gcomparáid le €534 milliún sa bhliain roimhe sin.

In 2024, chomhlíon an maoiniú ranníocaíochta caipitiúil de €572 milliún a fuarthas ón Rialtas na ceanglais maidir le maoiniú infheistíochta caipitil (€1,293 milliún i dtéarmaí eisíocaíochta airgid thirim), rud a d'fhág go raibh ceanglas maoinithe infheistíochta caipitil iarmharach de €721 milliún ann. Úsáideadh an glanmhéadú airgid ó iasachtaí agus fiacha eile de €180m, mar aon le sreafaí airgid oibriúcháin dearfacha de €598 milliún, chun an riachtanas maoinithe caipitil iarmharach seo a chomhlíonadh.

Baineann glan-insreabhadh airgid eile de €65 milliún go príomha le glanghluaiseacht airgid de €63 milliún maidir le comhthaobhacht tríú páirtí. Mar thoradh ar chinneadh clár oibre IFRS, ar ghlac Uisce Éireann leis sa bhliain 2022, cuirtear comhthaobhacht tríú páirtí i láthair mar airgead mura sealbhaítear í ar théarmaí taisce níos faide ná 3 mhí, agus sa chás sin cuirtear i láthair í mar shócmhainn airgeadais (féach nóta 1 de na Ráitis Airgeadais). Is féidir an ghlanghluaiseacht airgid €63 milliún seo a anailísiú mar insreabhadh airgid €31milliún mar gheall ar chomhthaobhacht mhéadaithe a choinnítear ag deireadh na bliana mar aon le €32 milliún á chur ar théarmaí taisce níos lú ná 3 mhí, agus mar sin cuirtear i láthair é mar airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim seachas mar shócmhainn airgeadais.

Bhí de thoradh air seo go raibh iarmhéid deiridh agus coibhéisí airgid thirim de €417 milliún ann ag deireadh an bliana.

## Acmhainní caipitil

Ar an 31 Nollaig 2024 bhí na nithe seo a leanas i seilbh Uisce Éireann;

- iomlán na n-iasachtaí tarraingthe de €999 milliún (gan dliteanais léasa de €15 milliún san áireamh),
- saoráid caipitil oibre €350 milliún neamhtharraingthe Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (NTMA), agus
- €417 milliún d'airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim.

Amhail an 31 Nollaig 2024, tá €999 milliún de shaoráidí iasachta Stáit curtha ar fáil ag an Aire Airgeadais le haghaidh caiteachais chaipitiúil atá curtha i leith na hearnála neamhthí, ar tarraingíodh anuas €184 milliún de in 2024 agus léiríonn sé an tsaoráid deiridh atá ar fáil faoin gcomhaontú saoráidí.

Gheall Uisce Éireann go bhféachfar chuige nach mbeidh an tsaoráid caipitil oibre de chuid Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta tarraingthe ar an 31 Nollaig gach bliain féilire, ach amháin má fhaigheann Uisce Éireann cead ón Aire roimh ré leas a bhaint as an tsaoráid. Tá saoráid rótharraingthe neamhbhuan €10 milliún ag Uisce Éireann chun cabhair a thabhairt lena riachtanais bhainc laethúla a bhainistiú.

I mBuiséad 2025 an Rialtais, fógraíodh go gcuirfeadh an tAire Airgeadais €1 billiún ar fáil chun tacú leis an infheistíocht chaipitil a chuimsítear sa Phlean Maoinithe Straitéiseach 2025-2029 ceadaíodh. Chuirfí €300 milliún ar fáil in 2025 chun infheistíocht chaipitil intíre a mhaoiniú, agus soláthraíodh €700 milliún chun infheistíocht chaipitil neamhthí a mhaoiniú thar an tréimhse 2025-2027, agus cuirfear €214m de ar fáil in 2025.

Ar an 31 Nollaig 2024, ba é an meánráta úis ualaithe ar phunann iasachtaí gan íoc na Cuideachta ná 1.83% (2023: 1.53%) agus ba é meánaibíocht a cuid fiachais ná 7.61 bliain (2023: 8.09 bliain).

## Rialachas cisteáin

Is é an Bord atá freagrach as an ngníomhaíocht ciste agus a feidhmíocht, agus comhlíonann sé an fhreagracht sin trí hathbhreithniú rialta. Déanann an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca maoirsiú ar an timpeallacht riosca agus rialaithe thar ceann an Bhoird. Chomhlíon Uisce Éireann ceanglais agus coinníollacha an Aire Airgeadais faoin Acht um Idirbhearta Airgeadais Cuideachtaí Áirithe agus Comhlachtaí Eile, 1992. Ní oibrítear feidhm chisteáin Uisce Éireann mar ionad brabúis agus déantar bainistíocht ar staideanna cisteáin ar bhealach atá drogallach roimh rioscaí. Tá cúis bhailí bhunúsach ghnó taobh thiar de gach idirbheart cisteáin agus tá diantoirmeasc ar sheasaimh amhantracha. Tá sonraí breise ar ár mbeartais bainistíochta riosca airgeadais um rialachas cisteáin leagtha amach i nóta 22 sna Ráitis Airgeadais.

# Foireann feidhmiúcháin



**Niall Gleeson**
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin



**Eamon Gallen**
Príomhoifigeach Oibriúcháin



**Orlaith Blaney**
Stiúrthóir Cumarsáide agus Gnóthaí Corparáideacha



**Chris McCarthy**
Príomhoifigeach Airgeadais



**Dawn O'Driscoll**
Stiúrthóir um Dhaoine agus Sábháilteacht



**Sean Laffey**
Stiúrthóir um Bainistíocht Sócmhainní agus Inbhuanaitheacht



**Maria O'Dwyer**
Stiúrthóir um Bonneagar a Sholáthar



**Michael G O'Sullivan**
Stiúrthóir Seirbhísí Gnó



**Justin Johnston**
Stiúrthóir Gníomhach Straitéise, Athléimneachta agus Rialála



**Noeleen McHenry**
Príomhoifigeach Dlí



**Richard O'Sullivan**
Rúnaí na Cuideachta

# Athbhreithniú oibriúcháin

## Dúshláin agus éachtaí móra 2024

### Tá ról ríthábhachtach ag Uisce Éireann ag tacú le fás agus forbairt ar leibhéal áitiúil agus náisiúnta

Ag teacht le Ráiteas Beartais an Rialtais um Sheirbhísí Uisce, sonraítear ár n-uaillmhian do sheirbhísí uisce poiblí in Éirinn inár bPlean Maoinithe Straitéiseach agus leagtar amach ár dtosaíochtaí infheistíochta caipitil thar thimthriallta ioncaim 5 bliana inár bPleananna Infheistíochta Caipitil. Ón mbliain 2020 go 2024, tá thart ar €5.4 billiún infheistithe againn chun bonneagar agus sócmhainní seirbhísí uisce agus fuíolluisce a uasghrádú agus a fheabhsú ar fud na tíre chun cáilíocht na beatha a fheabhsú do mhuintir na hÉireann, ár gcomhshaol a chosaint agus ár ngeilleagar a fhás. In 2024, d'infheistigh Uisce Éireann €1.372 billiún i mbonneagar uisce agus fuíolluisce. Mar sin féin, teastaíonn clár infheistíochta il-bhilliún euro thar na blianta fada chun bonneagar ríthábhachtach uisce a thógáil, a dheisiú agus a uasghrádú. Ba chun tairbhe Uisce Éireann an tacaíocht sheasmhach ón Rialtas d'fhonn seachadadh a dhéanamh do phobail mar aon leis an tacaíocht rialtais maidir le fógraí maoinithe agus an faomhadh i bprionsabal a tugadh chun an Tionscadal Soláthar Uisce do Réigiún an Oirthir agus do Lár na Tíre a sheoladh chuig pleanáil. Cuireann Uisce Éireann san áireamh beartais agus pleananna náisiúnta a bhraitheann ar an mbonneagar uisce poiblí agus fuíolluisce mar bheartais tithíochta,beartais fáis post, agus pleananna gníomhaíochta aeráide. Tá Uisce Éireann treoraithe freisin ag caighdeáin agus beartais rialála, ar nós na rialacháin um uisce óil agus fuíolluisce, agus ár gcreat maoinithe agus ár n-oibleagáidí dlíthiúla a chur san áireamh.

Faoin Dréachtphlean Straitéiseach um Sheirbhísí Uisce (PSSU) 2050, ceanglaítear ar Uisce Éireann riachtanais infheistíochta fadtéarmacha dár sócmhainní uisce agus fuíolluisce a chainníochtú agus a chur in iúl. Léiríonn ár meastacháin, sa tréimhse go 2050, go mbeidh infheistíocht chaipitil íosta de thart ar €55-60 billiún (in airgead 2022) ag teastáil chun aghaidh a thabhairt ar na riachtanais agus ar na rioscaí aitheanta do sholáthar seirbhísí uisce agus fuíolluisce de réir na gcaighdeán reatha. Tá gá le caiteachas caipitil suntasach a dhéanamh gach bliain lena chinntiú go gcoimeádtar leibhéil fóinteachta ar fud ár raon mór sócmhainní bonneagair de réir mar a dhéanaimid infheistíocht i ngléasra níos sofaisticiúla agus na caighdeáin rialála ag síorathrú. Sáróidh an riachtanas iomlán é sin, agus mar sin, beidh bealaí eile riachtanach chun an bhearna maoinithe a líonadh amhail caomhantas uisce agus éifeachtúlacht uisce, comhoibriú le páirtithe leasmhara maidir le bealaí níos cliste chun comhlíonadh ó thaobh fuíolluisce a bhaint amach, nuálaíocht agus cineálacha cur chuige nua soláthair a mbeadh cinnteacht maoinithe ilbhliantúil ag teastáil uathu. In éagmais an leibhéil seo d'infheistíocht mharthanach, beidh rioscaí ann do sholáthar seirbhíse agus brúnna gaolmhara ar chaiteachas oibriúcháin chun leibhéil seirbhíse a chothabháil.



### Tá ról lárnach ag Uisce Éireann maidir le freastal ar an éileamh ar thithíocht

Tá ról lárnach ag Uisce Éireann agus é ag tacú le fás inbhuanaithe tráchtála agus le forbairt agus le seachadadh tithíochta faoi straitéis Tithíocht do Chách an Rialtais. Tá ról lárnach ghlactha chuige féin ag Uisce Éireann i ndáil le tabhairt faoi dhúshlán an tsoláthair tithíochta, agus é ag obair i gcomhpháirtíocht le hÚdaráis Áitiúla agus le forbróirí. Beidh gá le hinfheistíocht leanúnach i mbonneagar uisce sna blianta amach romhainn chun leanúint ar aghaidh ag éascú forbairt tithíochta de réir an bheartais reatha agus beidh gá le maoiniú breise má shocraíonn an Rialtas spriocanna tithíochta níos uaillmhianaí.

## Athbhreithniú oibriúcháin
*(ar lean)*

Tá tuairim is 342 Cheantar Ardfháis aitheanta ag Uisce Éireann, agus níl bonneagar uisce ag freastal ar líon suntasach de na ceantair seo faoi láthair. Chun spriocanna tithíochta nua nó níos uaillmhianaí a sheachadadh, creidimid go bhfuil forbairt inbhuanaithe chomhchruinnithe ina choinníoll riachtanach chun seachadadh éifeachtach seirbhísí uisce a chumasú chun tacú le spriocanna tithíochta amach anseo do na cistí leithdháilte.

In 2024, d'eisíomar freagraí dearfacha ar 3,041 fiosrúchán réamhcheangail a bhain le 114,981 aonad tithíochta agus d'eisíomar 5,508 tairiscint naisc a bhain le 52,133 aonad tithíochta. Níor eisigh Uisce Éireann ach 200 diúltú a bhain le 192 aonad tithíochta go náisiúnta in 2024. Bhain formhór na ndiúltuithe le tithe aonair aonuaire nó le forbairtí beaga tithíochta. Ghlac custaiméirí le 4,252 tairiscint a bhain le 41,169 n-aonad tithíochta.

### Ag féachaint chuige go seasfar an aimsir, go ndéanfar freastal ar riachtanais gheilleagair agus daonra atá ag fás

In 2024, d'fheabhsaíomar athléimneacht seirbhísí uisce agus fuíolluisce. Freisin chuireamar le hacmhainn cóireála uisce agus fuíolluisce trí hionaid nua a thógáil nó trí uasghrádú a dhéanamh ar ionaid atá ann cheana. Leagamar príomhphíobán uisce agus príomhphíobán séarachais nua agus rinneamar athchóiriú ar na líonraí atá ann cheana. Tá srianta acmhainne i gceist, áfach, i gcás seirbhísí uisce agus fuíolluisce i Mórcheantar Bhaile Átha Cliath (MBÁC). Ní foláir go mbeidh laghduithe leanúnacha sceite, acmhainn cóireála uisce nua agus foinse nua uisce do MBÁC ag teastáil do réiteach fadtéarmach, mar aon leis an acmhainn bhreise chun an fuíolluisce a chóireáil. Soláthróidh Tionscadal Soláthair Uisce do Réigiún an Oirthir agus do Lár na Tíre mar aon le Tionscadal Draenála Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath an méadú riachtanach ar acmhainn seirbhíse.

### Srianta acmhainne

I Mórcheantar Bhaile Átha Cliath, lena n-áirítear Baile Átha Cliath agus codanna den Mhí, Cill Dara agus Cill Mhantáin, tá an t-éileamh ar an soláthar uisce reatha ag méadú. Ciallaíonn an fás suntasach le trí bliana anuas ar an daonra agus an borradh eacnamaíochta i Mórcheantar Bhaile Átha Cliath, atá tar éis réamhaisnéisí a shárú go bhfuil riosca níos dóchúla ann, go mbeidh ganntanas uisce i gceist do gach custaiméir laistigh de na cúig bliana atá romhainn. Ní féidir déileáil i gceart leis an an nganntanas seo ach trí thosaíocht a thabhairt do chur i gcrích Tionscadal an tSoláthair Uisce do Réigiún an Oirthir agus do Lár na Tíre (WSP) agus do Thionscadal Draenála Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath.

**Tionscadal Soláthair Uisce do Réigiún an Oirthir agus do Lár naTíre**

- Tá go leor dúshlán tromchúiseach roimh sholáthar uisce i Réigiún an Oirthir agus i Lár na Tíre. Is foinse amháin, An Life, a sholáthraíonn 85% de na riachtanais uisce do 1.7 milliún duine i Mórcheantar Bhaile Átha Cliath. Cruthaíonn an spleáchas seo ar An Life (agus an dá phríomhionad cóireála sa Bhaile Mór agus Léim an Bhradáin) leochaileacht thromchúiseach do

> "Chun spriocanna tithíochta nua nó níos uaillmhianaí a sheachadadh creidimid go bhfuil forbairt inbhuanaithe chomhchruinnithe ina choinníoll riachtanach chun seachadadh éifeachtach seirbhísí uisce a chumasú chun tacú le spriocanna tithíochta amach anseo."



rioscaí ar nós triomach fada agus/nó éilliú. Cuirtear suas gach lá le nochtadh don leochaileacht lárnach sin agus ní féidir aghaidh a thabhairt uirthi ach trí fhoinse uisce neamhspleách nua do Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath agus do Réigiún an Oirthir agus do Lár na Tíre. Le fás an daonra, fás eacnamaíoch agus athrú aeráide déanfar níos measa fós dúshláin soláthair uisce an réigiúin.

- Tá an Tionscadal Soláthair Uisce do Réigiún an Oirthir agus do Lár na Tíre ina chuid lárnach de straitéis fhadtéarmach Uisce Éireann chun athléimneacht an tsoláthair agus leibhéil seirbhíse a mhéadú sa réigiún trí mhórfhoinse nua uisce a chruthú chun freastal ar na héilimh soláthair a bhfuiltear ag súil leo go dtí an bhliain 2050. Soláthróidh an Tionscadal Soláthair Uisce do Réigiún an Oirthir agus do Lár na Tíre acmhainneacht do sheachbhealaí feadh an bhealaigh chun soláthar a dhéanamh do phobail i dTiobraid Árann, in Uíbh Fhailí agus san Iarmhí. Cumasóidh sé atreorú soláthairtí a fhreastalaíonn ar Bhaile Átha Cliath ar ais go háitiúil i gCeatharlach, i gCill Mhantáin, sa Mhí agus i Lú. Ceadóidh sé freisin do bhainistíocht níos doichte agus rialuithe oibriúcháin ar cháilíocht uisce.
- Tá staidéir fairsing comhshaoil déanta ag Uisce Éireann agus tá teagmháil déanta aige le breis agus 1,500 páirtí leasmhar trí cheithre bhabhta comhairliúcháin neamhreachtúla, lena n-áirítear le húinéirí talún a bhfuil tionchar orthu.
- I mí Iúil 2024, baineadh garsprioc mhór tionscadail amach nuair a cheadaigh an Rialtas an réamhchás gnó don tionscadal faoi na Treoirlínte Bonneagair. Chuir an faomhadh seo i bprionsabal ar chumas an tionscadail dul ar aghaidh chuig babhta eile de chomhairliúchán neamhreachtúil sula gcuirfear iarratas pleanála um Fhorbairt Bonneagair Straitéisigh faoi bhráid an Bhoird Pleanála in R4 2025, agus é faoi réir ag spleáchais sheachtracha.

**Tionscadal Draenála Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath**

- De réir mar a thagann fás ar ár ndaonra agus ar ár ngeilleagar, is amhlaidh freisin a mhéadaítear ar an toirt fuíolluisce. Meastar go dtiocfaidh méadú de bhreis is 50% ar an méid fuíolluisce a ghintear i Mórcheantar Bhaile Átha Cliath sa tréimhse go dtí an bhliain 2050. Ní mór dúinn an fuíolluisce seo a bhailiú agus a chóireáil ionas gur féidir an t-uisce cóireáilte a thabhairt ar ais go sábháilte don chomhshaol.
- Is é atá i gceist le Tionscadal Draenála Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath ná saoráid nua um chóireáil fuíolluisce a thógáil i mBaile Átha Cliath Thuaidh, chomh maith leis an mbonneagar gaolmhar chun freastal ar chodanna de Bhaile Átha Cliath, den Mhí agus de Chill Dara. Soláthróidh an bonneagar nua sin acmhainn breise cóireála a bhfuil géarghá léi don réigiún, nuair a shroichfidh an tsaoráid cóireála fuíolluisce is mó sa tír sa Rinn a chumas uasta uasghrádaithe níos deireanaí sna 2020idí.
- I mí an Mheithimh 2024, reáchtáil an Bord Pleanála (ABP) comhairliúchán reachtúil ar thionscadal Draenála Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath, agus ina dhiaidh sin chuir Uisce Éireann freagra ar fáil don Bhord Pleanála ar na haighneachtaí lena mbreithniú. Breathnóidh an Bord Pleanála ar an eolas breise a sheolfar isteach, chomh maith le haon aighneachtaí nó tuairimí a gheofar, agus soláthróidh sé cinneadh in am trátha.



## Deiseanna a chuirtear ar fáil leis an Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2024

Is minic go mbíonn tionchar ag an bpróiseas pleanála agus toilithe in Éirinn ar chumas Uisce Éireann bonneagar uisce agus fuíolluisce a sholáthar go tráthúil. Is gnách go dtógfaidh sé 5-7 mbliana ar thionscadal dul ar aghaidh ó phleanáil go críoch agus 7-10 mbliana agus ina dhiaidh sin i gcás ina dtagann castachtaí breise chun cinn, lena n-áirítear ach gan a bheith teoranta do thoilithe breise, m.sh. ceadúnais urthrá (toiliú muirí anois), orduithe ceannaigh éigeantaigh agus ceadúnais doirte fuíolluisce. Is féidir go mbeadh síneadh i bhfad níos faide ar am línte nuair a bhíonn achomhairc, athbhreithnithe breithiúnacha agus dúshláin eile i gceist. Féachann an tAcht um Pleanáil agus Forbairt 2024, a achtaíodh le déanaí, le cinnteacht a bhaint amach trí, den chéad uair, amlínte cinnteoireachta éigeantacha a leagan síos don Bhord Pleanála (a bhaistfear An Coimisiún Pleanála air go luath). Táthar ag súil le soiléireacht agus cinnteacht maidir le hamlíntenuair a bheidh an córas nua leabaithe.

## Athbhreithniú oibriúcháin
*(ar lean)*

## Dul chun cinn de réir cuspóirí straitéiseacha

### Fóntas uisce comhtháite a sheachadadh

An 1 Eanáir 2023, aistríodh Irish Water go Uisce Éireann agus rinneadh de, fóntas nua,neamhspleách uisce d'Éirinn, agus an fhreagracht air gach seirbhís uisce poiblí a chur ar fáil in Éirinn. Le linn na bliana 2024, leanamar ar aghaidh ag tabhairt tosaíochta d'athrú na hearnála uisce, ag comhtháthú 31 bhealach éagsúil le seirbhísí uisce a sholáthar i gceann amháin. Leantar le haistriú fhoireann na seirbhísí uisce go hUisce Éireann, chomh maith le folúntais a líonadh, agus le comhtháthú ár ndaoine go léir inár n-eagraíocht chomhroinnte nua a chumasú. Tá an obair seo ríthábhachtach ionas gur féidir linn na buntáistí a bhaineann le múnla náisiúnta údaráis uisce a sheachadadh go hiomlán le foirne áitiúla láidre ag seachadadh inár bpobail agus ar a son. Faoi chreat an Rialtais um Sheachadadh Seirbhísí Uisce sa Todhchaí (an Creat), fanfaidh an fhoireann ar fad i bhfostaíocht dhíreach a nÚdarás Áitiúil ar a dtéarmaí agus coinníollacha reatha mura roghnaíonn siad aistriú go deonach go hUisce Éireann. Leanfar le caidreamh leanúnach le gach ball foirne seirbhísí uisce eile a d'fhéadfadh smaoineamh ar aistriú trasna go hUisce Éireann suas go deireadh na bliana 2026. Tá an t-aistriú á chur chun cinn ag Foireann an Chláir um Athrú Chun Feabhais ar bhonn céimnithe, agus béim ar leith á leagan ar chobhsaíocht oibríochtaí, ar leanúnachas seirbhíse agus ar shábháilteacht na foirne agus na sláinte poiblí araon. Soláthróidh an tionscadal um athrú tairbhí fadtéarmacha trí ionaid saineolais a fhorbairt chun tacú le hoibríochtaí túslíne, pleanáil theagmhasach agus athléimneachta, monatóireacht agus uathoibriú trí úsáid teicneolaíochta agus cleachtais agus caighdeáin oibre feabhsaithe.

### CUSTAIMÉIR

Táimid tiomanta do sheirbhísí uisce agus fuíolluisce atá sábháilte, slán agus iontaofa a sholáthar dár gcustaiméirí agus dár bpobail. Tá ár bhfócas dírithe ar thus áite a thabhairt don chustaiméar ag déanamh iarrachtaí leanúnacha eispéireas ár gcustaiméirí a fheabhsú. Bainfear é seo amach trí theicneolaíochtaí nua a úsáid chun ár mbealaí atá dírithe ar chustaiméirí a fhorbairt agus a fheabhsú agus ár straitéisí cumarsáide a fhorbairt.

Sheol Uisce Éireann a Sheirbhís Foláirimh Téacs atá in aisce le húsáid i mí Lúnasa 2024, ag cur nuashonruithe agus faisnéis ar fáil do chustaiméirí ar fud 1.8 milliún teaghlach agus gnó. Is é an foláireamh téacs an chéad uair a bheidh an rogha ag custaiméirí uile Uisce Éireann a rá go bhfuil an tseirbhís uathu agus fógraí a fháil maidir lena dtithe féin. Soláthraíonn an tseirbhís sonraí do chustaiméirí faoi éaradh soláthair a mheastar a mhairfidh níos faide ná ceithre huaire an chloig. Áiríonn sé freisin sonraí maidir le héaradh pleanáilte agus neamhphleanáilte agus fógraí fiuchta uisce má bhíonn gá leo, chun sláinte an phobail a chosaint. Tógann an tseirbhís foláirimh téacs ar chumarsáid atá i bhfeidhm cheana féin agus is léir go bhfuil gá le tacú le custaiméirí. Léiríonn sonraí ó Uisce Éireann gur fhreagair sé agus gur bhainistigh sé os cionn 14,000 éaradh pleanáilte agus neamhphleanáilte in 2024 agus réitíodh os cionn 95% laistigh de 24 uair an chloig.
Aithníonn Uisce Éireann an gá atá le pleananna teagmhais láidre a bheith i bhfeidhm lena chinntiú gur féidir linn tacú lenár gcustaiméirí le linn tréimhsí ina mbíonn éileamh suntasach teagmhála custaiméirí orainn de bharr drochaimsire. I gcomhpháirtíocht lenár soláthraí lárionad teagmhála, dírímid ar phleanáil, ar struchtúr agus ar phrótacail chun leanúnachas gnó a chinntiú do chroísheirbhísí custaiméirí le linn tréimhsí aimsire foircneacha atá ag éirí níos minicí in Éirinn.

### CÁILÍOCHT

**Cáilíocht uisce**

Tá cosaint na sláinte poiblí ina tosaíocht d'Uisce Éireann agus tá go leor dul chun cinn déanta againn maidir le rioscaí do sholáthairtí poiblí uisce óil a aithint agus dul i ngleic leo i gcaitheamh na mblianta. I mí Iúil 2024, d'fhoilsigh an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (GCC) Cáilíocht Uisce Óil i Soláthairtí Poiblí 2023. Tuairiscíodh go bhfuil os cionn 99.7% de sholáthairtí uisce poiblí ag cloí le teorainneacha baictéaracha agus ceimiceacha, rud a chiallaíonn go bhfuil an soláthar uisce poiblí sábháilte le hól agus go bhfuil comhlíonadh ard i gcónaí.

Mar chuid dár n-iarrachtaí soláthairtí uisce poiblí a chosaint, tógadh 8,500 sampla in 2024 agus rinneadh thart ar 199,000 tástáil aonair. Foilsítear torthaí samplála do gach soláthar poiblí uisce ar ár láithreán gréasáin.

Feidhmíonn ár Lárionad Bainistíochta Oibríochtaí Náisiúnta atá suite i mBaile Átha Cliath 24/7 agus tá sé ag déanamh monatóireachta anois ar aláraim ag 517 dár n-ionaid chóireála uisce, ag clúdach daonra de thart ar 3.8 milliún. Braithimid ar na gníomhaíochtaí sin chun caighdeáin arda cháilíochta a choinneáil, ionas, i gcás inar gá, gur féidir linn Fógra Fiuchta Uisce nó Fógra Ná hÓltar an tUisce a chur i bhfeidhm gur féidir linn cúrsaí a leigheas agus a chinntiú go bhfuil soláthairtí uisce sábháilte le hól.

Tá dúshláin dá chuid féin ag baint lenár ngealltanas a chinntiú go mbeidh uisce óil sábháilte, glan ag custaiméirí. Le dhá mhí dhéag anuas eisíodh 32 Fhógra Fiuchta Uisce agus cuireadh 37 bhFógra Fiuchta Uisce ar ceal, laistigh de 30 lá cuireadh deireadh le 72% de na fógraí a eisíodh in 2024. Cuireadh Fógraí Fiuchta Uisce i bhfeidhm ar dhaonra de thart ar 91,000 Ag deireadh na bliana, bhí 5 Fhogra Fiuchta Uisce i bhfeidhm, agus tionchar acu ar dhaonra de thart ar 17,465.



"Le cinntiú go mbeidh soláthar uisce inbhuanaithe, slán agus iontaofa in Éirinn do gach duine ar feadh na mblianta atá romhainn tá an Plean Náisiúnta um Acmhainní Uisce (PNAU), an chéad phlean dá leithéid don tír, forbartha ag Uisce Éireann."

Coinníonn an GCC liosta, ar a dtugtar an Liosta Gníomhaíochta Feabhais (LGF), de na hionaid chóireála uisce go léir a mheastar a bheith i mbaol uisce neamhchomhlíontach a tháirgeadh. Foilsíonn sé sin dhá uair sa bhliain. Ag tús na bliana bhí 57 soláthar ar an liosta. Chríochnaíomar oibreacha ar 14 sholáthar chun caighdeáin riachtanacha an GCC a chomhlíonadh agus chuir an GCC 2 sholáthar leis an liosta i rith na bliana, rud a d'fhág go raibh 45 sholáthar ar an liosta ag deireadh na bliana 2024.

Thugamar tús áite d'infheistíocht sna scéimeanna a sainaithníodh i gcás um shárú Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh a bheith i mbaol de bharr sáruithe Tríhalaimeatán (THM). As na 74 soláthar uisce poiblí bunaidh a áiríodh sa chéad litir sáraithe de chuid na Cúirte Breithiúnais Eorpaí, tá aghaidh tugtha anois ar gach ceann acu seachas 5 cinn. Dóibh siúd atá fágtha, tá pleananna cuimsitheacha i bhfeidhm againn chun dul i ngleic leis na saincheisteanna. Táimid ag obair go dian chun aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna a bhaineann le soláthairtí atá ar an LGF agus iad a thabhairt suas go dtí an caighdeán riachtanach atá ag an GCC le haghaidh aistrithe.

Sheas foireann an Phlean Sábháilteachta Uisce Óil chun géillilacht na Treorach um Uisce Óil a chomhlíonadh.

Sa bhliain 2024, agus cláir oibreacha náisiúnta idir láimhe rinneadh dul chun cinn sna réimsí seo a leanas:

- Glanadh agus athchóiriú taiscumar, monatóireacht teiliméadrachta ar pharaiméadair oibriúcháin chriticiúla, cláir shábháilteachta agus cláir cháilíocht an uisce.
- Críochnaíodh uasghrádú 8 láithreán tríd an gClár Téachta, Scagacháin agus Gléghlántacháin (TFG). Áirítear leis sin saoráidí Téachta, Scagacháin agus Gléghlantacháin nua nó uasghrádaithe, a chur isteach in ionaid chóireála uisce chun baol aon neamhghéilliúlacht a choimeád chomh híseal agus is féidir.
- Cuireadh tús le cóireáil luaidhe in uisce óil trí ortafosfáit, mar atá sonraithe sa Phlean Maolaithe Luaidhe in Uisce Óil.

Le cuíchóiriú a bhaint amach, déantar ionad a dhíchoimisiúnú, agus déantar príomhphíobán uisce a leagan chuig ionad cóireála in aice láimhe a dhéanann uisce óil ar dóigh níos éifeachtúla agus/nó ar chaighdeán níos airde. I rith na bliana 2024, rinneadh cuíchoiriú ar 8 n-ionad cóireála uisce.

Le cinntiú go mbeidh soláthar uisce inbhuanaithe, slán agus iontaofa ag Éirinn do gach duine ar feadh na mblianta atá romhainn tá an Plean Náisiúnta um Acmhainní Uisce (PNAU), an chéad phlean dá leithéid don tír, forbartha ag Uisce Éireann. Tá sé déanta suas de cheithre Phlean Réigiúnach um Acmhainní Uisce (PRAU) ina bhreithnítear níos mó ná 520 crios acmhainní uisce agus ina aithnítear riachtanais aonair.

**Cáilíocht fuíolluisce**

Tá cumas cóireála fuíolluisce leordhóthanach ríthábhachtach chun sláinte an phobail a chosaint, chun an comhshaol a chosaint agus chun fás sóisialta agus eacnamaíoch a éascú. De réir mar a thagann fás ar ár ndaonra agus ar ár ngeilleagar, is amhlaidh freisin a thagann méadú ar thoirt an fhuíolluisce. Caithfimid an fuíolluisce seo a bhailiú agus a chóireáil ionas gur féidir uisce cóireáilte a thabhairt ar ais go sábháilte don chomhshaol

Tá breis is 1,000 ionad cóireála fuíolluisce ag Uisce Éireann anois, breis is 2,200 stáisiún caidéalúcháin fuíolluisce agus timpeall 26,000km de ghréasán séarachais. In 2024, chomhlíon breis is 90% d'ionaid chóireála na hÉireann an Treoir um Chóireáil Fuíolluisce Uirbigh go hiomlán. Maidir leis na gléasraí sin nach bhfuil ag comhlíonadh na hoibre sin faoi láthair, tá plean gníomhaíochta ag Uisce Éireann chun dul i ngleic le haon easnaimh agus iad a thabhairt suas go dtí an caighdeán cuí chomh tapa agus is féidir. Tugaimid tús áite do na ceantair is mó riachtanais/riosca. Tá tionscadail á dtógáil nó curtha i gcrích againn i 41 as 50 láthair ina raibh séarachas amh á scaoileadh ón ngréasán poiblí isteach in uiscí glactha agus na 9 gcinn eile i bpleanáil agus dearadh. Teastóidh clár infheistíochta il-bhilliún euro thar na blianta fada chun gléasraí cóireála fuíolluisce agus líonra séarachais na hÉireann a thógáil, a dheisiú agus a uasghrádú. Tá cinntí infheistíochta barrfheabhsaithe ag Uisce Éireann trí

## Athbhreithniú oibriúcháin
*(ar lean)*

thosaíocht a thabhairt do na feabhsuithe seirbhíse is fearr is féidir, agus luach ar airgead a uasmhéadú. Go dtí seo, tá bonneagar fuíolluisce nua tógtha againn i 34 láthair nach raibh aon chóireáil ann cheana, agus tá 7 gcinn eile á dtógáil.

I measc na ngarspriocanna tábhachtacha a baineadh amach in 2024, tá oibreacha curtha i gcrích chun deireadh a chur le doirteadh séarachais amh i gCill Rois, in Coolatee agus in Ó Méith agus cuireadh tús leis in Abhóca.

Coinníonn an GCC Liosta Gníomhaíochta Tosaíochta (PAL) le haghaidh réimsí ina measann sé go bhfuil gá le feabhsuithe ar chóireáil fuíolluisce. Tá Uisce Éireann ag cur pleananna nó measúnuithe chun cinn. Le linn na bliana 2024, baineadh 13 cheirtleán agus chuir an GCC 8 gceirtleán leis, rud a d'fhág 75 ar an liosta. D'oibrigh Uisce Éireann lena chinntiú go bhfuil pobail nach bhfuil aon chóireáil fuíolluisce acu nasctha le hionaid chóireála nua agus uasghrádaíodh na hionaid atá ann cheana chun cumas agus cáilíocht na cóireála a fheabhsú.

I mbreithiúnas an 28 Márta 2019, chinn Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh nach raibh Éire ag comhlíonadh Airteagail 3, 4, 5 agus 12 de Threoir 91/271 maidir le cóireáil fuíolluisce uirbigh ag 28 ceirtleán ainmnithe ar fud na hÉireann. Mar fhreagairt, thoiligh Éire cláir mhionsonraithe oibreacha agus bearta eile a chur ar bun ionas go mbainfí amach comhlíonadh iomlán an bhreithiúnais. Is éard atá sa chlár go príomha ná tionscadail oibreacha caipitil chun go mbeadh na ceirtleáin ainmnithe géilliúil leis an Treoir, lena n-áirítear oibreacha measúnaithe atá ar siúl faoiláthair i Mainistir Fhear Maí, Mala agus Ros Comáin. Faoi cheann dheireadh 2024, cuireadh oibreacha ar 21 de na 28 ceirtleán ainmnithe i gcrích.

Táimid ag tabhairt aghaidh ar dhúshláin inár líonraí fuíolluisce trínár bPleananna Limistéir Draenála agus táimid ag díriú ar chomhlíonadh comhshaoil, seirbhís do chustaiméirí agus fás. Tá Suirbhéanna Criticiúla na Séarach á gcur chun cinn freisin againn le Clár Tosaíochta Athshlánúchán na Séarach a mheas.

**Ionad Cóireála Fuíolluisce na Rinne**
Cuirfidh an t-uasghrádú mór ar Ionad Cóireála Fuíolluisce na Rinne ar a chumas cóireáil a dhéanamh ag an caighdeán riachtanach ar an toirt mhéadaithe fuíolluisce a thagann chuig an ionad, rud a chumasóidh forbairt tithíochta agus tráchtála breise. Is é an toradh a bhainfear amach ar bhonn céimnithe leis an tionscadal, ná cumas fuíolluisce a chóireáil do choibhéis daonra de 2.4 milliún agus, ag an am céanna, bainfear amach caighdeáin na Treorach um Chóireáil Fuíolluisce Uirbigh.

Tá ceithre phríomheilimint ag baint leis an tionscadal um uasghrádú a dhéanamh:

1. Solátharófar acmhainneacht uasghrádaithe don tsaoráid le laghdú cothaitheach (coibhéis daonra 400,000).
2. Déanfar uasghrádú ar na 24 umar cóireála tánaisteach atá ann cheana féin chun acmhainn bhreise a sholáthar.
3. Soláthrófar saoráid athshlánaithe fosfair nua.
4. Leathnófar ar áiseanna cóireála sloda an ionaid.

Chríochnaigh Uisce Éireann tógáil an bhonneagair sa Rinn chun fuíolluisce a chóireáil do choibhéis daonra de 2.1 milliún ag deireadh na bliana 2023. Tar éis tréimhse tástála agus coimisiúnaithe, tá na sócmhainní uasghrádaithe ag feidhmiú agus tháinig feabhas suntasach ar cháilíocht an eisiltigh in 2024. Déantar comhlíonadh na Treorach um Chóireáil Fuíolluisce Uirbigh a mheas go cúlghabhálach bunaithe ar chomhlíonadh 12 mhí le Luachanna Teorainneacha Astaíochta UWWTD (ELVanna) a bheith bainte amach. Tá dianmhonatóireacht á dhéanamh againn ar fheidhmíocht an ghléasra d'fhonn é seo a bhaint amach chomh luath agus is féidir é.

I rith na bliana 2024, leanadh ar aghaidh ag déanamh dul chun cinn leis an tionscadal um uasghrádú a dhéanamh de réir an phlean agus leanadh ar aghaidh le hoibreacha ar uasghrádú ar na 24 umar tánaisteach cóireála chun acmhainn bhreise a chur ar fáil agus chun cothaitheach a laghdú. Rinne Uisce Éireann dul chun cinn maith freisin ar mhéadú saoráidí cóireála sloda an ionaid.

**Táthar ag súil go mbeidh tionscadal Príomhdhraenála Bhaile Átha Luain (atá ag dul chun cinn de réir an sceidil) críochnaithe in 2025**
Tá Tionscadal Príomhdhraenála Bhaile Átha Luain ar cheann de na tionscadail is mó go dtí seo ag Uisce Éireann, is ionann é agus infheistíocht de thart ar €114 milliún, táthar ag súil go mbeidh sé críochnaithe faoi dheireadh na bliana 2025. Is éard atá i gceist leis an tionscadal ná stáisiúin chaidéalúcháin nua a thógáil ag Oileán Golden agus ag an gCuasán Thiar, mar aon le beagnach 3km de shéaraigh nua. Déanfar na stáisiúin chaidéalúcháin agus na píopaí reatha atá tearcfheidhmithe a dhíchoimisiúnú. Cuirfear deireadh le forsceití chomhchórais séarachais ag sé shuíomh feadh na Sionainne agus cuirfear dhá fhorsceitheadh uisce stoirme nua ina n-áit a dhearfar d'fhonn caighdeáin cheadúnúcháin reatha a chomhlíonadh, leis sin feabhsófar cáilíocht an uisce, agus tabharfar cosaint don chomhshaoil.

De thoradh ar hoibreacha a dhéanfar mar chuid den tionscadal seo:
- Laghdófar an baol ó fhorsceitheadh agus tuilte amach as séaraigh trí shéaraigh níos mó a sholáthar.
- Cuirfear feabhas ar cháilíocht uisce na Sionainne.
- Méadófar ar acmhainn an líonra séarachais rud a chumasóidh forbairt agus fás daonra i mBaile Átha Luain.
- Cinnteofar go gcloífear le reachtaíocht fuíolluisce na hÉireann agus an Aontais Eorpaigh.

## Soláthróidh Ionad Cóireála Fuíolluisce an Inbhir Mhóir tairbhí comhshaoil don phobal áitiúil

Beidh tairbhí suntasacha le baint as an ionad cóireála fuíolluisce nua an Inbhir Mhóir in 2025 don bhaile agus do na ceantair máguaird i dtéarmaí sláinte, cosaint an chomhshaoil agus cáilíocht uisce feabhsaithe do chách. Tá an tInbhear Mór aitheanta ag an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, mar limistéar ina scaoiltear fuíolluisce isteach san Abhóca gan aon chóireáil. Níl an cleachtas seo maidir le fuíolluisce neamhchóireáilte a dhoirteadh isteach san abhainn inghlactha a thuilleadh agus tá sé beartaithe ag Uisce Éireann an fhadhb seo a réiteach i gcomhpháirtíocht le Comhairle Contae Chill Mhantáin.

Beidh sé mar aidhm ag an tionscadal:

- Fás geilleagrach agus forbairt tráchtála a sholáthar don Inbhear Mór agus do na ceantair máguaird.
- Feabhas a chur ar cháilíocht an uisce san Abhóca.
- Feabhas a chur ar luach taitneamhachta an bhaile agus na gceantar máguaird.
- Forbairt shóisialta agus tuilleadh fáis a spreagadh.

## CAOMHNÚ

Leanann Uisce Éireann air ag tabhairt tosaíochta do laghdú sceite. Is fadhb chasta í mar gheall ar scála an ghréasáin uisce (>65,000km) agus toisc go dtarlaíonn sceitheadh sa ghréasán píobáin faoi thalamh, agus toisc gur ghréasáin é atá mór agus casta.Tá roinnt mhaith de na píobáin seo in aois mhaith agus tá siad loite agus caithfear iad a dheisiú nó a athsholáthar d'fhonn feabhas a chur ar cháilíocht an uisce agus ar an soláthar uisce féin. Go mall sa bhliain 2023, chuir Uisce Éireann tús le roinnt staidéar ar na comhpháirteanna atá mar bhonn agus mar thaca ag ár n-áirimh ar chothromaíocht uisce agus sceite (nó uisce gan chuntas). Tugann torthaí táscacha na staidéar seo le fios gur dócha go dtabharfaidh an chuid mheasta dár n-áirimh le fios go bhfuil an leibhéal an tomhaltais níos lú ná mar atá sé agus dá bhrí cuirfear in iúl go bhfuil an leibhéal sceite níos airde ná mar atá sé. Tá na staidéir seo beagnach críochnaithe agus roinnfear iad leis na rialálaithe cuí sula bhfoilseofar iad. Feabhsóidh an cleachtadh seo agus na córais bhainistíochta ghaolmhara spriocdhíriú na gclár sceite. Idir an dá linn, agus go dtí go gcuirfear torthaí an staidéir i bhfeidhm, tá sonraí sceite eatramhacha do 2023 agus 2024 á bhfoilsiú againn sa tuarascáil seo. In 2018, bunaíodh an Clár Náisiúnta um Laghdú Sceitheadh, agus bhí an ráta sceite náisiúnta ag 46% agus laghdaíodh é go 38% in 2024, 32% i Mórcheantar Bhaile Átha Cliath agus 41% i neamh-MBÁC, cuimsítear feidhmíocht mhionsonraithe sa bhliain laistigh den chuid "príomhtháscairí feidhmíochta" den tuarascáil seo. Tá na figiúirí sin ar bhonn meánach rollach 12 mhí, go dtí an 1 Deireadh Fómhair gach bliain, agus nuair a bheidh na staidéir dá dtagraítear críochnaithe, déanfar na céatadáin sin a choigeartú dá réir. Táimid tiomanta don ráta náisiúnta sceite a laghdú tuilleadh go 25% faoi dheireadh na bliana 2030 agus é a a laghdú go faoi bhun 20% i Mórcheantar Bhaile Átha Cliath.

Le linn tréimhsí adhaimsire, déanann Uisce Éireann monatóireacht ar na leibhéil i ngach crios soláthair uisce agus déanann sé cumarsáid shoiléir maidir le haon deacrachtaí áitiúla de réir mar a thagann siad chun cinn chun éileamh a laghdú agus soláthairtí a chosaint. Is gnách go mbíonn rátaí sceite níos airde i bpríomhlíonra agus i seirbhísí mar thoradh ar aimsir an-fhuar mar gheall ar leathnú nó crapadh mar gheall ar an tsioc.

In 2024, sháraigh Clár Maoirseachta Uisce de chuid Uisce Éireann a rabhthas ag súil leis, cuireadh oiliúint ar bhreis is 950 maor uisce agus chuir sé le breis agus 2,000 tionscadal náisiúnta caomhnaithe uisce go dtí seo. Chuir comhpháirtíochtaí straitéiseacha le heagraíochtaí ar nós an Ghníomhaireacht Forbartha Tionscail, agus Fiontraíocht Éireann le tionchar an chláir, agus léirigh rannpháirtíocht i bhfóraim idirnáisiúnta ar nós Seachtain Uisce an Domhain gur ceannaire domhanda é Uisce Éireann in ndáil le hinbhuanaitheacht uisce. Bhí ról lárnach ag an gclár freisin maidir le creidiúnú "Gnó ag Obair go Freagrach" a bhaint amach, rud a léiríonn tiomantas Uisce Éireann do cheannaireacht inbhuanaitheachta.




IRL
44549
485

# Tuarascáil maidir le hInbhuanaitheacht

## Réamhrá

Tá an inbhuanaitheacht i gcroílár ghníomhaíochtaí agus oibríochtaí Uisce Éireann. Táimid bródúil as ár gcomhshaol a fheabhsú agus as cur ar chumas na bpobal dul chun cinn a dhéanamh trí na seirbhísí a chuirimid ar fáil.

Tá ceithre cholún lenár straitéis inbhuanaitheachta:Comhshaol, Sóisialta, Rialachas agus Comhoibriú inmheánach agus seachtrach, rud a aithnímid atá ríthábhachtach chun torthaí inbhuanaithe tábhachtacha a sheachadadh.



**Comhshaol**



**Sóisialta**



**Rialachas**



**Comhar**

Tá dul chun cinn suntasach déanta againn in 2024, chuireamar lenár straitéis Inbhuanaitheachta, bhaineamar amach an Marc Oibriú Freagrach Gnó, chuireamar tús le nó rinneamar nuashonrú ar chaighdeáin deartha agus sonraíochtaí feidhmiúla a bhaineann le hinbhuanaitheacht d'fhonn inbhuanaitheacht a leabú inár n-oibríochtaí agus inár ngníomhaíochtaí laethúla. Tá ár struchtúr rialachais trasfheidhmeach; a tugadh isteach in 2023 chun athbhreithniú a dhéanamh ar chinnteoireacht a bhaineann le hinbhuanaitheacht, lánfheidhmeach agus tá fíorthionchar aige maidir le tuiscint eagraíochtúil ar thopaicí ábhartha Comhshaoil, Sóisialta agus Rialachais (ESG). Táimid dírithe, ní hamháin ar sheachadadh don lá atá inniu ann, ach freisin do na glúnta atá le teacht.

**Straitéis Inbhuanaitheachta**
In Uisce Éireann, táimid tiomanta d'inbhuanaitheacht sheirbhísí uisce na hÉireann a fheabhsú, agus ár gcion a dhéanamh chun todhchaí níos inbhuanaithe a thógáil. Tugadh ár Straitéis Inbhuanaitheachta chun críche in 2024 agus tá sé beartaithe againn í a fhoilsiú le linn 2025. Leagtar amach ann na sé phríomhréimse a bhfuil sé beartaithe againn ár n-iarrachtaí a dhíriú orthu chun dul chun cinn fiúntach a dhéanamh maidir le hinbhuanaitheacht a leabú in oibríochtaí agus i ngníomhaíochtaí laethúla. Ina measc seo, tá uaillmhianta a bhaineann le Carbón - Glan-Nialasach, Bithéagsúlacht, Bainistiú Acmhainní Uisce, Geilleagar Ciorclach, Éagsúlacht, Cothromas agus Cuimsiú, agus oideachas a chur ar ár bpobail faoi luach an uisce. In 2025, cuirfidh Uisce Éireann tús le monatóireacht agus tuairisciú ar fheidhmíocht le hais na n-uaillmhianta sin.

Tá sé mar aidhm inár straitéis inbhuanaitheachta an inbhuanaitheacht a thabhairt chun tosaigh i gcinnteoireacht, ár n-uaillmhianta agus ár dtionscnaimh inbhuanaitheachta a leabú agus monatóireacht a dhéanamh orthu ar fud Uisce Éireann.

**Tuarascáil maidir le hInbhuanaitheacht**
*(ar lean)*

## Comhshaol

Nóta: Sonraí tagartha arna bhfoilsiú ag Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (SEAI) i dtuarascáil bhliantúil ar fheidhmíocht fuinnimh na hearnála poiblí (sonraí 2022). Táimid ag súil go bhfoilseoidh an ÚFIÉ sonraí fíoraithe 2023 agus 2024 le linn na bliana 2025.

### Athrú Aeráide

Tá sé tábhachtach anois agus beidh sé níos tábhachtaí d'Uisce Éireann tionchair agus rioscaí an athraithe aeráide a bhainistiú. Ós rud é go bhféadfadh bagairtí athraithe aeráide cur isteach ar athléimneacht ár seirbhísí uisce, ní mór d'Uisce Éireann tosaíocht a thabhairt d'iarrachtaí inbhuanaitheachta chun cabhrú leis na teagmhais seo a mhaolú agus a bhainistiú. Ba cheart dúinn machnamh a dhéanamh freisin ar an tionchar dearfach a d'fhéadfadh a bheith againn ar ár n-éiceachórais nádúrtha, ar na pobail a ndéanaimid fearastal orthu, agus ar an slabhra soláthair níos leithne trí athrú a thionscnamh agus a chur i bhfeidhm.

**Oiriúnú Aeráide**

Leanfaimid de ghníomhaíochtaí oiriúnaithe aeráide a chomhtháthú lenár ngníomhaíochtaí agus inár bpleananna bonneagair. Is leis an bPlean Náisiúnta Acmhainní Uisce (PNAU), ár bplean 25 bliain, a aithneofar conas mar a gcuirfimid soláthar uisce atá sábháilte, inbhuanaithe, slán agus iontaofa ar fáil dár gcustaiméirí agus dár bpobail, agus an comhshaol á chosaint ag an am céanna. Leis an bplean seo ligtear dúinn tionchair ionchasacha um an athrú aeráide a chomhtháthú le pleanáil agus feidhmiú ár mbonn sócmhainní soláthair reatha agus amach anseo.

Cabhróidh forbairt Réitigh atá Bunaithe ar an Dúlra, lena n-áirítear Bogaigh Tógtha Comhtháite agus Leapacha Giolcaí do Thriomú Sloda, le hathléimneacht aeráide a thabhairt san áireamh inár mbonn sócmhainní. Tá ár n-oibreacha bonneagair chaipitil á ndearadh le haghaidh athléimneacht aeráide, lena n-áirítear samhaltú aeráide uirbigh, pleanáil um chosaint tuilte, bainistiú uisce stoirme agus feabhsuithe ar an ngréasán séarachais. Tugtar san áireamh lenár mbainistíocht oibriúcháin, an phleanáil leanúnachais chun aghaidh a thabhairt ar thionchar líon na stoirmeacha agus na dtuilte atá ag dul i méid agus in olcas.



### Gnó ag Obair go Freagrach

In 2024, bronnadh creidiúnú foirmiúil ar Uisce Éireann le "Marc Gnó ag Obair go Freagrach" de chuid Gnó sa Phobal Éireann (BITCI), caighdeán Eacnamaíoch, Comhshaoil, Sóisialta agus Rialachais na hÉireann. Agus é fíoraithe go neamhspleách ag an Údarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann, is é an caighdeán inbhuanaitheachta a chothaíonn cultúr gnó freagrach trí fheabhas leanúnach, trí chuntasacht leanúnach, agus trí cheannaireacht agus mar sin is pointe tábhachtach agus ríthábhachtach é in aistear Uisce Éireann a bheith ina eiseamláir inbhuanaitheachta.

De réir mar a leanfaidh Uisce Éireann ar aghaidh ag tabhairt tús áite don inbhuanaitheacht i bpróiseas na cinnteoireachta bainteach le seachadadh seirbhísí uisce bunathraithe, féadtar a rá gur garsprioc thábhachtach é an vóta muiníne poiblí seo (atá fíoraithe go neamhspleách), agus féadtar a rá gur aitheantas é dár n-iarrachtaí inbhuanaitheachta,

BUSINESS WORKING RESPONSIBLY
Collective Mark

BUSINESS IN THE COMMUNITY IRELAND

**Glan-Nialasacht**
In Uisce Éireann, táimid tiomanta do ghníomhartha bríocha a ghlacadh chun glan-nialasacht a bhaint amach de réir spriocanna aeráide an rialtais. Mar cheann de na heagraíochtaí earnála poiblí is mó sa tír a ídíonn fuinneamh, aithnímid scála an dúshláin a bhaineann le hathrú ó bhonn a dhéanamh go bhfóntas náisiúnta a ailíníonn agus a thacaíonn lenár bhfís agus lenár gcuspóirí straitéiseacha, agus a thabharfaidh cosaint don chomhshaol chomh maith leis an comhshaol sin a bhfuil ár seirbhísí ag brath air a fheabhsú. Is é an pointe tosaigh ar ár dturas glan-nialasachta ná raon feidhme na n-astaíochtaí gás ceaptha teasa (GCT) reatha a thuiscint ar dtús, lena n-áirítear tomhas cuimsitheach ar ár n-astaíochtaí raon feidhme 1, 2, agus 3 de réir an Phrótacail GCT.

Táimid fós tiomanta do spriocanna na hearnála poiblí atá sa Phlean Gníomhaíochta Náisiúnta um an Aeráid a bhaint amach, chun an sprioc iomlán maidir le laghdú astuithe GCT 51% a bhaineann le dearbh-fhuinneamh a bhaint amach faoin mbliain 2030.

**Astuithe Gáis Cheaptha Teasa (GCT).**

**Scóip Astaíochta GCT 1, 2, 3**
Tá cur chuige Uisce Éireann maidir lenár n-astaíochtaí GCT Scóip 1 agus 2 agus roinnt astuithe Scóip 3 a ríomh bunaithe ar leabhar oibre agus modheolaíocht chaighdeánaithe chuntasaíochta carbóin, arna fhorbairt ag ***UK Water Industry Research Limited*** chun astuithe gáis cheaptha teasa oibriúcháin sa Tionscal Uisce a chainníochtú.

Tagraíonn ár n-astuithe GCT Scóip 1 d'astuithe díreacha a thagann ó fhoinsí atá faoi úinéireacht nó faoi rialú Uisce Éireann. In 2025, beidh sé riachtanach ár gcórais mhonatóireachta agus cleachtais nuálacha a nuashonrú chun dul i ngleic lenár n-astaíochtaí próisis a bheidh mar bhonn lenár bpleananna aistrithe aeráide mar phríomhfhócas chun na hastaíochtaí GCT seo a laghdú.

Tagraíonn astuithe GCT Scóip 2 d'astaíochtaí indíreacha ó ídiú an leictreachais ceannaithe. Tá ár n-astuithe bunaithe ar shonraí ídiú leictreachais arna bhfíorú ag Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (ÚFIÉ) a fhoilsítear go bliantúil.

Maidir le hastuithe GCT Scóip 3, tá measúnú déanta ag Uisce Éireann ar na hastuithe GCT a bhaineann le húsáid ceimiceán (Catagóir 3.1) agus tarchur agus dáileadh leictreachais (Catagóir 3.3). Ina theannta sin, chuireamar san áireamh anailís ardleibhéil phríomhionad carbóin bunaithe ar chaiteachas soláthair chun tionchar ár slabhra soláthair ar astuithe Scóip 3 a aithint.

Mar a léirítear thíos, is ionann Raon 1 agus 22.5% de lorg GCT margadh-bhunaithe Uisce Éireann, agus is ionann Scóip 2 agus 26.5%. Laistigh de Raon 1, cuireann astuithe ó chóireáil fuíolluisce le 21% dár n-astuithe iomlána GCT. Tagann an 51% eile dár lorg faoi astaíochtaí príomhionad Scóip 3.

| | $tCO_2$ | % de atá Bunaithe ar an Margadh |
|---|---|---|
| Scóip 1 Painéal Idir-Rialtasach ar Athrú Aeráide (IPCC) Iomlán | 210,048 | 22.5% |
| • Breoslaí Iontaise | 14,770 | |
| • Próiseas agus Éalaitheach | 181,865 | |
| • Astuithe éalaitheacha | 1,434 | |
| • Astaíochtaí ó dhíleá | 7,189 | |
| • Iompar | 4,790 | |
| Scóip 2 (Bunaithe ar Shuíomh) | 173,212 | |
| Scóip 2 (Bunaithe ar an Margadh) | 247,660 | 26.5% |
| Scóip 3 (Príomhionad) | 477,617 | 51% |
| **Go hIomlán Bunaithe ar Shuíomh*** | 860,877.4 | |
| **Go hIomlán Bunaithe ar an Margadh** | 935,325.5 | 100% |

* Úsáideann figiúirí bunaithe ar shuíomh na meánastaíochtaí eangaí chun astuithe leictreachais a ríomh.
** Úsáideann figiúirí bunaithe ar an margadh fachtóirí astaíochta a bhaineann go sonrach leis an leictreachas iarbhír a ceannaíodh.

## Tuarascáil maidir le hInbhuanaitheacht
*(ar lean)*

**Fuinneamh agus Éifeachtúlacht Fuinnimh**
Tá sainordú ag Uisce Éireann, tríd an bPlean Gníomhaíochta Náisiúnta um Aeráid, a éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú 50% faoin mbliain 2030 le hais thagarmharc 2009 (coigeartaithe don daonra a ndéantar freastal air). Tomhaiseann an táscaire feidhmíochta fuinnimh (EnPI) feidhmíocht fuinnimh trí ídiú phríomhfhuinnimh iomlán na heagraíochta a roinnt ar mhéadrach gníomhaíochta, i gcás Uisce Éireann, is é an méadrach ná an daonra a ndéantar freastal air. Gach bliain cuirimid ár sonraí tomhaltais fuinnimh faoi bhráid Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (ÚFIÉ) a dheimhníonn agus a fhoilsíonn ár bhfeidhmíocht éifeachtúlachta fuinnimh nuashonraithe. In 2024, cuireadh bearta breise i bhfeidhm agus sinn fós tiomanta do sprioc 2030 a bhaint amach.

### Gradam Gnóthachtála Fuinnimh Gnó

In 2024, bronnadh 'An Gnóthachtáil Fuinnimh is Fearr san Earnáil Phoiblí' orainn as ár gcuid oibre i soláthar seirbhísí uisce inbhuanaithe d'Éirinn.

### Fuinneamh In-athnuaite
Chun ár n-uaillmhian Glan-Nialais a bhaint amach, is cumasóir ríthábhachtach é a chinntiú go bhfuil soláthar dóthanach de ghiniúint fuinnimh in-athnuaite ann. Tá ról ríthábhachtach ag bithghás agus is é ár bpríomhfhoinse fuinnimh in-athnuaite ar an láthair é agus cuireann sé go mór le baint amach ár n-uaillmhianta fuinnimh in-athnuaite. Gintear bithghás ónár ngléasraí um dhíleá anaeróbach sloda fuíolluisce agus laghdaítear ár spleáchas ar bhreoslaí iontaise. In 2023, tháirgeamar timpeall 100MWh de Bhithghás thar 10 suíomh agus don bhliain 2024, táimid ag súil le leibhéal táirgthe ar aon dul leis sin. Le linn na bliana 2024, faomhadh maoiniú do Chéim 1 de Chlár nua um Barrfheabhsú Bithgháis. Is é aidhm an chláir seo measúnú agus barrfheabhsú a dhéanamh ar tháirgeadh bithgháis agus úsáid an bhithgháis a ghintear inár saoráidí díleáite anaeróbaí chun acmhainneacht na hacmhainne straitéisí seo a uasmhéadú.

Chomh maith le bithghás, leanaimid orainn ag leathnú ár gclár fótavoltach gréine (PV) mar fhoinse fuinnimh in-athnuaite comhlántach.

### Uisce
Is féidir le hUisce Éireann tionchar dearfach a imirt ar sholáthar uisce atá sábháilte, slán agus iontaofa a chur ar fáil dár gcustaiméirí agus dár bpobail trí chothromú a dhéanamh ar sholáthar agus éileamh ar uisce óil sa ghearrthéarma, sa mheántéarma agus san fhadtéarma. Is éard atá i gceist chun an cothromú sin a bhaint amach ná níos lú a úsáid, níos lú a chailleadh agus soláthar níos cliste a dhéanamh, mar atá leagtha amach sa Phlean Náisiúnta um Acmhainní Uisce. Ceann de na príomhthosaíochtaí atá ag Uisce Éireann go fóill is ea dul i ngleic le sceitheadh agus sceitheadh a laghdú. Tá sé mar aidhm againn sceitheadh a laghdú go dtí faoi bhun 20% faoin mbliain 2030 ar fud Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath agus faoin mbliain 2034 go náisiúnta.

### An Bhithéagsúlacht
Braitheann cumas Uisce Éireann seirbhísí inbhuanaithe uisce agus fuíolluisce a sholáthar go mór ar thimpeallacht nádúrtha a fheidhmíonn go cuí. In Uisce Éireann tá cur chuige Bithéagsúlachta 'gan glanchaillteanas' á fheidhmiú againn do thionscadail nua agus tá sé beartaithe againn é seo a chur ar aghaidh go Glanghnóthachan Bithéagsúlachta thar gach tionscadal nua faoin mbliain 2030.

Aithnímid an gá atá le hiarrachtaí a mhéadú agus a luathú chun deireadh a chur le meath na bithéagsúlachta, tacaímid leo, agus táimid tiomanta lena chinntiú go ndéanaimid bonneagar a thógáil agus a bhainistiú go freagrach ionas go gcosnófar ár n-éiceachórais agus nuair is féidir, iad a fheabhsú. Tá buntáistí na bithéagsúlachta soiléir nuair a bhaineann sé le cáilíocht ár bhfoinsí uisce óil a chosaint agus réitigh nádúr-bhunaithe a chur san áireamh.

Is taca leanúnach dúinn é ár bPlean Gníomhaíochta Bithéagsúlachta chun an comhshaol nádúrtha a chaomhnú, a fheabhsú agus chun oibriú leis. Cuirtear ar fáil sa phlean na huirlisí chun gach láithreán a bhainistiú ar bhealaí a rachaidh chun tairbhe na bithéagsúlachta. Is leis an bplean a dhíreofar bearta feabhsúcháin a bheidh in oiriúint do gach láithreán ar leith. Tá Uisce Éireann ag cur níos mó 'réitigh nádúr-bunaithe' chun cinn go gníomhach inár bpleananna agus inár dtionscadail chun tionchar a sheachaint agus chun leas na bithéagsúlachta ar nós Bogaigh Tógtha Comhtháite, Leapacha Giolcach um Thriomú Sloda, Bogaigh Uisce Stoirme, Córais Inbhuanaithe Draenála Uirbeach (SUDanna), Scagairí Snasaithe Giolcach agus Féarach.

**Cás-Staidéar**

## In Uisce Éireann, bímid de shíor ag lorg bealaí chun luach a chur ar ár dtimpeallacht nádúrtha agus é a fheabhsú agus chun bithéagsúlacht a chur chun cinn. Tá Uisce Éireann ina chomhpháirtí sa Phlean Uile-Éireann um Pailneoirí agus cuireann sé gníomhartha an Phlean i bhfeidhm ar gach láithreán de chuid Uisce Éireann. Is éard atá i gceist leis seo bearta soiléire a leagan síos chun tacú lenár ndaonra pailneoirí ar láithreáin Uisce Éireann agus iad a mhéadú chun bithéagsúlacht a chur chun cinn.




Tá bearta feabhsaithe bithéagsúlachta uile Uisce Éireann báúil do phailneoirí agus tá siad ag teacht leis an bPlean Uile-Éireann um Pailneoirí. Léirítear sampla iontach de na buntáistí a bhaineann le bainistiú ár bhféarthailte ar an mbealach seo ag ár láithreán i mBéal an Mhuirthead, Maigh Eo, áit a bhfuil bainistíocht an láithreáin ag tacú leis an mBumbóg Bhuí Mhór i gcomhar le Tionscadal Comhpháirtíochta Nuálaíochta na hEorpa um Bumbóg Bhuí Mhór agus Bailte Slachtmhara Bhéal an Mhuirthead, Contae Mhaigh Eo. Fuarthas an Bhumbóg Bhuí Mhór ar fud na hÉireann tráth ach tá sé teoranta anois do líon beag láithreacha feadh chósta an iarthair agus tá sé i mbaol in Éirinn. Bhí sé mar aidhm ag an tionscadal seo feabhas a chur ar fhlúirse bláthanna dúchasacha ar thailte leithinis an Mhuirthead agus mórthír chósta Iorrais chun bia ríthábhachtach agus áiteanna neadaithe a sholáthar do bheacha.



# Tuarascáil maidir le hInbhuanaitheacht
*(ar lean)*

## Sóisialta

### Ár nDaoine

Déanaimid tionchair ár ngnó ar fhostaithe, ar chustaiméirí agus ar phobail, a bhainistiú agus a shainaithint go réamhghníomhach. Táimid tiomanta do chinntiú go bhfágtar tionchar dearfach, fiúntach inár ndiaidh sna pobail ina n-oibrímid.Lean Uisce Éireann de thacaíocht a thabhairt do chomhpháirtíochtaí láidre agus do chláir phobail. Cuireann na cláir sin iompar dearfach chun cinn i dtaca le gníomhaíochtaí a bhaineann le huisce agus fuíolluisce i dtithe agus i ngnólachtaí, agus méadaíonn siad feasacht ar cheisteanna a bhaineann le huisce agus na tairbhí a bhaineann le hathruithe simplí dearfacha a dhéanamh.



### Tús Áite á Tabhairt don tSábháilteacht

**Tá Uisce Éireann tiomanta do chultúr na sábháilteachta a fheabhsú tríd an gcreat agus tionscnaimh Obair Shábháilte Baile Sábháilte, a dearadh chun a chinntiú go bhfuil an chumhacht ag an bhfoireann agus ag comhpháirtithe seachadta tosaíocht a thabhairt do bhealaí sábháilte oibre.**

In ainneoin na béime leanúnaí ar shábháilteacht, meabhraítear dúinn go mbaineann riosca lenár ngníomhaíochtaí lena bhféadfaí dochar a dhéanamh i gcónaí. Go tragóideach ar an 29 Bealtaine 2024, bhain timpiste mharfach do dhuine a bhí ag obair ar son duine dár gcomhpháirtithe seachadta tríú páirtí le linn oibreacha ag Ionad Cóireála Fuíolluisce Ros Cré. Tá an eachtra á fhiosrú faoi láthair leis an Údarás Sláinte agus Sábháilteachta.

Tá Uisce Éireann tiomanta do chultúr na sábháilteachta a fheabhsú tríd an gcreat agus tionscnaimh Obair Shábháilte Baile Sábháilte, a dearadh chun a chinntiú go bhfuil an chumhacht ag an bhfoireann agus ag comhpháirtithe seachadta tosaíocht a thabhairt do bhealaí sábháilte oibre.

Cheadaigh an Bord an plean straitéiseach trí bliana Obair Shábháilte, Baile Sábháilte in 2023 agus tá sé i mbliain a haon dá chur i bhfeidhm. Aithníonn an plean straitéiseach seo na dúshláin sábháilteachta eagraíochtúla agus díríonn sé ar na dushláin seo a bhainistiú trí phríomhcholún, lena n-áirítear ceannaireacht agus cultúr, sócmhainní sábháilte agus ionaid oibre, bealaí sábháilte oibre, agus comhpháirtithe seachadta sábháilte, agus sláinte agus folláine. Tá cur i bhfeidhm an phlean de réir sprice agus seachadadh roinnt príomhthionscnamh i mbliana.

In 2024, athsheoladh ár gCreat 'Obair Shábháilte, Baile Sábháilte', a chuireann san áireamh anois ár luach nua sábháilteachta "coinnímid a chéile sábháilte". Seoladh é seo don fhoireann go léir ag teacht le chéile na cuideachta uile leis an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, agus ag laethanta speisialta 'Uisce agus Fuíolluisce' ar fud na tíre.

Baineadh garsprioc gan fasach amach in 2024, nuair a aistríodh 31 chóras bainistíochta sábháilteachta ó na hÚdaráis Áitiúla go hUisce Éireann agus cuireadh i bhfeidhm iad ina dhiaidh sin. Agus na Córais Bhainistíochta Sábháilteachta reatha á gcur i bhfeidhm, tá Uisce Éireann tiomanta d'fhorbairt agus do rolladh amach aon chóras comhtháite bainistíochta sábháilteachta (SMS) amháin. I measc na bpríomhchodanna a seachadadh in 2024, tá forbairt ábhair a dhéanfaidh caighdeánú ar an gcur chuige maidir le sláinte agus sábháilteacht i seirbhísí uisce, soláthar uirlisí faisnéise gnó a chuirfidh ar chumas Uisce Éireann bealaí sábháilte oibre a roinnt le baill foirne túslíne, monatóireacht a dhéanamh ar chomhlíonadh náisiúnta agus teachtaireachtaí sábháilteachta a chur in iúl don fhoireann ar fud limistéir mhóra gheografacha. I measc na bpríomhthionscnamh, tá cruthú Leabhrán 'Obair Shábháilte, Baile Sábháilte' a bheidh éasca le húsáid don fhoireann tosaigh, mol Acmhainní Sábháilteachta, nósanna imeachta ríthábhachtacha agus treoirlínte dár bhfórsa saothair nua. Seachadadh oiliúint sábháilteachta, lena n-áirítear oiliúint bainisteoir líne don fhoireann líne tosaigh le rátaí críochnaithe 84%.

Chinntigh bunú fóram áitiúil agus náisiúnta d'Ionadaithe Sábháilteachta go gcuirtear baill foirne túslíne san áireamh san aistear bainistíochta um athrú sláinte agus sábháilteachta.

Leanadh ar aghaidh le fás agus forbairt ár bhfeachtas sábháilteachta "An bhFuil Mise SÁBHÁILTE?"do chomhpháirtithe seachadta in 2024 nuair a seoladh suíomh gréasáin, chun acmhainní sábháilteachta a roinnt ar fud na gcomhpháirtithe seachadta sa tionscal uisce. Gné shainiúil den suíomh gréasáin is ea foláirimh um ghabháil mhaith (nuair a dhéanann duine rud maith chun rud olc a stopadh) agus neastimpiste a roinnt trí fhíseáin ghearra ar an láithreán. I rith na bliana, leathnaíodh "An bhFuil Mise SÁBHÁILTE?" chomh maith, chuig ár gcomhpháirtithe seachadta a bhíonn ag gabháil do Dhearadh, Tógáil agus Oibriú (DTO). D'oibríomar freisin lenár gcomhpháirtithe seachadta agus leis an Ionad Oiliúna Foirgníochta Náisiúnta chun clár oiliúna maoirseachta tosaigh a fhorbairt. Ar bhuaicphointí eile i rith na bliana, tá: seimineár gréasáin go luath sa bhliain leis an BSL agus Líonraí Gáis Éireann chun aird a tharraingt ar fheasacht ar sheachaint seirbhíse; seoladh rialacha órga maidir le bainistiú riosca criticiúil; forbraíodh riail órga maidir le seachadadh píopaí agus forbraíodh an comhoibriú lenár gcomhpháirtithe seachadta chun tacú le clár fairsing imeachtaí sábháilteachta do mhí na sábháilteachta tógála. I rith na bliana, d'oibrigh Uisce Éireann go dlúth le *Lighthouse Charity* chun cuairteanna suímh a éascú, chun oibrithe tógála a chur ar an eolas faoi na tacaíochtaí atá ar fáil dóibh. Ba bhuaicphointe an bhéim seo ar mheabhairshláinte agus ar fholláine in earnáil na tógála feachtas rathúil "Ag tabhairt aire don Nollaig" a reáchtáil Uisce Éireann lenár gcomhpháirtithe seachadta chun tús a chur le níos mó comhráite ar na dúshláin phearsanta atá roimh dhaoine sa tionscal, go háirithe thar thréimhse na Nollag.

I rith na bliana, reáchtáil Uisce Éireann feachtais agus tionscnaimh spriocdhírithe sláinte agus sábháilteachta chun sábháilteacht a fheabhsú go réamhghníomhach lena n-áirítear ár bhfeachtas um thiomáint gheimhridh, ag díriú ar réimsí ard-riosca ríthábhachtacha, ag obair le seirbhísí faoi thalamh, ag obair le trácht agus uirlisí beo, gléasra agus trealamh. Bhí 3,477 comhrá ann faoin sábháilteacht i rith na bliana, chun a chinntiú go ndéantar an cultúr 'Obair Shábháilte, Baile Sábháilte' leabú. Mar thoradh ar ár dtionscnaimh Meabhairshláinte agus Folláine, tá méadú ar líon na nGarchabhróirí Meabhairshláinte oilte (181 faoi láthair) agus spreagtar an fhoireann i gcónaí chun nósanna sláintiúla a chruthú trí thionscnaimh amhail 'Time to Talk' agus ár' n-ardán folláindigiteach'. Tá roinn sláinte ceirde bunaithe againn freisin chun tacú lenár bhfórsa saothair nua le rolladh amach chlár vacsaínithe Uisce Éireann mar cheann dá gcéad tionscnaimh.

Cuimsíonn colúin Obair Shábhailte Baile Sábhailte na luachanna sábháilteachta inár ngníomhaíochtaí trí uirlisí inláimhsithe a sholáthar don fhoireann agus do chomhpháirtithe seachadta araon chun tacú leo. Tá córas bainistithe sláinte agus sábháilteachta Uisce Éireann bunaithe ar chaighdeáin aitheanta (deimhniú ISO 45001) agus tá sé deimhnithe ag páirtí seachtrach. Tá feidhm aige ar 100% dár bhfórsa saothair féin agus ar aon duine a oibríonn faoi bhainistíocht agus rialú dhíreach Uisce Éireann.

## Éagsúlacht, Cothromas agus Cuimsiú

**Fostaíonn Uisce Éireann beagnach 2,300 duine, a sholáthraíonn seirbhísí uisce agus fuíolluisce in éineacht le thart ar 2,200 ball foirne in Údaráis Áitiúla a oibríonn ar son Uisce Éireann. Aithnímid an tábhacht a bhaineann le comhionannas, éagsúlacht agus ionchuimsitheacht i measc ár lucht saothair.**

Anois ina séú bliain, tá clár oibre ibelong Éagsúlacht, Cothromas agus Cuimsiú Uisce Éireann (ÉC&C) á rialú ag Comhairle ÉC&C Uisce Éireann, fóram trasfheidhmeach fostaithe il-leibhéil, faoi stiúir urraíocht an Fheidhmeannais é, a ceapadh in 2024. Chuir an Chomhairle um Éagsúlacht, Cothromas agus Cuimsiú obair chun cinn ar an gcéad atriall eile dár Straitéis um Éagsúlacht, Cothromas agus Cuimsiú a leagann síos an treo straitéiseach do 2024-2026. Tá Comhairle ÉC&C Uisce Éireann agus clár oibre ibelong ríthábhachtach do sheachadadh THRIVE agus sinn ag iarraidh 'Cultúr Sábháilte, Éagsúil, Uilechuimsitheach a thabhairt le chéile, ina bhfuil ár ndaoine cumasaithe agus ardfheidhmeach'.

Tá ionadaithe na bhfostaithe ar Chomhairle ÉC&C. Reáchtálann ár gcúig ghrúpa acmhainne; atá faoi cheannaireacht na bhfostaithe; Líonra na mBan, an Líonra Cumais, an líonra Eitneachta agus Cultúir, an Líonra Teaghlaigh agus an Líonra Tuar Ceatha, go leor imeachtaí ballraíochta, cruthaítear naisc idir fostaithe agus glacann siad páirt i bplé leis an lucht bainistíochta d'fhonn Uisce Éireann níos cuimsithí a chruthú. Reáchtáladh sé imeacht is tríocha in 2024, rud a chruthaigh feasacht agus a chuir seisiúin oideachais ar fáil in Uisce Éireann.

In 2024, seoladh ár ríomh-fhoghlaim um Fheasacht Mhíchumais, arna seachadadh ag ár líonra ibelong 'Cumas', a sholáthar tuiscint chuimsitheach ar mhíchumas do

# Tuarascáil maidir le hInbhuanaitheacht
*(ar lean)*

chomhghleacaithe Uisce Éireann. Leis an oiliúint soláthraítear treoir ar na dúshláin a bhaineann le dearcthaí atá as dáta maidir le míchumas agus ina ionad sin cuimsíonn sí samhail shóisialta an mhíchumais, a chuireann béim ar bhacainní a bhaint agus deiseanna cothroma a chruthú ionas go mbeidh ar chumas gach duine a bheith lán-rannpháirteach sa tsochaí.

Thug ár líonra Tuar Ceatha, le tacaíocht ó "Bród" san ionad oibre, príomhchainteanna feasachta go hinmheánach agus ghlac siad páirt in imeachtaí Bród Bhaile Átha Cliath agus na Gaillimhe in 2024. Bhí sé de phribhléid ag líonra ár mBan, agus ár bhfoirne AD, tacaíocht a thabhairt d'imeacht a d'eagraigh an charthanacht WorkEqual, ag fáiltiú roimh 60 bean atá ar a dturas i dtreo fostaíochta, agus ag soláthar sraith eispéiris chumhachtaithe dóibh chun a muinín agus a n-ionchais ghairme a mhéadú.

Ainmníodh Uisce Éireann agus tá sé sa bhabhta ceannais do ghradaim Lárionad Éagsúlachta na hÉireann 2025 sa chatagóir "Gradam Eagraíocht na Bliana san Earnáil Phoiblí" - Cuideachta Ceannais na Bliana CIPD na hÉireann um Chomhionannas, Éagsúlacht, Cothromas agus Cuimsiú. D'éirigh lenár speisialtóir um Éagsúlacht, Cothromas agus Cuimsitheacht dhá ghradam shuntasach a bhuachan do Cheannaire ag teacht aníos ÉC&C (ICFD) agus Laoch na hÉagsúlachta CIPD. Bhí ár líonra Eitneachta agus Cultúir i measc na n-iomaitheoirí sa bhabhta ceannais de chuid Éagsúlacht sa Teicneolaíocht don tionscnamh aitheantais speisialta dár mbeartas Babhtáil Saoire.

Leanann Uisce Éireann de bheith ag cloí le Cairt Éagsúlachta Éireann, Gealltanas Ardaithe de chuid Gnó sa Phobal Éireann (BITCI), Gealltanas Ionad Oibre Uilechuimsitheach agus comhoibríonn sé le taighde ardáin UK Water Industry Research (UKWIR) agus sonraí ar dhéimeagrafaic an lucht saothair i bhfóntas uisce sa RA agus in Éirinn.

Tomhaiseann Innéacs ÉC&C meon na bhfostaithe maidir le cuimsiú agus tuairiscítear go bliantúil mar chuid de rannpháirtíocht fostaithe. Is ionann an scór do 2024 agus 86%, figiúr atá 4% os cionn mheán náisiúnta na hÉireann, de réir an tagarmhairc ó sholáthraí shuirbhé rannpháirtíochta fostaithe Uisce Éireann.

## An Bhearna Phá idir na hInscní

**Is gné thábhachtach de chlár oibre ÉC&C Uisce Éireann aghaidh a thabhairt ar ár mBearna Phá idir na hInscní, agus sinn ag iarraidh ionadaíocht na mban a mhéadú ag gach leibhéal agus a chinntiú go bhfuil timpeallacht á cruthú againn ina mothaíonn gach duine go bhfuil meas orthu agus aitheantas á thabhairt dóibh san obair.**

Is ionann an bhearna phá idir na hinscní agus an difríocht idir meánphá na bhfear agus na mban in aghaidh na huaire ar fud na heagraíochta. D'fhoilsigh Uisce Éireann a thríú tuarascáil ar an mBearna Phá idir na hInscní an 13 Nollaig 2024 don tréimhse pá 27 Meitheamh 2023 go 26 Meitheamh 2024. Tugann an tuarascáil seo léargas dúinn ar réimsí ina gcaithfimid ár n-iarrachtaí a dhíriú chomh maith le léiriú a thabhairt ar ár dtiomantas leanúnach do thrédhearcacht agus feabhas a dhéanamh ar chomhionannas inscne san eagraíocht. Thuairiscíomar meánbhearna phá idir na hinscní de 2.31%, rud a chiallaíonn go dtuilleann fir ar an meán 2.31% níos mó ná mná, bunaithe ar gach leibhéal eagraíochtúil. Léiríonn an figiúr seo an pointe ama ina bhfuilimid inár dturas chun seirbhísí uisce in Éirinn a athrú ó bhonn. Le linn na tréimhse seo, tháinig fás suntasach ar ár bhfórsa saothair agus ar phróifíl athraitheach fostaithe.

Ina theannta sin, táimid bródúil as tionscnaimh a thacaíonn le comhionannas inscne agus le dul chun cinn gairmréime na mban a fheiceáil ag teacht chun cinn. Measaimid gurb í an tréimhse idir anois agus deireadh na bliana 2026 a bheidh ina húdar luaineachtaí inár mbearna phá idir na hinscní bliain ar bhliain. Tá an obair atá á déanamh againn chun aghaidh a thabhairt ar ár mBearna Phá idir na hInscní riachtanach chun ár gclár oibre ÉC&C a chur chun cinn, chun ionadaíocht ban a mhéadú ag gach leibhéal agus chun a chinntiú go bhfuil timpeallacht á cruthú againn ina mothaíonn gach duine go bhfuil meas orthu agus go bhfuil aitheantas á thabhairt dóibh ag an obair. Tá an tuarascáil seo foilsithe ar ár suíomh Gréasáin agus cuimsítear ann sonraí ar na príomhthosca agus ár bplean gníomhaíochta.

### Clár Iarchéime
In 2024, bhí próifíl níos fearr againn maidir le buanna ban ar an gclár iarchéime go dtí 52% in 2024 agus is mic léinn idirnáisiúnta 45% den líon daoine a ghlacamar isteach. Ina theannta sin, i mbliana bhí ár gcéad Intéirneacht Samhraidh ETIM againn áit a raibh 50% baineannaigh againn laistigh de réimsí ETIM den ghnó. Choinnigh Uisce Éireann an rangú céanna Gradireland in 2024 agus an bhliain roimhe sin, ag an 46ú fostóir céimithe is tarraingtí in Éirinn.

### Cearta Daonna
In Uisce Éireann, táimid ag cur le meas ar chearta daonna isteach inár bhfís eagraíochtúil d'Éirinn inbhuanaithe ina bhfuil meas agus cosaint ar uisce, don phláinéid agus don saol ar fad a thacaíonn sé. Tá polasaí ar fáil ar ár suíomh gréasáin www.water.ie.

## Rialachas

### Iompar Gnó
Déan tagairt le do thoil do Thuarascáil an Bhoird le haghaidh tuilleadh faisnéise maidir le:
- Nochtuithe cosanta.
- Cód Iompair Gnó.
- Beartas frithbhreabaireachta agus frith-éillithe.
- Beartas frith-chalaoise.
- Brústocaireacht a Rialáil.
- Beartas íocaíochta pras.



## Comhar



### Geilleagar Ciorclach
Tá tionscnaimh á gcur chun cinn againn a ghlacann múnla geilleagair chiorclaigh chun ár sloda a bhainistiú mar go soláthraíonn siad foinse inbhuanaithe d'ábhar críochta luachmhar, ag soláthar comhlánú eile ar na hamhábhair atá in úsáid faoi láthair.

Cuimsíonn sloda uisce iarmhar alúmanaim ón bpróiseas cóireála chun orgánacha a bhaint as an bhfoinse uisce amh. Go traidisiúnta, chuir sé seo teorainn le húsáid sloda, agus is minic a bhíonn diúscairt chuig líonadh talún mar thoradh air. Le blianta beaga anuas, tá imscrúdú gníomhach déanta againn ar roghanna eile agus anois cuirimid an sloda seo lena úsáid i dtáirgeadh stroighne agus míntíriú talún. In 2024, d'éirigh linn thart ar 95% dár sloda uisce a chur chuig asraonta geilleagair chiorclaigh.

Maidir le sloda fuíolluisce, réitíonn ár saoráid nuálaíoch aisghabhála fosfair (P-aisghabháil) dúshláin bhainistithe cothaitheach trí fhosfar agus nítrigin (mar amóinia) a aisghabháil ó shruthanna bardasacha mar dheascán fosfáit amóiniam maignéisiam (strúivít). Athraíonn sé seo na cothaithigh seo go táirge leasacháin inbhuanaithe.

### Nuálaíocht
I rith na bliana 2024, lean an fhoireann um Chaighdeáin agus Sonraíochtaí Nuála ar aghaidh de bheith ag díriú ar an dul chun cinn i dtreo ár spriocanna inbhuanaitheachta, ag obair ar thionscadail lena n-áirítear feabhsú na Líonraí Uisce agus Sonraíocht Fheidhmeach Cóireála Fuíolluisce. Tugann na doiciméid seo breac-chuntas ar na riachtanais dearaidh ardleibhéil agus sócmhainn á dhearadh mar chóras thar shaolré na sócmhainne a thugann san áireamh ionchuir saolré, fealsúnacht dearaidh agus uirlisí chun inbhuanaitheacht, costas agus feidhmíocht a bharrfheabhsú go hiomlánaíoch. In 2024, cuireadh tionscadal ar "Réitigh Innealtóireachta Dúlra do Chóireáil Fuíolluisce" (NBS) le chéile le cabhair de €1.26 milliún ó Chiste Nuálaíochta na Seirbhísí Uisce. Chomh maith leis sin, d'fhorbair an fhoireann comhpháirtíocht straitéiseach le BSL chun iniúchadh a dhéanamh ar ról athúsáid fuíolluisce i dtáirgeadh Hidrigine, lena n-áirítear sineirgí geilleagair chiorclaigh lenár n-oibríochtaí.

# Tuarascáil maidir le Rialachas


| | |
|---|---|
| Bord Uisce Éireann | 58 |
| Tuarascáil an Bhoird | 62 |
| Tuarascáil an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca | 81 |





Uisce Éireann
Irish Water
1800 278 278
water.ie
24/7
Cumhachtaithe le leictreachas
Powered by electricity

# Bord Uisce Éireann



## Jerry Grant
Cathaoirleach

**Ceapachán:**
16 Iúil 2024

**Tionacht:**
5 bliana

**Taithí gairme:**
Is Stiúrthóir Neamhfheidhmiúcháin agus Comhairleoir Straitéiseach Gnó le taithí é Jerry sna hearnálacha bonneagair agus fóntais. Ina ghairm bheatha mar chomhairleoir seirbhísí uisce, d'oibrigh Jerry ar thionscadail ar fud na hÉireann, lena n-áirítear mórthionscadail straitéiseacha uisce agus fuíolluisce i gceantar Bhaile Átha Cliath. Idir na bliana 2002 agus 2012, bhí sé ina Stiúrthóir Bainistíochta ar RPS Consulting Engineers. In 2013, ghlac Jerry le ról Ceannaire Bainistíochta Sócmhainní ag Uisce Éireann agus bhí sé ina Bhainisteoir Stiúrtha ón mbliain 2016 go Meán Fómhair 2018. Ó d'éirigh sé as Uisce Éireann, tá poist neamhfheidhmiúcháin aige, lena n-áirítear mar Bhall de Bhord Rialaithe TU Bhaile Átha Cliath, Stiúrthóir Spórt Éireann, agus róil san earnáil phríobháideach agus san earnáil charthanachta. Tá Jerry ina Chathaoirleach ar Chuideachta Chalafort Átha Cliath faoi láthair agus tá sé ina bhall den Ghrúpa Comhairleach um Mórthionscadail ag DEPNDPNR

Tá Céim Chéad Onóracha ag Jerry san Innealtóireacht Shibhialta agus Dioplóma i nDlí Conartha agus Eadrána ó COBÁC, tá sé ina Chomhalta d'Innealtóirí Éireann, ina Chomhalta d'Acadamh Innealtóireachta na hÉireann agus ina Bhall d'Institiúid na Stiúrthóirí. Fuair sé Gradam an Uachtaráin ón ACEI in 2017 le haghaidh Seirbhísí don Innealtóireacht in Éirinn agus, in 2018, fuair sé Duais Chomhshaoil na hÉireann ó CIWEM (Brainse Phoblacht na hÉireann), Dámhachtain Sár-Ghnóthachtála ó ICE (Brainse Phoblacht na hÉireann) agus Dámhachtain Conraitheora Innealtóireachta Sibhialta as seirbhísí don tionscal.

**Ceapacháin sheachtracha:**
Cathaoirleach Chomhlacht Chalafort Átha Cliath agus ball den Ghrúpa Comhairleach um Mórthionscadail ag DEPNDPNR, Stiúrthóir Jerry Grant & Associates Ltd.



## Niall Gleeson
POF

**Ceapachán:**
1 Eanáir 2023

**Tionacht:**
Comhthráthach le ré an róil mar Phríomh-fheidhmeannach Uisce Éireann

**Taithí gairme:**
Tá taithí shuntasach ag Niall maidir le hairgeadas, tógáil, coimisiúnú agus cothabháil sócmhainní iompair agus fóntais, agus thug sé ceannaireacht ar thionscadail mhóra bonneagair ar fud na hÉireann, na Ríochta Aontaithe agus na hÁise. Bhí roinnt róil shinsearacha ceannaireachta aige le roinnt de na cuideachtaí bonneagair is fearr ar domhan lena n-áirítear 'General Electric agus Shanahan Engineering'. Is iar-Stiúrthóir Bainistíochta é freisin do 'Veolia Ireland' agus 'Alstom Ireland'. Tá céim san innealtóireacht ag Niall ó Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath agus is Comhalta d'Innealtóirí Éireann é.



## Gerard Britchfield
Comhalta boird

**Ceapachán:**
1 Eanáir 2023

**Tionacht:**
3 bliana

**Taithí gairme:**
D'fheidhmigh Gerry mar bhall sinsearach d'fhoireann feidhmiúcháin CGA Choillte ar feadh 15 bliana ón mbliain 2006 go 2021, lena n-áirítear fónamh mar Phríomhfheidhmeannach Gníomhach, Príomhoifigeach Airgeadais agus Príomhoifigeach Feidhmiúcháin. Le taithí dhomhain tráchtála, lena n-áirítear Foraoiseacht, Fuinneamh In-athnuaite agus Déantúsaíocht, bhí ról lárnach aige i sa chlár um Athrú de chuid Choillte, rud as d'eascair athrú céime ar chonair an ghnó. Bhí sé ina Chathaoirleach Bhord Iontaobhaithe Chiste Pinsean neamhspleách Choillte agus mar Stiúrthóir roinnt cuideachtaí agus fochuideachtaí Comhfhiontair Choillte roimhe sin. Is Comhalta de Chuntasóirí Cairte Éireann é Gerry, agus tá MBA aige freisin ó OCBÁC.

**Ceapacháin sheachtracha:**
Cathaoirleach Bhord Stiúrthóirí Buttimer Engineering Trade Holdings Limited, arna cheapadh an 9 Aibreán 2025.



## Patricia King
Comhalta boird

**Ceapachán:**
1 Eanáir 2023

**Tionacht:**
4 bliana

**Taithí gairme:**
Is iar-Ard-Rúnaí ar an ICTU agus iar-Leas-Uachtarán ar SIPTU í Patricia agus d'fheidhmigh sí freisin mar cheann de bheirt Leas-Uachtarán na Comhdhála. Bhí sí ina hoifigeach lánaimseartha le SIPTU le breis agus 25 bliain, agus ba í an chéad bhean a d'fheidhmigh mar oifigeach náisiúnta den cheardchumann nuair a ceapadh ina Leas-Uachtarán í in 2010. Rinne sí ionadaíocht ar oibrithe i ngach réimse den gheilleagar, san earnáil phoiblí agus san earnáil phríobháideach araon. Tá Patricia ina ball den Chomhairle Chomhairleach um Athrú Aeráide agus ina Cathaoirleach freisin ar Chomhlacht Maoirseachta Seachtraí Óglaigh na hÉireann.

**Ceapacháin sheachtracha:**
Bord na Seirbhíse Cúirteanna, Comhlacht Rialaithe Ollscoil Theicneolaíochta an Atlantaigh, an Chomhairle Printíseachta, an Coimisiún Tithíochta agus an Bord Comhairleach um Athrú Aeráide.



## Eileen Maher
Comhalta boird

**Ceapachán:**
1 Eanáir 2023

**Tionacht:**
4 bliana

**Taithí gairme:**
Is comhairleoir straitéiseach í Eileen le taithí a bhfuil saineolas aici ar athrú tráchtála, ar rialú agus ar dhlí. Tá Céim Bhaitsiléara Tráchtála agus MBA aici ó Choláiste na hOllscoile, Gaillimh agus tá sí ina ball d'Institiúid na Stiúrthóirí in Éirinn. Tá teist aici maidir le tionscadail bhonneagair straitéisigh a fhorbairt agus a chur i gcrích, chomh maith le hidirbheartaíocht a dhéanamh ar chomhfhiontair, comhpháirtíochtaí agus éadálacha tráchtála. D'oibrigh sí sa tionscal teileachumarsáide ar feadh 30 bliain agus faoi láthair tá sí ina Cathaoirleach ar an bhFóram um Thionscal na Cumarsáide Núise agus ina Cathaoirleach ar Fhóram Rannpháirtíochta an Tionscail Teileachumarsáide. Is ball í Eileen de Bhord an GNBS. Is iarbhall í freisin de Bhord Eirgrid agus de Choiste Comhlíonta Údarás Craolacháin na hÉireann. Bhí sí ina Stiúrthóir Straitéise agus Gnóthaí Seachtracha ag Vodafone agus ina ball de Bhord Feidhmiúcháin Vodafone Ireland.

## Bord Uisce Éireann
*(ar lean)*



### Cathy Mannion
Comhalta boird

**Ceapachán:**
1 Eanáir 2023

**Tionacht:**
5 bliana

**Taithí gairme:**
Tá taithí ag Cathy sa rialachán eacnamaíoch mar gheall go mbaineann sé leis an eitlíocht, uisce, leictreachas agus gás. Faoi láthair, tá sí ina cathaoirleach ar an gComhlacht Athbhreithnithe Feidhmíochta; ag tabhairt cúnamh don Choimisiún Eorpach chun feidhmíocht na soláthróirí monaplachta seirbhísí aerloingseoireachta arna n-ainmniú ag na Ballstáit a rialáil agus a dhreasú. Bhí Cathy ina Coimisinéir um Rialáil Eitlíochta in Éirinn, agus ina hÚdarás Maoirseachta Náisiúnta um rialáil eacnamaíoch na seirbhísí aerloingseoireachta go dtí deireadh 2021. D'oibrigh Cathy roimhe seo sa Choimisiún um Rialáil Fóntais agus bhí sí freagrach as creat rialála eacnamaíoch a bhunú do sheirbhísí uisce agus as beartas a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm maidir le roinnt mhaith gnéithe de mhargaí fuinnimh na hÉireann, lena n-áirítear taraifí agus rialáil eacnamaíoch líonraí leictreachais agus gáis. Tá BA Mod (Hons) aici san Eacnamaíocht agus Riarachán Gnó ó Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, chomh maith le MBA ó Ollscoil na Banríona, Béal Feirste agus Dioplóma sa Rialachas Corparáideach ón gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath.



### Michael Walsh
Comhalta boird

**Ceapachán:**
1 Eanáir 2023

**Tionacht:**
5 bliana

**Taithí gairme:**
Tá taithí os cionn tríocha bliain ag Michael mar stiúrthóir neamh-fheidhmiúcháin, feidhmiúchán sinsearach agus dlíodóir tráchtála sa tionscal léasaithe agus maoinithe eitleán. Ina theannta sin, ó 2003 go 2005, bhí sé ina Phríomhoifigeach Dlí ar Bhord Gais Éireann. Ó 1986 go 1989, bhí Michael ina thaidhleoir i Seirbhísí Taidhleoireachta na hÉireann. Tá Michael ina Chathaoirleach de Chomhlacht Chuideachta Phort na Sionainne agus Fhainge agus mar stiúrthóir neamh-feidhmiúcháin faoi láthair le AerCap Holdings N.V., an ceannaire tionscail sa léas eitlíochta, atá liostaithe ar Stocmhalartán Nua-Eabhrac. Is comhalta é Michael den Choiste Feidhmiúcháin Iontaobhas cathartha freisin agus bhí sé ina stiúrthóir neamh-feidhmiúcháin roimhe sin, lena n-áirítear cathaoirleach roinnt cuideachtaí a mhaoiníonn agus a léasaíonn eitleáin agus traenacha ar fud an domhain. Is Abhcóide agus céimí dlí é Michael ó Choláiste na hOllscoile, Corcaigh.

**Ceapacháin sheachtracha:**
AerCap Holdings N.V.
Comhlacht Calafoirt na Sionainne - Fhainge



### Michael Nolan
Comhalta boird

**Ceapachán:**
20 Eanáir 2024

**Tionacht:**
5 bliana

**Taithí gairme:**
Ceapadh Michael ar Bhord Uisce Éireann i mí Eanáir 2024. Bhí Michael ina POF ar Bhonneagar Iompair Éireann ó 2015 go 2020, agus roimhe sin bhí poist aige mar Cheannasaí ar Mhórthionscadail agus ar Chláir Caipitil ag an Údarás um Bóithre Náisiúnta. Roimhe seo, bhí poist údaráis áitiúil ag Michael, lena n-áirítear tionscadail mhótarbhealaigh idiruirbeacha a bhainistiú. Áirítear lena cheapacháin sheachtracha Stiúrthóir neamhfheidhmiúcháin ar ESB Networks DAC agus Cathaoirleach Ghrúpa Comhairleach um Mórthionscadail (MPAG). Is é ról an MPAG ná cabhrú leis an Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóirithe na Seirbhíse Poiblí agus Digitithe i gcur i bhfeidhm na dTreoirlínte Bonneagair sula ndéanann an Rialtas breithniú ar mholtaí móra infheistíochta poiblí. Iarchéimí innealtóir sibhialta de chuid Ollscoil na Gaillimhe is ea Michael agus tá MSc aige i mBainistíocht Clár Mór ó Ollscoil Oxford. Is Innealtóir Cairte agus Comhalta d'Innealtóirí na hÉireann é.

**Ceapacháin sheachtracha:**
ESB Networks DAC, Ball de Bhord Clár BusConnects don Údarás Náisiúnta Iompair.
Cathaoirleach ar an nGrúpa Comhairleach um Mórthionscadail don Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóirithe na Seirbhíse Poiblí agus Digitithe.



## Douglas Millican
Comhalta boird

**Ceapachán:**
12 Deireadh Fómhair 2024

**Tionacht:**
3 bliana

**Taithí gairme:**
Is stiúrthóir neamhfheidhmiúcháin é Douglas le heagraíochtaí a dhíríonn ar shochar poiblí nó pobail a sheachadadh nuair a thugann sé a thaithí ar cheannaireacht, rialachas, bainistíocht straitéiseach airgeadais, inbhuanaitheacht comhshaoil, agus athrú i dtimpeallachtaí atá dírithe ar an gcustaiméir agus i dtimpeallachtaí ard-rialaithe. D'oibrigh Douglas san earnáil uisce in Albain ar feadh 27 bliain, agus bhí ról lárnach aige ina athrú chun feabhais. Bhí sé ina Phríomhfheidhmeannach ar Scottish Water ar feadh breis agus 10 mbliana go dtí an bhliain 2023 tar éis dó a bheith ina Stiúrthóir Airgeadais agus Rialála roimhe sin ó cruthaíodh Scottish Water in 2002.

Is cathaoirleach é Douglas ar World Vision UK, tá sé mar Chomalta Cúirte ar Ollscoil Dhún Éideann, áit a bhfuil sé ina chathaoirleach ar an gCoiste um Iniúchóireacht agus Riosca, is comhalta tuata é den General Medical Council sa Ríocht Aontaithe agus is Comhalta Boird é de Bhord na Straitéise Náisiúnta um Athrú Eacnamaíochta Chun Feabhais a Sheachadadh de chuid Rialtas na hAlban.

Is céimí de chuid Ollscoil Dhún Éideann é Douglas agus is comhalta é den Institute of Chartered Accountants of Scotland.

**Ceapacháin sheachtracha:**
Ollscoil Dhún Éideann, General Medical Council, World Vision UK, Bord na Straitéise Náisiúnta um Athrú Eacnamaíochta Chun Feabhais a Sheachadadh de chuid Rialtas na hAlban.



## Paul Reid
Comhalta boird

**Ceapachán:**
16 Iúil 2024

**Tionacht:**
4 bliana

**Taithí gairme:**
Tá ról curtha i gcrích ag Paul le deireanas mar Chathaoirleach Neamhspleách ar Thionól na Saoránach maidir le Drugaí. Is comhairleoir straitéiseach gnó é i láthair na huaire. Bhí róil shinsearacha agus feidhmiúcháin ag Paul cheana sna hearnálacha príobháideacha, seachbhrabúsach, an rialtais láir agus na sláinte. Áirítear i measc na ról sin POF Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, ó Bhealtaine 2019 go dtí Nollaig 2022. Le linn na tréimhse sin, rinne sé an tseirbhís sláinte a stiúradh trí phaindéim dhomhanda Covid-19 agus trí chibearionsaí coiriúil a bhféadfadh impleachtaí tromchúiseacha a bheith aige. Anuas ar an méid sin, rinne sé sraith leasaithe a chur i bhfeidhm.

Bhí Paul ina Phríomhfheidhmeannach ar Chomhairle Contae Fhine Gall, ceann de na húdaráis áitiúla is mó in Éirinn, ó 2014 go dtí 2019. Roimhe sin, bhí sé ina Phríomhoifigeach Oibriúcháin sa Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus chaith sé tréimhse mar Stiúrthóir ar Chúrsaí Corparáideacha le Trócaire. Chaith sé cuid mhaith dá shaol oibre (1982-2010) san earnáil phríobháideach mar Stiúrthóir Feidhmiúcháin le eir (Eircom Teoranta). Tá Máistreacht ag Paul sa Riarachán Gnó ó Choláiste na Tríonóide agus tá Céim Bhaitsiléara aige in Acmhainní Daonna agus i gCaidreamh Tionsclaíoch le Coláiste Náisiúnta na hÉireann. Tá comhaltachtaí faighte aige ó Choláiste Náisiúnta na hÉireann agus ó Choláiste Uí Ghríofa.

**Ceapacháin sheachtracha:**
Comhairleoir straitéiseach gnó le Covalen, Cathaoirleach Bhord Ashdale Care (Éire)

# Tuarascáil an Bhoird

## An Ráiteas Rialachais

Cuireann Bord Uisce Éireann ("an Bord") Tuarascáil an Bhoird don bhliain airgeadais dar críoch 31 Nollaig 2024 i láthair.

Corpraíodh Uisce Éireann ("an Chuideachta") i mí Iúil 2013 de bhun an Achta Seirbhísí Uisce 2013. Is Cuideachta Gníomhaíochta Ainmnithe é Uisce Éireann faoi theorainn scaireanna le Bunreacht (Meabhrán agus Airteagail Chomhlachais) i gcomhréir le hAcht na gCuideachtaí 2014. Is fóntas rialáilte é Uisce Éireann, atá á rialú go heacnamaíoch ag an gCoimisiún um Rialáil Fóntais agus á rialú ag an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil.

Tar éis fhógra an Rialtais in 2018, go mbeadh Uisce Éireann ina fhóntas neamhspleách, faoi úinéireacht phoiblí, tráchtála agus rialáilte agus nach mbeadh sé ina fhochuideachta de chuid Ghrúpa Ervia a thuilleadh, scar Uisce Éireann go dlíthiúil ó Ervia le héifeacht ón 01 Eanáir 2023.

Le linn 2024, chomhlíon Uisce Éireann forálacha an Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú ("an Cód"), de reir mar a bhaineann sé le haonán stát-tionscanta tráchtála. I gcomhréir le foráil 1.9 de na Riachtanais um Thuairisciú Gnó agus Airgeadais arna leagan amach sa Chód,tuairiscíonn Uisce Éireann chuig an Aire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta ("an tAire") maidir lena ghéilliúlacht don Chód.

## Ráiteas Comhlíontachta na Stiúrthóirí

Aithníonn an Bord gurb é an Bord atá freagrach as a áirithiú go bhfuil a cuid oibleagáidí ábhartha de réir Alt 225 in Acht na gCuideachtaí 2014 á gcomhlíonadh ag an gCuideachta.

Tá an Bord den tuairim go bhfuil na beartais, na struchtúir agus na socruithe atá i bhfeidhm ag an gCuideachta oiriúnach chun a chur ar chumas na Cuideachta, comhlíontacht ábhair a áirithiú i ndáil le hoibleagáidí ábhartha. Tá "oibleagáidí ábhartha" na Cuideachta sainaitheanta sa Ráiteas Beartais um Chomhlíontacht agus sa Mhaitrís Chomhlíontachta lena mbaineann, ina n-aithnítear na príomhghníomhartha agus seiceálacha nach mór a bheith i bhfeidhm. Tá an Ráiteas Beartais um Chomhlíontacht seo curtha in iúl do bhainisteoirí sinsearacha uile na Cuideachta chun comhlíonadh leanúnach agus láidir a chinntiú. Rinne an Bord athbhreithniú i lár agus ag deireadh na bliana airgeadais ar na socruithe agus struchtúir a bhí ann don bhliain 2024 d'fhonn comhlíontacht ábhair na cuideachta lena hoibleagáidí ábhartha a áirithiú.

Ós rud é gur próiseas dinimiciúil é an comhlíonadh a mbíonn an-chuid beartas agus nósanna imeachta mar chuid de, tá tiomantas ón mBord agus ón mbainistíocht shinsearach agus tacaíocht ó na fostaithe, na conraitheoirí agus na gníomhairí go léir ríthábhachtach ionas go mbeidh an beartas éifeachtach. Tá an Bord tiomanta do thimpeallacht a chothú ag leibhéal an Bhoird agus ar fud na Cuideachta, ina n-ardófar feasacht ar aidhmeanna an Ráitis ar Bheartas Comhlíontachta, ina léireofar meas air agus ina chuirfear a aidhmeanna chun cinn.

## Ról agus freagrachtaí an Bhoird

Is é ról an Bhoird ceannaireacht agus treoir a sholáthar don Chuideachta agus dea-rialachas a chinntiú ar fud Uisce Éireann laistigh de chreatlach rialaithe atá stuama agus éifeachtach. Déanann an Bord an tasc seo trí dhúshlán a thabhairt d'fheidhmíocht ar bhealach tairbheach agus trí thacú le moltaí a fhorbairt maidir le straitéis. Leagtar amach sa Chreat Rialachais sceideal foirmiúil na nithe atá forchoimeádta do Bhord Uisce Éireann (a bhfuil cuid acu faoi réir cheadú an Aire).

Is é an Feidhmeannas a dhéanann riarachán laethúil na cuideachta, faoi bhainistíocht an POF, i comhréir leis na spriocanna straitéiseacha agus na doiciméid beartais atá faofa ag an mBord agus laistigh de thimpeallacht rialaithe stuama agus éifeachtach. Déantar cinntí oibriúcháin agus airgeadais agus aird á tabhairt ar na spriocanna atá socraithe ag an mBord a bhaint amach, ag féachaint d'oibleagáidí reachtúla Uisce Éireann agus ionchais na scairshealbhóirí.

**Áirítear an méid seo a leanas le Sceideal na nithe atá forchoimeádta le haghaidh cheadúnú ón Bord mar atá leagtha amach i gCreat Rialachais Uisce Éireann:**

- Buiséid Bhliantúla, Straitéis Chorparáideach agus Scórchárta Ualaithe.
- Doiciméid thábhachtacha beartais a bhfuil tábhacht straitéiseach ag baint leo a eisiúint le haghaidh comhairliúcháin.
- Maoirseacht a dhéanamh ar fheidhmíocht maidir le Sláinte agus Sábháilteacht.
- Gan dochar do thoscaireachtaí áirithe, caiteachas ar fad i ndáil le tionscadail infheistíochta agus caipitil agus faomhadh mórthéarmaí conartha mar a cheanglaítear leis na Treoirlínte Bonneagair agus leis na Treoirlínte a Bhaineann go Sonrach le hEarnáil an Uisce.
- Tuarascáil Bhliantúil agus Ráitis Airgeadais Bhliantúla.
- Iniúchóir seachtrach a cheapadh/a bhaint.
- Cúrsaí an chisteáin.
- Spriocanna maidir le Gníomhú ar son na hAeráide agus Inbhuanaitheacht a cheadú agus maoirseacht a dhéanamh ar thuairisciú inbhuanaitheachta.
- Leasuithe suntasacha ar an scéim pinsin.
- Téarmaí fostaíochta an lucht bainistíochta sinsearaí.
- Cód Iompair Gnó, Beartas Bainistithe Riosca Eagraíochtúil, Beartas Frithchalaoise, Polasaí um Nochtaí Cosanta agus an Polasaí Frith-Bhreabaireachta agus Frith-Éillithe.
- Na nithe go léir a éilíonn faomhadh ón Aire.
- Ionchúisimh choiriúla maidir le neamhchomhlíonadh ceadúnais eisiltigh trádála nó aon fhoráil a bhaineann le hAchtanna um Sheirbhísí Uisce 2007 go 2022.

**Ar na hábhair arna bhreithniú ag an mBord i rith na bliana 2024 tá an méid a leanas:**

- Faomhadh Bhuiséad Bhliantúil 2023.
- Faomhadh Bhuiséad Bhliantúil 2025.
- Faomhadh Mhéadrachtaí Scórchláir Chomhardaithe 2024 agus monatóireacht arsprioc-éachtaí.
- Dréachtphlean Straitéiseach do Sheirbhísí Uisce 2050.
- Plean Maoinithe Straitéiseach 2025-2029.
- Nuashonrú míosúil airgeadais agus oibríochtaí agus réamhaisnéis ráithiúil.
- Faomhadh buiséad le haghaidh cláir chaipitil agus caiteachas caipitiúil.
- Nuashonruithe Ráithiúla Riosca.
- Aicmiú Riosca a cheadú, Dúil Riosca agus Straitéis Eagraíochtúil Riosca 2025-2029.
- Nuashonruithe míosúla Sábháilteachta chomh maith le hathbhreithniú leathbhliantúil mion agus domhain.
- Nuashonruithe ráithiúla ar shócmhainní criticiúla.
- Nuashonruithe faoin Tionscadal Soláthar Uisce agus faoi Thionscadal Draenála Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath.
- Cur i láthair straitéise.
- Nuashonruithe ar Rialú Ioncaim 4 agus 3.
- Breithniú ar Ráiteas Bheartais Chomhlíontachta an Stiúrthóra.
- Athbhreithniú ar éifeachtúlacht na rialaithe inmheánacha.
- Nuashonruithe maidir le feidhmíocht sceite agus bearta i dtaobh uasmhéadú soláthair.
- Maoirseacht ar bhearta riosca Cibearshlándála.
- Taraifí tráchtála agus taraifí eisilteach tráchtála a mheas.
- Athbhreithniú ar Éifeachtúlacht an Bhoird.
- Faomhadh leasuithe ar dhoiciméid Rialachais Corparáideacha lena n-áirítear an Creat Rialachais agus Téarmaí Tagartha an Bhoird agus an Choiste.

**Tuarascáil an bhoird**
*(ar lean)*

## Ráiteas ar Fhreagrachtaí na Stiúrthóirí don Tuarascáil Bhliantúil agus do na Ráitis Airgeadais

Tá an Bord freagrach as Tuarascáil na Stiúrthóirí agus na ráitis airgeadais a ullmhú de réir Acht na gCuideachtaí 2014 agus na rialachán is infheidhme. Tá na Stiúrthóirí freagrach as cothabháil agus sláine na faisnéise corparáidí agus airgeadais atá ar shuíomh gréasáin na Cuideachta www.water.ie. Tá an reachtaíocht in Éirinn maidir le hullmhúchán agus scaipeadh Ráitis Airgeadais éagsúil ón reachtaíocht i ndlínsí eile.

Ceanglaíonn dlí cuideachtaí na hÉireann ar na Stiúrthóirí ráitis airgeadais a ullmhú maidir le gach uile bhliain airgeadais. Tá cinneadh déanta ag na Stiúrthóirí faoin dlí, na ráitis airgeadais a ullmhú de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Thuairisciú Airgeadais, mar atá glactha ag an Aontas Eorpach ("creat ábhartha um thuairisciú airgeadais"). Faoi dhlí na gcuideachtaí, níl cead ag na stiúrthóirí na ráitis airgeadais a fhaomhadh go dtí go bhfuil siad sásta go dtugann siad léargas ceart agus cóir ar shócmhainní, dliteanais agus staid airgeadais na Cuideachta amhail ar dháta dheireadh na bliana airgeadais, agus ar bhrabús nó caillteanas na Cuideachta sa bhliain airgeadais, agus go gcloíonn siad ar gach bealach eile le hAcht na gCuideachtaí 2014.

Agus na ráitis airgeadais sin á n-ullmhú, tá sé de dhualgas ar na Stiúrthóirí na nithe seo a leanas a dhéanamh:

- Beartais chuntasaíochta oiriúnacha a roghnú do ráitis airgeadais na Cuideachta agus iad a chur i bhfeidhm go seasta.
- Breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá stuama réasúnta.
- A lua cé acu ar ullmhaíodh nó nár ullmhaíodh na ráitis airgeadais i gcomhréir leis na caighdeáin chuntasaíochta is infheidhme, na caighdeáin sin a aithint, agus aird a thabhairt ar chúiseanna imeachta ábhartha ar bith ó na caighdeáin sin agus aon tionchar gaolmhar a bhí aige.
- Na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh ach amháin má tá sé míchuí glacadh leis go leanfaidh an Chuideachta i mbun gnó.

Tá na Stiúrthóirí freagrach as a chinntiú go gcoinníonn an Chuideachta taifid chuntasaíochta leordhóthanacha nó go gcoinnítear ar a son iad, ina mínítear agus ina dtaifeadtar idirbhearta na Cuideachta i gceart, agus a ligeann do shócmhainní, dliteanais, staid airgeadais agus brabús/caillteanas na Cuideachta a bheith deimhnithe go réasúnta cruinn, agus a chuireann ar chumas na Cuideachta a chinntiú go gcloíonn na ráitis airgeadais agus tuarascáil an Stiúrthóra le hAcht na gCuideachtaí 2014, agus a ligean do na ráitis airgeadais a bheith iniúchta. Tá siad freagrach chomh maith as sócmhainní na Cuideachta a chosaint agus as bearta réasúnta a dhéanamh dá bharr chun calaois agus neamhrialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

# Forbhreathnú an Bhoird

## Comhdhéanamh, ceapadh agus atoghadh an Bhoird

Tá struchtúr an Bhoird forordaithe de réir reachta, dá bhforáiltear in Alt 6A den Acht um Sheirbhísí Uisce 2013. Líontar folúntais Boird i gcomhréir leis na Treoirlínte maidir le Ceapacháin chuig Boird Stáit. Téann an Cathaoirleach i dteagmháil leis an Aire roimh phróiseas cheapacháin an Bhoird faoi na sainscileanna agus éagsúlacht atá á n-éileamh ag an mBord.

Foráiltear an méid seo a leanas le hAlt 6A den Acht um Sheirbhísí Uisce 2013:

- Beidh níos mó ná 5 ach nach mó ná 10 Comhaltaí ar an mBord.
- Ceapann an tAire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta Comhaltaí Boird le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóirithe na Seirbhíse Poiblí agus Digitithe.
- Ainmneoidh Comhdháil na gCeardchumann Comhalta Boird amháin.
- Beidh an POF mar Chomhalta Boird de bhrí oifige den Chuideachta.

Is féidir breathnú ar phróifílí iomlána bhaill reatha an Bhoird sa rannóg Bord Uisce Éireann.

Chuaigh téarma oifige Tony Keohane, Cathaoirleach an Bhoird, in éag an 21 Meitheamh 2024 agus ceapadh Jerry Grant mar Chathaoirleach ar an 16 Iúil 2024.

Chuaigh téarma oifige an chomhalta den Bhord Fred Barry in éag ar an 19 Eanáir 2024, chuaigh téarma oifige an chomhalta den Bhord Christopher Banks in éag ar an 21 Meitheamh 2024, agus d'éirigh an comhalta den Bhord Liz Joyce as ar an 11 Deireadh Fómhair 2024. Ceapadh Michael Nolan ar an mBord le héifeacht ón 20 Eanáir 2024, agus ceapadh Paul Reid ar an mBord le héifeacht ón 16 Iúil 2024 agus ceapadh Douglas Millican le héifeacht ón 12 Deireadh Fómhair 2024.

Mar Chathaoirleach an Bhoird, tá Jerry Grant freagrach as an mBord a threorú agus as éifeachtúlacht agus rannpháirtíocht iomlán gach Comhalta Boird a chinntiú.

Tá Rúnaí na Cuideachta, Richard O'Sullivan, freagrach as a chinntiú go gcomhlíontar nósanna imeachta an Bhoird agus as comhairle a chur ar an mBord, tríd an gCathaoirleach, faoi chúrsaí rialachais i gcoitinne.

Tá cothromaíocht chuí scileanna, taithí agus eolais ag an mBord ar an gCuideachta le gur féidir leis a chuid dualgas agus freagrachtaí a chomhlíonadh go héifeachtach. Tá sé mór go leor le déanamh cinnte gur féidir leas a bhaint mar is cuí as an gcothromaíocht scileanna agus an taithí sin agus gur féidir athruithe ar bhallraíocht an Bhoird a láimhseáil gan cur isteach iomarcach a chruthú.

Is faoin Aire atá athcheapacháin chuig an mBord, tar éis do théarma oifige Comhalta Boird dul in éag, agus déantar iad tríd an tSeirbhís Ceapacháin Phoiblí.

## Ionduchtú agus forbairt Stiúrthóirí nua

Nuair a cheaptar iad, faigheann Comhaltaí Boird doiciméid mhionsonraithe faisnéise, chomh maith le heolas rialachais, airgeadais agus oibriúcháin, agus an deis faisnéis a fháil ón bhfoireann Feidhmiúcháin maidir le gnéithe éagsúla ghnó na Cuideachta. Téann Rúnaí na Cuideachta i dteagmháil le Comhaltaí an Bhoird maidir lena riachtanais shainiúla, amhail freastal ar chomhdhálacha, ar chúrsaí agus ar sheimineáir ghréasáin a bhaineann leis an ngnó nó ar chruinnithe faisnéise ón mbainistíocht maidir le hábhair ar leith.

## Neamhspleáchas

Tá 9 Stiúrthóirí Neamh-fheidhmiúcháin neamhspleácha agus 1 Stiúrthóir Feidhmiúcháin ar Bhord Uisce Éireann.

Ceanglaítear ar Chomhaltaí Boird, i gcomhréir le forálacha an Chóid Cleachtais, aon leas ábhartha a chur in iúl agus chun fanacht glan amach as plé an Bhoird i gcás ina bhfuil leas díreach nó indíreach acu.

## Tuarascáil an bhoird
*(ar lean)*

# Forbhreathnú an Bhoird (ar lean)

### Luach saothair, costais agus tinreamh an Bhoird

Tá Comhaltaí Neamhfheidhmiúcháin an Bhoird i dteideal táillí, ar scála arna chinneadh ag an Aire. Tá luach saothair POF Uisce Éireann leagtha amach don bhliain 2024 i nóta 3 de na ráitis airgeadais. Tá achoimre ar sceideal tinrimh ag cruinnithe Boird in 2024 thíos.

| Ball Boird | Luach Saothair (€) | Costais (€) | An Bord (i láthair/ incháilithe) | Coiste Iniúchóireachta agus Riosca (i láthair/ incháilithe) | An Coiste Infheistíochta, Bonneagair agus Inbhuanaitheachta (i láthair/incháilithe) | An Coiste Cláir um Athrú Chun Feabhais Uisce Éireann (i láthair/ incháilithe) | An Coiste Luach Saothair (i láthair/incháilithe) |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Jerry Grant (Cathaoirleach an Bhoird) (arna cheapadh 16 Iúil 2024)[1] | 14,538 | | 5/5 | - | 4/5 | - | 2/2 |
| Tony Keohane (Cathaoirleach an Bhoird) (Téarma Oifige in éag an 21 Meitheamh 2024)[1] | 15,144 | - | 6/6 | - | - | - | 4/4 |
| Christopher Banks (Téarma Oifige in éag an 21 Meitheamh 2024)[1] | 7,572 | 348 | 5/6 | - | 5/5 | 4/4 | - |
| Fred Barry (Téarma Oifige in éag an 19 Eanáir 2024)[1] | 909 | | 0/1 | - | - | - | - |
| Gerry Britchfield | 15,750 | 2,657 | 11/11 | 8/8 | - | - | 6/6 |
| Niall Gleeson (POF)[2] | - | | 10/11 | - | 11/11 | 6/7 | - |
| Liz Joyce (éirithe as an11 Deireadh Fómhair 2024)[1] | 12,358 | - | 8/8 | - | - | 6/6 | 5/5 |
| Patricia King[3] | - | - | 11/11 | - | - | 7/7 | 6/6 |
| Eileen Maher | 15,750 | - | 11/11 | 8/8 | - | - | 6/6 |
| Cathy Mannion | 15,750 | - | 11/11 | 8/8 | 11/11 | - | - |
| Douglas Millican ceaptha an 12 Deireadh Fómhair 2024)[1] | 3,473 | 138 | 3/3 | | - | 1/1 | - |
| Michael Nolan (arna cheapadh 20 Eanáir 2024)[1] | 14,841 | - | 10/10 | | 11/11 | 7/7 | - |
| Paul Reid (arna cheapadh an 16 Iúil 2024)[1] | 7,269 | - | 5/5 | | - | 3/3 | 1/1 |
| Michael Walsh | 15,750 | - | 11/11 | 8/8 | 11/11 | - | - |

Nótaí:
1 Clúdaíonn an táille an chuid den bhliain ó dháta an cheapacháin go dtí deireadh an cheapacháin.
2 Ní bhfuair sé táille Boird de réir na dTreoirlínte maidir le Conarthaí, Luach Saothair agus Coinníollacha Eile na bPríomhfheidhmeannach agus na Bainistíochta Sinsearaí de Chomhlachtaí Stáit Tráchtála.
3 Tarscaoileadh táille an Bhoird ar bhonn lánroghnach.
4 Costais á n-éileamh go díreach ag Comhalta Boird.

## Coistí Boird

I rith 2024, tugadh cuidiú don Bhord a chuid oibleagáidí a chomhlíonadh ó go ndearnadh róil agus freagrachtaí áirithe a tharmligean chuig na ceithre Choiste seo a leanas:

- Coiste Iniúchóireachta agus Riosca
- An Coiste Infheistíochta, Bonneagair agus Inbhuanaitheachta
- An Coiste Cláir um Athrú Chun Feabhais Uisce Éireann
- An Coiste Luach Saothair

Chabhraigh na Coistí leis an mBord trí shaincheisteanna gnó, oibriúcháin agus airgeadais a bhreithniú. Tá na feidhmeanna sonracha a tharmligtear chuig gach Coiste leagtha amach ina gcuid Téarmaí Tagartha, ar a ndéantar athbhreithniú agus faomhadh ar bhonn bliantúil. Tar éis gach cruinnithe, tugann na Coistí tuairisc don Bhord maidir leis na cúrsaí a thagann faoina sainchúram.

Tá tinreamh ag cruinnithe Coiste leagtha amach sa tábla 'Luach Saothair, Costais agus Tinreamh an Bhoird'.

## Inscne na Foirne Boird agus Feidhmiúcháin




| Coiste | Ballraíocht i rith na bliana 2024 | Téarmaí Tagartha |
|---|---|---|
| **An Coiste Infheistíochta, Bonneagair agus Inbhuanaitheachta** | Michael Nolan *(Cathaoirleach ó Mheitheamh 2024)*<br>Chris Banks *(Cathaoirleach go dtí Meitheamh 2024)*<br>Niall Gleeson<br>Jerry Grant *(ó mhí Iúil 2024)*<br>Cathy Mannion<br>Michael Walsh | Comhairle a chur ar an mBord faoi na nithe go léir a bhaineann le tionscadail agus cláir caipitil, chomh maith le deiseanna forbartha agus inbhuanaitheachta.<br>Bhuail an Coiste le chéile 11 uair i rith na bliana 2024. |
| **An Coiste Luach Saothair** | Eileen Maher*(Cathaoirleach)*<br>Gerard Britchfield<br>Jerry Grant *(ó mhí Iúil 2024)*<br>Liz Joyce *(go dtí Deireadh Fómhair 2024)*<br>Tony Keohane *(go dtí Meitheamh 2024)*<br>Patricia King<br>Paul Reid *(ó Dheireadh Fómhair 2024)* | Comhairle a chur ar an mBord faoi Luach Saothair an POF (ag féachaint do riachtanais dhlíthiúla agus rialála an Chóid Cleachtais), Luach Saothair na Bainistíochta Sinsearaí, comharbais ceannaireachta a phleanáil agus a fhorbairt, samhail phá na cuideachta, scórchlár cothromaithe, cúrsaí pinsin agus nithe a bhaineann leis an mbearna phá idir na hinscní.<br>Bhuail an Coiste le chéile 6 huaire i rith na bliana 2024. |

**Tuarascáil an Bhoird**
*(ar lean)*

## Forbhreathnú an Bhoird (ar lean)

| Coiste | Ballraíocht i rith na bliana 2024 | Téarmaí Tagartha |
|---|---|---|
| **An Coiste Cláir um Athrú Chun Feabhais Uisce Éireann** | Paul Reid *(ó mhí Iúil 2024 agus Cathaoirleach ó Dheireadh Fómhair 2024)*<br><br>Liz Joyce *(Cathaoirleach go dtí Deireadh Fómhair 2024)*<br><br>Chris Banks *(go dtí Meitheamh 2024)*<br><br>Niall Gleeson<br><br>Patricia King<br><br>*Douglas Millican (ó Dheireadh Fómhair 2024)*<br><br>Michael Nolan | Comhairle a chur ar an mBord faoi na nithe go léir (is é sin, dlí, sábháilteacht, rialachas, airgeadais, eispéireas custaiméara agus seirbhís oibríochtaí) a bhaineann le cuntasacht agus seachadadh seirbhísí uisce agus bainistiú díreach ar aon fhoireann seirbhísí uisce a aistriú ó Údaráis Áitiúla go Uisce Éireann.<br><br>Bhuail an Coiste le chéile 7 n-uaire i rith na bliana 2024. |
| **Coiste Iniúchóireachta agus Riosca** | Gerry Britchfield *(Cathaoirleach)*<br><br>Eileen Maher<br><br>Cathy Mannion<br><br>Michael Walsh | Comhairle a chur ar an mBord faoi nithe a bhaineann leis na ráitis airgeadais, rialuithe inmheánacha, riosca, iniúchóireacht inmheánach, iniúchóireacht sheachtrach agus nithe eile lena n-áirítear An Treoir maidir le Tuairisciú Inbhuanaitheacht Chorparáideach agus beartais a bhaineann le heitic Uisce Éireann.<br><br>Bhuail an Coiste le chéile 8 n-uaire i rith na bliana 2024.<br><br>Tagann Tuarascáil Mhionsonraithe ón gCoiste i ndiaidh Thuarascáil an Bhoird. |

### Éifeachtúlacht an Bhoird

Rinne an Bord meastóireacht ar a fheidhmíocht féin agus ar fheidhmíocht a chuid Coistí i mí na Samhna 2024. Tá na réimsí feidhmíochta a ndearnadh measúnú orthu ag teacht leis an gceistneoir meastóireachta dá bhforáiltear sa Chód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú.

Déanfar meastóireacht sheachtrach ar an mBord in 2025 i gcomhréir leis an tréimhse ama 3 bliana atá sonraithe sa Chód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú.

### Caidreamh le scairshealbhóirí

Tá gnáthscair amháin de €1.00 ag an Aire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta agus tá 99 gnáthscair de €1.00 ag an Aire Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóirithe na Seirbhíse Poiblí agus Digitithe.

I gcomhréir leis an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú, d'eisigh an tAire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta Litir Ionchais Scairshealbhóirí chuig Uisce Éireann i mí Aibreáin 2023. Tugann an litir treoir don Bhord maidir le cuspóirí reatha an Rialtais d'Uisce Éireann chomh maith leis na socruithe rialachais atá i bhfeidhm. Táthar ag súil go ndéanfar nuashonrú air gach dara bliain ar a laghad. Is é an Cathaoirleach a choinníonn an tAire ar an eolas faoi nithe a thagann chun cinn.

## Nochtuithe éilithe ag an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú

Tá an Bord freagrach as a chinntiú go bhfuil Uisce Éireann tar éis riachtanais an Chóid a chomhlíonadh. Éilíonn an Cód na nochtuithe seo a leanas:

### Anailís ar shochair fostaithe

Tá sonraí maidir le líon na bhfostaithe a bhfuil sochair iomlána fostaithe acu (gan costais phinsin an fhostóra san áireamh) don bhliain airgeadais do gach banda de €25,000 ó €50,000 ar aghaidh leagtha amach thíos.

| | 2024 | 2023 |
|---|---|---|
| €50,000-€75,000 | **700** | 501 |
| €75,001-€100,000 | **419** | 332 |
| €100,001-€125,000 | **244** | 206 |
| €125,001-€150,000 | **102** | 71 |
| €150,001-€175,000 | **35** | 34 |
| €175,001-€200,000 | **22** | 17 |
| €200,001-€225,000 | **9** | 5 |
| €225,001-€250,000 | **5** | 9 |
| €250,001-€275,000 | **4** | 2 |

Nóta: Tá gach sochar fostaí gearrthéarma maidir le seirbhísí a tugadh le linn na tréimhse tuairiscithe ináirithe sa nochtadh thuas. Féach ar Nóta 4 de na Ráitis Airgeadais i gcomhair anailís bhreise ar na sochair éagsúla atá ináirithe.

Rinneadh earcaíocht shuntasach le linn 2024 chun Uisce Éireann a athrú ó bhonn i gcomhréir leis an gCreat maidir le Seirbhísí Uisce a Sheachadadh in Éirinn sa Todhchaí, creat a dhéanfaidh aistriú sheirbhísí uisce ó na hÚdaráis Áitiúla go hUisce Éireann a sheachadadh.

Cuimsítear le samhail phá Uisce Éireann, samhail atá bunaithe ar an margadh agus a bhaineann le feidhmíocht, dhá eilimint, is iad sin bunphá agus íocaíocht a bhaineann le feidhmíocht (áirítear sa nochtadh thuas íocaíochtaí a íocadh in 2024). Déantar feidhmíocht a mheas i gcoinne cuspóirí aonair agus cuspóirí corparáideacha trí phróiseas scórchláir comhardaithe. Rinne Uisce Éireann íocaíochtaí bunaithe ar fheidhmíocht le 2,244 fostaí in 2025 i leith 2024. Bhí na híocaíochtaí sin faofa ag Bord Uisce Éireann i mí Eanáir 2025. B'ionann na híocaíochtaí seo, ina gcomhiomlán, agus €13,082,158. B'ionann an mheáníocaíocht agus €5,830. Mar thoradh ar threoir ón rialtas in 2011, níl rochtain ag an POF ar íocaíocht dámhachtana a bhaineann le feidhmíocht, agus mar sin ní dhearnadh aon íocaíochtaí den sórt sin leis an POF.

## Tuarascáil an Bhoird
*(ar lean)*

# Nochtuithe atá de dhíth ar an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (ar lean)

### Costais shainchomhairleoireachta
Áirítear le costais shainchomhairleoireachta an costas a thabhaítear go díreach ó chomhairle sheachtrach. Is mar seo a leanas a dhéantar costais sainchomhairleoireachta a shainmhíniú: ceapacháin a sholáthróidh seirbhísí intleachtúla nó seirbhísí atá bunaithe ar shaineolas (m.sh. anailís agus comhairle ó shaineolaithe) trí thuarascálacha, staidéir, measúnuithe, moltaí, tograí, srl., a chabhróidh le cinnteoireacht nó ceapadh beartas in údarás conraitheoireachta agus é sin ar feadh tréimhse theoranta ama chun tasc ar leith a chur i gcrích. Ní áirítear leo gnáthfheidhmeanna oibre atá á seachfhoinsiú.

| | 2024 €'000 | 2023 €'000 |
|---|---|---|
| Comhairle Dlí | **121** | 112 |
| Comhairle airgeadais | **776** | 418 |
| • Sainchomhairle airgeadais rialála | ***435*** | 201 |
| • Sainchomhairle seirbhísí airgeadais | ***277*** | 143 |
| • Sainchomhairle airgeadais eile | ***64*** | 74 |
| Acmhainní daonna | **487** | 353 |
| • Sainchomhairle a bhaineann le pinsean | ***354*** | 251 |
| • Sainchomhairle AD eile | ***133*** | 102 |
| Feabhsú/ athrú gnó | **1,591** | 1,722 |
| • Sainchomhairle athrú clár gnólachta | ***435*** | 484 |
| • Sainchomhairle maidir le tionscadail TF | ***173*** | 485 |
| • Sainchomhairle slabhra soláthair/ soláthair | ***308*** | 140 |
| • Straitéis ghnó | ***209*** | 412 |
| • Sainchomhairle feabhsúcháin/um athruithe eile | ***466*** | 201 |
| Innealtóireacht | **97** | 91 |
| Saoráidí | **391** | 124 |
| Eile | **89** | 74 |
| **Iomlán** | **3,552** | 2,894 |

| | 2024 | 2023 |
|---|---|---|
| Comhairleacht caipitlithe | **163** | 485 |
| Ráiteas ioncaim | **3,389** | 2,409 |
| **Iomlán** | **3,552** | 2,894 |

Léirítear le caiteachas sainchomhairleoireachta 2024 0.1% de chaiteachas iomlán oibriúcháin agus caipitil.

Is iad seo a leanas arduithe chostas sainchomhairleoireachta ón mbliain roimhe:
- Baineann sainchomhairle airgeadais rialála le ceanglais agus idirbhearta breise an Choimisiúin um Rialáil Fóntais (CRF) do Thréimhsí Rialála Ioncaim 3 agus 4 Uisce Éireann.
- Baineann comhairle maidir le seirbhísí airgeadais le Caighdeáin Tuairiscithe Inbhuanaitheachta na hEorpa agus le comhairle maidir le modheolaíocht Uisce Éireann i dtaobh riosca fiontair.
- Sainchomhairle maidir le pinsean i leith ghlacadh Scéim Aoisliúntais Uisce Éireann (ex-Ervia) agus sainchomhairle i leith Chiste Aoisliúntais Sochair Shainithe Uisce Éireann.
- Baineann sainchomhairle faoi athrú cláir gnólachta le hathbhreithniú maidir le struchtúr agus ceanglais tuarascála an Chláir um Athrú Chun Feabhais de chuid Uisce Éireann.
- Baineann slabhra an tsoláthair le comhairle a fuarthas maidir le straitéis chatagóir ICT, soláthair agus bronnadh conartha san áireamh.
- Baineann straitéis ghnó le straitéis sonraí a fhorbairt agus le dearadh geilleagar ciorclach.
- Baineann costas saoráidí le sainchomhairle a fuarthas maidir le bainistiú réadmhaoine.

## Costais dlí agus socraíochtaí dlí

Tá miondealú sa tábla thíos de na méideanna a aithníodh mar chaiteachas sa tréimhse tuairiscithe maidir le costais dlí, socruithe agus imeachtaí réitigh agus eadrána. Ní áirítear sa tábla caiteachas a bhain le comhairle ghinearálta dlí toisc go n-áirítear é sna costais chomhairliúcháin thuas.

| | 2024 €'000 | 2023 €'000 |
|---|---|---|
| Táille dlíthiúla – imeachtaí dlíthiúla | **2,088** | 1,777 |
| Íocaíochtaí comhréitigh/ eadránaithe | **322** | 258 |
| Socraíochtaí | **2,011** | 2,133 |
| **Iomlán** | **4,421** | 4,168 |
| Líon na gcásanna dlí | **41** | 58 |

Nóta: Áirítear le táillí agus costais dhlíthiúla 2024 méid iomlán de €29,323 maidir le ceist dlí le hOllscoil Luimnigh, agus méid iomlán de €59,371 maidir le ceisteanna dlí le hIascach Intíre Éireann.

Ní áirítear leis an nóta nochta seo aon íocaíochtaí a rinne árachóir Uisce Éireann go díreach.

Baineann líon na gcásanna le cásanna dlíthiúla ar thionscain Uisce Éireann iad féin nó imeachtaí ina choinne agus ní áirítear éilimh/ imeachtaí árachais ná comhréitigh cead slí.

Níor tabhaíodh aon chostais dlíthiúla sa bhliain 2024 i leith imeachtaí fostaithe.

## Caiteachas taistil agus cothabhála

Déantar caiteachas taistil agus cothabhála a aicmiú mar seo a leanas:

| | 2024 €'000 | 2023 €'000 |
|---|---|---|
| *Intíre* | | |
| - Bord | **7** | 6 |
| - Fostaithe | **4,919** | 3,376 |
| *Idirnáisiúnta* | | |
| - Bord | **6** | 5 |
| - Fostaithe | **88** | 54 |
| **Iomlán** | **5,020** | 3,441 |

Déantar caiteachas taistil agus cothaithe tabhaithe ag POF Uisce Éireann a thabhairt san áireamh mar chuid de nochtadh caiteachais na bhfostaithe.

**Tuarascáil an Bhoird**
*(ar lean)*

## Nochtuithe atá de dhíth ar an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (ar lean)

### Fáilteachas

Cuimsíonn an ráiteas ioncaim an caiteachas fáilteachais seo a leanas:

| | 2024 €'000 | 2023 €'000 |
|---|---|---|
| Fáilteachas na foirne | **194** | 116 |
| Fáilteachas na gcliant | **17** | 13 |
| **Iomlán** | **211** | 129 |

## Trédhearcacht

Is eagraíocht oscailte é Uisce Éireann a bhfuil d'aidhm aige a bheith cuntasach agus trédhearcach don phobal. Tá Uisce Éireann tiomanta do thuiscint an phobail a fheabhsú maidir le conas a fheidhmíonn an eagraíocht agus maidir leis an ról atá againn ó thaobh bonneagar agus seirbhísí tábhachtacha náisiúnta a sholáthair chun tacú le forbairt shóisialta agus eacnamaíocha na hÉireann.

### Nochtadh cosanta agus ábhair imní a ardú

Leagtar amach sa Bheartas um Nochtadh Cosanta, i gcomhréir leis an Acht um Nochtadh Cosanta, 2014 (arna leasú), an córas inar féidir le fostaithe agus bainistíocht Uisce Éireann ábhar imní a thabhairt chun solais nó nochtaí a dhéanamh ar mhaithe le leas an phobail. Tá tuilleadh treorach do bhainisteoirí agus d'fhostaithe, maidir le cúiseanna imní a chur in iúl leagtha amach i gCód Iompair Ghnó, Beartas Frithchalaoise agus Beartas Frith-Bhreabaireachta agus Frith-Éillithe. De réir Alt 22 den Acht um Nochtadh Cosanta 2014, arna leasú ag an Acht um Nochtadh Cosanta (Leasú) 2022, éilítear ar Uisce Éireann Tuarascáil Bhliantúil a fhoilsiú a bhaineann le nochtadh cosanta a rinneadh faoin Acht. I gcomhréir leis an gceanglas seo, dearbhaíonn Uisce Éireann go bhfuarthas dhá nochtadh cosanta, sa bhliain dar críoch 31 Nollaig 2024. Tá an dá nochtadh fós á meas.

### Brústocaireacht a rialáil

Tá Uisce Éireann cláraithe ar an gclár brústocaireachta arna choimeád ag an gCoimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí. I gcomhréir leis na ceanglais atá san Acht um Brústocaireacht a Rialáil, 2015, rinneadh na tuairisceáin riachtanacha do thréimhsí na dtuairisceán in 2024.

### Cleachtais Íocaíochta

Tá Uisce Éireann tiomanta chun gach iarracht a dhéanamh soláthraithe a íoc in am. Tá beartas i bhfeidhm taobh istigh den chuideachta chun cleachtais íocaíochta a rialáil. Léirítear sa tábla thíos cleachtaí íocaíochta don bhliain 2024.

| | Líon | Luach €m | Céatadán (%) de líon iomlán na n-íocaíochtaí a rinneadh |
|---|---|---|---|
| Líon iomlán íocaíochtaí a rinneadh | 156,667 | 2,106 | 100% |
| Íocaíochtaí a rinneadh laistigh de 30 lá | 148,284 | 2,063 | 95% |
| Íocaíochtaí a rinneadh lasmuigh de 30 lá | 8,383 | 43 | 5% |
| Íocaíochtaí a rinneadh os cionn 30 lá nach raibh ús ar íocaíochtaí déanacha ná costais cúitimh mar thoradh orthu | 8,383 | 43 | 5% |
| Íocaíochtaí a rinneadh os cionn 30 lá a raibh ús ar íocaíochtaí déanacha ná costais cúitimh mar thoradh orthu | - | - | -% |

### Saoráil faisnéise

Tá an Chuideachta faoi réir fhorálacha an Achta um Shaoráil Faisnéise 2014 ("an tAcht um SF"). Ullmhaíodh agus foilsíodh an Scéim Foilsitheoireachta Eiseamláireach i gcomhréir le ceanglais Alt 8 den Acht um SF. Is féidir rochtain a fháil ar an scéim trí shuíomh gréasáin na Cuideachta www.water.ie.

# Ráiteas ar an gCóras Rialaithe Inmheánaigh

Faoin scéim, foilsíonn an Chuideachta a oiread faisnéise agus is féidir go rialta agus ar bhealach oscailte inrochtana lasmuigh de SF, agus prionsabail na hoscailteachta, na trédhearcachta agus na cuntasachta á gcur san áireamh.

## Acht na dTeangacha Oifigiúla

I gcomhréir le hAlt 4B (a) d'Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003 arna leasú ag an Acht na dTeangacha Oifigiúla, (Leasú) 2021 ("Acht na dTeangacha Oifigiúla") tá Ardoifigeach Dlí ceaptha ag bainistíocht shinsearach chun comhlíonadh a mhaoirsiú agus chun tuairisciú don POF mar is cuí. Anuas air seo, cheap Uisce Éireann Oifigeach na dTeangacha Oifigiúla. I gcomhréir le hAlt 4B (a) d'Acht na dTeangacha Oifigiúla, cuireadh tuarascáil maidir le comhlíonadh le hAcht na dTeangacha Oifigiúla faoi bhráid bhainistíocht shinsearach. Mar achoimre agus i gcomhréir le hAlt 4B (b) d'Acht na dTeangacha Oifigiúla, sa tuarascáil rinneadh tagairt do chur i bhfeidhm na n-oibleagáidí, na ndualgas agus dul chun cinn i dtreo comhlíonadh iomlán leis an reachtaíocht ábhartha. In 2024, bhí Uisce Éireann faoi réir imscrúdú ag an gCoimisinéir Teanga faoi Alt 21 (c) d'Acht na dTeangacha Oifigiúla maidir le Alt 9 (3) den Acht 2003. Dúnadh an imscrúdú in R4 2024 agus cloífidh Uisce Éireann leis na torthaí a bhí i dtuarascáil dheireanach an Choimisinéara Teanga maidir leis an gceist.

## Cothromaíocht inscne, éagsúlacht, cothromas agus cuimsiú

Tá forléargas sa Tuarascáil Inbhuanaitheachta ar ghealltanas na Cuideachta maidir le cothromaíocht inscne, éagsúlacht, cothromas agus cuimsiú le linn 2024

## Raon Freagrachta

Aithníonn an Bord an fhreagracht atá air faoi Alt 7.3 den Chód Cleachtais um Rialú Comhlachtaí Stáit maidir le cinntiú go ndéantar córas rialaithe inmheánaigh éifeachtaigh a chothabháil agus a fheidhmiú.

## Cuspóir an Chórais Rialaithe Inmheánaigh

Tá an córas rialaithe inmheánaigh deartha le riosca a bhainistiú ionas go mbeidh sé ar leibhéal réasúnta seachas fáil réidh leis. Níl ann, mar sin, ach cinnteacht réasúnta seachas dearbhú iomlán go gcosnaítear sócmhainní, go bhfuil idirbhearta údaraithe agus go gcoimeádtar cuntas ceart díobh agus go n-aithnítear earráidí neamhrialtachtaí ábhartha nó go stoptar iad ar bhealach tráthúil.

Tá an córas rialaithe inmheánaigh i gcomhréir leis an gcomhairle eisithe ag An Roinn Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe, tá sé i bhfeidhm in Uisce Éireann ón mbliain dar críoch 31 Nollaig 2024 agus suas le dáta faofa na ráiteas airgeadais.

## Bainistiú Riosca

Tá dualgas ar fhostaithe uile Uisce Éireann as bainistiú éifeachtach riosca a chur i bhfeidhm, lena n-áirítear córais rialaithe inmheánacha Uisce Éireann a dhearadh, a oibriú agus monatóireacht a dhéanamh orthu. Is é an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin an feidhmeannach cuntasach a bhfuil an fhreagracht dheiridh air. Tarmligean an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin róil shoiléire agus freagrachtaí soiléire ar a Fhoireann Feidhmiúcháin agus ar na fostaithe a dtuairiscíonn chucu maidir le bainistiú riosca agus maidir le cinntiú go bhfuil córais rialaithe inmheánacha ag feidhmiú go héifeachtúil.

## Timpeallacht Riosca agus Rialaithe

Cinntíonn an Bord go bhfuil córais chuí rialaithe inmheánaigh agus bainistithe riosca i bhfeidhm ag an gCuideachta trí úsáid a bhaint as na struchtúir agus na córais seo a leanas:

**Coiste Iniúchóireachta agus Riosca**
Tá Coiste Iniúchóireachta agus Riosca ag Uisce Éireann (an "CIR") ina bhfuil 4 Comhaltaí Boird neamhfheidhmiúcháin Uisce Éireann a bhfuil an saineolas riachtanach acu don ról. Déanann an CIR maoirseacht ar an timpeallacht riosca agus rialaithe thar ceann Bhord Uisce Éireann agus tá sé freagrach as cabhair a thabhairt do Bhord Uisce Éireann lena chuid freagrachtaí a chomhlíonadh faoi mar a bhaineann siad leis an réimse seo. Gach ráithe, déanann an CIR athbhreithniú substainteach ar Phrionsabail Riosca Uisce Éireann, arna ullmhú ag na bainisteoirí, a chinntíonn maoirseacht ar na príomhrioscaí agus déantar athbhreithniú ar éifeachtúlacht fhreagraí lucht bainistíochta do na neamhchosaintí is mó do phríomhriosca a gcaithfidh an Chuideachta dul i ngleic leo. Cuireann an CIR nuashonraithe ráithiúla san áireamh ar an timpeallacht rialála freisin mar chuid den Fóram Árachais Comhtháite.

**Samhail Trí Líne**
Tá creat dearbhaithe comhtháite agus creat bainisithe riosca i bhfeidhm ag Uisce Éireann a mhéadaíonn an chomhdhlúthú agus an comhordú a dhéantar ar bhonn comhordaithe agus struchtúrtha ar gach beart bainisithe riosca agus dearbhaithe san eagraíocht thar thar an tsamhail "Trí Líne". Déantar cinnte leis sin go ndéanann Uisce Éireann maoirseacht agus rialú maidir le riosca, dearbhú agus rialachas a uasmhéadú, chun teacht aniar eagraíochtúil a neartú agus leanann sé an dea-chleachtas chun tacú le hoibleagáidí maidir le comhlíonadh agus ceanglais rialachais.

## Tuarascáil an Bhoird
*(ar lean)*

## Ráiteas maidir leis an gCóras Rialaithe Inmheánaigh (ar lean)

Mar thacú breise don tsamhail "trí líne" seo, cuireann iniúchóirí seachtracha agus soláthróirí neamhspleácha dearbhúcháin agus eagraíochtaí rialacháin amhail oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste dearbhúchán sa bhreis ar fáil. Is minic a thugtar an "Ceathrú Líne" air seo.

**Bainistiú Riosca Eagraíochtúil**
Tá feidhm Bainistithe Riosca neadaithe ag Uisce Éireann atá freagrach as Creat Bainistithe Riosca Fiontair a dhearadh agus a chur i bhfeidhm agus as a chinntiú go bhfuil taithí agus scileanna bainistithe riosca leordhóthanacha ar fáil ar fud Uisce Éireann. Tuairiscíonn Ceannasaí Riosca agus Athléimneacht don Stiúrthóir Straitéise, Athléimneachta agus Rialacháin agus freastalaíonn sé/sí ar chruinnithe CIR. Ina theannta sin, bíonn cruinniú ráithiúil ag Coiste Bainistithe Riosca Uisce Éireann, faoi chathaoirleacht an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin.
Is í an fheidhm Bainistithe Riosca thugann faoi an méid a leanas:

- Cinntíonn sé go bhfuil próiseas cuí, seasmhach ceithre chéim Bainistithe Riosca Fiontair agus maoirseacht leordhóthanach i bhfeidhm chun sainiú, measúnú, bainistiú, monatóireacht agus tuairisciú a dhéanamh ar na príomhrioscaí a bhfuil Uisce Éireann neamhchosanta orthu.
- Cinntíonn sé go ndéantar maoirseacht a chothabháil agus go ndéantar measúnacht ar phróifíl riosca Uisce Éireann lena n-áirítear príomhrioscaí, rioscaí atá ag teacht chun cinn, rioscaí atá ag treochtáil, rioscaí a bhfuil tionchar mór agus dóchúlacht íseal ag baint leo, lena n-áirítear cur síos ar na rioscaí seo agus bearta nó straitéisí maolaithe gaolmhara agus a n-éifeachtúlacht.
- Déanann sé an Creat iomlán Bainistithe Riosca Fiontair, straitéis riosca, dúil riosca agus beartas agus nósanna imeachta Bainistithe Riosca Fiontair a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm.
- Déanann sé cultúr oiriúnach bainistithe riosca a dhaingniú.

**Fóram Dearbhaithe Comhtháite**
Cinntítear leis an bhFóram Dearbhaithe Comhtháite (FDC) go gcuirtear athbhreithniú maidir le héifeachtúlacht na timpeallachta rialála inmheánaigh i gcrích ar bhealach comhordaithe agus struchtúrtha agus fianaise chuí agus séalaí cuí i bhfeidhm. Coinníonn gach Stiúrthóireacht feidhme clár de phríomhrialuithe agus déantar gach príomhrialú a fhéinmheasúnú go ráithiúil maidir le héifeachtúlacht agus déantar monatóireacht rialaithe leanúnach ar bhonn ráithiúil. Soláthraítear achoimre maidir le pléan fhóraim don CIR.

Is ionann ballraíocht an Fhóraim Dearbhaithe Comhtháite (FDC) agus POF Uisce Éireann agus gach fostaí a thuairiscíonn go díreach chuig an bPOF. Tá "Ceannaireacht láidir ann ón mbarr" tacaíocht ón mBainistíocht Shinsearach,Ceannairí agus Seaimpíní Colúin Feidhmeannacha ainmnithe ag an bhfeidhmeannas leabaithe ar fud na gnólachta. Tá an Líonra na Seaimpíní ag obair go rathúil agus tá sé feasach faoi an tábhacht a bhaineann leis an bpróiseas Dearbhaithe Comhtháite lena n-áirítear an ról atá aige tacú leis an ngnólacht.

Mar chuid d'Fhóram dheireadh na bliana, éilítear go ndearbhaíonn an bhainistíocht an méid seo a leanas:

- Go bhfuil siad sásta le héifeachtúlacht na timpeallachta rialála sa tréimhse.
- Nach bhfuil aon eisceachtaí nó sáraithe ábhartha maidir le príomhrialaithe sa tréimhse.
- Go n-aontaítear pleananna bearta agus amlínte do rialuithe lena n-éilítear feabhsú.

Anuas air sin, i gcásanna inar aithníodh saincheisteanna rialála, chuathas i ngleic leo ina dhiaidh sin, tá bearta sannta ina leith ón uair gur aithníodh iad, nó tá rialuithe maolaithe i bhfeidhm acu.

Tá na nithe a tarraingíodh aird an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca orthu sa bhliain 2024 curtha san áireamh ag an mBainistíocht agus rinneadh measúnú ar go leor nithe go mion i gcoinne an chritéir a sonraíodh sa cháipéisíocht threorach maidir leis an gCód Cleachtais um Rialú Comhlachtaí Stáit, a d'eisigh an Roinn Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe.

**Iniúchadh Inmheánach**
Tá feidhm Iniúchta Inmheánaigh seanbhunaithe in Uisce Éireann, a bhfuil acmhainní leordhóthanacha faoina lámh agus a thugann faoi chlár oibre arna chomhaontú leis an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca. Tuairiscíonn Ceannasaí Iniúchta Inmheánaigh díreach don CIR agus don Phríomhoifigeach Airgeadais.

Déanann feidhm an iniúchta inmheánaigh cur chuige córasach smachtaithe a chur ar fáil le héifeachtúlacht rialachais, bainistiú riosca agus rialaithe inmheánaigh Uisce Éireann a mheas agus a fheabhsú.

Go háirithe, déanann feidhm an Iniúchta Inmheánaigh:

- Neamhchosaint a mheas faoi mar a bhaineann sin le cuspóirí straitéiseacha Uisce Éireann a bhaint amach.
- Na córais a mheas a bunaíodh lena chinntiú go ndéanfar beartais, pleananna, nósanna imeachta, dlíthe agus rialacháin a chomhlíonadh.
- Slite le sócmhainní a chosaint a mheas.
- Monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtúlacht na bpróiseas bainistithe riosca agus na próisis sin a mheas.
- Seirbhísí comhairleacha a chur ar fáil faoi mar is cuí a bhaineann le rialachas, bainistiú riosca agus rialú.

## Gnéithe den Timpeallacht Rialaithe

Chomh maith leis na struchtúir is tábhachtaí a luaitear thuas, dearbhaíonn an Bord go bhfuil timpeallacht rialaithe ar bun in Uisce Éireann, agus tá na gnéithe seo a leanas ann:

- Lucht bainistíochta atá freagrach ag gach leibhéal laistigh d'Uisce Éireann as rialú inmheánach agus bainistiú riosca ar a bhfeidhmeanna gnó faoi seach;
- Próisis bunaithe chun cineál, réim agus impleachtaí airgeadais na rioscaí a d'fhéadfadh a bheith i ndán d'Uisce Éireann a aithint agus a mheas, lena n-áirítear réim agus catagóirí a cheapann Uisce Éireann a bheith inghlactha. Ar na próisis eile atá ann chun rioscaí gnó a mheas agus a aithint, tá an measúnú a dhéantar ar an dochúlacht go dtarlóidh na rioscaí a aithníodh agus measúnú a dhéanamh ar chumas Uisce Éireann aon riosca a a thiocfaidh aníos a bhainistiú agus a mhaolú trí phleananna agus straitéisí lena mbaineann;
- Coinníonn gach feidhm gnó liosta cuimsitheach de phríomhrialuithe, agus déantar measúnú orthu ar bhonn ráithiúil agus cuirtear pleananna gníomhaíochta i bhfeidhm de réir mar is gá.
- Measúnacht creat rialála inmheánaigh ina bhfuil tabhairt faoi measúnacht riosca leitheadach, athbhreithniú a dhéanamh ar fheidhmíocht agus éifeachtúlacht príomhbheartais agus príomhphróisis rialála, tuairisciú rialála inmheánaigh agus tuairisciú féin-mheasúnachta agus tuairisciú feidhmíochta míosúil, arna dtacú ag bearta dearbhaithe ag Dearbhúchán Comhtháite agus Iniúchadh Inmheánach.
- Athbhreithnithe córasacha maidir le rialálaithe inmheánacha airgeadais agus feidhmíochta ag Dearbhúchán Comhtháite agus Iniúchadh Inmheánach. Sna hathbhreithnithe sin, leagtar béim ar na réimsí is mó ina bhfuil riosca de réir mar a aithnítear é sin leis an measúnú riosca.
- Dealú cuí dualgas agus doiciméadú cuí nósanna imeachta agus rialuithe atá dírithe ar chalaois a chosc agus a bhrath.
- Beartais inmheánacha a éilíonn ar na fostaithe go léir a bheith ag gníomhú go hionraic agus na caighdeáin is airde a choinneáil ó thaobh na heitice de. I measc na mbeartas seo tá an Cód Iompair Gnó, Beartas Frithchalaoise, Beartas Frithbhreabaireachta agus Frith-Éillithe, an Beartas um Brústocaireacht a Rialáil agus an Bearta um Nochtadh Cosanta.
- Clár cuimsitheach frithchalaoise a chuimsíonn beartas frithchalaoise, oiliúint agus cumarsáid agus plean um fhreagairt do chalaois.
- Creat Rialachais Chorparáidigh, lena n-áirítear rialú airgeadais agus measúnú riosca. Is iad na bainisteoirí in Uisce Éireann agus na feidhmeanna Iniúchta Inmheánaigh agus Bainistithe Riosca a dhéanann monatóireacht air sin.
- Struchtúr eagraíochtúil atá leagtha amach go soiléir, agus a bhfuil teorainneacha údaraithe agus meicníochtaí tuairiscithe sainaitheanta ann do leibhéil níos airde bainistíochta agus do Bhord Uisce Éireann.
- Sraith chuimsitheach beartas agus nósanna imeachta a bhaineann le rialuithe oibriúcháin agus airgeadais, caiteachas caipitiúil san áireamh. Teastaíonn faomhadh an Bhoird le haghaidh tionscadail mhóra caipitiúla, agus déanann Coiste Infheistíochta/ Bonneagair agus Inbhuanaitheachta dlúthmhonatóireacht orthu.
- Córas buiséadaithe cuimsitheach ina bhfuil buiséad bliantúil agus tuartha ráithiúla chomhaontaithe agus athbhreithnithe ag Bord Uisce Éireann.
- Córas cuimsitheach do Thuairisciú airgeadais.
- Déantar sraith chuimsitheach tásacairí ar fhaisnéis bhainistíochta agus tásacairí feidhmíochta a chur le chéile gach ráithe, agus ar an mbealach sin is féidir monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn i dtaca le cuspóirí fadtéarmacha agus buiséid bhliantúla, treochtaí a mheasúnú agus gníomh a ghlacadh i gcás difríochtaí.

## Monatóireacht agus Athbhreithniú Leanúnach

Tá creat láidir ag Uisce Éireann chun athbhreithniú a dhéanamh ar an acmhainneacht agus chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtúlacht rialaithe inmheánaigh lena chlúdaítear próisis airgeadais, feidhmíochta, chomhlíontachta agus bhainistithe riosca. Tá an Bord sásta go n-oireann an córas rialaithe inmheánaigh atá i bhfeidhm don ghnó.

Maidir leis an monatóireacht agus athbhreithniú ar éifeachtúlacht an chórais rialaithe inmheánaigh i ndáil le hUisce Éireann, is é atá mar bhonn agus taca aige ná obair na bhfostaithe laistigh d'Uisce Éireann atá freagrach as forbairt agus cothú an chreata rialaithe inmheánaigh agus obair na feidhme Iniúchóireachta inmheánaí. Cuireann an CIR leis an obair seo, agus déanann siadsan maoirseacht ar obair Dearbhaithe Comhtháite, ar an bhfeidhm Bainistithe Riosca agus Iniúchta Inmheánaigh agus ar na ráitis a dhéanann na hIniúchóirí Seachtracha ina litreacha do bhainisteoirí agus/nó i dtuairiscí nach iad. Cuirtear easnaimh rialaithe in iúl dóibh siúd atá freagrach as gníomhaíocht cheartaitheach a dhéanamh mar is cuí agus do bhainistíocht agus do Bhord Uisce Éireann, nuair is cuí, go pras.

**Tuarascáil an Bhoird**
*(ar lean)*

## Ráiteas maidir leis an gCóras Rialaithe Inmheánaigh (ar lean)

### Caiteachas Caipitil agus Oibríochtúil

Foilsíodh na Treoirlínte Bonneagair ag an Roinn Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe i mí na Nollag 2023, ag teacht in áit an Chóid Caiteachais Phoiblí. Comhairle ón Roinn Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe maidir leis an bPróiseas Dearbhaithe Cáilíochta le leanúint chun achoimre forbhreathnaithe a thabhairt maidir le cé comh comhlíontach agus atá eagraíocht leis na Treoirlínte Bonneagair, lena n-áirítear an scála trí phointe seo a leanas:

- Scóip le haghaidh feabhsuithe suntasacha
- Comhlíontach ach tá roinnt feabhsúcháin riachtanach
- Comhlíontach go forleathan

Maidir le féinmheasúnú Uisce Éireann a cuireadh i gcrích i gcomhréir leis an treoir seo, dearbhaítear go bhfuil córais láidre agus éifeachtacha i bhfeidhm lena gcinntítear go bhfuil ceanglais na dTreoirlínte Bonneagair á gcomhlíonadh go forleathan, de réir an scála ráta thuas. Mar a bheifí ag súil leis, tá athbhreithniú leanúnach á dhéanamh ar na córais seo agus déantar mionfheabhsuithe go leanúnach. Leanann Uisce Éireann le teagmháil a dhéanamh leis an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta maidir le Treoirlínte Earnáilsonracha na Seirbhísí Uisce a dhréachtú a chuirfidh soiléireacht níos fearr ar fáil do chur i bhfeidhm na dTreoirlínte Bonneagair in Uisce Éireann.

Tugtar sonraí i bPolasaí Soláthair (PD02) Uisce Éireann faoi na nósanna imeachta a leanfaidh Uisce Éireann chun tacú le riachtanais soláthair san eagraíocht. Mar gheall ar chur i bhfeidhm PD02, déantar cinnte go gcloítear le dlíthe AE agus na hÉireann a bhaineann leis an soláthar poiblí, go mbainistítear próisis tairisceana go cuí agus go gcoinnítear ar bun rialachas agus maoirseacht bainistíochta ar an bpróiseas soláthair ar fud na Cuideachta.

Tá an Beartas maidir le Caiteachas agus Faomhadh Conarthaí ailínithe leis na prionsabail, lena n-áirítear na treoirlínte luach ar airgead don mheastóireacht, pleanáil agus bainistíocht na dtionscadal infheistíochta poiblí, mar a leagtar amach sna Treoirlínte Bonneagair.

Ní mór meas a thabhairt sa chaiteachas caipitil uile ar cheanglais soláthair náisiúnta agus AE, agus ní mór dóibh cloí le haon cheanglais a fhéadfaidh an Coimisiún um Rialáil Fóntais a shocrú, ceanglais a bhaineann leis an gcomhshaol agus le pleanáil agus tosaíochtaí bonneagair náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla. Baintear úsáid as modhanna breithmheasa airgeadais agus eacnamaíocha cuí agus comhréireacha de réir mar a cheanglaítear leis na Treoirlínte Bonneagair i leith tionscadail agus cláir chaipitil chun cinnteoireacht éifeachtach a éascú. Déantar tionscadail agus cláir chaipitil a mheas agus a chur ar fáil agus próiseas faofa 5 chéim in úsáid, agus iad ailínithe le ceanglais na dTreoirlínte Bonneagair agus leis na Dréacht-Treoirlínte Earnáilsonracha na Seirbhísí Uisce.

Feidhmíonn próiseas ceangaltas caipitil Uisce Éireann ar an mbonn seo a leanas: déanann an chuideachta cead cuí a lorg ón Aire roimh ré as imchlúdach foriomlán na gceangaltas caipitil a dhéanfar sa chéad bhliain airgeadais eile. Ar leithligh, iarrann Uisce Éireann toillithe ón Aire sula ndéanfaidh sé aon cheangaltas d'aon tionscadal aonair caipitil a bhfuil costas €50 milliún nó os a chionn ag baint leis. Cuirtear toillithe ón Aire faoi bhráid na máthair-Roinne (RTRÁO) agus ranna rialtais ábhartha eile atá rannpháirteach sa phróiseas ceadaithe don iarratas sonrach. I gcomhthráth le cur isteach na dtoillithe ón Aire chuig RTRÁO, cuirtear na toillithe ón Aire isteach chuig NewERA a chuireann comhairle airgeadais agus tráchtála a bhaineann go sainiúil le tionscadal ar RTRÁO, sula gceadaíonn RTRÁO cead ón Aire.

Cuirtear infheistíochtaí caipitil, lena n-áirítear conarthaí ar luach níos mó ná €1milliún, faoi bhráid an Choiste um Cheadú Caiteachais (EAC), lena n-áirítear a fhochoistí, le haghaidh athbhreithniú agus faomhadh mionsonraithe. Éilítear faomhadh an Bhoird maidir le haon chaipitil bonneagair níos mó ná €20m. Éilítear faomhadh an Bhoird maidir le haon infheistíocht neamhbhonneagair níos mó ná €10 milliún.

Tugtar an t-eolas is déanaí don Bhord maidir le stádas na dtionscadal agus na gclár caipitil de réir mar a théann siad ar aghaidh, lena n-áirítear an t-eolas is déanaí maidir leis an gcur i bhfeidhm i gcomparáid leis an bplean, leis na sceidil agus le cáilíocht. Cuirtear tuairisciú buiséid agus difríochta faoi bhráid an Bhoird go minic. Bíonn cuspóirí ar leith ag gach tionscadal agus déantar iad a mheas i leith na gcuspóirí sin. I measc na dtairiscintí agus na gconarthaí ina dhiaidh sin tá dianriachtanas seachadta chomh maith le príomhtháscairí feidhmíochta a úsáidtear chun feidhmíocht a thomhas le linn an chonartha. Cuirtear athbhreithnithe iarthionscadail agus tuarascálacha deiridh airgeadais faoi bhráid an Choiste um Cheadú Caiteachais, an Coiste Infheistíochta, Bonneagair agus Inbhuanaitheachta agus Bord Uisce Éireann lena measúnú, ag brath ar luach an tionscadail nó an chláir.

Éascaíonn cruinnithe clabhsúir tionscadail agus athbhreithnithe ar chláir bliantúla cur chuige 'príomhcheachtanna a foghlaimíodh' a mheastar, a rianaítear agus a chuirtear i bhfeidhm ansin mar chuid de thionscadail reatha agus tionscadail amach anseo ar fud na heagraíochta de réir mar is cuí.

## Athbhreithniú ar Éifeachtúlacht

Tá nósanna imeachta ag Uisce Éireann chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtúlacht a chórais rialaithe inmheánach.

Tá athbhreithniú déanta ag an mBord ar éifeachtúlacht chóras na rialuithe inmheánacha go dtí dáta ceadaithe na Ráiteas Airgeadais, lena n-áirítear rialuithe airgeadais, oibríochtúla agus comhlíontachta agus córais bainistithe riosca do 2024, agus cinnteoidh sé go ndéanfar athbhreithniú mar sin le linn 2025. Rinne an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca athbhreithniú mionsonraithe, agus seoladh tuairisc ar na torthaí chuig an mBord.

## Tuairisciú ar Rialú Inmheánach

Le linn na bliana 2024, bhí na córais, próisis agus nósanna imeachta riachtanacha á gcur i bhfeidhm ag Uisce Éireann chun rialuithe inmheánacha láidre a chinntiú trí bheartais agus creat rialála inmheánaigh a chur i bhfeidhm.

**Aistriú cuntasaíochta le haghaidh Feidhmeanna Sheirbhíse Uisce.**

Bhí Máistir-Chomhaontaithe Comhair (MCC) i bhfeidhm le gach ceann de na 31 Údarás Áitiúil le linn na bliana 2024 agus leis seo, foráiltear go bhfuil cuntasaíocht iomlán ag Uisce Éireann maidir le Feidhmeanna Seirbhísí Uisce agus foráiltear go bhfuil an Bhainistíocht agus Treoir chuí ag Uisce Éireann ar Fhoireann na Seirbhísí Uisce de chuid na nÚdarás Áitiúil. Chun é seo a ullmhú, bunaíodh rialuithe agus próisis a chinntigh go raibh Uisce Éireann in áit chun na freagrachtaí seo a ghlacadh nuair a tháinig an MCC i bhfeidhm. Le teacht i bhfeidhm an MCC, tá 3,000 ball foirne faoi Bhainistíocht agus Treoir dhíreach Uisce Éireann ó mhí Lúnasa 2023. Forbróidh agus aibeoidh córas rialaithe agus próisis de réir mar a dhéantar seirbhísí a chaighdeánú.

Foráiltear leis an MCC freisin go rachaidh Uisce Éireann agus gach Údarás Áitiúil isteach i gComhaontú Seirbhísí Tacaíochta, agus na seirbhísí tacaíochta sonraithe ann, ar sheirbhísí iad a chomhaontaigh tÚdarás Áitiúil iad a sholáthar d'Uisce Éireann chun tacú le soláthar Feidhmeanna Seirbhísí Uisce agus in éineacht leis sin sonraíodh san MCC an tréimhse ina mbeidh siad seo á n-aistriú go hUisce Éireann. Tá SSAnna i bhfeidhm le 29 as 31 Údarás Áitiúil ag deireadh na bliana 2024. Arís, le linn na hidirthréimhse, forbróidh agus aibeoidh córais rialaithe agus próisis maidir leis na réimsí seo taobh istigh d'Uisce Éireann.

Roimh theacht i bhfeidhm gach AIC (agus SSA maidir le seirbhísí tacaíochta, táthar/bhíothas ag brath ar réimse rialaithe á bhfeidhmiú ag Údaráis Áitiúla de bhun na Comhaontaithe Leibhéal Seirbhíse. Forbróidh agus aibeoidh na córais rialaithe seo mar aon le próisis agus nósanna imeachta gaolmhara.

Agus an fhreagracht dlíthiúil ag na hÚdaráis Áitiúla i leith sheirbhísí nach seirbhísí uisce iad amhail bearta tuillte, chomhaontaigh Uisce Éireann tacaíocht a sholáthar de bhun an MCC do na húdaráis áitiúla le haghaidh limistéir chriticiúla na seirbhísí nach seirbhísí uisce iad ar feadh tréimhse 24 mhí ó theacht i bhfeidhm an MCC san Údarás Áitiúil sin. Sonraítear san SSA na seirbhísí criticiúla nach seirbhísí uisce iad a éilíonn gach Údarás Áitiúil ó Uisce Éireann. Cuireadh srianta agus próisis i bhfeidhm chun seirbhísí criticiúla nach seirbhísí uisce iad a sholáthar do na hÚdarás Áitiúla agus leanfar le forbairt agus aibíocht na srainta agus na bpróiseas seo.

**Bearta Forfheidhmithe**

Is ann do shaincheisteanna um chomhlíonadh uisce óil agus fuíolluisce mar a aithníodh i dTuarascáil Bhliantúil an GCC 2023 maidir le hUisce Óil agus an Tuarascáil Bhliantúil 2023 maidir le Fuíolluisce Uirbeach. Tá Uisce Éireann ag plé le roinnt gníomhartha forfheidhmithe a ghlac an GCC agus IIÉ. Tá sé sin i gcomhthéacs oidhreacht tearcinfheistíochta i mbonneagar uisce thar na blianta. Agus Uisce Éireann ag plé go réamhghníomhach leis na saincheisteanna seo, tá moill i soláthar comhlíontachta mar thoradh ar mheascán cúiseanna, lena n-áirítear mar shampla, dul in aois an bhonneagair á bhainistiú ag Uisce Éireann, scála na n-oibreacha agus an infheistíocht atá de dhíth, moill i soláthar oibreacha caipitiúla mar thoradh ar mhoill sa phleanáil agus próisis reachtúla eile, an slabhra soláthair agus infhaighteacht acmhainne. Bítear i dteagmháil go leanúnach leis an GCC d'fhonn nuashonruithe a chur ar fáil faoi bhearta a glactar dul i ngleic leis na saincheisteanna seo, lena n-áirítear idirghabhálacha atá dírithe ar chomhlíonadh atá leagtha amach i bplean infheistíochta caipitil Uisce Éireann, chomh maith le feabhsúcháin oibríochtúla.

**Próiseáil Orduithe Saothair Naisc Nua**

I ndiaidh saincheiste maidir le monatóireacht agus dul chun cinn orduithe saothair do naisc nua le córais Uisce Éireann a tuairiscíodh sa bhliain 2023, tá dul chun cinn déanta ar obair shuntasach chun an timpeallacht rialaithe a neartú sa réimse seo. Agus feabhsúcháin shuntasacha á gcur ar fáil, bhíothas ag súil go mbeadh an obair seo curtha i gcrích sa bhliain 2024. Táthar ag súil anois go gcuirfear i gcrích é i mí Márta 2025, agus obair sa bhreis le déanamh maidir le próiseáil sonraí agus córais tuairiscithe.

## Tuarascáil an Bhoird
*(ar lean)*

# Ráiteas maidir leis an gCóras Rialaithe Inmheánaigh (ar lean)

**Soláthar**
Le linn na bliana 2024, tabhaíodh caiteachas i dtrí chás nár comhlíonadh nósanna imeachta soláthair go hiomlán, arb ionann agus 0.013% den chaiteachas soláthair foriomlán. Tógadh céimeanna lena gcinntiú go gcuirfear bearta ceartaitheacha i bhfeidhm.

| Catagóir | Sonraí Birt | Beart ceartaitheach a tógadh | Luach measta |
|---|---|---|---|
| Seirbhísí | D'fhostaigh an tÚdarás Áitiúil soláthraí neamh-chreata nach raibh cláraithe le hUisce Éireann don iompar carta. Ní raibh feidhm Slabhra Soláthar Uisce Éireann ar an eolas faoi seo go dtí gur tháinig an tÚdarás Áitiúil chuig Uisce Éireann chun sonraisc a íoc nuair a bhí an obair curtha i gcrích. | Cuireadh an tÚdarás Áitiúil ar an eolas gur sháraigh siad Beartas Soláthair Uisce Éireann agus nach raibh sé de cheart acu an soláthraí a fhostú gan plé a dhéanamh le hUisce Éireann. Tá an tÚdarás Áitiúil ar an eolas anois go ndéanfar caiteachas a thaifeadadh mar neamh-chomhlíontach agus nach foláir próiseas cuí a leanúint as seo amach. | €43,690 |
| Seirbhísí | Chuaigh iarratas ar ghléasra ar cíos in éag, ach leanadh le hobair leis an soláthraí, ag sárú tairseacha Beartais Soláthair Uisce Éireann. Rinne an soláthraí an obair agus ní mór iad a íoc as an obair a cuireadh i gcrích. | Cuireadh tairiscint i gcrích ó shin agus bronnadh é faoi threoirlínte an tsoláthair phoiblí. Tá aon obair a chuirtear i gcrích anois faoi chomórtas bronnta le rátaí comhaontaithe. | €64,350 |
| Seirbhísí | Cuireann an soláthraí seirbhísí leighis réamh-fhostaíochta ar fáil, lena n-áirítear sraith iomlán tástálacha - spáis bheaga, vacsaínithe, scrúdú dochtúra ar an gcorp iomlán, tástáil ar na cluasa agus dathdhaille agus tá láithreacht náisiúnta aige nuair a bhreathnaítear go raibh roghanna soláthraithe teoranta. I bhfianaise an chomhthéacs seo agus na riachtanas acmhainní a chur ar fáil, faomhadh soláthar de réir an bheartais, ach tá soláthraithe eile ar fáil chun na seirbhísí seo a sholáthair. | Tá conradh nua i bhfeidhm anois maidir leis an réiteach buan le soláthraí nua. | €128,000 |

**Calaois Amhrasta**
I mí an Mhárta 2021 chuir Údarás Áitiúil Ervia agus Uisce Éireann ar an eolas maidir le calaois amhrasta a tharla go háitiúil maidir le soláthar seirbhísí uisce, iarfhostaí Údaráis Áitiúil a bhí ann. Tá an chalaois a deirtear a rinneadh mar ábhar fiosrúcháin atá ag dul ar aghaidh faoi láthair ag Biúró Náisiúnta an Gharda Síochána um Choireacht Eacnamaíoch. Glacfaidh an tsaincheist roinnt blianta chun conclúid dlí iomlán a bhaint amach agus coinneofar an Bord agus an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca suas chun dáta maidir le gach forbairt.

D'ainneoin cúrsaí thuasluaite, tá an Bord sásta leis an timpeallacht rialála foriomlán d'Uisce Éireann agus go bhfuil córas rialaithe inmheánaigh éifeachtaigh i bhfeidhm agus déantar é a chothabháil agus a oibriú gan aon sárú ábhartha i rith na bliana.

# Conclúid

## Príomhghníomhaíochtaí agus forléargas na Cuideachta

Cuirtear na príomhghníomhaíochtaí agus forbhreathnú ar an gCuideachta ar fáil in athbhreithniú an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin.

## Torthaí don bhliain

Tá torthaí na bliana leagtha amach sa chuid maidir le hAthbhreithniú Airgeadais. Is é treoir bheartais an scairshealbhóra nár chóir d'Uisce Éireann díbhinn a íoc; ina ionad sin, ba chóir aon bharrachas óna oibríochtaí a ath-infheistiú sa bhonneagar uisce.

## Athbhreithniú gnó agus forbairtí sa todhchaí

Tá tráchtaireacht ar fheidhmíocht sa bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2024, lena n-áirítear faisnéis ar fhorbairtí amach anseo, san Athbhreithniú Oibriúcháin.

## Taifid chuntasaíochta

Creideann na Stiúrthóirí go bhfuil siad tar éis ceanglais Alt 281 go 285 d'Acht na gCuideachtaí 2014 a chomhlíonadh maidir leis an oibleagáid atá orthu, leabhair chuntais leordhóthanacha a choinneáil agus pearsanra cuntasaíochta a fhostú chuige sin a bhfuil an saineolas cuí aige, chomh maith le hacmhainní leordhóthanacha a chur ar fáil don fheidhm airgeadais. Coimeádtar taifid chuntasaíochta na Cuideachta ag Áras Colvill, 24/26 Sráid Thalbóid, Baile Átha Cliath 1.

## Síntiúis Pholaitíochta

Ní dhearna an Chuideachta aon síntiús polaitiúil i gcaitheamh na bliana airgeadais (2023: Nialas).

## Príomhrioscaí agus Éiginnteachtaí

Tá an Chuideachta neamhchosanta ar roinnt mhaith rioscaí mar gheall ar chastacht rialaithe agus oibriúcháin ár ngnó. Is trí rioscaí agus na deiseanna féideartha a thuiscint a bheidh ar chumas na cuideachta cinntí eolasacha a dhéanamh, agus luach breise a bhaint amach dár gcuid páirtithe leasmhara dá bharr. Pléitear achoimre ar na príomhrioscaí atá roimh an gCuideachta sa chuid Tuarascáil ar Bhainistiú Riosca. Féach ar nóta 22 le haghaidh anailís iomlán ar spriocanna, beartais agus neamhchosaint na Cuideachta maidir le bainistiú riosca airgeadais.

## Taighde agus forbairt

Sa bhliain 2024, d'fhorbair an Foireann Nuálaíochta straitéis chun nuálaíocht a sholáthar in Uisce Éireann. Bhunaigh sé seirbhísí nuálaíochta níos cuíchóirithe le haghaidh 1) moltaí na bhfostaithe, 2) slabhra soláthair chun an gcuid teicneolaíochta agus a seirbhís a thabhairt isteach agus 3) taighde a dhéanamh ar eagraíochtaí/ollscoileanna chun a bheith rannpháirteach le hUisce Éireann. Cuireadh cur chuige atá á threorú ag punann i bhfeidhm chun an nuálaíocht a dhíriú ar phríomhdhúshláin gnó, agus is é an chéad ceann ná punann nuálaíochta Neodrachta a dhíríonn ar laghdú ar astaíochtaí próisis fuíolluisce.

Cé go ndéantar tionscnaimh nuálaíochta a mhaoiniú go díreach trí bhuiséid Chaipitil agus Oibríochta, tá dul chun cinn déanta chun luas na nuálaíochta a mhéadú in Uisce Éireann trí phlé a dhéanamh ar infhaighteacht agus inrochtaineacht maoinithe trí chomhoibriú tras-fheidhmeach agus comhoibriú slabhra soláthair. I measc na samplaí: D'fhaomh an Coimisiún um Rialáil Fóntais €1.26 milliún le haghaidh tionscadal Réitigh Bunaithe ar an Dúlra, a cuireadh tús leis i mí Mheán Fómhair agus atá á threorú ag Straitéis Sócmhainne. Táimid ag comhoibriú chomh maith le foirne eile Uisce Éireann chun taighde agus nuálaíocht phíolótach a chur ar fáil, lena n-áirítear Suirbhéanna Ladrainn ar Shéaraigh, MS-Copilot AI agus Customer Re-Connect (an tseirbhís teachtaireachta nua atá againn a bhfuil cur síos déanta air laistigh den chuid Athbhreithniú Oibriúcháin).

## Príomhtháscairí feidhmíochta

Déanann na Stiúrthóirí monatóireacht ar fheidhmíocht trí leas a bhaint as sraith príomhtháscairí feidhmíochta. Déantar iad a mheas go mionsonrach laistigh den chuid Príomh-tháscaire Feidhmíochta sa tuarascáil seo.

## Na Stiúrthóirí agus an Rúnaí agus a gcuid Leasanna

Ní raibh leasanna tairbhiúla ag na Stiúrthóirí aon uair le linn na bliana airgeadais ná ar an 31 Nollaig 2024.

Nochtann Stiúrthóirí aon leas agus, de réir mar a éilíonn an Cód, ní bhíonn siad páirteach in aon phlé ná cinnteoireacht de chuid an Bhoird áit a bhfuil coinbhleacht ann nó áit a bhfuil leas díreach nó indíreach acu. De réir Alt 1.4 de na Riachtanais um Thuairisciú Gnó agus Airgeadais atá i gceangal leis an gCód, tá cur síos ar luach saothair an POF don tréimhse le fáil i nóta 3 de na ráitis airgeadais.

## Acht na gCuideachtaí 2014

De bhun Alt 151 d'Acht na gCuideachtaí 2014, tá Uisce Éireann díolmhaithe ón oibleagáid, na focail "Cuideachta Gníomhaíochta Ainmnithe" a úsáid chun cur síos ar chineál na cuideachta ina ainm.

## Ráiteas ar fhaisnéis iniúchta ábhartha

De réir Alt 330 d'Acht na gCuideachtaí 2014, dearbhaíonn na Stiúrthóirí nach bhfuil, chomh fada agus is eol dóibh féin, aon fhaisnéis iniúchta ábhartha nach bhfuil iniúchóirí reachtúla na Cuideachta ar an eolas fúithi, agus go bhfuil na Stiúrthóirí tar éis na bearta uile a chur i gcrích a raibh de dhualgas orthu iad a chur i gcrích mar Stiúrthóirí chun iad féin a chur ar an eolas faoi aon fhaisnéis iniúchta ábhartha agus chun a dhearbhú gur cuireadh an fhaisnéis sin ar a súile d'iniúchóirí reachtúla na Cuideachta.

**Tuarascáil an Bhoird**
*(ar lean)*

## Conclúid (ar lean)

### Gnóthas Leantach

Tá ionchas réasúnach ag na Stiúrthóirí go leanfaidh an Chuideachta dá dliteanais a chomhlíonadh de réir mar a bhíonn siad dlite, agus go leanfaidh sí i mbun oibriúcháin go ceann i bhfad. Léirítear le tuartha agus réamh-mheastacháin na gnólachta go bhfuiltear ag súil go gcomhlíonfaidh Uisce Éireann a dhliteanais nuair a bhíonn siad dlite trí mheascán de mhaoiniú Stáit agus taraifí a ghearrann Uisce Éireann. Dá réir sin, tá na Stiúrthóirí fós ag dul i muinín bhonn an ghnóthais leantaigh maidir le hullmhú ráitis airgeadais na Cuideachta.

Féach ar nóta 1 de na Ráitis Airgeadais le haghaidh nochtadh mionsonraithe gnóthais leantaigh na Cuideachta.

### Imeachtaí ina dhiaidh sin

Níor tharla eachtraí suntasacha a chuir as don Chuideachta ó dheireadh na bliana airgeadais, seachas mar atá luaite i nóta 26 de na ráitis airgeadais.

### Iniúchóir neamhspleách

Tháinig socrúcháin freagrachta agus iniúchta athbhreithnithe i bhfeidhm d'Uisce Éireann nuair a cuireadh tús leis an Acht um Sheirbhísí Uisce (Leasú) 2022. Ón 1 Eanáir 2023, tá Uisce Éireann faoi réir dhá iniúchadh ceann amháin ag an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus ceann eile ag a iniúchóir reachtúil tráchtála faoi Achtanna na gCuideachtaí.

I gcomhréir le hAlt 17C (4) den Acht um Sheirbhísí Uisce, 2013 (arna leasú), tá táillí iníoctha do Deloitte Ireland LLP chun iniúchadh a dhéanamh ar ráitis airgeadais Uisce Éireann don bhliain 2024 faoi réir fhaomhadh an Aire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta le cead ón Aire Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóirithe na Seirbhíse Poiblí agus Digitithe.

I ndiaidh chur i gcrích phróiseas tairisceana iomaíche sa bhliain 2024 agus comhairliúchán leis an Aire, ceapadh Deloitte Ireland LLP mar iniúchóir tráchtála reachtúil d'Uisce Éireann do na blianta 2024, 2025 agus 2026.

I gcomhréir le hAlt 17B(5) den Acht um Sheirbhísí Uisce, 2013 (arna leasú), tá táillí iníoctha don Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste chun iniúchadh a dhéanamh ar ráitis airgeadais Uisce Éireann don bhliain 2024 faoi réir fhaomhadh an Aire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta le cead ón Aire Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóirithe na Seirbhíse Poiblí agus Digitithe.

Ar son agus thar ceann Uisce Éireann:

**Jerry Grant**
Cathaoirleach

**Gerard Britchfield**
Ball Boird

# Tuarascáil an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca

Thar ceann Choiste Iniúchóireachta agus Riosca Uisce Éireann, tá mé sásta tuarascáil an choiste a chuir i láthair don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2024.

**Gerry Britchfield**
Cathaoirleach an Choiste



Is é aidhm na tuarascála seo ná léargas a sholáthar maidir le hoibriúcháin an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca le 12 mhí anuas.

## Baill an Choiste

Tá 4 Comhaltaí Boird Neamh-fheidhmiúcháin neamhspleácha de chuid Uisce Éireann ar an gCoiste. Is iad Gerard Britchfield (Cathaoirleach), Cathy Mannion, Eileen Maher agus Michael Walsh comhaltaí an Bhoird. Tugann na comhaltaí eispéireas agus saineolas ó réimse earnálacha agus cúlraí, rud atá rí-thábhachtach chun tacú le rialachas éifeachtach.

Is é Bord Uisce Éireann, i gcomhairle le Cathaoirleach an Choiste, a dhéanann Comhaltaí an Choiste a cheapadh. Tá an Coiste neamhspleách ar lucht bainistíochta na Cuideachta.

## Ról agus Freagrachtaí an Choiste

Is é ról an Choiste, mar a leagtar amach é sna Téarmaí Tagartha ná tacú le Bord Uisce Éireann maidir lena fhreagrachtaí do na cúrsaí seo a leanas:

- Tuairisciú airgeadais,
- Bainistiú Riosca,
- Rialuithe Inmheánacha,
- Iniúchadh inmheánach,
- Iniúchadh seachtrach.

Tugann an coiste faoi ghníomhaíochtaí gaolmhara eile, lena n-áirítear forléargas ar Oibleagáidí maidir le Tuairisciú Inbhuanaitheachta Corparáidí, beartais agus nósanna imeachta maidir le nochtaí cosanta, frithchalaoise, frithbhreabaireachta agus frith-éillithe.

Tuairiscíonn Cathaoirleach an Choiste do Bhord Uisce Éireann maidir le hábhair a phléitear ag gach cruinniú Coiste.

## Bearta an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca

Le linn 2024, ghlac an Coiste neart ama chun a phríomhfhreagrachtaí maoirseachta a chomhlíonadh, bhuail siad le chéile 8 n-uaire i rith na bliana. I measc lucht freastal rialta ag cruinnithe an Choiste, a fuair cuireadh ón gCoiste, bhí an POF, an Príomh-Oifigeach Airgeadais, an Príomh-Oifigeach Dlí, Rúnaí na gCuideachta, an Stiúrthóir Straitéise, Athléimneachta agus Rialúcháin, Ceannasaí Iniúchóireachta Inmheánaigh, Ceannasaí Rialála agus Pleanála Airgeadais, Ceannasaí Rialachais agus Comhlíonta Airgeadais, Ceannasaí Riosca Eagraíochta agus Athléimneachta agus ionadaithe ó iniúchóirí seachtracha. Nuair is cuí, tugtar cuireadh do phríomhfheidhmeannaigh agus do bhaill eile den bhainistíocht shinsearach a bheith láthair chun léargas níos doimhne a chur i láthair agus a chur ar fáil maidir le topaicí éagsúla de réir mar a cheanglaítear ag an gCoiste chun a dhualgais a chomhlíonadh.

## Tuarascáil an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca
*(ar lean)*

Chuaigh an Coiste i dteagmháil go minic le bainistíocht shinsearach, iniúchóireacht inmheánach, bainistíocht riosca agus na hiniúchóirí reachtúla. Tá Uisce Éireann faoi réir iniúchta dúbailte ag Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus a iniúchóir tráchtála reachtúil araon, Deloitte, faoi Achtanna na gCuideachtaí. Bhuail an Coiste ar leithligh le hionadaithe ón Oifig C&AG agus Deloitte le linn na bliana. Anuas air sin, thug an Coiste faoi chlár iomlán athbhreithnithe ina chruinnithe i rith na bliana lena fhreagrachtaí a chomhlíonadh go héifeachtach.

Sonraítear thíos achoimre maidir leis na gníomhaíochtaí curtha i gcrích ag an gCoiste sa bhliain 2024.

| Dualgas | Gníomhaíochtaí a cuireadh i gcrích sa bhliain 2024 |
|---|---|
| **Tuairisciú airgeadais** | • Rinneadh athbhreithniú ar Thuarascáil Bhliantúil Uisce Éireann agus Ráiteas Airgeadais, sular moladh faomhadh an Bhoird.<br>• Rinneadh breithniú maidir le oiriúnacht mheastacháin agus breithnithe cuntasaíochta a cuireadh i bhfeidhm in ullmhú na ráiteas airgeadais lena n-áirítear oiriúnacht glacadh le bonn ullmhúchán gnóthais leantaigh na ráiteas airgeadais.<br>• Rinneadh athbhreithniú ar na beartais chuntasaíochta agus cúrsaí a raibh tionchar acu ar thuairisciú airgeadais.<br>• Rinneadh athbhreithniú ar chuntais neamhiniúchta Uisce Éireann don sé mhí dar críoch 30 Meitheamh.<br>• Cuireadh measúnacht i gcrích maidir le héifeachtúlacht an iniúchóra seachtraigh (Deloitte), lena n-áirítear monatóireacht a dhéanamh ar chomhlíonadh le treoir eiticiúil agus gairmiúil maidir le neamhspleáchas, cáilíochtaí, saineolas agus acmhainní a chur ar fáil.<br>• Rinneadh breithniú maidir le pointí litreach an iniúchóra seachtraigh.<br>• Rinneadh breithniú maidir le pleananna iniúchta ó Deloitte agus C&AG araon.<br>• Bualadh le Deloitte agus an C&AG, ar leithligh ón mbainistíocht.<br>• Rinneadh athbhreithniú maidir le téarmaí rannpháirtíochta an iniúchóra seachtraigh ó Deloitte agus C&AG.<br>• Moladh beartas don Bhord, maidir le fostú iar-fhostaithe na n-iniúchóirí reachtúla.<br>• Rinneadh athbhreithniú ar mhaoiniú na scéime pinsin<br>• Formheasadh teorannacha maidir le conarthaí a dhámhachtain don iniúchadh seachtrach le haghaidh obair neamh-iniúchóireachta.<br>• Moladh na táillí iniúchta a fhormheas. |
| **Bainistiú riosca** | • Clár Riosca Corparáideach agus Tuarascálacha Athléimneachta agus Nuashonruithe maidir le Riosca Cibearshlándála d'Uisce Éireann a chur san áireamh, agus plé a dhéanamh ar nochtadh riosca, lena n-áirítear rioscaí atá ag treochtáil agus rioscaí atá ag teacht chun cinn, rialuithe maolaithe agus rátáil sprioc-riosca. Rinneadh breithniú maidir le clár cuimsitheach i ndáil le Nithe Doimhne i rith na bliana, rud a dhírigh ar phríomh-neamhchosaintí ar riosca d'Uisce Éireann.<br>• Athbhreithniú déanta ar an Modheolaíocht Measúnachta Riosca agus moladh leasuithe air don Bhord.<br>• Rinneadh Inghlacthacht Riosca d'Uisce Éireann a mheas, lena n-áirítear Rangú Riosca, roimh a fhaomhadh ag an mBord.<br>• Rinneadh Athbhreithniú agus moladh don Bhord, glacadh le Straitéis Riosca 2025-2029.<br>• Bualadh le Ceannasaí Riosca Eagraíochta agus Athleimneachta, ar leithligh ón mbainistíocht.<br>• Moladh creat il-soláthraithe do sholáthar na Seirbhísí Comhairleacha Riosca don Bhord.<br>• Rinneadh athbhreithniú ar an mBeartas Bainistíochta Riosca Eagraíochtúil agus ar an gCreat Bainistíochta Riosca Eagraíochtúil agus moladh leasuithe ina leith don Bhord. |

| Dualgas | Gníomhaíochtaí a cuireadh i gcrích sa bhliain 2024 |
|---|---|
| **Rialuithe inmheánacha** | • Rinneadh breithniú maidir le tuarascálacha Fhóram Dearbhaithe Comhtháite, lena n-áirítear aon chásanna féideartha chun feabhas a chur ar rialú.<br>• Rinneadh athbhreithniú maidir leis an Ráiteas um Córas Rialaithe Inmheánaigh agus tuarascálacha rialaithe agus rialachais gaolmhara, roimh bhreithniú an Bhoird.<br>• Rinneadh plé maidir le Maitrís Comhlíonta na Stiúrthóirí i lár agus ag deireadh na bliana, roimh formheas an Bhoird.<br>• Rinneadh breithniú ar thuairisciú eatramhach agus deireadh na bliana um chomhlíonadh soláthair |
| **Iniúchadh inmheánach** | • Faomhadh an Plean Iniúchta Inmheánaigh 2024 d'Uisce Éireann.<br>• Rinneadh athbhreithniú ar an gCairt Iniúchóireachta Inmheánaí.<br>• Rinneadh plé maidir le torthaí na dTuarascálacha Iniúchóireachta Inmheánaí ráithúla d'Uisce Éireann.<br>• Rinneadh breithniú faoi nuashonraithe maidir le dul chun cinn ar chur i bhfeidhm na moltaí Iniúchóireachta inmheánaí.<br>• Fuarthas tuarascálacha maidir le fadhbanna rúnda.<br>• Moladh, creat il-soláthraithe do sholáthar na Seirbhísí Iniúchóireachta Inmheánaí don Bhord<br>• Bualadh le Ceannasaí an Iniúchta Inmheánaigh, ar leithligh ón mbainistíocht.<br>• Rinneadh éifeachtúlacht fheidhm an Iniúchta Inmheánaigh a mheas. |
| **Ábhair eile** | • Cuireadh an dul chun cinn san áireamh maidir le hullmhúchán Uisce Éireann maidir le hoibleagáidí tuairiscithe faoin Treoir um Thuairisciú Inbhuanaitheachta Corparáideach<br>• Rinneadh breithniú faoi Thuarascáil maidir le Nochtaí Cosanta roimh eisiúint don Roinn Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe agus roimh fhoilsiú ar shuíomh gréasáin Uisce Éireann.<br>• Rinneadh athbhreithniú ar an tsraith eitice a bhaineann le beartais, is é sin, an Beartas Frith-Chalaoise, an Beartas Frith-Bhreabaireachta agus Frith-Éillithe agus an Beartas Nochta Cosanta atá mar chuid den fheachtas 'An Rud Ceart á Dhéanamh' agus moladh a fhaomhadh don Bhord.<br>• Rinneadh athbhreithniú maidir lena fheidhmíocht féin, i gcomhréir leis an gCód Cleachtais um Rialú Comhlachtaí Stáit. Leasuithe faofa do Théarmaí Tagartha an Choiste, roimh formheas an Bhoird.<br>• Rinneadh breithniú maidir le Tuarascáil an Chathaoirligh faoi Alt 1.9 d'iarscríbhinn Tuairisciú Gnólachta agus Airgeadais den Chód Cleachtais um Rialú Comhlachtaí Stáit, roimh formheas an rialtais agus roimh é a chur faoi bhráid an Aire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta. |

## Conclúid

Ag féachaint ar aghaidh go 2025, i measc príomhthosaíochtaí an Choiste, beidh maoirseacht a chothabháil maidir le hionracas tuairiscithe airgeadais, próisis rialála inmheánaí agus cultúr láidir bainistithe riosca a choinneáil ar fud Uisce Éireann. Leanfaidh an Coiste ar aghaidh le tacaíocht a thabhairt maidir le hullmhúcháin do na hoibleagáidí tuairiscithe faoin Treoir maidir le Tuairisciú Inbhuanaitheachta Corparáideach.

Ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil le mo Chomh-chomhaltaí Coiste as a dtiomantas maidir le Clár Oibre iomlán a bhaint amach sa bhliain 2024 agus táim ag súil le bheith ag obair i gcomhar leo agus le foireann Uisce Éireann sa bhliain 2025 agus sinn ag leanúint le maoirseacht a dhéanamh ar rialachas, airgeadais, iniúchóireacht, rialuithe inmheánacha agus ar shocrúcháin bhainistithe riosca in Uisce Éireann.

**Gerard Britchfield**
Cathaoirleach an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca

# Ráitis Airgeadais


| | |
|---|---|
| Tuarascáil na n-iniúchóirí neamhspleácha do chomhaltaí Uisce Éireann | 85 |
| Ráiteas ioncaim | 91 |
| Ráiteas ar ioncam cuimsitheach eile | 92 |
| Clár comhardaithe | 93 |
| Ráiteas ar athruithe sa chaipiteal gnáthscaireanna | 94 |
| Ráiteas ar shreafaí airgid | 95 |
| Nótaí a ghabhann leis na ráitis airgeadais | 96 |
| Stiúrthóirí agus faisnéis eile | 133 |

## Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste
## Comptroller and Auditor General

### Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

### Uisce Éireann

### Tuairim ar na ráitis airgeadais

Tá iniúchadh déanta agam ar ráitis airgeadais Uisce Éireann don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2024 mar a cheanglaítear faoi fhorálacha Alt 17B(4) den Acht um Sheirbhísí Uisce 2013. Cuimsíonn na ráitis airgeadais an ráiteas ar ioncam, an ráiteas ar ioncam cuimsitheach eile, an clár comhardaithe, an ráiteas ar athruithe ar an gcothromas, an ráiteas ar shreafaí airgid, agus na nótaí gaolmhara, lena n-áirítear achoimre ar bheartais chuntasaíochta shuntasacha.

I mo thuairim, maidir leis na ráitis airgeadais

- tugann siad léargas fíor agus cothrom ar shócmhainní, ar dhliteanais agus ar staid airgeadais Uisce Éireann amhail an 31 Nollaig 2024 agus ar a ioncam agus ar a chaiteachas do 2024
- ullmhaíodh i gceart iad i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta um Thuairisciú Airgeadais (CITA) arna nglacadh ag an Aontas Eorpach, agus
- ullmhaíodh i gceart iad i gcomhréir le hAcht na gCuideachtaí 2014.

#### *An bunús leis an tuairim*

Rinne mé m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta ar Iniúchóireacht (ISAnna) arna gcur chun cinn ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Tá cur síos déanta ar mo chuid freagrachtaí faoi na caighdeáin sin san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo. Táim neamhspleách ar Uisce Éireann agus tá mo chuid freagrachtaí eiticiúla eile comhlíonta agam i gcomhréir leis na caighdeáin.

Creidim gur leor agus gur iomchuí an fhianaise iniúchóireachta a fuair mé chun bunús a thabhairt le mo thuairim.

#### *Tátail a bhaineann le gnóthas leantach*

Tá na ráitis airgeadais ullmhaithe ag na stiúrthóirí ar bhonn an ghnóthais leantaigh. Mar a thuairiscítear san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo, tagaim ar thuairim maidir leis na nithe seo a leanas

- oiriúnacht úsáid bhonn gnóthais leantaigh na cuntasaíochta ag na stiúrthóirí agus
- cibé an bhfuil nó nach bhfuil éiginnteacht ábhartha ann a bhaineann leis na teagmhais nó dálaí a d'fhéadfadh amhras suntasach a chaitheamh ar chumas na cuideachta leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach.

Níl aon rud agam le tuairisciú maidir leis sin.

#### Tuairim faoi ábhair eile arna bhforordú ag Acht na gCuideachtaí 2014

Bunaithe ar an obair ar tugadh fúithi le linn an iniúchta, tuairiscím gurb é mo thuairim

- go bhfuil an fhaisnéis atá tugtha i dtuarascáil na stiúrthóirí i gcomhréir leis na ráitis airgeadais, agus
- gur ullmhaíodh tuarascáil na stiúrthóirí i gcomhréir leis na ceanglais dhlíthiúla is infheidhme.

Fuair mé an fhaisnéis agus na míniúcháin uile atá riachtanach, chomh fada agus is eol dom agus ar feadh m'eolais, chun críocha an iniúchta a rinne mé.

I mo thuairim, bhí taifid chuntasaíochta na cuideachta leordhóthanach chun iniúchadh réidh agus ceart a éascú ar na ráitis airgeadais, agus tá na ráitis airgeadais ar aon dul leis na taifid chuntasaíochta.

Bunaithe ar an eolas agus ar an tuiscint ar an gcuideachta agus ar a timpeallacht a fuarthas le linn an iniúchta, níl míshonruithe ábhartha ar bith aitheanta agam i dtuarascáil na stiúrthóirí.

Éilítear orm le hAcht na gCuideachtaí 2014 freisin chun a thuairisciú más é an cás, i mo thuairim, nach gcomhlíonann an chuideachta na nochtaí maidir le luach saothair agus idirbhearta na stiúrthóirí a éilítear faoi alt 305 go halt 312 den Acht. Níl aon rud agam le tuairisciú maidir leis sin.

### Ag tuairisciú ar fhaisnéis eile

Tá na stiúrthóirí freagrach as faisnéis eile a chuir siad ar fáil in éineacht leis na ráitis airgeadais. Cuimsíonn sí sin an tuarascáil bhliantúil, lena n-áirítear tuarascáil an bhoird agus an ráiteas ar rialú inmheánach. Tá cur síos déanta san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo ar mo chuid freagrachtaí i ndáil leis an bhfaisnéis sin, agus ar chúrsaí áirithe eile ar a dtugaim tuairisc trí eisceacht.

Níl aon rud agam le tuairisciú maidir leis sin.

**Séamus McCarthy**
**An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste**
**29 Aibreán 2025**

## Aguisín a ghabhann leis an tuarascáil

### Freagrachtaí na stiúrthóirí

Mar atá sonraithe i dtuarascáil na stiúrthóirí, tá na stiúrthóirí freagrach as na nithe seo a leanas

- ráitis airgeadais bhliantúla a ullmhú san fhoirm a fhorordaítear faoi alt 17 den Acht um Sheirbhísí Uisce 2013
- a áirithiú go dtugann na ráitis airgeadais léargas fíor agus cothrom de réir an chreata tuairiscithe airgeadais atá leagtha amach i nóta 1 de na ráitis airgeadais agus go gcomhlíonann siad Acht na gCuideachtaí 2014 ar shlí eile
- rialtacht na n-idirbheart a áirithiú
- a mheasúnú cibé acu an bhfuil úsáid bhonn gnóthais leantaigh na cuntasaíochta cuí nó nach bhfuil, agus
- an rialú inmheánach a dhearbhaíonn siad go bhfuil gá leis chun ullmhú na ráiteas airgeadais a éascú, a bheidh saor ó mhíshonrú ábhartha, cibé acu de bharr calaoise nó earráide.

### Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Ceanglaítear orm faoi alt 17B(4) den Acht um Sheirbhísí Uisce 2013 ráitis airgeadais Uisce Éireann a iniúchadh agus tuairisc a thabhairt orthu do Thithe an Oireachtais.

Is é mo chuspóir agus an t-iniúchadh á dhéanamh agam dearbhú réasúnta a fháil faoi cibé an bhfuil nó nach bhfuil na ráitis airgeadais ina n-iomláine saor ó mhíshonrú ábhartha de bharr calaoise nó earráide. Leibhéal ard dearbhaithe is ea dearbhú réasúnta, ach ní chinntítear leis go mbraithfear míshonrú ábhartha nuair atá sé ann le hiniúchadh a dhéantar i gcomhréir leis na ISAnna. Féadann míshonruithe eascairt as calaois nó earráid agus meastar go bhfuil siad ábhartha más rud é, ina n-aonar nó le chéile, go bhféadfadh tionchar a bheith acu ar chinntí eacnamaíochta a ghlactar ar bhonn na ráiteas airgeadais seo.

Mar chuid d'iniúchadh i gcomhréir leis na ISAnna, feidhmím breithiúnas gairmiúil agus coimeádaim sceipteachas gairmiúil le linn an iniúchta. Agus amhlaidh á dhéanamh,

- Déanaim na rioscaí maidir le míshonrú ábhartha sna ráitis airgeadais cibé acu de bharr calaoise nó earráide a shainaithint agus a mheasúnú; ceapaim agus déanaim nósanna imeachta iniúchóireachta atá freagrúil do na rioscaí sin; agus faighim an fhianaise iniúchóireachta ar leor agus ar iomchuí í chun bunús a chur le mo thuairim. Maidir leis an riosca nach mbraithfí míshonrú ábhartha de thoradh calaoise, is airde é ná an riosca i gcás míshonrú ábhartha de thoradh earráide, mar i gcás calaoise d'fhéadfadh go mbeadh claonpháirteachas, brionnú, easnaimh d'aon turas, bréagléirithe, nó sárú an rialaithe inmheánaigh i gceist.
- Faighim tuiscint ar an rialú inmheánach a bhaineann leis an iniúchadh chun nósanna imeachta iniúchóireachta a cheapadh atá iomchuí sna cúinsí, ach ní chun tuairim a chur in iúl maidir le héifeachtúlacht na rialuithe inmheánacha.
- Déanaim meastóireacht ar oiriúnacht na mbeartas cuntasaíochta a úsáideadh agus réasúntacht na meastachán cuntasaíochta agus na nochtaí lena mbaineann.
- Tagaim ar thuairim maidir le hoiriúnacht na húsáide a bhaintear as bonn gnóthais leantaigh na cuntasaíochta agus, bunaithe ar an bhfianaise iniúchóireachta a fhaightear, cibé an bhfuil nó nach bhfuil éiginnteacht ábhartha ann a bhaineann leis na teagmhais nó dálaí a d'fhéadfadh amhras suntasach a chaitheamh ar chumas na cuideachta leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach. Má chinnim go bhfuil éiginnteacht ábhartha ann, tá sé ceangailte orm aird a tharraingt i mo thuarascáil ar na nochtaí gaolmhara sna ráitis airgeadais nó, murar leor na nochtaí sin, mo thuairim a mhionathrú. Tá mo thátail bunaithe ar an bhfianaise iniúchóireachta a fhaightear suas go dtí dáta mo thuarascála. Mar sin féin, d'fhéadfadh teagmhais nó dálaí amach anseo a bheith ina gcúis le hUisce Éireann gan a bheith ina ghnóthas leantach a thuilleadh.
- Déanaim meastóireacht ar chur i láthair, struchtúr agus ábhar foriomlán na ráiteas airgeadais, lena n-áirítear na nochtaí, agus cibé an léirítear nó nach léirítear na hidirbhearta agus na teagmhais bhunaidh sna ráitis airgeadais ar mhodh um chur i láthair cothrom.

Cuirim iad siúd a bhfuil freagracht orthu as rialachas ar an eolas faoi, i measc ábhair eile, raon feidhme agus tráthúlacht bheartaithe an iniúchta agus torthaí suntasacha an iniúchta, lena n-áirítear easnaimh shuntasacha ar bith sa rialú inmheánach a shainaithním le linn m'iniúchta.

#### Faisnéis eile

Ní chumhdaítear i mo thuairim ar na ráitis airgeadais an fhaisnéis eile atá curtha i láthair leis na ráitis sin, agus ní chuirim cineál ar bith de thátal dearbhaithe in iúl fúthu.

I ndáil le m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais, ceanglaítear orm faoi na ISAnna faisnéis eile atá ann a léamh agus, ag déanamh amhlaidh, a mheas an bhfuil an fhaisnéis eile neamhréir go hábharach leis na ráitis airgeadais nó leis an bhfaisnéis a fuarthas le linn an iniúchta, nó an ndearnadh an fhaisnéis a mhíshonrú go hábharach ar aon bhealach eile. Má chinnim, bunaithe ar an obair a rinne mé, go bhfuil míshonrú ábhartha san fhaisnéis eile sin, ceanglaítear orm é sin a thuairisciú.

#### Ag tuairisciú ar ábhair eile

Déantar m'iniúchadh faoi threoir na mbreithnithe speisialta atá ceangailte ar na comhlachtaí Stáit i dtaca lena mbainistíocht agus oibriú. Tuairiscím má shainaithním go bhfuil ábhair ábhartha ann a bhaineann leis an mbealach ina ndearnadh gnó poiblí.

Féachaim le fianaise a fháil maidir le rialtacht na n-idirbheart airgeadais le linn an iniúchta. Tuairiscím má thagaim ar chás ábhartha ar bith ann nár cuireadh airgead poiblí i bhfeidhm chun na críocha dá raibh sé beartaithe nó i gcás nár chloígh na hidirbhearta leis na húdaráis a rialaíonn iad.

Deloitte.

Deloitte Ireland LLP
Cuntasóirí Cairte agus
Gnólacht Iniúchóireachta
Reachtúla

# TUARASCÁIL AN INIÚCHÓRA NEAMHSPLEÁIGH DO CHOMHALTAÍ UISCE ÉIREANN

## Tuarascáil ar iniúchadh na ráiteas airgeadais

**Tuairim ar ráitis airgeadais Uisce Éireann ("an chuideachta")**
Inár dtuairim tugann na ráitis airgeadais:

- léargas fíor agus cóir ar shócmhainní, ar dhliteanais agus ar staid airgeadais na cuideachta an 31 Nollaig 2024 agus ar an mbrabús don bhliain airgeadais dar críoch sin; agus
- ullmhaíodh iad i gceart i gcomhréir leis an gcreat tuairiscithe airgeadais ábhartha agus, go háirithe le ceanglais Acht na gCuideachtaí, 2014.

Is éard atá sna ráitis airgeadais ná:

- an Ráiteas Ioncaim;
- an Ráiteas Ioncaim Chuimsithigh Eile;
- an Clár Comhardaithe;
- Ráiteas ar Athruithe ar an gCothromas;
- an Ráiteas ar Shreafaí Airgid; agus
- na nótaí lena mbaineann 1 go dtí 27, lena n-áirítear faisnéis ábhartha maidir le beartas cuntasaíochta mar atá leagtha amach i nóta 1.

Is é an creat tuairiscithe airgeadais ábhartha a cuireadh i bhfeidhm chun iad a ullmhú ná Acht na gCuideachtaí 2014 agus Caighdeáin Chuntasaíochta CITA de réir mar a eisíodh ag an mBord um Chaighdeáin Idirnáisiúnta Chuntasaíochta (IASB) agus mar a glacadh ag an Aontas Eorpach ("an creat tuairiscithe airgeadais ábhartha").

**Bunús le tuairim**
Rinneamar ár n-iniúchóireacht i gcomhréir le Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúchóireachta (Éire) (ISAnna (Éire)) agus leis an dlí is infheidhme. Tá cur síos déanta ar ár bhfreagrachtaí faoi réir na gcaighdeán sin sa chuid "*Freagrachtaí an iniúchóra maidir le hiniúchadh ar na ráitis airgeadais*" dár dtuarascáil.

Táimid neamhspleách ar an gcuideachta i gcomhréir leis na ceanglais eitice a bhaineann lenár n-iniúchadh ar na ráitis airgeadais in Éirinn, lena n-áirítear an Caighdeán Eitice eisithe ag Údarás Maoirseachta Iniúchta agus Cuntasaíochta na hÉireann, agus tá ár gcuid freagrachtaí eiticiúla eile comhlíonta againn i gcomhréir leis na ceanglais sin. Creidimid go bhfuil an fhianaise iniúchta a fuaireamar leordhóthanach agus cuí chun bonn a chur faoinár dtuairim.

**Tátail a bhaineann le gnóthas leantach**
Agus iniúchadh á dhéanamh againn ar na ráitis airgeadais, bhaineamar de thátal as go bhfuil na Stiúrthóirí ag baint úsáid as bunús cuntasaíochta an ghnóthais leantaigh in ullmhú na ráiteas airgeadais ar bhealach cuí.

Bunaithe ar an obair atá déanta againn go dtí seo, níor shainaithníomar aon éiginnteacht ábhartha a bhaineann le teagmhais nó le dálaí a d'fhéadfadh, ina n-aonar nó i dteannta a chéile, amhras suntasach a chaitheamh ar chumas na cuideachta leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach ar feadh tréimhse dhá mhí dhéag ar a laghad ón uair a údaraítear na ráitis airgeadais lena n-eisiúint.

Tá cur síos déanta sna codanna ábhartha den tuarascáil seo ar ár bhfreagrachtaí féin agus ar fhreagrachtaí na Stiúrthóirí i dtaobh an ghnóthais leantaigh.

**Faisnéis eile**
Is éard atá san fhaisnéis eile ná faisnéis a áirítear sa Tuarascáil Bhliantúil agus sna Ráitis Airgeadais Iniúchta, diomaite de na ráitis airgeadais agus tuarascáil ár n-iniúchóra ina dtaobh. Tá na Stiúrthóirí freagrach as an bhfaisnéis eile atá sa Tuarascáil Bhliantúil agus sna Ráitis Airgeadais Iniúchta. Ní chumhdaíonn ár dtuairim ar na ráitis airgeadais an fhaisnéis eile agus ní chuirimid in iúl cineál ar bith de thátal dearbhaithe uirthi, ach amháin má luaitear a mhalairt go soiléir inár dtuarascáil.

*Ar leanúint ar an gcéad leathanach eile/*

*/Ar leanúint ón leathanach roimhe seo*

**TUARASCÁIL AN INIÚCHÓRA NEAMHSPLEÁIGH DO CHOMHALTAÍ UISCE ÉIREANN**

Is é an fhreagracht atá orainn an fhaisnéis eile a léamh agus, ag déanamh amhlaidh, a mheas an bhfuil an fhaisnéis eile neamhréir go hábharach leis na ráitis airgeadais nó leis an bhfaisnéis a fuarthas san iniúchóireacht nó an ndearnadh an fhaisnéis a mhíshonrú go hábharach ar aon bhealach eile. Má shainaithnímid neamhréireachtaí ábhartha nó míshonruithe ábharacha follasacha mar sin, tá sé de cheanglas orainn a dheimhniú an ndearnadh an fhaisnéis a mhíshonrú go hábharach sna ráitis airgeadais nó an ndearnadh an fhaisnéis eile a mhíshonrú. Más rud é, bunaithe ar an obair atá déanta againn, go gcinnimid gur tugadh míshonrú ábhartha den fhaisnéis eile sin, caithfimid é sin a thuairisciú.

Níl aon rud le tuairisciú againn maidir leis sin.

**Freagrachtaí na Stiúrthóirí**
Mar a míníodh i Ráiteas Fhreagrachtaí na Stiúrthóirí, tá na Stiúrthóirí freagrach as na ráitis airgeadais a ullmhú agus as a bheith sásta go dtugann siad léargas fíor agus cothrom agus go gcomhlíonann siad i ngach bealach eile Acht na gCuideachtaí 2014, agus tá siad freagrach as cibé rialú inmheánach a chinneann siad is gá a chur i bhfeidhm ionas gur féidir ráitis airgeadais a ullmhú atá saor ó mhíshonrú ábhartha, cibé an de bharr calaoise nó earráid atá sé.

Agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú, tá na Stiúrthóirí freagrach as measúnú a dhéanamh ar chumas na cuideachta leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach, agus a nochtadh, de réir mar is infheidhme, ábhair a bhaineann le gnóthas leantach agus úsáid a bhaint as bonn an ghnóthais leantaigh don chuntasaíocht ach amháin má tá sé beartaithe ag na Stiúrthóirí an chuideachta a leachtú nó scor d'oibríochtaí, nó mura bhfuil aon rogha réalaíoch eile acu ach é sin a dhéanamh.

**Freagrachtaí an iniúchóra as an iniúchóireacht ar na ráitis airgeadais**
Is iad ár gcuspóirí ná dearbhú réasúnta a fháil faoi cibé acu an bhfuil na ráitis airgeadais ar an iomlán saor ó mhíshonrú ábhartha, mar gheall ar chalaois nó ar earráid, agus tuarascáil iniúchóra a eisiúint lenár dtuairim san áireamh. Is ionann ráthaíocht réasúnta agus leibhéal ard ráthaíochta, ach ní hionann í agus ráthaíocht a thabhairt go ndéanfaidh iniúchadh a dhéantar i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta ar Iniúchóireacht (Éire) gach míshonrú dá bhfuil ann a bhrath i gcónaí. Féadann míshonruithe eascairt as calaois nó earráid agus meastar go bhfuil siad ábhartha más rud é, ina n-aonar nó le chéile, go bhféadfadh tionchar a bheith acu ar chinntí eacnamaíochta na n-úsáideoirí a ghlactar ar bhonn na ráiteas airgeadais seo.

Tá tuilleadh mínithe dár bhfreagrachtaí le haghaidh an iniúchta ar na ráitis airgeadais lonnaithe ar shuíomh gréasáin IAASA ag:https://iaasa.ie/publications/description-of-the-auditors-responsibilities-for-the-audit-of-the-financial-statements. Tá an míniú mar cuid de thuarascáil ár n-iniúchóirí.

**Tuarascáil ar cheanglais dhlíthiúla agus rialála eile**

**Tuairim faoi ábhair eile arna bhforordú ag Acht na gCuideachtaí 2014**
Bunaithe ar an obair ar tugadh fúithi le linn na hiniúchóireachta, agus uirthi sin amháin, tugaimid tuairisc:

- Go bhfuil an fhaisnéis agus na míniúcháin ar fad faighte againn a mheasaimid a bheith riachtanach chun críocha an iniúchta againn.
- Dar linn gur leor taifid chuntasaíochta na cuideachta chun iniúchadh réidh agus ceart a dhéanamh ar na ráitis airgeadais.
- Tá na ráitis airgeadais ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.
- Inár dtuairim tá an fhaisnéis atá tugtha i dtuarascáil na Stiúrthóirí i gcomhréir leis na ráitis airgeadais.
- Inár dtuairim, maidir leis na codanna sin de thuarascáil na Stiúrthóirí a bhí sonraithe le hathbhreithniú againn, nach bhfuil tuairisciú ar inbhuanaitheacht san áireamh leo nuair a éilítear é sin ag Cuid 28 d'Acht na gCuideachtaí 2014, ullmhaíodh iad i gcomhréir le hAcht na gCuideachtaí 2014.

**Ábhair a bhfuil sé de dhualgas orainn iad a thuairisciú mar eisceacht**
Bunaithe ar eolas agus tuiscint ar an gcuideachta agus a timpeallacht a fuarthas le linn an iniúchta, níl aon mhíshonrú ábhartha aitheanta againn i dtuarascáil na Stiúrthóirí.

Níl aon rud le tuairisciú againn maidir le forálacha Acht na gCuideachtaí 2014, lena n-éilítear orainn a thuairisciú duit mura ndearnadh luach saothair agus idirbhearta na Stiúrthóirí a nochtadh mar atá sonraithe de réir an dlí, inár dtuairimí.

*Ar leanúint ar an gcéad leathanach eile/*

/Ar leanúint ón leathanach roimhe seo

**TUARASCÁIL AN INIÚCHÓRA NEAMHSPLEÁIGH DO CHOMHALTAÍ UISCE ÉIREANN**

Faoin gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (Lúnasa 2016) (mar a leasaíodh) (an "Cód Cleachtais"), éilítear orainn a thuairisciú duit mura léiríonn an ráiteas maidir le córas an rialaithe inmheánaigh atá riachtanach faoin gCód Cleachtais, mar atá curtha san áireamh sa Ráiteas ar Rialachas Corparáideach i dTuarascáil an Bhoird go bhfuil an chuideachta ag cloí le mír 1.9(iv) den Chód Cleachtais nó mura bhfuil an ráiteas ag teacht leis an bhfaisnéis atá ar eolas againn mar thoradh ar ár n-obair iniúchta ar na ráitis airgeadais. Níl aon rud le tuairisciú againn maidir leis sin.

**Ár dtuarascáil a úsáid**

Déantar an tuarascáil seo ar mhaithe le comhaltaí na cuideachta mar chomhlacht, i gcomhréir le hAlt 391 d'Acht na gCuideachtaí, 2014. Tá ár gcuid oibre iniúchóireachta déanta againn ionas gur féidir linn na hábhair is gá dúinn a dhearbhú do chomhaltaí na cuideachta a dhearbhú i dtuarascáil iniúchóra agus gan aon chuspóir ar bith eile a bheith i gceist. Chomh fada is atá ceadaithe de réir an dlí, ní ghlacaimid le freagracht do dhuine ar bith seachas an chuideachta agus comhaltaí na cuideachta mar chomhlacht, as ár n-obair iniúchóireachta, as an tuarascáil seo, ná as na tuairimí atá meáite againn.

**Kevin Sheehan**
Ar son agus thar ceann Deloitte Ireland LLP
Cuntasóirí Cairte agus Gnólacht Iniúchóireachta Reachtúla
Áras Deloitte & Touche, 29 Ardán Phort an Iarla, Baile Átha Cliath 2

30 Aibreán 2025

# Ráiteas Ioncaim
## don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2024

| | Nótaí | 2024 €'000 | 2023 €'000 |
|---|---|---|---|
| **Oibríochtaí leanúnacha** | | | |
| Ioncam | 2 | **1,606,044** | 1,560,314 |
| Costais oibriúcháin | 3 | **(1,036,931)** | (983,624) |
| Bearnúchán infháltas trádála | 3 | **(19,525)** | (16,449) |
| **Brabús oibriúcháin roimh dhímheas agus amúchadh (TRÚCDA) agus earraí eisceachtúla** | | **549,588** | 560,241 |
| Mír eisceachtúil - ioncam deontais le haghaidh aisíocaíochtaí custaiméara nasc nua | 25 | **82,475** | 2,075 |
| Mír eisceachtúil - costas deontais le haghaidh aisíocaíochtaí custaiméara i ndáil le nasc nua | 25 | **(82,475)** | (2,075) |
| **Mír eisceachtúil - glan-ioncam/(costas) deontais** | 25 | **-** | - |
| Dímheas agus amúchadh | 5 | **(217,161)** | (177,537) |
| **Brabús oibriúcháin** | | **332,427** | 382,704 |
| Ioncam airgeadais | 6 | **5,204** | 4,119 |
| Costais airgeadais | 6 | **(16,527)** | (8,263) |
| **Glanchostais airgeadais** | | **(11,323)** | (4,144) |
| **Brabús roimh cháin ioncaim** | | **321,104** | 378,560 |
| Cáin ioncaim | 7 | **(42,499)** | (49,289) |
| **Brabús don bhliain** | | **278,605** | 329,271 |

# Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach Eile

## don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2024

| | Nótaí | 2024 €'000 | 2023 €'000 |
|---|---|---|---|
| **Oibríochtaí leanúnacha** | | | |
| **Brabús don bhliain** | | **278,605** | 329,271 |
| | | | |
| **Ioncam cuimsitheach eile** | | | |
| **Míreanna nach ndéanfar a athrangú ina dhiaidh sin chuig an ráiteas ioncaim:** | | | |
| Sochar sainithe gnóthachain/(caillteanais) achtúireacha | 17 | **7,938** | (9,683) |
| Cáin iarchurtha maidir le hoibleagáidí sochair shainithe | 7 | **(992)** | 1,210 |
| **Iomlán an ioncaim/(chaillteanais) chuimsithigh eile don bhliain** | | **6,946** | (8,473) |
| | | | |
| **Ioncam cuimsitheach iomlán don bhliain** | | **285,551** | 320,798 |

# Clár Comhardaithe

## amhail an 31 Nollaig 2024

| | Nótaí | 31-Noll-24 €'000 | 31-Noll-23 €'000 |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní** | | | |
| **Acmhainní Neamhreatha** | | | |
| Réadmhaoin, gléasra agus trealamh | 8 | **8,026,162** | 6,890,917 |
| Sócmhainní doláimhsithe | 10 | **100,350** | 78,166 |
| **Sócmhainní neamhreatha iomlána** | | **8,126,512** | 6,969,083 |
| | | | |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Trádáil agus infháltais eile | 11 | **168,870** | 164,135 |
| Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim - ar fáil d'úsáid cuideachta | 12 | **345,428** | 289,352 |
| Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim - iarmhéideanna tríú páirtí | 13 | **71,408** | 6,322 |
| Sócmhainní airgeadais - urrús airgeadais coimeádta ar thaisce téarma | 13 | **40,000** | 72,250 |
| Fardal | 15 | **52** | - |
| **Sócmhainní reatha iomlána** | | **625,758** | 532,059 |
| | | | |
| **Sócmhainní iomlána** | | **8,752,270** | 7,501,142 |
| | | | |
| **Caipiteal Gnáthscaireanna agus dliteanais** | | | |
| **Caipiteal gnáthscaireanna** | | | |
| Scairchaipiteal agus Scairbhiseach | 24 | **(324,000)** | (324,000) |
| Ranníocaíocht chaipitil | 24 | **(4,543,771)** | (3,972,067) |
| Tuilleamh coinnithe | | **(1,568,172)** | (1,282,621) |
| **Iomlán caipiteal gnáthscaireanna** | | **(6,435,943)** | (5,578,688) |
| | | | |
| **Dliteanais** | | | |
| **Dliteanais neamhreatha** | | | |
| Iasachtaí agus fiachas eile | 16 | **(1,007,685)** | (826,539) |
| Oibleagáidí sochair scoir | 17 | **(25,062)** | (32,348) |
| Ioncam iarchurtha | 18 | **(147,044)** | (75,473) |
| Deontais | 19 | **(9,802)** | (9,101) |
| Soláthairtí | 20 | **(80,443)** | (91,323) |
| Trádáil agus suimeanna iníoctha eile | 21 | **(89,105)** | (65,197) |
| Dliteanais iarchurtha chánach | 7 | **(233,929)** | (190,438) |
| **Dliteanais neamhreatha iomlána** | | **(1,593,070)** | (1,290,419) |
| | | | |
| **Dliteanais reatha** | | | |
| Iasachtaí agus fiachas eile | 16 | **(5,668)** | (3,534) |
| Ioncam iarchurtha | 18 | **(186,737)** | (184,075) |
| Deontais | 19 | **(310)** | (350) |
| Soláthairtí | 20 | **(33,940)** | (25,495) |
| Trádáil agus suimeanna iníoctha eile | 21 | **(496,602)** | (418,581) |
| **Dliteanais reatha iomlána** | | **(723,257)** | (632,035) |
| | | | |
| **Dliteanais iomlána** | | **(2,316,327)** | (1,922,454) |
| | | | |
| **Caipiteal gnáthscaireanna agus dliteanais ar an iomlán** | | **(8,752,270)** | (7,501,142) |

Le haghaidh agus thar ceann an Bhoird:

**Jerry Grant**, Cathaoirleach
**Gerard Britchfield**, Stiúrthóir

Dáta Faofa, 29 Aibreán 2025

# Ráiteas ar Athruithe sa Chaipiteal Gnáthscaireanna

## don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2024

| | Nótaí | Scairchaipiteal agus Scairbhiseach €'000 | Ranníocaíocht chaipitil €'000 | Tuilleamh coinnithe €'000 | Iomlán €'000 |
|---|---|---|---|---|---|
| **Ar an 1 Eanáir 2023** | | (324,000) | (3,392,174) | (961,823) | (4,677,997) |
| Brabús don bhliain | | - | - | (329,271) | (329,271) |
| Caillteanas cuimsitheach eile don bhliain | | - | - | 8,473 | 8,473 |
| **Ioncam cuimsitheach iomlán don bhliain** | | - | - | (320,798) | (320,798) |
| Ranníocaíocht caipitil airgid thirim | 24 | - | (580,630) | - | (580,630) |
| Oibleagáid sochair scoir ar glacadh léi | 25 | - | 737 | - | 737 |
| **Ar an 31 Nollaig 2023** | | (324,000) | (3,972,067) | (1,282,621) | (5,578,688) |
| Brabús don bhliain | | **-** | **-** | **(278,605)** | **(278,605)** |
| Ioncam cuimsitheach eile don bhliain | | **-** | **-** | **(6,946)** | **(6,946)** |
| **Ioncam cuimsitheach iomlán don bhliain** | | **-** | **-** | **(285,551)** | **(285,551)** |
| Ranníocaíocht caipitil airgid thirim | 24 | **-** | **(571,704)** | **-** | **(571,704)** |
| **Ar an 31 Nollaig 2024** | | **(324,000)** | **(4,543,771)** | **(1,568,172)** | **(6,435,943)** |

# Ráiteas ar Shreafaí Airgid

## don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2024

| | Nótaí | 2024 €'000 | 2023 €'000 |
|---|---|---|---|
| **Glanairgead tirim ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin** | 14 | **597,827** | 510,080 |
| | | | |
| **Sreafaí airgid ó ghníomhaíochtaí infheistíochta** | | | |
| Íocaíochtaí as réadmhaoin, gléasra agus trealamh | | **(1,242,482)** | (1,269,727) |
| Íocaíochtaí as sócmhainní doláimhsithe | | **(50,838)** | (39,326) |
| Admhálacha le haghaidh méideanna atá dlite ó Údaráis Áitiúla | 25 | **1,075** | 982 |
| Íocaíochtaí ar shócmhainní a fuarthas ó Údaráis Áitiúla | 25 | **-** | (7,365) |
| Gluaiseacht in iarmhéideanna airgid thirim tríú páirtí atá coimeádta le haghaidh comhthaobhachta | 13 | **62,942** | 3,696 |
| Gluaiseacht i ndeontais a bhaineann le sócmhainní | 19 | **977** | 7,131 |
| **Airgead tirim a úsáideadh i ngníomhaíochtaí infheistíochta** | | **(1,228,326)** | (1,304,609) |
| | | | |
| **Sreafaí airgid ó ghníomhaíochtaí maoinithe** | | | |
| Fáltais ó iasachtaí | 16 | **644,060** | 231,000 |
| Aisíocaíochtaí ar iasachtaí | 16 | **(460,000)** | (30,000) |
| Aisíocaíocht dliteanas léasa | 9 | **(4,103)** | (5,247) |
| Ranníocaíochtaí caipitil airgid thirim a fuarthas | 24 | **571,704** | 580,630 |
| **Glanairgead tirim ó ghníomhaíochtaí maoinithe** | | **751,661** | 776,383 |
| | | | |
| **Glan (laghdú)/méadú ar airgead tirim agus ar choibhéisí airgid thirim** | | **121,162** | (18,146) |
| Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim ar an 1 Eanáir | | **295,674** | 313,820 |
| **Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim ar an 31 Nollaig** | | **416,836** | 295,674 |
| | | | |
| **Léirithe ar an gClár Comhardaithe mar:** | | | |
| Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim - ar fáil d'úsáid cuideachta | 12 | **345,428** | 289,352 |
| Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim - iarmhéideanna tríú páirtí | 13 | **71,408** | 6,322 |
| | | **416,836** | 295,674 |

# Nótaí a ghabhann leis na ráitis airgeadais


| | |
|---|---|
| 1 | Ráiteas na mBeartas Cuntasaíochta |
| 2 | Ioncam |
| 3 | Costais Oibriúcháin |
| 4 | Costais Fostaithe |
| 5 | Dímheas agus Amúchadh |
| 6 | Glanchostais Airgeadais |
| 7 | Cáin |
| 8 | Réadmhaoin, Gléasra agus Trealamh |
| 9 | Sócmhainní agus Dliteanais Léasa |
| 10 | Sócmhainní Doláimhsithe |
| 11 | Trádáil agus Infháltais Eile |
| 12 | Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim (Atá ar Fáil d'Úsáid Cuideachta) |
| 13 | Urrúis Airgeadais |
| 14 | Airgead Tirim Ginte ó Oibríochtaí |
| 15 | Fardal |
| 16 | Iasachtaí agus Fiachas Eile |
| 17 | Oibleagáidí Sochar Scoir |
| 18 | Ioncam Iarchurtha |
| 19 | Deontais |
| 20 | Soláthairtí, Teagmhais agus Ceangaltais Chaipitil |
| 21 | Trádáil agus Suimeanna Iníoctha Eile |
| 22 | Bainistíocht Riosca Airgeadais agus Sócmhainní/Dliteanais Airgeadais |
| 23 | Tomhas Luacha Chóir |
| 24 | Caipiteal gnáthscaireanna |
| 25 | Páirtithe Gaolmhara |
| 26 | Imeachtaí ina dhiaidh sin |
| 27 | Faomhadh na Ráiteas Airgeadais |

## 1. Ráiteas na mBeartas Cuntasaíochta

### Bunús an ullmhúcháin

Cuideachta gníomhaíochta sainithe atá in Uisce Éireann ('an Chuideachta') atá faoi theorainn scaireanna agus corpraithe in Éirinn ar an 17 Iúil 2013. Is í uimhir chlárúcháin na cuideachta ná 530363. Tá scaireanna Uisce Éireann i seilbh an Aire Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóirithe na Seirbhíse Poiblí agus Digitithe (99 scair) agus an Aire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta (scair amháin) agus ag an mbeirt sin amháin.

Ullmhaítear na ráitis airgeadais i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta um Thuairisciú Airgeadais (CITA) agus le cinntí chláir oibre Choiste Léirmhíniúcháin na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Thuairisciú Airgeadais (IFRIC), mar atá formhuinithe ag an AE, agus atá i bhfeidhm do na tréimhsí cuntasaíochta dar tosach an 1 Eanáir 2024 nó ina dhiaidh, agus Achtanna na gCuideachtaí 2014. Cuirtear na ráitis airgeadais i láthair in Euro, slánaithe don mhíle is gaire, agus ullmhaítear iad ar bhonn costas stairiúil.

Cuireadh na beartais sin i bhfeidhm go comhleanúnach sna blianta ar fad a chuirtear i láthair sna ráitis airgeadais seo, ach amháin maidir le glacadh na gcaighdeán nua (mar atá leagtha amach thíos). Agus na beartais chuntasaíochta seo á gcur i bhfeidhm, ní mór breithiúnais agus meastacháin a úsáid a mbíonn tionchar acu ar na méideanna a aithnítear sna ráitis airgeadais. Tá sonraí ar na breithiúnais agus meastacháin chuntasaíochta is suntasaí leagtha amach i gcuid deiridh an nóta seo faoi "Breithiúnais agus Meastacháin Chuntasaíochta Ríthábhachtacha".

### Gnóthas Leantach

Creideann na Stiúrthóirí go bhfuil an Chuideachta in ann rioscaí a bhainistiú go rathúil. Leagtar amach i nóta 22 a ghabhann leis na ráitis airgeadais, cuspóirí, beartais agus próiseas na Cuideachta lena caipiteal, a cuspóirí bainistithe riosca airgeadais agus a neamhchosaint ar riosca creidmheasa agus riosca leachtachta a bhainistiú.

Léiríonn réamhaisnéisí agus réamh-mheastacháin na Cuideachta go bhfuiltear ag súil go sásóidh Uisce Éireann a dhliteanais de réir mar a bhíonn siad dlite trí mheascán de mhaoiniú Stáit agus taraifí a ghearrann Uisce Éireann. Tugtar achoimre ar chreat athbhreithnithe do shamhail mhaoinithe fhadtéarmach na Cuideachta san Acht um Sheirbhísí Uisce 2017. Aontaíodh agus ceadaíodh maoiniú stáit d'Uisce Éireann le haghaidh 2025 in R4 den bhliain 2024 mar chuid de phróiseas buiséadach an Rialtais. Creideann na stiúrthóirí gur léirigh an Rialtas a thiomantas do mhaoiniúchán leanúnach Uisce Éireann, agus i ndiaidh 2025 san áireamh, trí achtú an Achta um Sheirbhísí Uisce (Leasú) 2022 i mí na Nollag 2022, agus léiríonn sé seo tiomantas an Rialtais d'Uisce Éireann a choimeád faoi úinéireacht phoiblí mar fhóntas náisiúnta, neamhspleách agus rialaithe. Chomh maith leis sin, thug An Creat um Sholáthar Seirbhísí Uisce sa Todhchaí, a d'fhoilsigh an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta i mí an Mheithimh 2022, léiriú breise ar straitéis fhadtéarmach an Rialtais don Chuideachta trínar ghlac Uisce Éireann lánfhreagracht as soláthar gach seirbhíse uisce phoiblí sa bhliain 2023. Léirítear tiomantas an Rialtais do mhaoiniúchán leanúnach d'infheistíocht chaipitil trí chlár infheistíochta caipitil Uisce Éireann a chuimsiú i dTionscadal Éireann 2040, sa Phlean Forbartha Náisiúnta 2021-2030 agus faomhadh Phlean Maoinithe Straitéiseach Uisce Éireann (2025-2029) sa bhliain 2024.

I mí an Mheithimh 2020, chuaigh an Chuideachta i mbun saoráidí iasachta Stáit nua, a chuir an tAire Airgeadais ar fáil do chaiteachas caipitil a raibh an earnáil neamhbhaile ina cúis leis. Tá na saoráidí seo tarraingthe go hiomlán anois. I mBuiséad 2025 an Rialtais, fógraíodh go gcuirfeadh an tAire Airgeadais maoiniú €1 billiún ar fáil chun tacú leis an infheistíocht chaipitil a chuimsítear sa Phlean Maoinithe Straitéiseach 2025-2029 a ceadaíodh, go gcuirfí €300 milliún ar fáil i 2025 chun infheistíocht chaipitil bhaile a mhaoiniú, go gcuirfí €700 milliún ar fáil chun infheistíocht chaipitil neamhbhaile a mhaoiniú thar an tréimhse 2025-2027, agus go gcuirfear €214 milliún de sin ar fáil i 2025. Sa bhliain 2021, chuaigh an Chuideachta i mbun saoráid caipitil oibre €350 milliún le Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta. Gheall Uisce Éireann go bhféachfar chuige nach mbeidh an tsaoráid caipitil oibre de chuid Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta tarraingthe ar an 31 Nollaig gach bliain féilire, ach amháin má fhaigheann Uisce Éireann cead ón Aire roimh ré leas a bhaint as an tsaoráid. Tá saoráid rótharraingthe €10 milliún ag an gCuideachta freisin chun cabhair a thabhairt lena riachtanais bhainc laethúla a bhainistiú.

Tar éis breithniú a dhéanamh ar na fíricí atá leagtha amach thuas, agus ag tabhairt faoi deara staid ghlandliteanais reatha na Cuideachta, arb ionann é agus €97 milliún amhail an 31 Nollaig 2024 (2023: €100 milliún), tá na Stiúrthóirí tar éis teacht ar an tátal go bhfuil ionchas réasúnach acu go leanfaidh an Chuideachta ag freastal ar a dliteanais de réir mar a bhíonn siad dlite go ceann i bhfad agus dá réir sin ullmhaítear na ráitis airgeadais ar bhonn gnóthais leantaigh. Tá na Stiúrthóirí tagtha ar an tátal nach bhfuil aon neamhchinnteacht ábhartha ann a bhaineann le himeachtaí nó le staideanna a d'fhágfadh aon amhras suntasach ar chumas na Cuideachta leanúint mar ghnóthas leantach thar thréimhse na measúnachta. Is í an tréimhse mheasúnachta a úsáideann na Stiúrthóirí ná dhá mhí dhéag ó dháta ceadaithe na ráiteas airgeadais bhliantúil seo.

# Nótaí a ghabhann leis na ráitis airgeadais (ar lean)

## 1. Ráiteas faoi na Beartais Chuntasaíochta

### Caighdeáin chuntasaíochta nua CITA i bhfeidhm don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2024

Tá na leasuithe seo a leanas ar chaighdeáin glactha ag an gCuideachta, nach raibh aon tionchar ábhartha acu ar thorthaí na Cuideachta ná ar nochtaí sna ráitis airgeadais:

- Leasuithe ar CIC 7 Ráiteas ar Shreafaí Airgeadais agus CITA 7 Ionstraimí Airgeadais: Nochtaí: Socrúcháin Airgeadais le haghaidh Soláthraithe
- Leasuithe ar CIC 1 Dliteanais a Aicmiú mar Reatha nó Neamhreatha
- Leasuithe ar CIC 1 Dliteanais a Aicmiú mar Reatha nó Neamhreatha – Dáta Éifeachtach a Iarchur
- Leasuithe ar CIC 1 Dliteanais Neamhreatha le Cúnaint
- Leasuithe ar Léasanna CITA 16: Dliteanas Léasa i nDíolachán agus Aisléasú

### Caighdeáin agus léirmhínithe nua cuntasaíochta CITA nár glacadh fós

Rinneadh na caighdeáin chuntasaíochta nua seo a leanas agus na leasuithe ar chaighdeáin atá ann cheana a eisiúint, ach níl siad i bhfeidhm go fóill don tréimhse chuntasaíochta seo nó níl tacaíocht faighte ón AE ina leith go fóill:

- Fochuideachtaí CITA 19 nach bhfuil Cuntasacht Phoiblí Acu: Nochtaí
- CITA 18 Cur i Láthair agus Nochtadh sna Ráitis Airgeadais
- Leasuithe ar CITA 9 agus CITA 7: Conarthaí a Thagraíonn do Leictreachas atá ag brath ar an Dúlra
- Feabhsuithe Bliantúla Imleabhar 11
- Leasuithe ar CITA 9 agus CITA 7: Ionstraimí Airgeadais a Aicmiú agus a Thomhas
- Leasúcháin ar CIC 21 Éifeachtaí na nAthruithe ar Rátaí Malairte Eachtraí: Easpa Inmhalartachta

Táthar ag súil le nach mbeidh tionchar suntasach ag cur i bhfeidhm na leasuithe CITA atá fágtha agus na bhfeabhsuithebliantúla, a eisíodh ar an 31 Nollaig 2024, ach nach bhfuil i bhfeidhm go fóill, ar ráitis airgeadais na Cuideachta.

### Eolas Beartais Chuntasaíochta Ábhartha

**a) Réadmhaoin, gléasra agus trealamh**

**Aithint**

Déantar réadmhaoin, gléasra agus trealamh a thomhas ag a gcostas lúide a ndímheas carntha agus a gcaillteanais charntha de bharr an bhearnúcháin. Cuimsítear i gcostais costais dhíreacha (lena n-áirítear costais atá inchurtha go díreach i leith saothair agus forchostais), agus ús arna thabhú chun tógáil na sócmhainne a mhaoiniú nuair a ghlacann an tógáil sin tréimhse ama nach beag le críochnú. Is ionann sócmhainní arna dtógáil agus an costas as réadmhaoin, gléasra agus trealamh a cheannach, a thógáil agus a shuiteáil sula mbaintear úsáid tháirgiúil astu. Aithnítear earraí amhail páirteanna spártha, trealamh cúltaca agus trealamh seirbhísithe mar threalamh réadmhaoine, gléasra agus trealamh nuair a chomhlíonann siad an sainmhíniú faoi CIC 16, seachas sin aicmítear earraí den sórt sin mar fhardal.

**Caiteachas dá éis sin**

Aithnítear caiteachas ina dhiaidh sin mar shampla, an costas as cuid de mhír réadmhaoine, gléasra agus trealaimh a athsholáthar, i suim ghlanluacha na míre más dóchúil go sreabhfaidh na tairbhí eacnamaíocha a bheidh ag gabháil leis an mír amach anseo chuig an gCuideachta, agus más féidir a costas a thomhas go hiontaofa. Dí-aithnítear suim ghlanluacha na coda athsholáthartha. Aithnítear na costais as seirbhísiú laethúil réadmhaoine, gléasra agus trealaimh sa ráiteas ioncaim de réir mar a thabhaítear iad.

**Dímheas**

Dímheasann míreanna réadmhaoine, gléasra agus trealaimh ón uair a bhíonn siad ar fáil lena n-úsáid.

Ríomhtar an muirear as dímheas go príomha chun costas na réadmhaoine, an ghléasra agus an trealaimh a dhíluacháil, lúide an costas iarmharach measta, de réir méid cothrom thar a saolré fóinteach measta. Dímheastar sócmhainní léasaithe thar théarma an léasa nó a saolré fóinteach, cibé acu is giorra.

Is iad na haicmithe móra sócmhainne agus a saolré fóinteach measta ná:

| | |
|---|---|
| Sócmhainní bonneagair (lena n-áirítear boscaí teorann, taiscumair, píblínte uisce agus fuíolluisce agus naisc sheirbhíse) | 40-100 bliain |
| Sócmhainní oibriúcháin (lena n-áirítear méadair, caidéil, agus córais leictreacha agus mheicniúla) | 12-70 bliain |
| Sócmhainní neamh-líonra (lena n-áirítear daingneáin agus feistis, feithiclí agus trealamh ríomhaire) | 3-15 bliana |

## 1. Ráiteas faoi na Beartais Chuntasaíochta

Ní ghearrtar dímheas ar thalamh ná sócmhainní atá á dtógáil. Déantar athbhreithniú ar an modh dímheasa, ar shaolréanna fóinteacha (lena n-áirítear uaireanta táirgeachta) agus ar luachanna iarmharacha ar gach dáta tuairiscithe (lena n-áirítear aon tionchar féideartha mar gheall ar an athrú aeráide agus an inbhuanaitheacht a chur san áireamh) agus déantar iad a choigeartú más cuí.

**b) Sócmhainní doláimhsithe**
**Bogearraí agus bogearraí á bhforbairt**
Áirítear le costais bogearraí sócmhainní a fhorbraítear go hinmheánach agus sócmhainní a cheannaítear go seachtrach araon.

Tagraíonn bogearraí a fhorbraítear go hinmheánach do chostais a bhaineann go díreach le táirgeadh táirgí inaitheanta agus uathúla bogearraí atá rialaithe ag an gCuideachta. Aithnítear na costais sin mar shócmhainní doláimhsithe má mheastar gur dóchúil go mbeidh tairbhí eacnamaíocha ag baint leis na táirgí sin a sháróidh na costais aitheanta. Ní dhéantar na costais sin a chaipitliú ach má chomhlíontar na critéir atá leagtha amach in CIC 38. Áirítear leis an gcaiteachas a dhéantar a chaipitliú an costas as ábhair, saothar díreach, forchostais atá inchurtha go díreach i leith ullmhú na sócmhainne dá húsáid bheartaithe, agus costais iasachta ar shócmhainní cáilitheacha.

Déantar ceadúnais bogearraí ríomhaire a fuarthas a chaipitliú ar bhonn na gcostas a tabhaíodh chun na sócmhainní sonracha a fháil agus úsáid a bhaint astu, ar choinníoll go gcomhlíonann na costais na critéir in CIC 38 maidir le caipitliú. Déantar socrúcháin Bogearraí mar Sheirbhís (BMS) a chlárú mar chostais oibriúcháin, ach amháin má chomhlíonann an socrúchán na critéir chaipitlithe faoi CIC 38.

**Amúchadh sócmhainní doláimhsithe**
Déantar sócmhainní doláimhsithe a amúchadh de réir méid cothrom sa ráiteas ioncaim le linn a saolré fóintigh measta, ón dáta ar a bhfuil siad ar fáil le húsáid. Ní dhéantar amúchadh a mhuirearú ar shócmhainní forbartha nach bhfuil ar fáil le húsáid fós. Déantar bogearraí a amúchadh, de réir méid cothrom, le linn a saolré fóintigh measta suas le seacht mbliana. Déantar athbhreithniú ar mhodhanna amúchta, saolréanna fóinteacha agus luachanna iarmharacha ar gach dáta tuairiscithe agus déantar coigeartú orthu más cuí.

**c) Bearnúchán agus dí-aithint sócmhainní**
Déantar réadmhaoin, gléasra agus trealamh agus sócmhainní doláimhsithe nach bhfuil réidh le húsáid go fóill a thástáil go bliantúil le haghaidh bearnúcháin. Déantar sócmhainní in úsáid a mheas ar dháta an tuairiscithe chun cinneadh cibé acu an bhfuil aon chomhartha bearnúcháin ann. Má tá comhartha ar bith ann, déantar méid in-aisghabhála na sócmhainne a mheas ansin.

Má tá comhartha bearnúcháin ann, déanfar bearnúchán a mheas. Chun críocha bearnúchán a mheasúnú, cuirtear sócmhainní i ngrúpa ar na leibhéil is ísle dá bhfuil sreafaí airgid ar féidir a aithint astu féin (aonaid ghiniúna airgid nó AGAnna) - féach ar chuid na mbreithiúnas agus meastachán le haghaidh tuilleadh sonraí. Aithnítear caillteanas bearnúcháin don mhéid a sháraíonn suim ghlanluacha sócmhainne a mhéid in-aisghabhála nó má chinntear nach bhfuil sé dóchúil a thuilleadh go gcuirfidh an tionscadal sócmhainn ar fáil. Aithnítear caillteanais bhearnúcháin sa ráiteas ioncaim.

Sa chás go gcinntear ina dhiaidh sin nach gcomhlíonann sócmhainní na critéir aitheanta a thuilleadh, dí-aithnítear iad seo mar chostais oibriúcháin.

**d) Ioncam**
Déantar ioncam a thomhas ar bhonn na comaoine a bhfuil an Chuideachta ag súil le bheith ina teideal i gconradh le custaiméir agus ní chuirtear méideanna bailithe thar ceann tríú páirtithe san áireamh. Aithníonn an Chuideachta ioncam nuair a chomhlíontar na hoibleagáidí feidhmíochta, de réir mar atá leagtha amach sa chonradh, nó de réir mar a chomhlíontar iad. Má mheastar nach bhfuil na critéir um aithint ioncaim comhlíonta i gcás idirbhirt, cuirtear moill le haithint ioncaim go dtí go meastar gur dóchúil go mbaileofar é.

Tá roinnt foinsí ioncaim de chuid na Cuideachta ag brath ar a bheith ceadaithe ag an rialálaí tionscail, an Coimisiún um Rialáil Fóntas (CRF). D'fhéadfadh go mbeadh ró-aisghabháil nó tearc-aisghabháil an ioncaim "cheadaithe" rialála i mbliana mar thoradh ar imthosca áirithe. D'fhéadfaí aon ró-aisghabháil nó tearc-aisghabháil a chur san áireamh, laistigh de pharaiméadair áirithe, agus an t-ioncam rialála le haghaidh na mblianta ina dhiaidh sin á ríomh. Ní dhéantar aon choigeartú do ró-aisghabháil nó tearc-aisghabháil sa bhliain ina dtagann siad chun cinn.

Is ionann ioncam go príomha agus na luachanna díolacháin a d'eascair as na gnéithe seo a leanas:

**Seirbhísí soláthair uisce agus fuíolluisce do chustaiméirí baile - Ioncam fóirdheontais ón Rialtas**
Ceannaíonn an Rialtas, agus é ag feidhmiú ina cháil mar Rialtas, méid áirithe uisce agus fuíolluisce agus seirbhísí gaolmhara ón gCuideachta thar ceann custaiméirí baile agus ar phraghas idirbhearta a chinntear i gcomhréir leis an ioncam ceadaithe a shocraigh an CRF. Aithníonn an Chuideachta an t-ioncam seo ar bhonn córasach chun an uair ar díoladh na hearraí leis an Rialtas a léiriú. Déantar bille don ioncam fóirdheontais go léir agus bailítear é laistigh den tréimhse tuairiscithe.

# Nótaí a ghabhann leis na ráitis airgeadais (ar lean)

## 1. Ráiteas faoi na Beartais Chuntasaíochta

**Seirbhísí soláthair uisce agus fuíolluisce do chustaiméirí neamhbhaile**
Braitheann an t-ioncam a bhilleáltar ar an toirt a sholáthraítear. Aithnítear meastachán ar luach na seirbhísí uisce agus fuíolluisce a chuirtear ar fáil do chustaiméirí idir dáta an léimh méadair deiridh agus an dáta tuairiscithe in ioncam nuair a bhíonn seirbhísí curtha ar fáil, ach nach mbíonn aon sonrasc tugtha ag an dáta tuairiscithe.

**Ioncam ó naisc nua**
Faigheann an Chuideachta ranníocaíochtaí ó chustaiméirí chun iad a nascadh leis an líonra. I gcás go ndéantar bille do na ranníocaíochtaí roimh ré, aithnítear iad in ioncam iarchurtha agus scaoiltear iad chuig ioncam de réir mar a chomhlíontar an oibleagáid feidhmíochta (is é sin, dearbhú go bhfuil nasc le seirbhísí uisce agus fuíolluisce ar fáil le húsáid).

**e) Léasanna**
Nuair a chuirtear tús le conradh léasa déanann an Chuideachta measúnú ar cibé acu an léas an conradh nó an bhfuil léas i gconradh. Má thugann an conradh an ceart chun úsáid sócmhainne a rialú ar feadh tréimhse ama mar mhalairt ar chomaoin, aithnítear mar léas é.

Sa chás ina bhfuil an Chuideachta ina léasaí, aithnítear sócmhainn ceart úsáide (curtha i láthair laistigh de 'Réadmhaoin, gléasra agus trealamh') agus dliteanas comhfhreagrach (curtha i láthair laistigh de 'Iasachtaí agus fiachas eile') amhail an dáta a bhfuil an tsócmhainn ar léas ar fáil le húsáid ag an gCuideachta.

I gcás léasanna gearrthéarmacha (tréimhse léasa níos lú ná 12 mhí) agus ar luach íseal (luach na sócmhainne nua níos lú ná $5,000), aithníonn an Chuideachta na híocaíochtaí léasa mar speansas oibriúcháin de réir méid cothrom thar théarma an léasa mura rud é go bhfuil bunús córasach eile níos ionadaí don phatrún ama ina n-ídítear leas eacnamaíoch na sócmhainní ar léas.

Déantar an téarma léasa a mheas mar thréimhse léasa nach féidir a chur ar ceal, chomh maith le haon tréimhse atá clúdaithe ag roghanna sínidh / foirceanta atá cinnte le cur i bhfeidhm go réasúnta. Déantar an téarma léasa a athmheas nuair a bhíonn imeacht suntasach ar siúl nó athrú suntasach ar chúinsí agus déantar é a athbhreithniú más cuí.

**f) Oibleagáidí sochair scoir**
**Scéim pinsin le sochair shainithe**
Scéim sochair iarfhostaíochta is ea scéim sochar sainithe seachas plean ranníocaíochta sainithe, a dtugtar eolas ina leith thíos.

Ní hamháin go n-áirítear le pleananna sochair iarfhostaíochta socruithe foirmiúla ach áirítear leo freisin cleachtais neamhfhoirmiúla as a n-eascraíonn oibleagáidí inchiallaithe. Mar sin, tá an chóireáil chuntasaíochta mar an gcéanna beag beann ar cíbe an bhfuil oibleagáid dhlíthiúil nó inchiallaithe i gceist.

I gcás scéimeanna sochair shainithe, déantar an costas as sochair a chur ar fáil a chinneadh agus úsáid á baint as Modh na nAonad Réamh-mheasta Creidmheasa agus déantar athbhreithnithe achtúireacha ar gach dáta tuairiscithe. Déantar gnóthachain agus caillteanais achtúireacha a aithint ina n-iomlán sa tréimhse ina dtagann siad chun cinn. Aithnítear iad lasmuigh den ráiteas ioncaim agus cuirtear i láthair iad in ioncam cuimsitheach eile.

Aithnítear an costas iarsheirbhíse láithreach. Déantar an costas seirbhíse reatha agus gnóthachain agus caillteanais ar shocraíochtaí agus ciorrúcháin a mhuirearú ar chostais oibriúcháin, nó ar sholáthairtí sna cásanna ina ndearnadh soláthar ar dtús do na costais ghaolmhara mar chuid den tsoláthar athstruchtúrtha a aithint. Déantar glanchostas úis an phinsin a ríomh tríd an ráta lascaine a chur i bhfeidhm ag tús na tréimhse ar dhliteanas nó sócmhainn an ghlansochair shainithe.

Léiríonn an oibleagáid sochair scoir atá aitheanta sa chlár comhardaithe luach reatha i dtaobh oibleagáid sochair shainithe na scéimeanna glan ó luach cóir na sócmhainní scéime.

**Scéimeanna pinsin ranníocaíochta sainithe**
Is é atá i scéim ranníocaíochta sainithe ná scéim iarfhostaíochta faoina n-íocann eintiteas ranníocaíochtaí seasta isteach in eintiteas ar leithligh nach n-eascraíonn aon oibleagáid dhlíthiúil nó inchiallaithe chun méideanna breise a íoc uaidh. Déantar na ranníocaíochtaí atá iníoctha faoi na scéimeanna ranníocaíochta sainithe a mhuirearú ar an ráiteas ioncaim sna tréimhsí a gcuireann fostaithe seirbhísí ar fáil lena linn.

**g) Deontais**
Aithnítear deontas mar dhliteanas i dtosach ar an gclár comhardaithe má tá dearbhú réasúnta ann go bhfaighfear é agus go gcomhlíonfaidh an Chuideachta na coinníollacha a ghabhann leis. Déantar deontais a chúitíonn an Chuideachta as costas sócmhainne a amúchadh don ráiteas ioncaim ar bhonn córasach thar shaolré fhóinteach na sócmhainne chun an muirear dímheasa a mheaitseáil. Aithnítear deontais atá mar chúiteamh don Chuideachta as costais arna dtabhú sa ráiteas ioncaim ar bhonn córasach sna blianta céanna ina dtabhaítear na costais.

## 1. Ráiteas faoi na Beartais Chuntasaíochta

Cuirtear cuntasaíocht deontais i bhfeidhm ar chláir aisíocaíochta (amhail aisíocaíocht táillí baile agus an Tarscaoileadh Sealadach a bhfuil Teorainn Ama leis maidir le Ranníocaíochtaí Forbartha) atá maoinithe ag an Rialtas ag feidhmiú ina cháil mar rialtas agus curtha i láthair mar mhíreanna eisceachtúla (féach "cur i láthair míreanna eisceachtúla" thíos). I ndiaidh bhailíochtú an éilimh aisíocaíochta nasc, aithnítear an t-ioncam deontais agus an costas deontais gaolmhar leis féin sa ráiteas ioncaim. Déantar an ranníocaíocht chuí a aisíoc ansin agus cuirtear maoiniú an rialtais ar fáil ina dhiaidh sin.

**h) Soláthairtí agus dliteanais theagmhasacha**
Déanann an Chuideachta meastóireacht ar a neamhchosaintí ar dhliteanais theagmhasacha a bhaineann le dlíthíocht atá ar feitheamh nó le héilimh eile atá fós gan réiteach faoi réir socraíochta caibidlithe, idirghabhála, eadrána nó rialacháin Rialtais. Aithnítear foráil nuair is dócha go bhfuil oibleagáid ann ar féidir meastachán iontaofa a dhéanamh ina leith tar éis anailís chúramach a dhéanamh ar an ábhar aonair. Áirítear san anailís measúnú a dhéanamh ar an dóchúlacht go n-éireoidh le héileamh ar feitheamh nó go n-eascróidh dliteanas, an pointe aitheanta don dliteanas gaolmhar agus tráthúlacht fhéideartha an tsocraithe.

Maidir le nithe ar oibleagáidí iad a d'fhéadfadh a bheith ann nó nach sásaíonn na critéir aitheanta le haghaidh forála, aithnítear mar dhliteanais theagmhasacha iad, ach amháin más fánach an seas go ndéanfar buntáistí eacnamaíocha a aistriú.

D'fhéadfadh go dtiocfadh athrú ar na soláthairtí a chinnfear amach anseo mar gheall ar fhorbairtí nua agus de réir mar a chuirfear faisnéis bhreise ar fáil. Tá seans ann go mbeidh difear idir na costais iarbhír agus an fhoráil mheasta, rud a léireoidh éiginnteacht bhunúsach an phróisis mheastacháin seo. Tá sonraí na soláthairtí agus na ndliteanas teagmhasach foilsithe i nóta 20.

**i) Sócmhainní agus dliteanais airgeadais**
***Iasachtaí***
Aithnítear iasachtaí ar dtús ag luach cóir lúide costais atá inchurtha i leith idirbhirt. Tar éis iad a aithint i dtosach, sonraítear iasachtaí ar chostas amúchta agus úsáid á baint as an nglanráta úis.

**Trádáil agus infháltais eile**
Aithnítear infháltais trádála agus infháltais eile ar dtús ag an bpraghas idirbhirt infhaighte agus iompraítear iad ag an luach seo ina dhiaidh sin, toisc nach bhfuil aon chomhpháirt airgeadais shuntasach ann, lúide liúntas cuí do chaillteanais ionchais chreidmheasa. Déantar foráil maidir le caillteanais bhearnúcháin ag úsáid múnla do chaillteanas creidmheasa a bhfuiltear ag súil leis thar shaolré na sócmhainne, agus aithnítear an bearnúchán a bhfuiltear ag súil leis mar chostas sna costais oibriúcháin agus curtha i láthair mar 'Bhearnúcháninfháltais trádála'. Ríomhtar an méid caillteanais creidmheasa ionchais trí rátaí caillteanais ionchais a chur i bhfeidhm, bunaithe ar an bhfeidhmíocht iarbhír bailiúcháin airgid stairiúil, ar phróifíl an fhiachais aosta agus fachtóirí maicreacnamaíochta na todhchaí agus fachtóirí is sonrach do na féichiúnaithe á gcur san áireamh.

**Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim**
Áirítear in airgead tirim airgead ar láimh agus taiscí prapéilimh atá inrochtana don Chuideachta laistigh de 3 mhí. Is infheistíochtaí gearrthéarmacha fíorleachtacha iad coibhéisí airgid thirim atá in-chomhshóite go héasca go méideanna aitheanta airgid agus atá faoi réir riosca neamhshuntasach athruithe ar luach agus a choinnítear chun tiomantais ghearrthéarmacha airgid thirim a chomhlíonadh seachas le haghaidh infheistíochta nó na gcríoch eile.

Sa chás go bhfuil na coinníollacha agus an rún le haghaidh fritháirimh ann, cuirtear iarmhéideanna airgid thirim le chéile le hiarmhéideanna rótharraingthe agus cuirtear an t-iarmhéid comhcheangailte sin i láthair ar an gclár comhardaithe.

In áiteanna a bhfuil srianta conartha ar chumas na Cuideachta airgead tirim a úsáid (m.sh. airgead tríú páirtí a fuarthas mar urrús airgeadais agus a coimeádadh i gcuntais inrochtana laistigh de 3 mhí), léirítear na cistí seo mar "Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim - iarmhéideanna tríú páirtí". Tá Airgead tirim coinnithe, nuair nach bhfuil aon srian ar úsáid, léirithe mar Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim atá ar fáil d'úsáid chuideachta".

**Sócmhainní airgeadais - urrús airgeadais coimeádta ar thaisce téarma**
Léirítear urrúis airgeadais coinnithe ar théarmaí taiscí níos mó ná 3 mhí ag dáta na héadála mar "Sócmhainní Airgeadais - urrús airgeadais coinnithe ar théarma taisce" toisc nach sásaíonn siad an sainmhíniú ar airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim, toisc nach bhfuil na taiscí inrochtana don Chuideachta laistigh de 3 mhí. Is airgead tríú páirtí é seo, a choimeádtar faoi shocruithe urrúis airgeadais, rud a chuireann srianta conartha ar chumas na Cuideachta an t-airgead seo a úsáid.

**Trádáil agus suimeanna iníoctha eile**
Déantar iníocthaigh trádála agus eile a thaifeadadh ar luach cóir i dtosach, ar gnách gurb é méid tosaigh an tsonraisc móide aon chostais idirbhirt atá inchurtha go díreach ina leith, agus a thugtar anonn ina dhiaidh sin ar chostas amúchta agus úsáid a baint as modh an ghlanráta úis.

# Nótaí a ghabhann leis na ráitis airgeadais (ar lean)

## 1. Ráiteas faoi na Beartais Chuntasaíochta

**j) Fardal**
Is éard atá i bhfardail go príomha ná earraí intomhalta. Déantar iad seo a thomhas ag an gcostas nó ag an nglanluach inréadaithe, cíbe acu is ísle. Cinntear costas trí úsáid a bhaint as an modh 'is túisce isteach, is túisce amach' (TITA). Tá costas comhdhéanta de gach costas ceannacháin agus costais eile a thabhaítear chun na fardail a thabhairt chuig a suíomh agus a ríocht reatha. Is ionann glanluach inréadaithe agus an praghas díola measta i ngnáthchúrsaí an ghnó lúide aon chostais mheasta díola. Déantar soláthar d'earraí atá as feidhm, a ghluaiseann go mall nó atá lochtach nuair is cuí.

Sa chás go nglacann an Chuideachta rialú oibriúcháin ar stór fardail agus ar an bhfardal gaolmhar sa stór, aithnítear an aithint tosaigh d'fhardal atá á choimeád ag an áis sin ar dháta an aistrithe ag luach €nialas. Aithnítear ceannacháin fardail ina dhiaidh sin de réir bheartas fardail na Cuideachta thuas.

**k) Ioncam airgeadais**
Cuimsíonn ioncam airgeadais ioncam úis ar chistí a infheistíodh. Aithnítear ioncam úis de réir mar a fhabhraíonn sé sa ráiteas ioncaim, le húsáid a bhaint as modh an ghlanráta úis.

**l) Costais airgeadais**
Cuimsíonn costais airgeadais ús iníoctha ar iasachtaí, muirear maoinithe ar sholáthairtí (a aithnítear tar éis ábhar a mheas), caillteanais bhearnúcháin aitheanta ar shócmhainní airgeadais (seachas infháltais trádála) agus glanchostais ús pinsin. Aithnítear costais iasachta nach bhfuil inchurtha go díreach i leith éadáil, tógáil nó táirgeadh sócmhainne cáilithí, sa ráiteas ioncaim agus úsáid á baint as modh an ghlanráta úis. Déantar glanchostas úis an phinsin a ríomh tríd an ráta lascaine a chur i bhfeidhm ag tús na tréimhse ar dhliteanas nó sócmhainn an ghlansochair shainithe.

**m) Cáin ioncaim**
Cuimsíonn costas na cánach ioncaim an cháin reatha agus an cháin iarchurtha. Déantar cáin ioncaim a aithint sa ráiteas ioncaim ach amháin sa mhéid go mbaineann sí le míreanna a aithnítear go díreach i gcaipiteal gnáthscaireanna nó in ioncam cuimsitheach eile.

Is é atá sa cháin reatha ná an cháin iníoctha nó infhála mheasta ar an ioncam nó caillteanas inchánach don tréimhse, agus úsáid á baint as rátaí cánach a achtaíodh nó a achtaíodh go substaintiúil ar an dáta tuairiscithe, agus aon choigeartú ar cháin iníoctha i dtaobh na dtréimhsí roimhe sin. Déantar sócmhainní agus dliteanais chánach reatha a fhritháireamh nuair atá ceart chun fritháirimh ar féidir a chur i bhfeidhm de réir an dlí ann laistigh den údarás cánach céanna agus áit arb é an rún ná socrú ar ghlanbhonn nó an tsócmhainn a réadú agus an dliteanas a shocrú ag an am céanna.

Déantar cáin iarchurtha a aithint i dtaca le difríochtaí sealadacha idir suimeanna glanluacha sócmhainní agus dliteanas chun críocha tuairiscithe airgeadais agus na méideanna a úsáidtear chun críocha cánach. Tomhaistear cáin iarchurtha ag na rátaí cánach a bhfuiltear ag súil leo sna tréimhsí ina bhfuiltear ag súil le freaschur na ndifríochtaí sealadacha i bhfianaise rátaí cánach agus dlíthe a achtaíodh nó a achtaíodh go substainteach faoin dáta tuairiscithe.

Meastar go bhfuil sócmhainn chánach iarchurtha in-aisghabhála agus mar sin ní aithnítear í go dtí, ar bhonn na fianaise go léir atá ar fáil, gur dóchúil go mbeidh brabaigh inchánach oiriúnacha sna blianta beaga atá amach romhainn, óna mbeifear in ann aisiompú na ndifríochtaí sealadacha bunúsacha a dhéaduchtú.

Déantar sócmhainní agus dliteanais chánach iarchurtha a fhritháireamh nuair atá ceart chun fritháirimh ar féidir a chur i bhfeidhm de réir an dlí ann laistigh den údarás cánach céanna agus áit arb é an rún ná socrú ar ghlanbhonn nó an tsócmhainn a inréadú agus an dliteanas a shocrú ag an am céanna.

Aithnítear foráil maidir leis na nithe sin a bhfuil cinneadh cánach éiginnte maidir leo ach meastar gur dócha go mbeidh eis-sreabhadh cistí chuig údarás cánach amach anseo. Tomhaistear na soláthairtí ag an meastachán is fearr ar an méid a mheastar a bheidh iníoctha. Tá an measúnú bunaithe ar bhreithiúnas gairmithe cánach laistigh den Chuideachta, arna thacú ag taithí roimhe seo i ndáil le gníomhaíochtaí den sórt sin agus i gcásanna áirithe bunaithe ar shainchomhairle chánach neamhspleách.

**n) Bearta neamh-GAAP**
Luaitear an brabús oibriúcháin roimh na glanchostais airgeadais agus cánachas.

Sainítear TRÚCDA mar thuillimh roimh ús, cáin, dímheas agus amúchadh. Sainítear glanfhiachas mar iomlán na n-iasachtaí agus an fhiachais eile lúide airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim. Baineann an Chuideachta úsáid as na bearta agus cur i láthair neamh-GAAP sin chun eolas úsáideach faoi fheidhmíocht agus mhaoiniú a chur ar fáil don lucht bainistíochta, do stocshealbhóirí agus do pháirtithe leasmhara seachtracha.

## 1. Ráiteas faoi na Beartais Chuntasaíochta

**o) Míreanna eisceachtúla a chur i láthair**
Mar a cheadaítear de réir CIC 1 Cur i Láthair Ráitis Airgeadais, nocht an Chuideachta eolas breise maidir le míreanna eisceachtúla ar éadan an ráitis ioncaim, chun cabhrú le tuiscint ar fheidhmíocht airgeadais na Cuideachta. Breathnaítear ar mhír mar mhír eisceachtúil má mheastar go bhfuil sé neamhghnách ó nádúr agus scála agus chomh tábhachtach sin go bhfuil nochtadh ar leith ag teastáil ionas go dtuigfear na ráitis airgeadais i gceart.

### Breithiúnais agus Meastacháin Chuntasaíochta Ríthábhachtacha

Éilítear ar an gCuideachta meastacháin, toimhdí agus breithiúnais ar leith a dhéanamh a chreideann sí a bheith réasúnach bunaithe ar an bhfaisnéis atá ar fáil, agus í ag cur na mbeartas cuntasaíochta seo i bhfeidhm. Bíonn tionchar ag na meastacháin, toimhdí agus breithiúnais sin ar na méideanna sócmhainní agus dliteanais atá ann ar dháta na ráiteas airgeadais agus ar na méideanna ioncaim agus costais a aithnítear i rith na dtréimhsí tuairiscithe a chuirtear i láthair. D'fhéadfadh éifeacht ábhartha a bheith ag athruithe ar na meastacháin sin ar na ráitis airgeadais.

Déantar na meastacháin, toimhdí agus breithiúnais sin a mheasúnú agus na ráitis airgeadais seo á n-ullmhú. Beidh an timpeallacht ina mbeidh an Chuideachta ag feidhmiú faoi réir thionchair an athraithe aeráide, agus beidh tionchar aige sin ar conas a chuirtear seirbhísí uisce agus fuíolluisce ar fáil amach anseo. Leanfaidh an Chuideachta lena measúnú a fhorbairt maidir le tionchair an athraithe aeráide ar a sócmhainní agus dliteanais agus impleachtaí féideartha an athraithe aeráide ar a bonneagar agus oibriúcháin. Cuireadh tionchar an athraithe aeráide san áireamh maidir le hullmhúchán na ráiteas airgeadais seo agus níor aithníodh aon athrú ar bhreithiúnas nó meastachán sa phróiseas seo (féach thíos le haghaidh nochtadh sa bhreis más cuí). Tugadh aird chuí freisin ar ghnéithe maicreacnamaíocha ábhartha, lena n-áirítear boilsciú. Tá faisnéis bhreise curtha ar fáil ag an gCuideachta maidir le gach ceann de na breithiúnais agus na meastacháin a bhfuil tionchar ag gabháil leo mar atá leagtha amach thíos. Déanann an Chuideachta measúnú ar bhonn leanúnach ar a meastacháin ag baint úsáide as taithí stairiúil, comhairliúchán le saineolaithe agus modhanna eile a cheaptar a bheith réasúnta sna cúinsí ar leith. D'fhéadfadh go mbeadh difríocht idir torthaí iarbhír agus na meastacháin sin. Aithneofar a éifeacht sa tréimhse ina dtagann na fíricí chun solais a n-eascraíonn an t-athbhreithniú astu.

**(i) Breithiúnais shuntasacha maidir le beartais chuntasaíochta na Cuideachta a chur i bhfeidhm**
Seo a leanas na breithiúnais shuntasacha, seachas iad siúd lena ngabhann meastacháin (a dhéantar cur síos ar leith orthu thíos), atá déanta ag an gCuideachta agus í ag cur i bhfeidhm na mbeartas cuntasaíochta sin agus a mbíonn an éifeacht is mó acu ar na méideanna atá aitheanta sna ráitis airgeadais.

**a) Aicmiú costas idir caiteachas oibriúcháin agus caiteachas caipitil**
Teastaíonn breithiúnais shuntasacha le caiteachas a rangú mar chaiteachas caipitil nó oibriúcháin, go háirithe i gcásanna a mbíonn eilimintí de ghníomhaíochtaí feabhsúcháin (caipiteal) agus cothabháil (oibriúchán) araon ann. Tá na beartais, na rialúcháin agus na nósanna imeachta cuí i bhfeidhm ag an gCuideachta leis na rioscaí go ndéanfaí caiteachas neamhincháilithe a chaipitliú a mhaolú.

Déantar costais a bhaineann le tionscadail atá sna céimeanna tosaigh den phleanáil a chaipitliú sa chás go bhfuil an Chuideachta sásta gur dócha go bhfaighfear na toilithe riachtanacha agus go bhforbrófar na tionscadail chun sócmhainn a sholáthar go rathúil ionas go sreabhfaidh aischuir amach anseo chuig an gCuideachta.

Tá fad na céime pleanála roinnt tionscadal straitéiseach an-fhada de bharr na ndúshlán iomadúil reachtaíochta agus dlíthiúil a bhí roimh na tionscadail seo. Tá scála na dtionscadal seo chomh suntasach sin go mbeidh an chéim thógála fada go leor, agus ar an gcaoi sin táthar ag súil go mbeidh na sócmhainní seo fágtha mar 'shócmhainní faoi thógáil' go ceann tréimhse ama suntasaigh. Ar an 31 Nollaig 2024, aithníodh €127.6 milliún mar shócmhainní faoi thógáil i dtaca le tionscadail dá leithéid, is iad sin Tionscadal Soláthair Uisce Réigiún an Oirthir agus Láir Tíre agus Tionscadal Draenála Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath (2023: €115.7 milliún).

Déanann an Chuideachta athbhreithniú ar na tionscadail seo ar bhonn rialta chun a chinneadh an bhfuil imeachtaí nó imthosca tagtha chun cinn a d'fhéadfadh a léiriú go bhféadfadh nach mbeadh suim ghlanluacha na sócmhainne in-aisghabhála; ag an bpointe sin dhéanfaí an tsócmhainn a mheas le haghaidh dí-aitheanta. Shocraigh na hathbhreithnithe seo, le linn 2024 agus i ndiaidh dheireadh na bliana, go bhfuil sé oiriúnach leanúint leis na costais seo a aithint mar 'shócmhainní faoi thógáil' ar an gclár comhardaithe.

**(ii) Neamhchinnteacht sna meastacháin**
Is iad seo a leanas na príomhthoimhdí maidir leis an am atá le teacht agus maidir leis na príomhfhoinsí eile as a dtagann neamhchinnteacht meastacháin ag deireadh na tréimhse tuairiscithe, a bhféadfadh riosca suntasach a bheith ag baint leo maidir le coigeartú ábhartha a dhéanamh ar na suimeanna glanluacha sócmhainní agus dliteanas taobh istigh den bhliain seo chugainn.

**a) *Sócmhainní bonneagair agus na sócmhainní a úsáidimid inár gcuideachta***
Amhail an 31 Nollaig 2024, ba é comhiomlán réadmhaoin, gléasra agus trealamh agus shócmhainní doláimhsithe na Cuideachta agus €8,126.5 milliún (2023: €6,969.1 milliún), arbh ionann é sin agus formhór shócmhainní na Cuideachta. Mar sin, tá na meastacháin agus na toimhdí atá déanta agus an tsuim ghlanluacha á socrú ríthábhachtach do na ráitis airgeadais mar d'fhéadfadh go mbeadh tionchar suntasach ag in-aisghabhálacht méideanna, nó a mhalairt, ar thorthaí agus staid airgeadais na Cuideachta amach anseo.

# Nótaí a ghabhann leis na ráitis airgeadais (ar lean)

## 1. Ráiteas faoi na Beartais Chuntasaíochta

***Bearnúchán***
Oibríonn an Chuideachta faoi chreat rialáilte arna riar ag an gCoimisiún um Rialála Fóntais (CRF). Mar sin, déanann an Chuideachta costais an chaiteachais chaipitil éifeachtaigh ar réadmhaoin, gléasra agus trealamh agus sócmhainní doláimhsithe a aisghabháil trí ioncaim rialáilte bunaithe ar Bhonn Rialála Sócmhainne ceadaithe (BRS). I gcomhlíonadh agus mar fhorlíonadh ar cheanglais Bearnúchán Shócmhainní CIC 36, rinne an Chuideachta na hathbhreithnithe seo a leanas i rith na bliana:

1) Déantar Réadmhaoin, Gléasra agus Trealamh agus sócmhainní doláimhsithe a mheas ar dháta an tuairiscithe chun a chinneadh an bhfuil aon chomhartha bearnúcháin ann;
2) Tástáil déanta maidir le bearnúchán sócmhainní doláimhsithe atá á bhforbairt de €17.1 milliún amhail an 31 Nollaig 2024 (2023: €32.3 milliún); agus
3) Déantar comparáid idir an luach BRS agus an comhiomlán de na suimeanna glanluacha den Réadmhaoin, Gléasra agus Trealamh agus sócmhainní doláimhsithe.

Chinn an Chuideachta nach bhfuil táille bearnúcháin ag teastáil ar leibhéal CGU, ach tugann sí faoi deara gur aithníodh roinnt bearnúchán ar leibhéal tionscadail aonair. Is í an phríomhthoimhde maidir leis an todhchaí atá á úsáid ag an gCuideachta agus í ag teacht ar an tátal sin ná go leanfaidh an Chuideachta ar aghaidh ag giniúint ioncam rialáilte bunaithe ar a BRS reatha.

Tá an Chuideachta tagtha ar an tátal, tar éis na riachtanais chuí de CIC 1 Cur i Láthair na Ráiteas Airgeadais a mheas, nach bhfuil sé praiticiúil an tionchar a bheadh ag athrú ar an toimhde seo a nochtadh, mar nach féidir an tionchar a d’fhéadfadh a bheith ag srianta féideartha giniúna ioncaim nach bhfuil ar eolas againn a d’fhéadfadh teacht chun cinn amach anseo maidir leis an BRS atá ann cheana a mheas.

***Dímheas agus saolta fóinteacha***
Aithníonn an Chuideachta muirir dhímheasa agus amúchta go bliantúil (2024: €210 milliún agus 2023: €176.0 milliún) a ríomhtar go príomha chun costas réadmhaoine, gléasra agus trealaimh agus sócmhainní doláimhsithe a dhíscríobh thar a saolréanna eacnamaíocha fóinteacha measta.

I gcás réadmhaoine, gléasra agus trealaimh go háirithe, teastaíonn breithiúnais shuntasacha chun saolréanna eacnamaíocha fóinteacha measta sócmhainní a chinneadh, atá bunaithe ar thaithí, ionchais faoin todhchaí agus tosca eile. Tá na saolréanna eacnamaíocha fóinteacha measta do mhór-aicmiúcháin sócmhainní leagtha amach sna beartais chuntasaíochta seo. Déanann an Chuideachta athbhreithniú ar shaolréanna eacnamaíocha fóinteacha sócmhainní gach bliain agus déantar aon athruithe riachtanacha a choigeartú go hionchasach. Áiríonn an t-athbhreithniú sin breithniú ar bheartais agus ar phleananna an Rialtais i réimse na gníomhaíochta ar son na haeráide agus spriocanna astaíochtaí gás ceaptha teasa. Tá an Chuideachta tar éis teacht ar an tátal gurb iad na saolréanna sócmhainní reatha an meastachán is fearr ar shaolréanna eacnamaíocha fóinteacha na sócmhainní.

Mar gheall ar an tábhacht a bhaineann le hinfheistíocht sócmhainní ag an gCuideachta, d’fhéadfadh tionchar ábhartha a bheith ag éagsúlachtaí idir saolréanna eacnamaíocha fóinteacha iarbhír agus measta ar thorthaí sa todhchaí, idir dhearfach nó dhiúltach. Go stairiúil, níor shainaithin an Chuideachta aon athruithe ar shaolréanna eacnamaíocha fóinteacha a raibh tionchar ábhartha acu ar thorthaí oibriúcháin.

**(b) *Ioncam neamhbhilleáilte (neamhbhaile)***
Ardaíonn an Chuideachta billí agus aithníonn sí ioncam de réir an chirt atá aici ioncam a fháil ag teacht le beartas cuntasaíochta na Cuideachta. Braitheann an t-ioncam a aithnítear ar an méid atá dlite do na seirbhísí a chuirtear ar fáil idir dháta an léimh dheiridh méadair agus dheireadh na bliana, do chustaiméirí uisce agus fuíolluisce. Léitear na méadair ar bhonn timthriallach agus aithníonn an Chuideachta ioncam do luachanna neamhbhilleáilte bunaithe ar mhéideanna measta ón dáta billeála deiridh go dtí deireadh na bliana. Leis an luach measta ón mbille deiridh, cuirtear san áireamh an meánráta laethúil nó faisnéis chomhchosúil do chustaiméirí inchomparáide de réir líon na laethanta idir an dáta billeála deiridh agus deireadh na tréimhse tuairiscithe.

**(c) *Bearnúchán infháltas trádála agus liúntas maidir le caillteanais creidmheasa ionchais***
Aithnítear liúntas maidir le caillteanais creidmheasa ionchais i ndáil le trádáil agus infháltais eile de réir bheartas cuntasaíochta na Cuideachta, is é sin, meastar é agus úsáid á baint as maitrís soláthair fiachais de réir aoise bunaithe ar líon na laethanta atá an fiachas thar téarma agus ag cur taithí stairiúil na Cuideachta ar chaillteanais creidmheasa i bhfeidhm, agus coigeartaithe le haghaidh coinníollacha eacnamaíochta chun tosaigh ag dáta an chláir chomhardaithe.

## 1. Ráiteas faoi na Beartais Chuntasaíochta

Ní léir fós an tionchar airgeadais a bhí ar thrádáil agus infháltais eile mar thoradh ar an timpeallacht dhúshlánach mhaicreacnamaíochta. Dá bhrí sin méadaítear leibhéal na héiginnteachta a bhaineann le meastachán maidir le caillteanais chreidmheasa ionchais a thomhas ag dáta an chláir chomhardaithe, go háirithe maidir le meastachán a dhéanamh ar thionchair an ionchais eacnamaíoch réamhbhreathnaithe ar bhailiú infháltas trádála na Cuideachta agus infháltais eile ar dháta an chláir chomhardaithe.

Chuir an Chuideachta raon leathan tosca san áireamh agus í i mbun measúnú a dhéanamh ar an riachtanas atá ann rátaí caillteanais chreidmheasa stairiúla a mhéadú chun tionchar an ionchais eacnamaíoch réamhbhreathnaithe a chuimsiú. Áiríodh ar na tosca a ndearnadh meastachán orthu réamhaisnéisí maicreacnamaíocha agus anailís ar chásanna, measúnú tionchair ar chustaiméirí trí anailís stairiúil agus réamhbhreathnaitheach ar bhailiú airgid thirim do chustaiméirí.

Bunaithe ar athbhreithniú ar na tosca thuas, tá measúnú déanta ag an gCuideachta go mbeadh raon réasúnta idir €5.3 milliún agus €19.6 milliún i gceist le haghaidh caillteanais chreidmheasa ionchais bhreise mar gheall ar an ionchas eacnamaíoch don todhchaí. Tar éis breithniú cuí a dhéanamh, tháinig an Chuideachta ar an tátal gurb é €12.5 milliún an meastachán is fearr bunaithe ar an bhfaisnéis atá ar fáil. Mar sin féin, tá nósanna imeachta agus rialuithe maidir le bailiú fiach fós dírithe ar aisghabháil iomlán an mhéid a sonrascadh.

(d) *Oibleagáidí sochair scoir*
Déantar na heis-sreafaí airgid réamh-mheasta don sochar pinsin de chuid na Cuideachta atá mar bhonn dá hoibleagáid sochair shainithe a lascainiú ag ráta a shocraítear trí fhéachaint ar thorthaí margaidh ag deireadh na tréimhse tuairiscithe, ar bhannaí corparáideacha ardchaighdeáin. Teastaíonn breithiúnas suntasach agus na critéir á socrú chun bannaí a chur san áireamh leis an daonra óna ndíorthaítear an cuar toraidh. I measc na gcritéar is suntasaí a mheastar chun bannaí a roghnú, tá méid eisiúna na mbannaí corparáideacha, caighdeán na mbannaí sin agus aithint asluiteach atá eisiata. Teastaíonn breithiúnas suntasach freisin agus an cuar toraidh á dhíorthú ag téarmaí níos faide mar go bhfuil líon na mbannaí corparáideacha ardchaighdeáin fadreathacha le haghaidh tréimhsí níos faide gann. Tugtar le fios i nóta 17 na híogaireachtaí maidir leis na príomhthoimhdí a úsáideadh le dliteanais na scéime a thomhas.

**(e) Soláthairtí agus dliteanais eile**
Tá éiginnteacht mheastacháin ag baint leis na measúnuithe ar an toradh airgeadais ar sheasamh tráchtála agus dlí éiginnte áirithe, agus is gá breithiúnas, meastachán agus toimhdí a úsáid. Is ionann na méideanna atá aitheanta mar sholáthar agus meastachán is fearr na Cuideachta ar an gcaiteachas a theastaíonn chun oibleagáidí reatha a shocrú ar an dáta tuairiscithe. Agus an toradh ar dócha a bheidh ann á mheas, bunaíonn an Chuideachta a measúnú ar fhíricí atá ar fáil, ar thaithí stairiúil, ar chomhairle ó chomhairleoirí dlí agus saineolaithe eile agus ar imthosca eile a mheastar a bheith réasúnta sna cúinsí. Socraítear meastachán athbhreithnithe ag gach dáta tuairiscithe lena chinntiú go bhfreagraíonn na méideanna a sholáthraítear/fhabhraítear don mheastachán is fearr ar na costais a iompróidh an Chuideachta agus tráthúlacht maidir le glanadh costais Féach nóta 20 le haghaidh na gcatagóirí soláthair a gcoinnítear agus sonraí breise ar gach catagóir.

I bhfianaise chineál na soláthairtí agus na ndliteanas sin agus na neamhchinnteachta meastachán atá i gceist, meastar nach bhfuil sé indéanta tuilleadh anailís íogaireachta a dhéanamh ar na méideanna sin.

## 2. Ioncam

| | 2024 €'000 | 2023 €'000 |
|---|---|---|
| Ioncam fóirdheontas Rialtais | **1,139,000** | 1,068,000 |
| Ioncam neamhbhaile | **271,795** | 245,469 |
| Ioncam ó naisc nua | **195,249** | 246,845 |
| **Iomlán** | **1,606,044** | 1,560,314 |

Féach nóta 1 le haghaidh sonraí ar bheartas cuntasaíochta ioncaim na Cuideachta agus anailís mhionsonraithe ar gach sruth ioncaim. Tá na breithiúnais agus na meastacháin chuntasaíochta ríthábhachtach maidir le haithint ioncaim leagtha amach sa chuid ábhartha de nóta 1 freisin.

# Nótaí a ghabhann leis na ráitis airgeadais (ar lean)

## 3. Costais Oibriúcháin

| | Nótaí | 2024 €'000 | 2023 €'000 |
|---|---|---|---|
| Costais fostaithe | 4 | **(158,673)** | (114,907) |
| Costais as comhaontú le húdaráis áitiúla | 25 | **(137,671)** | (223,042) |
| Seirbhísí fruilithe agus ar conradh | | **(335,992)** | (324,386) |
| Ábhair agus costais oibriúcháin | | **(111,177)** | (103,559) |
| Fóntais | | **(135,990)** | (84,737) |
| Rátaí, tobhaigh rialála, árachas agus costais bhunaithe | | **(78,524)** | (69,354) |
| Costais oibriúcháin TF agus teileachumarsáid | | **(56,856)** | (42,620) |
| Dí-aithint sócmhainní | 8 / 10 | **(27)** | (3,435) |
| Costais oibriúcháin eile | | **(22,021)** | (17,584) |
| **Costais oibriúcháin (roimh bhearnúchán infháltais trádála)** | | **(1,036,931)** | (983,624) |
| Bearnúchán infháltas trádála | 11 | **(19,525)** | (16,449) |
| **Iomlán** | | **(1,056,456)** | (1,000,073) |

Rinneadh méideanna comparáideacha le haghaidh costais oibriúcháin a choigeartú i ndiaidh athmheasúnú a dhéanamh ar ár n-athrú leanúnach oibríochtaí ionas gur féidir an cur i láthair a chur i gcomparáid go díreach le méideanna a thaispeántar maidir leis an mbliain reatha.

Sonraítear costais oibriúcháin tar éis go ngearrtar muirir:

### (a) Iniúchóir Reachtúil Tráchtála

| | | 2024 €'000 | 2023 €'000 |
|---|---|---|---|
| Iniúchadh ar ráitis airgeadais eintitis | | **(290)** | (267) |
| Seirbhísí árachais eile | | **(17)** | (6) |
| Seirbhísí comhairleacha cánach | | **-** | - |
| Seirbhísí neamhiniúchóireachta eile | | **(24)** | (8) |
| **Iomlán** | (i) | **(331)** | (281) |

(i) Ní áirítear CBL do-aisghabhála sna méideanna

### (b) An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

| | 2024 €'000 | 2023 €'000 |
|---|---|---|
| Iniúchadh ar ráitis airgeadais eintitis | **(60)** | (38) |
| **Iomlán** | **(60)** | (38) |

# 3. Costais Oibriúcháin

## (c) Luach saothair na stiúrthóirí

| | 2024 €'000 | 2023 €'000 |
|---|---|---|
| Stiúrthóirí neamh-fheidhmiúcháin - luach saothair | **(139)** | (142) |
| Stiúrthóirí feidhmiúcháin - luach saothair | **(248)** | (249) |
| Stiúrthóirí feidhmiúcháin - ranníocaíochtaí pinsin le sochar sainithe | **-** | - |
| Stiúrthóirí feidhmiúcháin - ranníocaíochtaí pinsin le ranníocaíocht shainithe | **(27)** | (27) |
| **Iomlán** | **(414)** | (418) |

Is é POF na Cuideachta an t-aon chomhalta feidhmiúcháin ar Bhord Uisce Éireann. Ba é líon na stiúrthóirí ar fabhraíodh ranníocaíochtaí pinsin le sochar sainithe chucu ná nialas (2023: nialas) agus ba é líon na stiúrthóirí ar fabhraíodh ranníocaíochtaí pinsin le ranníocaíocht shainithe chucu agus 1 (2023: 1).

## (d) Luach saothair an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin (POF)

| | 2024 €'000 | 2023 €'000 |
|---|---|---|
| Buntuarastal | **(225)** | (225) |
| Costais ghearrthéarmacha eile le haghaidh fostaithe | **(23)** | (24) |
| Sochair iarfhostaíochta - ranníocaíochtaí pinsin | **(27)** | (27) |
| **Iomlán** | **(275)** | (276) |

Mar thoradh ar threoir ón Rialtas sa bhliain 2011, níl rochtain ag an POF ar íocaíocht dámhachtana a bhaineann le feidhmíocht, agus mar sin ní dhearnadh aon íocaíochtaí den sórt sin leis an POF.

# 4. Costais Fostaithe

## (a) Costais chomhiomlána le haghaidh fostaithe

| | 2024 €'000 | 2023 €'000 |
|---|---|---|
| Costais ghearrthéarmacha le haghaidh baill foirne | **(166,955)** | (122,638) |
| Scéim pinsin iarfhostaíochta le sochar sainithe | **(10,201)** | (7,616) |
| Scéim pinsin iarfhostaíochta le ranníocaíocht shainithe | **(10,477)** | (7,769) |
| Costais árachais sóisialta | **(17,890)** | (13,107) |
| Costais foirceanta | **-** | - |
| | **(205,523)** | (151,130) |
| Párolla caipitlithe | **46,850** | 36,223 |
| **Costais fostaithe muirearaithe ar an ráiteas ioncaim** | **(158,673)** | (114,907) |

## (b) Costais ghearrthéarmacha le haghaidh baill foirne

| | 2024 €'000 | 2023 €'000 |
|---|---|---|
| Pá agus tuarastail | **(144,432)** | (106,700) |
| Dámhachtain a bhaineann le feidhmíocht a íocadh | **(13,082)** | (10,570) |
| Ragobair | **(2,126)** | (254) |
| Liúntais | **(4,636)** | (3,446) |
| Árachas Sláinte Buan | **(2,475)** | (1,296) |
| Costais íocaíochta dreasachta an Chreata um Sheachadadh Seirbhísí Uisce sa Todhchaí | **(204)** | (372) |
| **Iomlán** | **(166,955)** | (122,638) |

Ba é meanlíon na bhfostaithe don bhliain ná 2,108 (2023: 1,478).

# Nótaí a ghabhann leis na ráitis airgeadais (ar lean)

## 5. Dímheas agus Amúchadh

| | Nótaí | 2024 €'000 | 2023 €'000 |
|---|---|---|---|
| Dímheas réadmhaoine, gléasra agus trealaimh | 8 | **(176,955)** | (149,109) |
| Dímheas ar shócmhainní a bhfuil ceart úsáide ag baint leo (ráiteas ioncaim) | 9 | **(4,185)** | (4,400) |
| Amúchadh sócmhainní doláimhsithe | 10 | **(28,901)** | (22,530) |
| Muirear bearnúcháin | 8 | **(7,436)** | (1,827) |
| Amúchadh deontas | 19 | **316** | 329 |
| **Iomlán** | | **(217,161)** | (177,537) |

## 6. Glanchostais Airgeadais

| | Nótaí | 2024 €'000 | 2023 €'000 |
|---|---|---|---|
| **Ioncam airgeadais** | | | |
| Ioncam úis ar thaiscí | | **5,204** | 4,119 |
| **Ioncam airgeadais iomlán** | | **5,204** | 4,119 |
| | | | |
| **Costais airgeadais** | | | |
| Ús agus táillí eile ar iasachtaí | | **(18,075)** | (8,740) |
| Ús caipitlithe | | **2,655** | 1,688 |
| Muirear airgeadais um dhliteanas léasa (ráiteas ioncaim) | 9 | **(258)** | (376) |
| Glanioncam úis ar an nglandliteanas sochair shainithe | 17 | **(849)** | (835) |
| **Costais airgeadais iomlána** | | **(16,527)** | (8,263) |
| | | | |
| **Glanchostais airgeadais** | | **(11,323)** | (4,144) |

## 7. Cáin

### Cáin ioncaim

| | 2024 €'000 | 2023 €'000 |
|---|---|---|
| Creidmheas cánach reatha | **-** | - |
| Speansas cánach iarchurtha | **(42,499)** | (49,289) |
| **Cáin ioncaim iomlán** | **(42,499)** | (49,289) |
| | | |
| **An ráta cánach éifeachtach a réiteach** | | |
| Brabús roimh cháin | **321,104** | 378,560 |
| | | |
| Cáin gearrtha ag 12.5% (2023: 12.5%) | **(40,138)** | (47,320) |
| | | |
| Dímheas ar chaiteachas caipitil nach bhfuil inasbhainte chun críocha cánach | **(1,727)** | (1,406) |
| Speansais eile nach bhfuil inasbhainte chun críocha cánach | **(202)** | (139) |
| Ioncam nach bhfuil inchánach/asbhaintí atá inchánach | **301** | 222 |
| Ioncam inchánach ag rátaí níos airde | **(745)** | (589) |
| Coigeartuithe i dtaobh na mblianta airgeadais roimhe | **12** | (57) |
| **Costas iomlán cáin ioncaim** | **(42,499)** | (49,289) |

*Féach ar ráiteas faoi ioncam cuimsitheach eile ina bhfuil sonraí faoi na tionchair chánach ann.*

# 7. Cáin

## Sócmhainní agus dliteanais chánach iarchurtha

| | Nótaí | Oibleagáidí pinsin €'000 | Caillteanais chánach ar aghaidh €'000 | Dímheas luathaithe cánach €'000 | Sócmhainní ceart úsáide €'000 | Dliteanais léasa €'000 | Eile €'000 | Iomlán €'000 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Ar an 1 Eanáir 2023** | | 990 | 102,483 | (245,797) | (3,810) | 3,876 | (206) | (142,464) |
| Aitheanta sa ráiteas ioncaim | | 388 | 16,795 | (66,548) | 1,873 | (1,929) | 132 | (49,289) |
| Aitheanta in ioncam cuimsitheach eile | | 1,210 | - | - | - | - | - | 1,210 |
| Aitheanta i gcaipiteal gnáthscaireanna | 25 | 105 | - | - | - | - | - | 105 |
| **Ar an 31 Nollaig 2023** | | 2,693 | 119,278 | (312,345) | (1,937) | 1,947 | (74) | (190,438) |
| | | | | | | | | |
| Aitheanta sa ráiteas ioncaim | | **477** | **32,399** | **(75,382)** | **108** | **(98)** | **(3)** | **(42,499)** |
| Aitheanta in ioncam cuimsitheach eile | | **(992)** | **-** | **-** | **-** | **-** | **-** | **(992)** |
| **Ar an 31 Nollaig 2024** | | **2,178** | **151,677** | **(387,727)** | **(1,829)** | **1,849** | **(77)** | **(233,929)** |

### Rialacha samhla Cholún a Dó

Ríomhtar cánachas ag an ráta caighdeánach cánach corparáide atá ann faoi láthair de 12.5% do dheireadh na bliana airgeadais 2024.

Ar an 18 Nollaig 2023 d'achtaigh Rialtas na hÉireann, reachtaíocht cánacha ioncaim Cholún a Dó san Acht Airgeadais (Uimh.2) 2023 a cheadaíonn íosráta éifeachtach cánach de 15% a chur i bhfeidhm ar chuideachtaí sa Stát faoi réir coinníollacha áirithe. Toisc gur aonán neamhspleách é Uisce Éireann gan aon ghníomhaíocht idirnáisiúnta agus nach bhfuil faoi úinéireacht páirtí ar bith lasmuigh de Phoblacht na hÉireann, ceadaíonn an reachtaíocht do thréimhse iarchurtha cúig bliana. Mar thoradh air sin, táthar ag súil nach mbeidh Uisce Éireann faoi réir rialacha Cholún a Dó go dtí an bhliain airgeadais dar tús an 1 Eanáir 2029.

Leanann an Chuideachta le measúnú a dhéanamh ar an tionchar a bheidh ag reachtaíocht cánacha ioncaim Cholún a Dó ar a feidhmíocht airgeadais sa todhchaí.

# 8. Réadmhaoin, Gléasra agus Trealamh

| | Nótaí | 31-Noll-24 €'000 | 31-Noll-23 €'000 |
|---|---|---|---|
| Réadmhaoin, gléasra agus trealamh - sócmhainní faoi úinéireacht | | **8,011,526** | 6,875,419 |
| Réadmhaoin, gléasra agus trealamh - sócmhainní ceartúsáide | 9 | **14,636** | 15,498 |
| **Réadmhaoin, Gléasra agus Trealamh - mar a chuirtear i láthair sa chlár comhardaithe iad** | | **8,026,162** | 6,890,917 |

# Nótaí a ghabhann leis na ráitis airgeadais (ar lean)

## 8. Réadmhaoin, Gléasra agus Trealamh

### Réadmhaoin, gléasra agus trealamh - sócmhainní faoi úinéireacht

| | Sócmhainní bonneagair €'000 | Sócmhainní oibriúcháin €'000 | Sócmhainní neamhlíonra €'000 | Sócmhainní atá á dtógáil €'000 | Iomlán €'000 |
|---|---|---|---|---|---|
| **Costas** | | | | | |
| **Ar an 1 Eanáir 2023** | 2,845,563 | 2,079,119 | 245,270 | 1,187,348 | 6,357,300 |
| Breiseanna | - | - | - | 1,249,506 | 1,249,506 |
| Diúscairtí | - | - | (241) | - | (241) |
| Táille dí-aitheanta | - | - | - | (1,435) | (1,435) |
| Aistrithe | 653,609 | 489,634 | 49,261 | (1,192,504) | - |
| **Ar an 31 Nollaig 2023** | 3,499,172 | 2,568,753 | 294,290 | 1,242,915 | 7,605,130 |
| Breiseanna | **-** | **-** | **-** | **1,320,543** | **1,320,543** |
| Diúscairtí | **-** | **-** | **(710)** | **-** | **(710)** |
| Táille dí-aitheanta | **-** | **-** | **-** | **(27)** | **(27)** |
| Aistrithe | **740,531** | **379,651** | **79,800** | **(1,199,982)** | **-** |
| **Ar an 31 Nollaig 2024** | **4,239,703** | **2,948,404** | **373,380** | **1,363,449** | **8,924,936** |
| **Caillteanais carntha dímheasa agus bearnúcháin** | | | | | |
| **Ar an 1 Eanáir 2023** | (169,581) | (300,568) | (100,504) | (8,309) | (578,962) |
| Muirear dímheasa | (43,471) | (79,205) | (26,433) | - | (149,109) |
| Muirear bearnúcháin | - | - | - | (1,827) | (1,827) |
| Diúscairtí | - | - | 187 | - | 187 |
| **Ar an 31 Nollaig 2023** | (213,052) | (379,773) | (126,750) | (10,136) | (729,711) |
| Muirear dímheasa | **(47,869)** | **(97,328)** | **(31,758)** | **-** | **(176,955)** |
| Muirear bearnúcháin | **-** | **-** | **-** | **(7,436)** | **(7,436)** |
| Diúscairtí | **-** | **-** | **692** | **-** | **692** |
| **Ar an 31 Nollaig 2024** | **(260,921)** | **(477,101)** | **(157,816)** | **(17,572)** | **(913,410)** |
| **Suimeanna glanluacha** | | | | | |
| Ar an 31 Nollaig 2023 | 3,286,120 | 2,188,980 | 167,540 | 1,232,779 | 6,875,419 |
| **Ar an 31 Nollaig 2024** | **3,978,782** | **2,471,303** | **215,564** | **1,345,877** | **8,011,526** |

Le linn 2024, thug an Chuideachta faoina hathbhreithniú rialta ar chaiteachas caipitil mar a éilíonn caighdeáin chuntasaíochta, a tharla i mbliana ag an am céanna le haighneacht a Plean Infheistíochta Caipitil don timthriall cúig bliana um Rialú Rialála (2025-2029). Tá an Plean Infheistíochta Caipitil do gach timthriall Rialaithe Ioncaim faoi réir próisis chomhairliúcháin fhairsing le páirtithe leasmhara agus déanann ár rialtóir eacnamaíoch, an CRF, athbhreithniú mionsonraithe air, mar chuid dár bpróiseas Rialaithe Ioncaim. Tar éis na n-athbhreithnithe seo, aithníodh tionscadail áirithe le haghaidh bearnúchán cuntasaíochta. Tá an muirear de €7.4 milliún sa bhliain 2024 (2023: €1.8 milliún) scaipthe ar fud 40 tionscadal caipitil éagsúla. Cé go bhféadfaidh an obair a rinneadh ar na tionscadail bonn eolais a chur ar fáil d'obair amach anseo, measadh go raibh an caiteachas ar na tionscadail bearnaithe ag deireadh na bliana. Féadfaidh an bearnúchán a bheith mar gheall ar thosca amhail réitigh mhalartacha a bheith aitheanta, measúnú nach é an tionscadal an cur chuige is fearr a thuilleadh nó ath-thosaíocht infheistíochta a fhágann gur beag an dóchúlacht go n-imeodh an tionscadal ar aghaidh thar an gcéad timthriall Rialaithe Ioncaim eile. Áiríodh na tionscadail seo go léir i bPleananna Infheistíochta Caipitil na Cuideachta roimhe seo, agus tugadh faoin gcaiteachas caipitil mar ba ghá de réir na riachtanas éagsúla caiteachais phoiblí.

Baineann an táille dí-aitheanta €0.03 milliún sa bhliain 2024 (2023: €1.4 milliún) le tionscadail a dí-aithníodh, toisc nach raibh sócmhainn chaipitil mar thoradh ar an tionscadal.

# 9. Sócmhainní agus Dliteanais Léasa

## An Chuideachta mar Léasaí

Chuaigh an Chuideachta i mbun socruithe léasa éagsúla a bhaineann den chuid is mó le foirgnimh agus talamh a ligean ar cíos. Ní dhéantar aon srianta suntasacha nó neamhghnácha a chur i bhfeidhm de réir théarmaí na léasanna seo. Is ar bhonn neamhthuilleamaí atá na socruithe léasa go léir.

**(a) Méideanna arna n-aithint sa Chlár Comhardaithe**
**Sócmhainní ceart úsáide**

| Costas | | Flít €'000 | Talamh agus Foirgnimh €'000 | Iomlán €'000 |
|---|---|---|---|---|
| **Ar an 1 Eanáir 2023** | | - | 50,577 | 50,577 |
| Breiseanna | | - | 799 | 799 |
| Diúscairtí | | - | (10,985) | (10,985) |
| **Ar an 31 Nollaig 2023** | | - | 40,391 | 40,391 |
| | | | | |
| Breiseanna | | **2,668** | **655** | **3,323** |
| **Ar an 31 Nollaig 2024** | | **2,668** | **41,046** | **43,714** |
| | | | | |
| **Caillteanais carntha dímheasa agus bearnúcháin** | | | | |
| **Ar an 1 Eanáir 2023** | | - | (20,098) | (20,098) |
| Muirear dímheasa | (i) | - | (4,795) | (4,795) |
| **Ar an 31 Nollaig 2023** | | - | (24,893) | (24,893) |
| | | | | |
| Muirear dímheasa | (i) | **(148)** | **(4,037)** | **(4,185)** |
| **Ar an 31 Nollaig 2024** | | **(148)** | **(28,930)** | **(29,078)** |
| | | | | |
| **Suimeanna glanluacha** | | | | |
| Ar an 31 Nollaig 2023 | | - | 15,498 | 15,498 |
| **Ar an 31 Nollaig 2024** | | **2,520** | **12,116** | **14,636** |
| | | | | |
| **Dliteanais léasa** | | | | |
| **Ar an 1 Eanáir 2023** | | - | (31,006) | (31,006) |
| Breiseanna | | - | (799) | (799) |
| Diúscairtí | | - | 10,844 | 10,844 |
| Costais úis | (i) | - | (377) | (377) |
| Íocaíochtaí léasa | (ii) | - | 5,764 | 5,764 |
| **Ar an 31 Nollaig 2023** | (iii) | - | (15,574) | (15,574) |
| | | | | |
| Breiseanna | | **(2,668)** | **(655)** | **(3,323)** |
| Costais úis | (i) | **(41)** | **(217)** | **(258)** |
| Íocaíochtaí léasa | (ii) | **162** | **4,199** | **4,361** |
| **Ar an 31 Nollaig 2024** | (iii) | **(2,547)** | **(12,247)** | **(14,794)** |

# Nótaí a ghabhann leis na ráitis airgeadais (ar lean)

## 9. Sócmhainní agus Dliteanais Léasa

**Anailísithe mar seo a leanas:**

| | 31-Noll-24 €'000 | 31-Noll-23 €'000 |
|---|---|---|
| Neamh-reatha | **(9,126)** | (12,041) |
| Reatha | **(5,668)** | (3,533) |
| **Iomlán** | **(14,794)** | (15,574) |

(i) Le linn na bliana, chaipitligh an Chuideachta €nialas i ndímheas ar shócmhainní a bhfuil ceart úsáide bainteach leo (2023: €0.414 milliún) agus caipitlíodh €nialas de mhuirir mhaoinithe dliteanais léasa (2023: €0.001 milliún).
(ii) Áirítear ar íocaíochtaí léasa, íocaíochtaí as príomhchuid an dliteanais léasa, a chuirtear i láthair mar ghníomhaíochtaí maoinithe de luach €4.1 milliún (2023: €5.2 milliún) sa ráiteas ar shreafaí airgid.
(iii) Níl an Chuideachta ag déileáil le riosca suntasach leachtachta maidir lena dliteanais léasa. Féach nóta 16 le d'anailís aibíochta ar dhliteanais léasa.

**(b) Méideanna eile aitheanta sa ráiteas ioncaim**

| | 2024 €'000 | 2023 €'000 |
|---|---|---|
| Costais a bhaineann le léasanna gearrthéarmacha | **(9,795)** | (8,094) |
| **Iomlán** | **(9,795)** | (8,094) |

## 10. Sócmhainní Doláimhsithe

| | Bogearraí €'000 | Bogearraí á bhforbairt €'000 | Iomlán €'000 |
|---|---|---|---|
| **Costas** | | | |
| **Ar an 1 Eanáir 2023** | 299,005 | 17,399 | 316,404 |
| Breiseanna (forbartha go hinmheánach san áireamh) | - | 39,715 | 39,715 |
| Táille dí-aitheanta | - | (2,000) | (2,000) |
| Aistrithe | 22,542 | (22,542) | - |
| **Ar an 31 Nollaig 2023** | 321,547 | 32,572 | 354,119 |
| Breiseanna (forbartha go hinmheánach san áireamh) | **-** | **51,085** | **51,085** |
| Aistrithe | **66,308** | **(66,308)** | **-** |
| **Ar an 31 Nollaig 2024** | **387,855** | **17,349** | **405,204** |
| **Caillteanais carntha amúchta agus bearnúcháin** | | | |
| **Ar an 1 Eanáir 2023** | (253,129) | (294) | (253,423) |
| Muirear amúchta | (22,530) | - | (22,530) |
| **Ar an 31 Nollaig 2023** | (275,659) | (294) | (275,953) |
| Muirear amúchta | **(28,901)** | **-** | **(28,901)** |
| **Ar an 31 Nollaig 2024** | **(304,560)** | **(294)** | **(304,854)** |
| **Suimeanna glanluacha** | | | |
| Ar an 31 Nollaig 2023 | 45,888 | 32,278 | 78,166 |
| **Ar an 31 Nollaig 2024** | **83,295** | **17,055** | **100,350** |

Baineann an táille dí-aitheanta de €2.0 milliún sa bhliain 2023 le tionscadail bhogearraí a dí-aithníodh, toisc nach raibh sócmhainn chaipitil mar thoradh ar an tionscadal.

## 11. Trádáil agus Infháltais Eile

| | Nótaí | 31-Noll-24 €'000 | 31-Noll-23 €'000 |
|---|---|---|---|
| Infháltais trádála | | **28,889** | 31,354 |
| Úsáid neamhbhilleáilte | | **69,564** | 54,239 |
| Méideanna dlite ó pháirtithe gaolmhara | 25 | **27,369** | 27,189 |
| Clár Aisíocaíochta Custaiméirí Infhála ón Rialtas | 25 | **12,932** | 12,956 |
| Clár Aisíocaíochta nasc infhála ón Rialtas | 25 | **6,283** | 404 |
| Infháltais Eile | | **3,914** | 5,095 |
| **Fo-iomlán** | | **148,951** | 131,237 |
| Réamhíocaíochtaí | | **19,919** | 32,898 |
| **Iomlán** | | **168,870** | 164,135 |
| | | | |
| Neamh-reatha | | **-** | - |
| Reatha | | **168,870** | 164,135 |
| **Iomlán** | | **168,870** | 164,135 |

Sonraítear trádáil agus infháltais eile gan caillteanais creidmheasa ionchais a áireamh agus aicmítear iad sna ráitis airgeadais mar reatha nó neamhreatha i gcomhréir lena réadú ionchais. Féach ar nóta 1 chun measúnú a fháil ar na breithiúnais agus na meastacháin ríthábhachtacha atá curtha i bhfeidhm. Déan tagairt do nóta 25 le haghaidh tuilleadh sonraí maidir le hiarmhéideanna le páirtithe gaolmhara.

### Bearnúchán infháltas trádála agus liúntas maidir le caillteanais creidmheasa ionchais

Níl aon chomhchruinniú ábhartha riosca creidmheasa i gceist mar go gcuimsíonn infháltais trádála na Cuideachta méideanna atá dlite ó líon mór custaiméirí nach custaiméirí baile iad, agus iad scaipthe thar thionscail éagsúla.

Athraíonn na téarmaí creidmheasa do chustaiméirí neamhbhaile de réir réigiúin Údaráis Áitiúil, ag dul suas go 45 lá. Tá srian curtha ar an gCuideachta ó athrú a dhéanamh ar na téarmaí creidmheasa seo, ach beidh siad ag obair chun iad seo a ailíniú mar chuid den phróiseas foriomlán chun taraifí neamhbhaile a chomhoiriúnú. Déantar bainistiú ar riosca creidmheasa ar infháltais trádála trí mhonatóireacht réamhghníomhach agus bainistíocht a dhéanamh ar iarmhéideanna infháltais trádála. Tar éis aistriú na bhféichiúnaithe nach féichiúnaithe baile iad ó 31 Údarás Áitiúil sa bhliain 2017, tá infheictheacht agus smacht iomlán ag an gCuideachta maidir le gach gné den ghníomhaíocht chreidmheasa agus bhailithe. Déanann foireann bailiúcháin creidmheasa na Cuideachta bainistíocht ghníomhach ar chuntais i riaráiste trí mheasúnú iar-iniúchta custaiméara. Tá an Chuideachta ag déanamh forbairt agus feabhsúchán leanúnach ar a cleachtais bhainistithe riosca creidmheasa.

Tá roinnt iarmhéideanna infhála eile ag an gCuideachta atá dlite ó Údaráis Áitiúla, ón Rialtas agus ó pháirtithe gaolmhara eile. Bíonn teagmháil ghníomhach ag an gCuideachta le hÚdaráis Áitiúla ar bhonn rialta. Creideann an Chuideachta go bhfuil riosca creidmheasa íosta aici a thagann óna hidirbhearta oibriúcháin le hÚdaráis Áitiúla agus leis an Rialtas.

Díscríobhann an Chuideachta infháltas trádála áit gurb ann d'fhaisnéis a shonraíonn go bhfuil deacracht mhór airgeadais ag an bhféichiúnaí agus nach dócha le réasún go dtarlóidh aisghabháil m.sh. nuair atá an féichiúnaí curtha faoi leachtú nó nuair atá siad tar éis dul isteach in imeachtaí féimheachta. Tá an próiseas sin faoi réir rialachais inmheánach láidir mar a luaitear thíos. Níl ceann ar bith de na hinfháltais trádála a díscríobhadh faoi réir gníomhaíochtaí forfheidhmithe.

# Nótaí a ghabhann leis na ráitis airgeadais (ar lean)

## 11. Trádáil agus Infháltais Eile

Tá aosú na n-earraí trádála agus infháltais eile leagtha amach thíos. Ní raibh aon infháltas ag an gCuideachta a bhí thar an am dlite agus nach raibh bearnaithe.

| | Ollsuim ghlanluacha | Liúntas maidir le caillteanais creidmheasa ionchais | Glaninfháltas | Ollsuim ghlanluacha | Liúntas maidir le caillteanais creidmheasa ionchais | Glaninfháltas |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | 31-Noll-24 €'000 | 31-Noll-24 €'000 | 31-Noll-24 €'000 | 31-Noll-23 €'000 | 31-Noll-23 €'000 | 31-Noll-23 €'000 |
| Nach bhfuil thar an dáta dlite | **128,696** | **(14,190)** | **114,506** | 109,999 | (14,606) | 95,393 |
| 1-365 lá thar am | **68,572** | **(37,208)** | **31,364** | 70,537 | (38,584) | 31,953 |
| >1 bhliain | **79,359** | **(76,278)** | **3,081** | 82,402 | (78,511) | 3,891 |
| **Iomlán** | **276,627** | **(127,676)** | **148,951** | 262,938 | (131,701) | 131,237 |

Léirítear sa tábla seo a leanas gluaiseacht an liúntais maidir le caillteanais creidmheasa ionchasacha i gcás earraí infhaighte trádála:

| | 2024 €'000 | 2023 €'000 |
|---|---|---|
| **Ar an 1 Eanáir** | **(131,701)** | (135,961) |
| Bearnúchán infháltas trádála | **(19,525)** | (16,449) |
| Liúntas a úsáideadh | **23,550** | 20,709 |
| **Ar an 31 Nollaig** | **(127,676)** | (131,701) |

Roimh 2017, agus ag teacht leis na Comhaontuithe Seirbhíse, ba iad na hÚdaráis Áitiúla, agus iad ag obair mar ghníomhairí don Chuideachta, a sheol billí amach d'infháltais trádála neamhbhaile agus a bhailigh na hinfháltais thar ceann na Cuideachta. Chríochnaigh an Chuideachta ascnamh na bpróiseas um billeáil neamhbhaile de chuid na 31 Údarás Áitiúil sa bhliain 2017, agus leis sin tógadh le chéile gach gné de bhainistíocht seirbhísí uisce le haghaidh billeála agus ioncaim faoi riar na gCuideachta. Tá an tréimhse ó ascnamh na bpróiseas um billeáil ghnó réasúnta gearr, agus mar sin agus mar a sonraíodh roimhe seo, tá an Chuideachta fós ag forbairt agus ag feabhsú a cuid cleachtas um riosca creidmheasa a bhainistiú.

Tá sraith láidir cleachtais bhainistithe riosca creidmheasa forbartha ag an gcuideachta. Is é beartas na Cuideachta gan fiacha a dhíscríobh ach amháin nuair nach bhfuil an custaiméir ag baint úsáid as ár seirbhís a thuilleadh agus nuair a bhfuil gníomhaíochtaí forfheidhmithe na Cuideachta go léir triailte. Tá an próiseas seo faoi réir athbhreithnithe agus ceada Choiste Creidmheasa na Cuideachta agus tá an próiseas ag cloí le nósanna imeachta rialachais inmheánaigh. Díscríobhadh líon teoranta d'fhéichiúnaithe neamhbhaile go dtí seo. Mar gheall ar na tosca sin, is é an toradh a bhí ar fheidhmiú bheartas cuntasaíochta na Cuideachta, maidir le caillteanais creidmheasa ionchais ar infháltais trádála a aithint, ná go ndearnadh soláthar do chaillteanais creidmheasa ionchais de 56% dá oll-infháltais trádála neamhbhaile amhail an 31 Nollaig 2024 (2023: 60%). Is ionann an muirear ar chaillteanais creidmheasa ionchais maidir le hinfháltais neamhbhaile, arna aithint ag an gCuideachta sa bhliain 2024, agus 7% den ioncam gnó neamhbhaile a aithníodh sa bhliain 2024 (2023: 7%). Féach ar nóta 1 chun measúnú a fháil ar na breithiúnais agus na meastacháin ríthábhachtacha atá curtha i bhfeidhm.

## 12. Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim (Atá ar Fáil d'Úsáid Cuideachta)

Tá iarmhéideanna airgid, taiscí bainc gearrthéarmacha le bunaibíocht ar a laghad de thrí mhí i gceist le hairgead tirim agus coibhéisí airgid thirim a bhí ar fáil d'úsáid cuideachta agus níl aon srian conartha i gceist maidir le húsáid na gcistí seo. Tugann suim ghlanluacha na sócmhainní seo neasluach dá luach cóir. Féach ar nóta 22 le haghaidh nochtaí riosca creidmheasa cisteáin.

Cuimsíonn airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim ranníocaíochtaí a fhaightear roimh ré ó chustaiméirí do naisc nua (féach nóta 18). Coinnítear na ranníocaíochtaí sin in airgead tirim agus i gcoibhéisí airgid thirim chun na gníomhaíochtaí nasctha gaolmhara nua a mhaoiniú. Níl srianta conartha ar úsáid na gcistí seo.

| | 31-Noll-24 €'000 | 31-Noll-23 €'000 |
|---|---|---|
| Airgead sa bhanc | **30,716** | 9,640 |
| Taiscí gearrthéarmacha | **314,712** | 279,712 |
| **Iomlán** | **345,428** | 289,352 |

## 13. Urrúis Airgeadais

Foráiltear leis an gcomhaontú go dtabharfar an bonneagar um sheirbhísí uisce agus fuíolluisce a leag an custaiméir féin ar láimh d'Uisce Éireann, tar éis measúnú dearbhaithe cáilíochta a dhéanamh ar na hoibreacha féin-leagtha agus tar éis don bhonneagar a bheith ceangailte le líonra(í) Uisce Éireann. Chun lochtanna sócmhainní agus neamhchosaint ar riosca a mhaolú i gcásanna nach ndearnadh an obair i gceart, faigheann an Chuideachta urrús airgeadais in-aisíoctha agus coinnítear é mar chomhthaobhacht le linn an tionscadail tógála agus scaoiltear é i ndiaidh an tionscadal a chur i gcrích agus tréimhse dliteanais lochtanna 12 mhí. Déantar an t-urrús seo a ríomh de réir an Bheartais um Tháillí ar Cheangal. Tá srianta conartha ar chumas na Cuideachta úsáid a bhaint as an airgead seo.

Léirítear urrúis a choimeádtar ar thaiscí ar théarma níos mó ná 3 mhí ag an dáta ceannacháin mar 'Shócmhainní Airgeadais". Coinnítear an fuílleach i gcuntais bhainc atá inrochtana don Chuideachta agus dá réir sin léirítear iad mar "Airgead agus coibhéisí airgid thirim - iarmhéideanna tríú páirtí".

### Sócmhainní airgeadais - urrús airgeadais coimeádta ar thaisce téarma

| | 31-Noll-24 €'000 | 31-Noll-23 €'000 |
|---|---|---|
| Taiscí fadtéarmacha | **40,000** | 72,250 |
| **Iomlán** | **40,000** | 72,250 |

### Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim - iarmhéideanna tríú páirtí

| | 31-Noll-24 €'000 | 31-Noll-23 €'000 |
|---|---|---|
| Airgead sa bhanc | **71,408** | 6,322 |
| **Iomlán** | **71,408** | 6,322 |

# Nótaí a ghabhann leis na ráitis airgeadais (ar lean)

## 14. Airgead Tirim Ginte ó Oibríochtaí

| | Nótaí | 2024 €'000 | 2023 €'000 |
|---|---|---|---|
| **Sreafaí airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin** | | | |
| Brabús don bhliain | | **278,605** | 329,271 |
| Coigeartuithe le haghaidh: | | | |
| Dímheas agus amúchadh | 5 | **217,161** | 177,537 |
| Táille dí-aitheanta sócmhainne | 8 / 10 | **27** | 3,435 |
| Glanchostais airgeadais | 6 | **11,323** | 4,144 |
| Costas sochar scoir | | **(200)** | 346 |
| Costas cáin ioncaim | 7 | **42,499** | 49,289 |
| | | **549,415** | 564,022 |
| Athruithe ar chaipiteal oibre: | | | |
| Athrú ar thrádáil agus infháltais eile | | **(82,851)** | (15,672) |
| Athrú ar thrádáil agus suimeanna iníoctha eile | | **77,622** | 20,693 |
| Athrú ar ioncam iarchurtha | | **74,233** | (52,892) |
| Athrú ar sholáthairtí | | **(2,410)** | (624) |
| Athrú ar fhardal | | **(52)** | - |
| **Airgead tirim ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin roimh mhíreanna eisceachtúla** | | **615,957** | 515,527 |
| Míreanna eisceachtúla: | | | |
| Airgid tirim ar aisíocaíochtaí naisc a eisíodh | 25 | **(82,475)** | (2,075) |
| Airgead tirim ó aisíocaíochtaí naisc a fuarthas | 25 | **76,597** | 1,670 |
| Aisíocaíochtaí custaiméir baile agus costais phróiseála ghaolmhara | 25 | **(5)** | (4) |
| Airgead tirim ó aisíocaíochtaí custaiméir baile a fuarthas | 25 | **24** | 16 |
| **Airgead tirim ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin** | | **610,098** | 515,134 |
| Ús íoctha | | **(12,271)** | (5,054) |
| **Glanairgead tirim ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin** | | **597,827** | 510,080 |

## 15. Fardal

| | 31-Noll-24 €'000 | 31-Noll-23 €'000 |
|---|---|---|
| **Stoc agus ábhair** | **52** | - |

Ghlac an Chuideachta rialú oibriúcháin ar 3 stór fardail le linn 2024. De réir bheartas cuntasaíochta fardail na Cuideachta, aithníodh an aithint tosaigh ar fhardal a bhí á choimeád ag na háiseanna seo ar dháta aistrithe an rialaithe oibriúcháin ag luach €nialas. Aithnítear ceannacháin fardail ina dhiaidh sin ag na háiseanna seo de réir bheartas fardail na Cuideachta. Féach nóta 1.

Níor cuireadh aon fhardal i ngeall mar shlándáil. Sa bhliain 2024, b'ionann luach inréadaithe na ndíluachálacha fardail go dtí an glanluach inréadaithe sa bhliain 2024 agus €0.002 milliún (2023: €nialas). Sa bhliain 2024, b'ionann luach an fhardail a aithníodh mar ábhair agus costais oibriúcháin agus €0.01 milliún (2023: €nialas).

## 16. Iasachtaí agus Fiachas Eile

Sa nóta seo tugtar faisnéis faoi théarmaí conarthacha na n-iasachtaí agus an fhiachais eile de chuid na Cuideachta a ngabhann ús leo. Féach ar nóta 22 le haghaidh tuilleadh faisnéise ar nochtadh na Cuideachta do riosca ráta úis agus riosca leachtachta.

| | Nótaí | 31-Noll-24 €'000 | 31-Noll-23 €'000 |
|---|---|---|---|
| Saoráidí ó Rialtas | | **(998,559)** | (814,499) |
| Dliteanais léasa | | **(14,794)** | (15,574) |
| **Iomlán** | | **(1,013,353)** | (830,073) |
| | | | |
| **Anailísithe mar seo a leanas:** | | | |
| Neamh-reatha | | **(1,007,685)** | (826,539) |
| Reatha | | **(5,668)** | (3,534) |
| **Iomlán** | | **(1,013,353)** | (830,073) |
| | | | |
| **Inaisíoctha seachas ina dtráthchuid:** | | | |
| Níos lú ná aon bhliain amháin | | **(5,668)** | (3,534) |
| Idir aon bhliain amháin agus cúig bliana | | **(4,924)** | (5,723) |
| Níos mó ná cúig bliana | | **(1,002,761)** | (820,816) |
| **Iomlán** | | **(1,013,353)** | (830,073) |

### Glanfhiachas

| | Nótaí | 31-Noll-24 €'000 | 31-Noll-23 €'000 |
|---|---|---|---|
| Iasachtaí agus fiachas eile san iomlán | | **(1,013,353)** | (830,073) |
| Lúide airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim - atá ar fáil d'úsáid cuideachta | 12 | **345,428** | 289,352 |
| Lúide airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim - iarmhéideanna tríú páirtí | 13 | **71,408** | 6,322 |
| **Glanfhiachas** | | **(596,517)** | (534,399) |

### Athruithe ar dhliteanais ag eascairt as gníomhaíochtaí maoinithe

| | Nótaí | Saoráidí ó Rialtas €'000 | Dliteanais léasa €'000 | Iomlán €'000 |
|---|---|---|---|---|
| **Ar an 1 Eanáir 2023** | | (613,499) | (31,006) | (644,505) |
| Fáltais | | (231,000) | - | (231,000) |
| Aisíoc | | 30,000 | - | 30,000 |
| Aisíocaíocht dliteanas léasa | 9 | - | 5,247 | 5,247 |
| Neamhairgead | | - | 10,185 | 10,185 |
| **Ar an 31 Nollaig 2023** | | (814,499) | (15,574) | (830,073) |
| | | | | |
| Fáltais | | **(644,060)** | **-** | **(644,060)** |
| Aisíoc | | **460,000** | **-** | **460,000** |
| Aisíocaíocht dliteanas léasa | 9 | **-** | **4,103** | **4,103** |
| Neamhairgead | | **-** | **(3,323)** | **(3,323)** |
| **Ar an 31 Nollaig 2024** | | **(998,559)** | **(14,794)** | **(1,013,353)** |

# Nótaí a ghabhann leis na ráitis airgeadais (ar lean)

## 17. Oibleagáidí Sochar Scoir

Oibríonn an Chuideachta dhá scéim sochair shainithe agus scéim ranníocaíochta sainithe.

### (a) Scéimeanna pinsin sochar shainithe de chuid Uisce Éireann

Feidhmíonn an Chuideachta scéim ranníocach le sochar sainithe ("Scéim Aoisliúntais le Sochar Sainithe de chuid Uisce Éireann") mar a éilítear faoi ailt 19 agus 27 den Acht um Sheirbhísí Uisce (Uimh. 2) 2013 maidir le fostaithe na Cuideachta, a bhí ag obair roimhe sin do na hÚdaráis Áitiúla nó don Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta. Bunaíodh an scéim seo ar an 27 Eanáir 2017. Feidhmíonn an Chuideachta scéim ranníocach sochair shainithe ("Scéim Aoisliúntais Uisce Éireann (ex-Ervia)") le haghaidh fostaithe a ghlac páirt i scéim pinsin sochair shainithe Ervia go dtí an scaradh dlíthiúil ó Ervia. Ar an 1 Eanáir 2023, ghlac Uisce Éireann an oibleagáid sochar scoir maidir le costas seirbhíse fostaithe cuí amach anseo a d'aistrigh go hUisce Éireann ó Ervia nuair a scaradh iad go dlíthiúil. Bunaíodh an scéim seo ar an 1 Eanáir 2023. Soláthraíonn an dá scéim sochair scoir bunaithe ar thuarastal inphinsin deiridh agus tuarastal glan inphinsin i dtaca le seirbhís inphinsin amach anseo, chomh maith le "gné thimfhillteach" a choimeádann an nasc tuarastail deiridh maidir le seirbhís inphinsin roimhe seo a thugtar chun críche roimh pháirt a ghlacadh le hUisce Éireann.

Is é an Bord Iontaobhaithe ar a bhfuil ionadaithe baill agus fostóra a riarann na scéimeanna sochair shainithe. Tá an Bord Iontaobhaithe faoi seach freagrach as na scéimeanna a bhainistiú agus a rialú, rud a chuimsíonn comhlíonadh na ndlíthe agus na rialachán ábhartha go léir. Coimeádtar sócmhainní na scéimeanna as féin amach ó shócmhainní na Cuideachta i gcistí arna riar ag iontaobhaithe. Rinne achtúire cáilithe an luacháil ba dheireanaí ar Scéim Aoisliúntais le Sochar Sainithe de chuid Uisce Éireann ar an 1 Aibreán 2022. Is é an dáta éifeachtach don chéad luacháil achtúireach eile ná 1 Aibreán 2025. Rinne achtúire cáilithe an luacháil ba dheireanaí ar Scéim Aoisliúntais Uisce Éireann (ex-Ervia) ar an 1 Aibreán 2023. Is é an dáta éifeachtach don chéad luacháil achtúireach eile ná 1 Aibreán 2026.

Mar gheall ar na scéimeanna, tá an Chuideachta neamhchosanta ar roinnt rioscaí, seo a leanas na cinn is suntasaí:

**Luaineacht sócmhainne**
Déantar na dliteanais a ríomh ag úsáid ráta lascaine atá socraithe le tagairt do thorthaí bannaí. Mura bhfuil sócmhainní ag déanamh chomh maith agus a léireodh an toradh seo, d'fhéadfadh sé sin easnamh ní ba mhó a chruthú. Tá cuid shuntasach de shócmhainní fáis (gnáthscaireanna) ag na scéimeanna agus cé go bhfuiltear ag súil le go bhfeidhmeoidh siad níos fearr ná bannaí corparáide san fhadtéarma, cruthaíonn siad luaineacht agus riosca breise sa ghearrthéarma.

**Athruithe ar thorthaí bannaí**
Má thagann laghdú ar thorthaí bannaí corparáideacha, tiocfaidh ardú ar an luach a chuirtear ar dhliteanais chun críocha cuntasaíochta, cé go ndéanfaidh ardú ar luach aon ghabhháltais bannaí ag na scéimeanna an t-ardú sin a fhritháireamh i bpáirt.

**Boilsciú tuarastail**
Ós rud é gur scéim tuarastail deiridh atá i gceist, tá nochtadh i leith sochair mhéadaithe ann mar gheall ar mhéaduithe airde ar thuarastail ná mar a rinneadh foráil dóibh sna toimhdí. Déanann na toimhdí a úsáidtear chun an tuarastal deiridh a fhortheilgean ionchorprú ar chomhpháirt a bhaineann le haois chomh maith le bun-ráta bunúsach mar liúntas le haghaidh incrimintí agus arduithe céime. Ciallaíonn comhpháirt timfhillte an deartha sochair (is é sin, ceangal na seirbhíse inphinsin a cuireadh i gcrích le comhlacht roimhe seo) go bhfuil na dliteanais fhabhraithe íogair go leor maidir le fás tuarastail atá níos airde ná a cheaptar.

**Boilsciú**
Tá oibleagáidí sochair shainithe na scéimeanna nasctha le boilsciú (tá na sochair nasctha le harduithe ar thuarastal do chomhaltaí gníomhacha, agus tá na sochair choinnithe nasctha ar bhonn lánroghnach le harduithe a thugtar ar phinsean iarscoir do chomhaltaí iarchurtha nó ar athluacháil reachtúil). Beidh dliteanais níos airde mar thoradh ar bhoilsciú atá níos airde ná mar atáthar ag súil leis. Tá thart ar cheathrú cuid den chiste infheistithe i mbannaí bhoilsciúnasctha mar chomhoiriúint ar fhíordhliteanais den sórt sin.

## 17. Oibleagáidí Sochair Scoir

**Riosca ionchais saoil**
Tá formhór oibleagáidí na scéimeanna ann le sochair a chur ar fáil do shaol an bhaill (agus a chleithiúnaithe), agus tiocfaidh ardú ar na dliteanais mar thoradh ar arduithe ar an ionchas saoil.

| | Scéim Aoisliúntais le Sochar Sainithe de chuid Uisce Éireann | | Scéim Aoisliúntais Uisce Éireann (ex-Ervia) | | Iomlán Comhcheangailte | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | 31-Noll-24 €'000 | 31-Noll-23 €'000 | 31-Noll-24 €'000 | 31-Noll-23 €'000 | 31-Noll-24 €'000 | 31-Noll-23 €'000 |
| **Infheistíochtaí luaite i margaí gníomhacha:** | | | | | | |
| Gnáthscaireanna | **35,559** | 24,448 | **16,246** | 11,929 | **51,805** | 36,377 |
| *– margaí forbartha* | ***35,559*** | *24,448* | ***16,246*** | *11,929* | ***51,805*** | *36,377* |
| Bannaí | **9,187** | 9,212 | **4,256** | 3,354 | **13,443** | 12,566 |
| *– nasctha le boilsciú* | ***9,187*** | *9,212* | ***4,256*** | *3,354* | ***13,443*** | *12,566* |
| Airgead | **2,587** | 794 | **917** | 385 | **3,504** | 1,179 |
| **Infheistíochtaí neamhluaite:** | | | | | | |
| Réadmhaoin/foraoiseacht | **2,431** | 1,550 | **1,118** | 706 | **3,549** | 2,256 |
| **Luach cóir sócmhainní plean** | **49,764** | 36,004 | **22,537** | 16,374 | **72,301** | 52,378 |
| Oibleagáid sochar sainithe | **(74,333)** | (64,658) | **(23,031)** | (20,068) | **(97,364)** | (84,726) |
| **Oibleagáid glansochar sainithe** | **(24,569)** | (28,654) | **(494)** | (3,694) | **(25,063)** | (32,348) |

**Straitéis Infheistíochta**
Tá straitéis infheistíochta tosaigh atá dírithe ar fhás comhaontaithe ag an gCuideachta agus na hIontaobhaithe (Scéim Aoisliúntais le Sochar Sainithe de chuid Uisce Éireann: Fás 75% / meaitseáil dliteanais 25%; Scéim Aoisliúntais Uisce Éireann (ex-Ervia): Fás 80% / meaitseáil dliteanais 20%).

# Nótaí a ghabhann leis na ráitis airgeadais (ar lean)

## 17. Oibleagáidí Sochair Scoir

### Scéim Aoisliúntais le Sochar Sainithe de chuid Uisce Éireann

**Gluaiseacht i nglandliteanas sochair shainithe**

| | Dliteanas sochar sainithe | | Luach cóir sócmhainní plean | | Oibleagáid glansochar sainithe | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | 2024 €'000 | 2023 €'000 | 2024 €'000 | 2023 €'000 | 2024 €'000 | 2023 €'000 |
| **Ar an 1 Eanáir** | **(64,658)** | (46,908) | **36,004** | 26,266 | **(28,654)** | (20,642) |
| **Ráiteas Ioncaim:** | | | | | | |
| Costas seirbhíse reatha | **(6,754)** | (4,248) | **-** | - | **(6,754)** | (4,248) |
| Ús ar dhliteanais agus sócmhainní | **(2,121)** | (1,703) | **1,333** | 1,060 | **(788)** | (643) |
| Speansais Riaracháin | **-** | - | **(2)** | - | **(2)** | - |
| | **(8,875)** | (5,951) | **1,331** | 1,060 | **(7,544)** | (4,891) |
| **Ioncam Cuimsitheach eile:** | | | | | | |
| Brabús ar shócmhainní plean, ioncam úis as an áireamh | **-** | - | **3,631** | 3,117 | **3,631** | 3,117 |
| Caillteanais ó thaithí ar dhliteanais | **(4,595)** | (8,091) | **-** | - | **(4,595)** | (8,091) |
| Athruithe ar thoimhdí achtúireacha | **4,709** | (3,102) | **-** | - | **4,709** | (3,102) |
| Athruithe ar thoimhdí déimeagrafacha | | - | **-** | - | **-** | - |
| | **114** | (11,193) | **3,631** | 3,117 | **3,745** | (8,076) |
| Ranníocaíochtaí na bhfostóirí | **-** | - | **7,884** | 4,954 | **7,884** | 4,954 |
| Ranníocaíochtaí na gcomhaltaí | **(1,298)** | (860) | **1,298** | 860 | **-** | - |
| Sochair a íocadh | **384** | 254 | **(384)** | (253) | **-** | 1 |
| | **(914)** | (606) | **8,798** | 5,561 | **7,884** | 4,955 |
| **Ar an 31 Nollaig** | **(74,333)** | (64,658) | **49,764** | 36,004 | **(24,569)** | (28,654) |

Ba í meántréimhse ualaithe na hoibleagáide sochair shainithe Scéim Aoisliúntais le Sochar Sainithe de chuid Uisce Éireann ar an 31 Nollaig 2024 ná thart ar 25 bliain (2023: 26 bliain). Tá an Chuideachta ag súil le go ranníocfaidh sí €10.0 milliún lena plean pinsin sa bhliain 2025.

## 17. Oibleagáidí Sochair Scoir

### Scéim Aoisliúntais Uisce Éireann (ex-Ervia)

**Gluaiseacht i nglandliteanas sochair shainithe**

| | | Dliteanas sochar sainithe | | Luach cóir sócmhainní plean | | Oibleagáid glansochair shainithe | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | 2024 €'000 | 2023 €'000 | 2024 €'000 | 2023 €'000 | 2024 €'000 | 2023 €'000 |
| **Oibleagáid sochair scoir ar glacadh léi** | 25 | **(20,068)** | (13,045) | **16,374** | 12,202 | **(3,694)** | (843) |
| **Ráiteas Ioncaim:** | | | | | | | |
| Costas reatha seibhíse | | **(3,447)** | (3,368) | **-** | - | **(3,447)** | (3,368) |
| Ús ar dhliteanais agus sócmhainní | | **(661)** | (476) | **600** | 284 | **(61)** | (192) |
| Speansais Riaracháin | | **-** | | **(2)** | | **(2)** | - |
| | | **(4,108)** | (3,844) | **598** | 284 | **(3,510)** | (3,560) |
| **Ioncam Cuimsitheach eile:** | | | | | | | |
| Brabús ar shócmhainní plean, ioncam úis as an áireamh | | **-** | - | **1,959** | 511 | **1,959** | 511 |
| Caillteanais ó thaithí ar dhliteanais | | **606** | (529) | **-** | - | **606** | (529) |
| Athruithe ar thoimhdí achtúireacha | | **1,628** | (1,688) | **-** | - | **1,628** | (1,688) |
| Athruithe ar thoimhdí déimeagrafacha | | **-** | 99 | **-** | - | **-** | 99 |
| | | **2,234** | (2,118) | **1,959** | 511 | **4,193** | (1,607) |
| Ranníocaíochtaí na bhfostóirí | | **-** | - | **2,518** | 2,316 | **2,518** | 2,316 |
| Ranníocaíochtaí na gcomhaltaí | | **(1,125)** | (1,065) | **1,125** | 1,065 | **-** | - |
| Sochair a íocadh | | **36** | 4 | **(36)** | (4) | **-** | - |
| | | **(1,089)** | (1,061) | **3,607** | 3,377 | **2,518** | 2,316 |
| **Ar an 31 Nollaig** | | **(23,031)** | (20,068) | **22,538** | 16,374 | **(493)** | (3,694) |

Ba í meántréimhse ualaithe na hoibleagáide sochair shainithe Scéim Aoisliúntais Uisce Éireann (ex-Ervia) ar an 31 Nollaig 2024 ná thart ar 26 bliain (2023: 27 bliain). Tá an Chuideachta ag súil le go ranníocfaidh sí €2.4 milliún lena plean pinsin sa bhliain 2025.

B'ionann na príomh-thoimhdí achtúireacha a úsáideadh don Chiste Aoisliúntais le Sochar Sainithe de chuid Uisce Éireann (le haghaidh 2023 agus 2024) agus don Scéim Aoisliúntais Uisce Éireann (ex-Ervia) (le haghaidh 2023 agus 2024) agus an méid seo a leanas:

| | 2024 | 2023 |
|---|---|---|
| Ráta lascaine | **3.45%** | 3.30% |
| Toimhde maidir le boilsciú | **2.25%** | 2.35% |
| Ráta an mhéadaithe ar thuarastail* | **2.75%** | 2.85% |
| Ráta méadaithe ar íocaíocht pinsin | **2.25%** | 2.35% |

*Móide scála tuarastail le harduithe ardú céime a cheadú

# Nótaí a ghabhann leis na ráitis airgeadais (ar lean)

## 17. Oibleagáidí Sochair Scoir

Seo a leanas an meánionchas saoil don todhchaí a tógadh san áireamh sa luacháil, bunaithe ar dhul ar scor ag 65 bliain d'aois, le haghaidh fostaithe atá ar scor faoi láthair agus a rachaidh ar scor amach anseo:

**Mortlaíocht**

| Ionchas Saoil do dhaoine a bheidh ag dul ar scor amach anseo | | Scéim Aoisliúntais le Sochar Sainithe de chuid Uisce Éireann 2024 | Scéim Aoisliúntais le Sochar Sainithe de chuid Uisce Éireann 2023 | Scéim Aoisliúntais Uisce Éireann (ex-Ervia) 2024 | Scéim Aoisliúntais Uisce Éireann (ex-Ervia) 2023 |
|---|---|---|---|---|---|
| Ag dul ar scor inniu | Mná | **25.0** | 24.9 | **24.9** | 24.8 |
| | Fir | **23.2** | 23.1 | **23.0** | 22.9 |
| Dul ar scor i 25 bliain | Mná | **27.2** | 27.1 | **27.0** | 26.9 |
| | Fir | **25.3** | 25.2 | **25.1** | 25.0 |

**Anailís íogaireachta do na toimhdí a úsáideadh go príomha chun dliteanais na scéime a thomhas**
Tá éiginnteachtaí nádúrtha ag baint leis na toimhdí airgeadais agus déimeagrafacha a glacadh chun luach achtúireach oibleagáidí sochair shainithe na Cuideachta a ríomh. Déanann an tábla seo a leanas anailís ar an tionchar measta a bheadh ar dhliteanais scéime ag athruithe ar phríomhthoimhdí achtúireacha.

| Toimhde | Athrú ar thoimhde | Tionchar ar dhliteanais Scéim Aoisliúntais le Sochar Sainithe de chuid Uisce Éireann | Tionchar ar dhliteanais Scéim Aoisliúntais Uisce Éireann (ex-Ervia) |
|---|---|---|---|
| Ráta lascaine | Méadú/laghdú 0.25% | Laghdú 5.8%/méadú 6.3% | Laghdú 5.9%/méadú 6.4% |
| Boilsciú | Méadú/laghdú 0.25% | Méadú 6.4%/laghdú 5.9% | Méadú 6.4%/laghdú 5.9% |
| Tuarastal | Méadú/laghdú 0.25% | Méadú 7.4%/laghdú 7.1% | Méadú 12.2%/laghdú 11.8% |
| Mortlaíocht | Méadú/laghdú aon bhliain amháin | Méadú 2.3%/laghdú 2.3% | Méadú 2.2%/laghdú 2.2% |

### (b) Scéim pinsin ranníocaíochta sainithe

Déanann an Chuideachta ranníocaíochtaí le Scéim Ranníocaíochta Sainithe Uisce Éireann thar ceann a fostaithe. Gearrtar na costais seo ar an ráiteas ioncaim agus nochtar iad i nóta 4.

## 18. Ioncam Iarchurtha

| | 2024 €'000 | 2023 €'000 |
|---|---|---|
| **Ar an 1 Eanáir** | **(259,548)** | (312,470) |
| Faighte | **(269,482)** | (193,923) |
| Arna chur chun sochair an ráitis ioncaim | **195,249** | 246,845 |
| **Ar an 31 Nollaig** | **(333,781)** | (259,548) |

**Anailísithe mar seo a leanas:**

| | 31-Noll-24 €'000 | 31-Noll-23 €'000 |
|---|---|---|
| Neamh-reatha | **(147,044)** | (75,473) |
| Reatha | **(186,737)** | (184,075) |
| **Iomlán** | **(333,781)** | (259,548) |

Déantar ranníocaíochtaí custaiméirí ó naisc nua, a fhaightear roimh ré, a thaifeadadh ar dtús mar ioncam iarchurtha. Scaoiltear na ranníocaíochtaí sin chuig an ráiteas ioncaim ansin mar ioncam, de réir mar a chuirtear na hoibreacha naisc (oibleagáid feidhmíochta) i gcrích.

## 19. Deontais

| | 2024<br>€'000 | 2023<br>€'000 |
|---|---|---|
| **Ar an 1 Eanáir** | **(9,451)** | (2,649) |
| Faighte | **(977)** | (8,056) |
| Amúchta | **316** | 329 |
| Deontais iarchurtha dí-aitheanta | **-** | 925 |
| **Ar an 31 Nollaig** | **(10,112)** | (9,451) |

**Anailísithe mar seo a leanas:**

| | 31-Noll-24<br>€'000 | 31-Noll-23<br>€'000 |
|---|---|---|
| Neamh-reatha | **(9,802)** | (9,101) |
| Reatha | **(310)** | (350) |
| **Iomlán** | **(10,112)** | (9,451) |

Baineann na méideanna seo le maoiniú deontais ó Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann, tionscadal Interreg Swell an AE agus tionscadal Elena de chuid an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta. Tá roinnt coinníollacha a bhaineann leis an maoiniú deontais seo fós i bhfeidhm ag deireadh na bliana. Níl aon choinníollacha nár comhlíonadh ag gabháil le deontais a aithnítear sa ráiteas ioncaim. In imthosca áirithe, d'fhéadfadh deontais éirí in-aisíoctha mura mbainfí amach na coinníollacha a leagadh síos sna comhaontuithe deontais. Tá an Chuideachta ag tnúth le go dtiocfaidh imthosca mar sin chun cinn sa bhliain 2025 ar thionscadal amháin, agus dá bhrí sin, gearradh an méid a measúnaíodh a bheith inaisíoctha sa bhliain 2023 in aghaidh an chreidmheasa iarchurtha ghaolmhair gan amúchadh. Níor aisíocadh deontais sa bhliain reatha nó sa bhliain roimhe sin.

## 20. Soláthairtí, Teagmhais agus Ceangaltais Chaipitil

### Soláthairtí

| | Soláthairtí caipitil<br>€'000 | Éilimh féin-árachais<br>€'000 | Soláthairtí dlí<br>€'000 | Soláthairtí maidir le haisíocaíochtaí do chustaiméirí<br>€'000 | Soláthairtí eile<br>€'000 | Iomlán<br>€'000 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Ar an 1 Eanáir 2024** | (49,370) | (31,551) | (19,474) | (13,438) | (2,985) | (116,818) |
| Soláthairtí déanta | (1,430) | (7,224) | (422) | - | (304) | (9,380) |
| Soláthairtí eisithe | 818 | 4,425 | 981 | 8 | - | 6,232 |
| Soláthairtí úsáidte | 1,231 | 3,888 | 64 | 5 | 395 | 5,583 |
| **Ar an 31 Nollaig 2024** | (48,751) | (30,462) | (18,851) | (13,425) | (2,894) | (114,383) |

**Anailísithe mar seo a leanas:**

| | 31-Noll-24<br>€'000 | 31-Noll-23<br>€'000 |
|---|---|---|
| Neamh-reatha | **(80,443)** | (91,323) |
| Reatha | **(33,940)** | (25,495) |
| **Iomlán** | **(114,383)** | (116,818) |

**Soláthairtí caipitil**
Baineann soláthairtí caipitil go príomha le dliteanais a bhaineann le tionscadail fhadtéarmacha.

# Nótaí a ghabhann leis na ráitis airgeadais (ar lean)

## 20. Soláthairtí, Teagmhais agus Ceangaltais Chaipitil

**Éilimh féin-árachais**
Tá an Chuideachta féin-árachaithe maidir le héilimh áirithe dhíobhála agus dhamáiste. Tá an fhoráil ag deireadh na bliana le haghaidh na gcostas measta a bhaineann le teagmhais a tharla go dtí an 31 Nollaig 2024. Déantar íocaíochtaí de réir mar a shocraítear cásanna. Cuimsítear an muirear sa ráiteas ioncaim faoi chostais oibriúcháin. Tá nádúr na n-éileamh seo neamhchinnte faoi dháta socraíochta, ach tá an Chuideachta ag súil le go mbeidh na héilimh socraithe go substaintiúil faoi 2027. Scoraítear meastachán athbhreithnithe ag gach dáta tuairiscithe (nó go rialta) lena chinntiú go léiríonn an soláthar a aithníodh an meastachán is fearr ar na costais a iompróidh an Chuideachta, ag cur an taithí is déanaí ar éileamh i bhfeidhm.

**Soláthairtí dlí**
Déanann soláthairtí dlí ionadaíocht do mheastachán is fearr na Cuideachta ar an gcaiteachas a theastaíonn chun oibleagáidí reatha a bhaineann le cásanna dlí neamhréitithe a shocrú ar an dáta tuairiscithe. Agus toradh dóchúil i ngach cás á mheas, bunaíonn an Chuideachta a measúnú ar chomhairle a fuair sí ó shaineolaithe dlí. Scoraítear meastachán athbhreithnithe ag gach dáta tuairiscithe lena chinntiú go léiríonn an soláthar dlí a aithníodh an meastachán is fearr ar na costais a iompróidh an Chuideachta agus an tráthúlacht sa deireadh.

**Soláthairtí maidir le haisíocaíochtaí do chustaiméirí**
"De bhun alt 22 den Acht um Sheirbhísí Uisce 2017, éilíodh ar Uisce Éireann airgead tirim arbh fhiú €171.7milliún a bailíodh roimhe sin ó chustaiméirí baile a aisíoc. Chuir an Rialtas maoiniú ar fáil don chlár aisíocaíochta custaiméirí sin, trí dheontas rialtais leis an gcoinníoll aonair go n-úsáidfear an maoiniú chun aisíocaíocht a dhéanamh le custaiméirí baile agus chun an riarachán gaolmhar a urscaoileadh.

Ar an 31 Nollaig 2024, lean an Chuideachta d'aitheantas a thabhairt do dhliteanas de €13.4m (2023: €13.4 milliún) le haghaidh aisíocaíochtaí dlite do chustaiméirí baile, áit nár cuireadh i láthair le briseadh seiceanna a bhí eisithe nó áit nár thug na custaiméirí fógra don Chuideachta faoina gcuid sonraí teagmhála is deireanaí. Bhí sócmhainn chomhfhreagrach de €13.0 milliún (2023: €13.0 milliún) (nóta 11) aitheanta freisin arb ionann í agus na méideanna infhála ón Rialtas chun dliteanais neamh-mhaoinithe na Cuideachta a chlúdach faoin gclár aisíocaíochta do chustaiméirí. Amhail an 31 Nollaig 2024, bhí airgead tirim sa bhanc de €0.5 milliún (2023: €0.4 milliún) i seilbh na Cuideachta i leith an chláir aisíocaíochta do chustaiméirí. Cuirtear sreafaí airgid i leith an chláir i láthair i nóta 14 mar "míreanna eisceachtúla" ag teacht le blianta roimhe seo.

**Soláthairtí Eile**
Áirítear le soláthairtí eile soláthairtí trochlaithe léasa, éilimh choinneála conraitheora agus oibleagáidí reatha eile a aithníodh ag dáta an tuairiscithe.

Níl oibleagáidí díchoimisiúnaithe sócmhainne aitheanta ag an gCuideachta ar an dáta tuairiscithe. Is é beartas na Cuideachta aon sórt oibleagáide a chaipitliú mar chuid den tsócmhainn a mbaineann siad leo.

**Teagmhais**
Bíonn an Chuideachta faoi réir dlíthíochta, éileamh agus díospóidí conartha éagsúla le linn ghnáthchúrsa na n-oibríochtaí. Cé go bhfuil éiginnteacht áirithe ag baint le himeachtaí den sórt sin, nílimid ag súil go mbeidh drochéifeacht ábhartha ag réiteach aon imeachtaí den saghas sin ar ár dtorthaí ó thaobh oibríochtaí, sreafaí airgid oibriúcháin nó staid airgeadais ó thaobh glansócmhainní de.

Mar chuid den phróiseas dícheallachta cuí chun teacht ar aontú faoi na sócmhainní agus na dliteanais a bhí le haistriú ó gach Údarás Áitiúil chuig an gCuideachta, tugadh faoi bheart chun gach dliteanas teagmhasach a aithint agus iad a nochtadh sna ráitis airgeadais, dá mba rud é gur chomhlíon siad critéir nochta CIC 37.

Níl an Chuideachta ar an eolas faoi aon dliteanais theagmhasacha ábhartha nach mór a nochtadh.

**Gealltanais chaipitil**

| | 2024 €'000 | 2023 €'000 |
|---|---|---|
| Caiteachas caipitil atá ar conradh ach nach bhfuil soláthar déanta ina leith | **839,034** | 795,024 |

## 21. Trádáil agus Suimeanna Iníoctha Eile

| | Nótaí | 31-Noll-24 €'000 | 31-Noll-23 €'000 |
|---|---|---|---|
| Suimeanna iníoctha trádála | | **(53,412)** | (62,635) |
| Speansais fhabhraithe | | **(372,006)** | (308,996) |
| Méideanna dlite do pháirtithe gaolmhara | 25 | **(30,395)** | (24,164) |
| Féin-leagan éarlaisí custaiméara | | **(107,984)** | (77,493) |
| Suimeanna iníoctha eile | | **(1,822)** | (1,081) |
| Creidiúnaithe cánachais agus árachais shóisialaigh | | **(20,088)** | (9,409) |
| **Iomlán** | | **(585,707)** | (483,778) |
| | | | |
| **Anailísithe mar seo a leanas:** | | | |
| Neamh-reatha | | **(89,105)** | (65,197) |
| Reatha | | **(496,602)** | (418,581) |
| **Iomlán** | | **(585,707)** | (483,778) |
| | | | |
| Creidiúnaithe cánachais agus árachais shóisialaigh | | | |
| ÍMAT/árachas sóisialta | | **(5,055)** | (3,703) |
| CBL agus cáin shiarchoinneálach | | **(15,033)** | (5,706) |
| **Iomlán** | | **(20,088)** | (9,409) |

## 22. Bainistiú Riosca Airgeadais agus Sócmhainní/Dliteanais Airgeadais

Is féidir anailís a dhéanamh ar shuimeanna glanluacha shócmhainní agus dhliteanais airgeadais na Cuideachta mar atá leagtha amach thíos. Níl luachanna córa ionstraimí airgeadais nochta ag an gCuideachta, áit ina bhfuil a suimeanna glanluacha mar neasúchán réasúnta luacha chóir. Faigheann suimeanna glanluacha airgead thirim agus coibhéisí airgid thirim, trádáil agus infháltais eile (glan), trádáil agus suimeanna iníoctha eile, agus dliteanais reatha eile na Cuideachta, a luachanna córa mar gheall ar nádúr gearrthéarmach na n-ionstraimí seo.

### Ag costas amúchta

| | Nótaí | 31-Noll-24 €'000 | 31-Noll-23 €'000 |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní airgeadais** | | | |
| Trádáil agus infháltais eile | (i) | **148,951** | 131,237 |
| Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim - ar fáil d'úsáid cuideachta | | **345,428** | 289,352 |
| Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim - iarmhéideanna tríú páirtí | | **71,408** | 6,322 |
| Sócmhainní airgeadais - urrús airgeadais coimeádta ar thaisce téarma | | **40,000** | 72,250 |
| | | **605,787** | 499,161 |
| | | | |
| **Dliteanais airgeadais** | | | |
| Iasachtaí agus fiachas eile | (ii) | **(1,013,353)** | (830,073) |
| Trádáil agus suimeanna iníoctha eile | (iii) | **(193,613)** | (165,373) |
| | | **(1,206,966)** | (995,446) |
| | | | |
| **Glandliteanais airgeadais** | | **(601,179)** | (496,285) |

(i) Níor cuireadh réamhíocaíochtaí san áireamh toisc nach ndéantar iad seo a aicmiú mar shócmhainn airgeadais.
(ii) Ba é luach cóir na n-iasachtaí agus na bhfiachas eile amhail an 31 Nollaig 2024 ná €962.5 milliún (2023: €739.2 milliún).
(iii) Níor cuireadh speansais agus dliteanais chánach fhabhraithe san áireamh toisc nach ndéantar iad seo a aicmiú mar dhliteanais airgeadais.

# Nótaí a ghabhann leis na ráitis airgeadais (ar lean)

## 22. Bainistíocht Riosca Airgeadais agus Sócmhainní/Dliteanais Airgeadais

**Bainistíocht Riosca Airgeadais**

Tá beartais bhainistithe riosca airgeadais curtha ar bun chun na rioscaí atá ag bagairt ar an gCuideachta a aithint agus anailís a dhéanamh orthu, chun teorainneacha agus rialuithe cuí riosca a shocrú agus chun monatóireacht a dhéanamh ar rioscaí. Déantar na beartais agus na córais bhainistithe riosca airgeadais sin a athbhreithniú go rialta chun go mbeidh siad ag teacht le hathruithe sna dálaí margaidh agus le gníomhaíochtaí na Cuideachta. Forbraíonn an Chuideachta, trína caighdeáin agus a nósanna imeachta oiliúna, timpeallacht rialaithe eagraithe agus cuiditheach, timpeallacht ina dtuigeann na fostaithe ar fad a ról agus a n-oibleagáidí.

### (i) Riosca creidmheasa

Sainítear riosca creidmheasa mar an caillteanas iomlán a d'fhulaingeodh an Chuideachta ar a cuid idirbheart gnó agus margaidh dá loicfeadh frithpháirtí agus dá mainneodh sé a chuid oibleagáidí conarthacha a chomhlíonadh. Áirítear leis nochtaí creidmheasa ag eascairt as gaolta trádála le custaiméirí. Is é cuspóir na bainistithe riosca creidmheasa ná nochtaí riosca creidmheasa a bhainistiú agus a rialú laistigh de pharaiméadair inghlactha, agus an toradh á bharrfheabhsú lena linn sin.

Freagraíonn suim ghlanluacha na sócmhainní airgeadais don uasmhéid neamhchosanta creidmheasa. An neamhchosaint uasta ar riosca creidmheasa ar dháta an tuairiscithe:

| | 31-Noll-24 €'000 | 31-Noll-23 €'000 |
|---|---|---|
| Trádáil agus infháltais eile (gan réamhíocaíochtaí san áireamh) | **148,951** | 131,237 |
| Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim - ar fáil d'úsáid cuideachta | **345,428** | 289,352 |
| Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim - iarmhéideanna tríú páirtí | **71,408** | 6,322 |
| Sócmhainní airgeadais - urrús airgeadais coimeádta ar thaisce téarma | **40,000** | 72,250 |
| **Iomlán** | **605,787** | 499,161 |

**(i) (a) Riosca creidmheasa a bhaineann le ciste**

Bainistíonn feidhm Chiste na Cuideachta rioscaí creidmheasa a bhaineann le ciste trí úsáid a bhaint as teorainneacha creidmheasa contrapháirtí a chuireann san áireamh, i measc imthosca ábhartha eile, rátálacha creidmheasa foilsithe. Is é beartas na Cuideachta ná go gcuirtear airgead i dtaisce den chuid is mó le hinstitiúidí a choimeádann rátáil chreidmheasa de ghrád infheistíochta. Déanann an Ciste measúnú agus tomhas rialta ar a neamhchosaintí contrapháirtí cisteáin.

**(i) (b) Riosca creidmheasa a bhaineann le trádáil**

Féach ar nóta 11 chun anailís a fháil ar nochtadh na Cuideachta do riosca creidmheasa a bhaineann le trádáil.

### (ii) Riosca maoinithe agus leachtachta

Is ionann cur chuige na Cuideachta maidir le riosca maoinithe agus leachtach a bhainistiú ná a chinntiú, a mhéid agus is féidir, go bhfuil acmhainní leordhóthanacha aige chun a cuid dliteanas a chomhlíonadh nuair atá siad dlite, bíodh sé sin i rith ghnáthdhálaí nó i ndálaí anáis.

Forbraíonn agus cothaíonn an Ciste caidrimh le hinstitiúidí airgeadais chun a dtuiscint ar an ngnó a fhorbairt agus chun a dtiomantas fadtéarmach don Chuideachta a fhorbairt. Déantar gach seirbhís bhaincéireachta agus chisteáin a fhoinsiú ag praghsanna iomaíocha.

Tá an Ciste freagrach as a chinntiú go bhfuil rochtain ag an gCuideachta ar leachtacht imleor chun a chinntiú go bhfuil sí in ann oibleagáidí a chomhlíonadh a eascraíonn as a oibríochtaí ó lá go lá, oibleagáidí fiacha atá ag aibiú agus eisíocaíochtaí infheistíochta caipitiúla. Déantar comhthiomsú airgid agus déantar iarmhéideanna cuntais a ghlanluacháil áit is féidir chun airgead tirim gan úsáid agus an speansas úis a íoslaghdú.

**(ii) (a) Barrachais airgid thirim**

Is chun críocha laghdú a dhéanamh ar an leibhéal fiachais go príomha a úsáidtear barrachais airgid thirim. Coinnítear barrachais airgid thirim in Euro agus infheistítear iad den chuid is mó i gcuntais taisce.

**(ii) (b) Maoiniú**

Tá €998.6 milliún de na saoráidí iasachta Stáit, a chuir an tAire Airgeadais ar fáil do chaiteachas caipitil curtha i leith na hearnála neamhbhaile don tréimhse 2020 go 2024, tarraingthe go hiomlán anois. I mBuiséad 2025 an Rialtais, fógraíodh go gcuirfeadh an tAire Airgeadais maoiniú €1 bhilliún ar fáil d'Uisce Éireann chun tacú le hinfheistíocht chaipitil amach anseo. Tá €300 milliún le cur ar fáil i 2025 chun infheistíocht chaipitil bhaile a mhaoiniú agus €700 milliún le cur ar fáil chun infheistíocht chaipitil neamhbhaile a mhaoiniú thar an tréimhse 2025 go 2027, agus cuirfear €214 milliún de sin ar fáil i 2025.

## 22. Bainistíocht Riosca Airgeadais agus Sócmhainní/Dliteanais Airgeadais

Choimeád Uisce Éireann saoráid rótharraingthe baincéireachta de luach €10 milliún lena riachtanais bhaincéireachta laethúla a shásamh. Níl in iasachtaí na Cuideachta ach saoráidí arna dtarraingt ón Rialtas, ag rátaí seasta úis.

| | 31-Noll-24 | 31-Noll-23 |
|---|---|---|
| Meánráta úis ualaithe ar phunann iasachtaí gan íoc na Cuideachta | **1.83%** | 1.53% |
| Meán-aibíocht fiach | **7.61 bliain** | 8.09 bliain |

| | 31-Noll-24 €'000 | 31-Noll-23 €'000 |
|---|---|---|
| Iomlán na n-iasachtaí (gan dliteanais léasa san áireamh) | **(998,559)** | (814,499) |
| Saoráid caipitil oibre an Rialtais atá neamhtharraingthe agus tiomanta (GBCN) | **(350,000)** | (350,000) |
| Saoráidí bainc tiomanta neamhtharraingthe (gan saoráid rótharraingte san áireamh) | **-** | - |
| Teorainn iasachta reachtúil | **(2,000,000)** | (2,000,000) |

**(ii) (c) Nochtadh do riosca leachtachta**
Seo a leanas aibíochtaí conarthacha na ndliteanas airgeadais, lena n-áirítear an íocaíocht úis neamhlascainithe a bhaineann le hiasachtaí agus fiachas eile.

| | Suim ghlanluacha €'000 | Sreafaí airgid conarthacha €'000 | < 1 bhliain €'000 | 1-2 bhliain €'000 | 2-5 bliana €'000 | > 5 bliana €'000 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Ar an 31 Nollaig 2024** | | | | | | |
| Iasachtaí agus fiachas eile | **(1,013,354)** | **(1,174,584)** | **(24,136)** | **(20,034)** | **(59,254)** | **(1,071,160)** |
| Trádáil agus suimeanna iníoctha eile | **(193,613)** | **(193,613)** | **(104,508)** | **(45,953)** | **(43,152)** | **-** |
| **Iomlán** | **(1,206,967)** | **(1,368,197)** | **(128,644)** | **(65,987)** | **(102,406)** | **(1,071,160)** |
| | | | | | | |
| **Ar an 31 Nollaig 2023** | | | | | | |
| Iasachtaí agus fiachas eile | (830,074) | (946,393) | (9,900) | (15,948) | (40,372) | (880,173) |
| Trádáil agus suimeanna iníoctha eile | (165,373) | (165,373) | (109,340) | (27,953) | (28,080) | - |
| **Iomlán** | (995,447) | (1,111,766) | (119,240) | (43,901) | (68,452) | (880,173) |

### (iii) Riosca margaidh
Is éard atá i gceist le riosca margaidh ná an fhéidearthacht go mbeadh drochthionchar ag athruithe ar thosca margaidh ar luach shócmhainní airgeadais, dliteanais nó sreafaí airgid ionchais na Cuideachta don todhchaí. Is é cuspóir na bainistíochta riosca margaidh ná neamhchosaintí do riosca margaidh a bhainistiú agus a rialú laistigh de pharaiméadair inghlactha agus an toradh a bharrfheabhsú. Tá an Ciste freagrach as riosca margaidh a bhainistiú maidir le rátaí malairte airgeadra agus rátaí úis na Cuideachta.

**(iii) (a) Riosca an ráta malairte**
Tá an Chuideachta nochta do riosca airgeadra eachtraigh áirithe a bhaineann le trádáil nach bhfuil suntasach agus mar sin is fíorbheag an tionchar ar thorthaí na Cuideachta.

**(iii) (b) Riosca an ráta úis**
Tagann riosca rátaí úis chun cinn ó athruithe ar rátaí úis a mbíonn tionchar acu ar luach margaidh shócmhainní agus dhliteanas airgeadais na Cuideachta agus ar leibhéal na muirear airgeadais. Mar a thuairiscítear sa chuid riosca leachtachta den nóta seo, tá iasachtaí uile na Cuideachta fadtéarmach agus ag rátaí úis seasta ar an 31 Nollaig 2024. Dá bhrí sin níl an Chuideachta neamhchosanta a thuilleadh ar riosca ráta úis sreafa airgid ar a hiasachtaí.

# Nótaí a ghabhann leis na ráitis airgeadais (ar lean)

## 23. Tomhas Luacha Chóir

Tá tomhas luacha chóir le haghaidh sócmhainní agus dliteanais airgeadais ag teastáil do roinnt beartas cuntasaíochta agus nochtaí na Cuideachta. Agus luach cóir sócmhainne nó dliteanais á mheas, úsáideann an Chuideachta sonraí inbhraite margaidh chomh fada agus atá siad ar fáil.

Déantar luachanna córa a chatagóiriú i leibhéil dhifriúla in ordlathas luacha chóir bunaithe ar na hionchuir a úsáidtear sna teicnící luachála mar seo a leanas;

- Leibhéal 1: praghsanna luaite (neamhchoigeartaithe) i margaí gníomhacha le haghaidh sócmhainní nó dliteanais chomhionanna.
- Leibhéal 2: ionchuir nach na praghsanna a luadh iad, a cuireadh san áireamh i Leibhéal 1, atá infheicthe le haghaidh na sócmhainne nó an dliteanais, go díreach (is é sin, praghsanna) nó go hindíreach (is é sin, bunaithe ar phraghsanna).
- Leibhéal 3: ionchuir le haghaidh na sócmhainne nó an dliteanais nach bhfuil bunaithe ar shonraí margaidh inbhraite (ionchuir neamh-inbhraite).

Más féidir na hionchuir a mbaintear úsáid astu le tomhas a dhéanamh ar luach cóir sócmhainne nó dliteanais a chatagóiriú ar leibhéil áirithe d'ordlathas an luacha chóir, ansin déantar an tomhas luacha chóir a chatagóiriú ina iomláine ar an leibhéal céanna den ordlathas luachanna córa mar an t-ionchur den leibhéal is ísle atá suntasach don tomhas iomlán. Aithníonn an Chuideachta aistrithe idir leibhéil d'ordlathas luacha chóir ag deireadh na tréimhse tuairiscithe ar tharla an t-athrú lena linn. Ní raibh aon aistriú ann sa bhliain 2024.

Déantar luach cóir iasachtaí, arna dtomhas ag an gcostas amúchta, a mheas agus na sreafaí airgid don todhchaí a lascainiú chuig na glanluachanna reatha agus úsáid á baint as na rátaí margaidh atá i bhfeidhm ar an dáta tuairiscithe - Ordlathas luacha chóir: leibhéal 2.

Faigheann suimeanna glanluacha airgead thirim agus coibhéisí airgid thirim, trádáil agus infháltais eile (glan), trádáil agus suimeanna iníoctha eile, agus dliteanais reatha eile na Cuideachta, a luachanna córa mar gheall ar nádúr gearrthéarmach na n-ionstraimí seo.

Ní raibh aon ionstraimí airgeadais ann a rinneadh a thomhas ag an gcostas amúchta ach a bhfuil gá le nochtadh luacha chóir ina leith agus a aicmíodh mar Leibhéal 3 sa bhliain reatha nó sa bhliain roimhe seo.

## 24. Caipiteal gnáthscaireanna

### (a) Scairchaipiteal

| **Údaraithe:** | **31-Noll-24 €'000** | **31-Noll-23 €'000** |
|---|---|---|
| 1,000,000 gnáth-scair ag €1.00 an ceann | **1,000** | 1,000 |
| **Iomlán** | **1,000** | 1,000 |

| **Eisithe, glaoite agus íoctha go hiomlán:** | **31-Noll-24 €** | **31-Noll-23 €** |
|---|---|---|
| 1 ghnáth-scair | **1** | 1 |
| 99 gnáth-scair | **99** | 99 |
| **Iomlán** | **100** | 100 |

Scairbhiseach

| | **31-Noll-24 €'000** | **31-Noll-23 €'000** |
|---|---|---|
| Ar an 1 Eanáir | **(324,000)** | (324,000) |
| Eisiúint na scaireanna | **-** | - |
| **Ar an 31 Nollaig** | **(324,000)** | (324,000) |

Ar an 1 Eanáir 2023, de réir an Achta um Sheirbhísí Uisce (Leasú) 2022, d'eisigh Uisce Éireann gnáth-scair amháin chuig an Aire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta, agus 99 gnáth-scair chuig an Aire Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóirithe na Seirbhíse Poiblí agus Digitithe.

## 24. Caipiteal gnáthscaireanna

### (b) Ranníocaíocht chaipitil

| | | 2024 €'000 | 2023 €'000 |
|---|---|---|---|
| Ar an 1 Eanáir | | **(3,972,067)** | (3,392,174) |
| Ranníocaíocht caipitil airgid thirim | (i) | **(571,704)** | (580,630) |
| Glan-obligeáidí ar glacadh leo nuair a scaradh ó Ervia | (ii) | **-** | 737 |
| **Ar an 31 Nollaig** | | **(4,543,771)** | (3,972,067) |

(i) Gach bliain, fuair an Chuideachta ranníocaíocht chaipitil airgid thirim neamh-inaisíoctha ón Rialtas mar atá leagtha amach thuas. Leagtar amach an mheicníocht mhaoinithe seo i bPlean Maoinithe Straitéiseach 2025-2029 foilsithe na Cuideachta.
(ii) I dtaca le beartas an Rialtais chun Uisce Éireann a scaradh ó Ervia, mar a fógraíodh sa bhliain 2018, bhí ar an gCuideachta glacadh le roinnt dliteanas a bhí ag Ervia roimhe seo. Le linn 2023, ghlac an Chuideachta oibleagáidí pinsin ó Ervia (féach nóta 17 agus 25 le haghaidh tuilleadh sonraí).

## 25. Páirtithe Gaolmhara

Cuideachta gníomhaíochta sainithe is ea Uisce Éireann. Mar atá leagtha amach i nóta 1, tá na scaireanna in Uisce Éireann i seilbh an Aire Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóirithe na Seirbhíse Poiblí agus Digitithe (99 scair) agus an Aire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta (scair amháin) agus ag an mbeirt sin amháin.

Is iad seo a leanas iarmhéideanna na bpáirtithe gaolmhara, maidir leis na hidirbhearta atá sonraithe sna codanna ábhartha thíos:

| | 31-Noll-24 €'000 | 31-Noll-23 €'000 |
|---|---|---|
| Iníoctha le hÚdaráis Áitiúla | **(30,395)** | (24,164) |
| **Méideanna dlite do pháirtithe gaolmhara** | **(30,395)** | (24,164) |
| | | |
| Infháltas ó Údaráis Áitiúla | **27,327** | 27,189 |
| Infháltas ón Rialtas | **19,257** | 13,360 |
| **Méideanna infhála ó pháirtithe gaolmhara** | **46,584** | 40,549 |

### Idirbhearta le hÚdaráis Áitiúla

Mar aon le cuid mhaith eintiteas eile, déileálann an Chuideachta i ngnáthchúrsa a gnó le hÚdaráis Áitiúla. De réir CITA, níl sonraí na n-idirbheart sin curtha san áireamh anseo. Tá sonraí nochta ag an gCuideachta, áfach, i dtaobh na n-idirbheart suntasach seo a leanas le hÚdaráis Áitiúla.

#### (a) Comhaontuithe le hÚdaráis Áitiúla

| | 2024 €'000 | 2023 €'000 |
|---|---|---|
| Caiteachas oibriúcháin (párolla, forchostais thacaíochta fheidhmiúil) | **(137,671)** | (223,042) |
| Caiteachas oibriúcháin (forchostais ghinearálta) | **(9,097)** | (8,260) |
| Caiteachas caipitil | **(41,641)** | (59,824) |
| Athmhuirir sholáthair | **(27,007)** | (28,373) |
| | **(215,416)** | (319,499) |

Rinneadh comhaontú seirbhíse (CAS) a shíniú idir an Chuideachta agus gach Údarás Áitiúil sa bhliain 2013, ar an mbonn go mbeadh seilbh ag an gCuideachta ar na sócmhainní ón 1 Eanáir 2014. Comhaontú seachfhoinsithe a bhí sa Chomhaontú Seirbhíse (CAS) idir an Chuideachta agus gach Údarás Áitiúil aonair ar feadh tréimhse suas le 12 bhliain a raibh sé beartaithe ar dtús go dtiocfadh deireadh leis i 2026. Faoin CAS, d'oibrigh agus choinnigh gach Údarás Áitiúil na sócmhainní uisce thar ceann na Cuideachta ar son na dtáillí comhaontaithe a leagtar amach sna spriocanna feidhmíochta CAS agus comhaontaítear leibhéil sheirbhíse i bPlean Bliantúil Seirbhíse idir gach Údarás Áitiúil agus an Chuideachta de réir an CAS.

# Nótaí a ghabhann leis na ráitis airgeadais (ar lean)

## 25. Páirtithe Gaolmhara

Le linn 2023, shínigh an Chuideachta agus gach Údarás Áitiúil Máistir-Chomhaontú Comhoibrithe ("MCC") nua agus soláthraíodh an méid seo a leanas leis: (i) foirceannadh luath an CAS; (ii) go mbeadh freagracht iomlán ag an gCuideachta ar sheirbhísí uisce; agus (iii) go nglacfaidh an Chuideachta bainistíocht agus treoir oibrithe Sheirbhísí Uisce an Údaráis Áitiúil a chaitheann os cionn 50% dá n-am ag obair ar sheirbhísí uisce. Leanfadh an tÚdarás Áitiúil de sheirbhísí tacaíochta a chur ar fáil. Tháinig na hathruithe seo i bhfeidhm i R4 den bhliain 2023 le haghaidh 30 as na 31 Údarás Áitiúil, agus tháinig an ceann deiridh i bhfeidhm go luath sa bhliain 2024.

Ceadaíodh Ceadúnas chun na sócmhainní uisce a úsáid nach bhfuil aistrithe go dtí an Chuideachta go fóill, ach atá liostaithe chun é sin a dhéanamh, ag gach Údarás Áitiúil chuig an gCuideachta mar chuid de CAS agus MCC. Ceadúnas frithpháirteach atá sa cheadúnas. Cuireann sé ar chumas na Cuideachta agus na nÚdarás Áitiúil a gcuid feidhmeanna conarthacha agus reachtúla a chomhlíonadh amhail is dá mbeadh aistriú reachtúil na sócmhainní uisce tar éis tarlú mar a bhíothas ag súil leis (an "Ceadúnas"). Ar son an Cheadúnais, thug an Chuideachta slánaíocht do na hÚdaráis Áitiúla ó aon chaillteanais toisc gurb iad úinéirí na sócmhainní fós de réir dlí. Baineann an Ceadúnas le sócmhainní fisiceacha (m.sh. píblínte, gléasra agus trealamh) agus ní bhaineann sé le conarthaí ná teidlíochtaí (is cuma má ghabhann siad leis na sócmhainní sin). Leanfaidh an Ceadúnas ar aghaidh go dtí go n-aistrítear na sócmhainní seirbhísí uisce atá fágtha chuig an gCuideachta.

**(b) Socruithe caipitil oibre**

Tá airleacain caipitil oibre curtha ar fáil ag an gCuideachta do na hÚdaráis Áitiúla chun íocaíochtaí a dhéanann na hÚdaráis Áitiúla gach mí a chlúdach, íocaíochtaí a athmhuirearaítear ina dhiaidh sin ar an gCuideachta faoi na comhaontuithe ag (a) thuas. Baineann na híocaíochtaí sin le tuarastail, lármhuirir bhainistíochta, agus méid teoranta earraí agus seirbhísí.

**(c) Éadáil shócmhainne**

Aistríodh sócmhainní an bhonneagair uisce agus fhuíolluisce ó na hÚdaráis Áitiúla go dtí an Chuideachta ar an 1 Eanáir 2014. Níor íoc an Chuideachta aon chomaoin as na sócmhainní sealbhaithe. Rinneadh cúiteamh leis na hÚdaráis Áitiúla ar shócmhainní airgeadais áirithe (infháltais san áireamh) nó gearradh muirir orthu as dliteanais airgeadais áirithe a aistríodh. Féach ar an Ráiteas ar Shreafaí Airgid le haghaidh sonraí faoi admhálacha agus íocaíochtaí a rinneadh le linn na bliana le haghaidh sócmhainní a fuarthas ó Údaráis Áitiúla. Tá iarmhéideanna amuigh i dtaobh an idirbhirt sin curtha san áireamh sa tábla thuas.

| | 2024 €'000 | 2023 €'000 |
|---|---|---|
| Admhálacha le haghaidh méideanna atá dlite ó Údaráis Áitiúla | **1,075** | 982 |
| Íocaíochtaí ar shócmhainní a fuarthas ó Údaráis Áitiúla | **-** | (7,365) |

**(d) Aithint Fardail**

Le linn 2024, ghlac an Chuideachta rialú oibriúcháin ar stóir fardail agus ar an bhfardal gaolmhar sa stór, a bhí faoi rialú oibriúcháin sheirbhísí uisce údaráis áitiúil roimhe seo. De réir bheartas cuntasaíochta na Cuideachta, aithníodh an aithint tosaigh ar fhardal a bhí á choimeád ag áiseanna den sórt sin ar dháta an aistrithe ag luach €nialas. Aithníodh ceannacháin fardail ina dhiaidh sin ag na stóir seo de réir bheartas fardail na Cuideachta.

### Idirbhearta le Rialtas

Cosúil le go leor eintiteas eile, déileálann an Chuideachta i ngnáthchúrsa gnó leis an Rialtas. De réir CITA, níl sonraí na n-idirbheart sin curtha san áireamh anseo. Mar sin féin, tá mionsonraí nochta ag an gCuideachta maidir leis na hidirbhearta suntasacha seo a leanas leis an Rialtas.

| | Nótaí | 2024 €'000 | 2023 €'000 |
|---|---|---|---|
| Ioncam fóirdheontas Rialtais | 2 | **1,139,000** | 1,068,000 |
| Ranníocaíocht chaipitil | 24 | **571,704** | 580,630 |
| Saoráid an Aire Airgeadais | 16 | **644,060** | 231,000 |

Ina theannta sin;

- Tá saoráidí i bhfeidhm ag an gCuideachra leis an Aire Airgeadas - féach nóta 22 le haghaidh sonraí.
- Tá saoráid caipitil oibre ag an gCuideachta le GBCN, a úsáideadh ceithre huaire le linn na bliana agus tarraingíodh €100 milliún i mí an Mhárta agus aisíocadh go hiomlán é i mí Aibreáin, tarraingíodh €125 milliún i mí Aibreáin agus aisíocadh go hiomlán é i mí an Mheithimh, tarraingíodh €135 milliún i mí Iúil agus aisíocadh go hiomlán é i mí Dheireadh Fómhair agus tarraingíodh €100 milliún i mí Dheireadh Fómhair agus aisíocadh go hiomlán é i mí na Nollag. Bhí an tsaoráid seo neamhtharraingthe ag deireadh na bliana agus sna blianta roimhe sin

## 25. Páirtithe Gaolmhara

**Cláir aisíocaíochtaí - míreanna eisceachtúla**
**Clár aisíocaíochta nasc**
I ndiaidh fhógra an Rialtais sa bhliain 2023 maidir le Tarscaoileadh Sealadach a bhfuil Teorainn Ama leis maidir le Ranníocaíochtaí Forbraíochtaí, tá sé de dhíth ar Uisce Éireann aisíocaíocht iomlán a chur ar fáil le haghaidh Táillí Caighdeánacha Ceangail le haghaidh forbairtí cónaithe nua ina gcomhlíontar critéir áirithe. Maoiníonn an Rialtas, ag feidhmiú ina cháil mar rialtas, an clár aisíocaíochta seo agus dá bhrí sin, cuirtear cuntasaíocht deontais i bhfeidhm. Féach nóta 11 le haghaidh sonraí faoi infháltais a aithníodh i dtaobh na scéime seo.

| | Nóta | 2024 €'000 | 2023 €'000 |
|---|---|---|---|
| Ioncam deontais a fuarthas - clár aisíocaíochta naisc nua | 14 | **76,597** | 1,670 |

| | 2024 €'000 | 2023 €'000 |
|---|---|---|
| Ioncam deontais le haghaidh aisíocaíochtaí custaiméara naisc nua | **82,475** | 2,075 |
| Costas deontais le haghaidh aisíocaíochtaí custaiméara naisc nua | **(82,475)** | (2,075) |
| **Tionchar ráitis glanioncaim le haghaidh aisíocaíochtaí custaiméara naisc nua** | **-** | - |

**Clár aisíocaíochta baile**
De bhun alt 22 den Acht um Sheirbhísí Uisce 2017, éilíodh ar Uisce Éireann airgead tirim arbh fhiú €171.7 milliún a bailíodh roimhe sin ó chustaiméirí baile a aisíoc. Chuir an Rialtas maoiniú ar fáil don chlár aisíocaíochta custaiméirí sin, trí dheontas rialtais leis an gcoinníoll aonair go n-úsáidfear an maoiniú chun aisíocaíocht a dhéanamh le custaiméirí baile agus chun an riarachán gaolmhar a urscaoileadh. Féach nótaí 11 agus 20 le haghaidh sonraí faoi infháltais agus soláthairtí a aithníodh i dtaobh na scéime seo.

| | Nóta | 2024 €'000 | 2023 €'000 |
|---|---|---|---|
| Ioncam deontais faighte – clár aisíocaíochta custaiméirí uisce baile | 14 | **24** | 16 |

### Comhlachtaí rialtais
Cosúil le go leor eintiteas eile, déileálann an Chuideachta i ngnáthchúrsa an ghnó le comhlachtaí eile arna n-urrú ag an Rialtas, amhail Bord Soláthair an Leictreachais agus Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, agus le bainc Éireannacha áirithe atá faoi úinéireacht pháirteach ag Rialtas na hÉireann. Déantar gach idirbheart ar ghnáth-théarmaí tráchtála. Ní raibh aon chomhchruinniú ábhartha iasachtaí nó taiscí ag an gCuideachta le haon bhanc dá leithéid i rith na bliana, ag an dáta tuairiscithe, nó ag deireadh na tréimhse comparáide.

### Cúiteamh na bpríomhbhainisteoirí
Déantar an phríomhbhainistíocht don bhliain 2024 agus 2023 a mheas le bheith comhdhéanta den Bhord, an POF agus na tuarascálacha a bhaineann go díreach leis an POF (arb ionann é agus coibhéis lán-aimseartha de 9.63 do 2024 agus 10.00 do 2023).

| | 2024 €'000 | 2023 €'000 |
|---|---|---|
| Costais ghearrthéarmacha | **(2,536)** | (2,550) |
| Costais iarfhostaíochta | **(319)** | (331) |
| **Iomlán** | **(2,855)** | (2,881) |

### Stiúrthóirí
Ní raibh aon leasanna tairbhiúla ag na stiúrthóirí sa Chuideachta ag aon am i rith na bliana nó ag an dáta tuairiscithe.

# Nótaí a ghabhann leis na ráitis airgeadais (ar lean)

## 25. Páirtithe Gaolmhara

### Idirbhearta le Grúpa Ervia sa bhliain 2023

Mar a dhéantar cur síos air i nóta 1, de réir an Achta um Sheirbhísí Uisce (Leasú) 2022, scar an Chuideachta go dlíthiúil ó Ervia ar an 1 Eanáir 2023 agus mar thoradh air sin, meastar nach bhfuil Ervia, Grúpa Ervia agus Líonraí Gáis Éireann mar pháirtí gaolmhar a thuilleadh.

Nuair a scaradh go dlíthiúil ó Ervia, ghlac Uisce Éireann leis an oibleagáid sochair scoir,a cinneadh de réir ríomhanna achtúireacha ar dháta an scartha, maidir le costas seirbhíse fostaithe amach anseo a ghlac páirt i scéim pinsin sochair shainithe Ervia go dtí an scaradh dlíthiúil ó Ervia. Fuarthas coigeartú cúitimh airgid thirim de €12.2 milliún ó Ervia ar an 8 Feabhra 2023, agus íocadh isteach é i Scéim Aoisliúntais Uisce Éireann (ex-Ervia) i ndiaidh fhaomhadh cuí an Aire. Socraíodh an coigeartú cúitimh airgead thirim ar bhonn cionroinnte cothroime den easnamh maoinithe achtúireachta iomláin idir Ervia agus Uisce Éireann, bunaithe ar an mballraíocht ghníomhach den scéim roimh an scaradh dlíthiúil. Cuirtear an dliteanas breise thar shócmhainn in iúl i gcaipiteal gnáthscaireanna mar ranníocaíocht chaipitil.

| | Nótaí | 2023 €'000 |
|---|---|---|
| Oibleagáid pinsin ar glacadh léi ar an 1 Eanáir 2023 | 17 | (13,045) |
| Cúiteamh airgid thirim a fuarthas le haghaidh oibleagáid pinsin ar glacadh léi | 17 | 12,202 |
| Idirbheart rialaithe comónta a aithníodh i gcaipiteal gnáthscaireanna (glan) | 24 | 737 |
| Sócmhainn chánach iarchurtha a aithníodh | 7 | 105 |

## 26. Imeachtaí ina dhiaidh sin

Níor tharla teagmhais eile ar bith idir an dáta tuairiscithe agus an dáta ar fhaomh na Stiúrthóirí na ráitis airgeadais, rud a d'éileodh go ndéanfaí coigeartú ar na ráitis airgeadais seo nó ar aon nochtadh breise.

## 27. Faomhadh na Ráiteas Airgeadais

D'fhaomh na Stiúrthóirí na ráitis airgeadais ar an 29 Aibreán 2025.

# Stiúrthóirí agus faisnéis eile

| | |
|---|---|
| **Stiúrthóirí** | Jerry Grant *(Cathaoirleach)* (ceaptha 16 Iúil 2024) |
| | Niall Gleeson *(POF)* |
| | Gerard Britchfield |
| | Patricia King |
| | Eileen Maher |
| | Cathy Mannion |
| | Douglas Millican (ceaptha 12 Deireadh Fómhair 2024) |
| | Michael Nolan |
| | Paul Reid (ceaptha 16 Iúil 2024) |
| | Michael Walsh |
| **Rúnaí** | Richard O'Sullivan |
| **Oifig Chláraithe** | Teach Colvill<br>24/26 Sráid Thalbóid<br>Baile Átha Cliath 1 |
| **Dlíodóirí** | **McCann Fitzgerald LLP**<br>Riverside One<br>Cé Sir John Rogerson<br>Baile Átha Cliath 2 |
| | **A & L Goodbody LLP**<br>IFSC<br>Cé an Phoirt Thuaidh<br>Baile Átha Cliath 1 |
| | **Mason Hayes & Curran**<br>Teach an Bhruaigh Theas,<br>Sráid na Bearú,<br>Baile Átha Cliath 4 |
| | **Arthur Cox LLP**<br>10 Ardán Phort an Iarla,<br>Baile Átha Cliath 2 |
| **Baincéirí** | **Banc-Aontas Éireann**<br>40-41 Sráid Westmoreland<br>Baile Átha Cliath 2 |
| **Iniúchóirí** | **Deloitte Ireland LLP**<br>Cuntasóirí Cairte agus<br>Gnólacht Iniúchta Reachtúil<br>29 Ardán Phort an Iarla<br>Baile Átha Cliath 2<br>D02 AY28 |
| | **An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste**<br>3A Sráid an Mhéara Uachtarach<br>Baile Átha Cliath 1<br>D01PF72 |
| **Uimhir Chuideachta** | 530363 |

Uisce Éireann
Irish Water

water.ie